Department of Agriculture, Food and the Marine
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Scéim d'Fheirmeoirí Óga

Inrianaitheacht Ainmhithe

BDGP

Barraí agus Gairneoireacht

An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta

Bearta Tacaíochta Margaidh

Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí

# Scéimeanna agus Seirbhísí
## 2014-2020

An Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola

Táirgeadh/Táirgí Ainmhithe

Sláinte agus Leas Ainmhithe

Stáit Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí

Sláinte agus Trádáil Plandaí

Feabhsúcháin Struchtúir

agriculture_ie

www.agriculture.gov.ie

# Táimid ar líne …
# an bhfuil tusa?

Department of
**Agriculture, Food and the Marine**
An Roinn
**Talmhaíochta, Bia agus Mara**

## Is féidir le feirmeoirí méid an pháipéarachais a laghdú go mór anois trí chliceáil ar www.agfood.ie


- Cuir isteach ar íocaíochtaí Scéime
- Breitheanna laonna a chlárú
- Imeachtaí ainmhithe a thaifeadadh
- Do phróifíl tréada bhuaibhigh a fheiceáil
- Cabhair a fháil le foirmeacha a chomhlánú
- Do shonraí teagmhála a nuashonrú
- Breathnú ar do ráitis airgeadais go slán
- Oiriúnach do bhogearraí bainistithe feirme

Tuilleadh eolais ar **www.agfood.ie**
nó Cuir glaoch ar an Deasc Chabhrach do Sheirbhísí ar
**Líne 1890 252 118**
**www.agriculture.gov.ie**

@agriculture_ie



# Scéimeanna agus Seirbhísí 2014-2020




## An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara – Príomhoifigí

**Ceannoifig –** An Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
Fón: 0761 064400 agus 01 6072000

**Oifig Bhacastúin –**
Foirgneamh Riaracháin Bhacastúin, Lána Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
Fón: 01 5058600

**Oifig an Chabháin –**
Oifigí Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459. Fón: 0761 064412 agus 049 4368200

**Oifig Chloich na Coillte –** An Lárionad Bia Mara Náisiúnta, An Cloichín, Cloich na Coillte, Corcaigh, P85 TX47.
Fón: 0761 064409 nó 023 8859500

**Oifig Phort Laoise –**
Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RPA6.
Fón: 0761 064419 agus 057 8674400

**Oifig Loch Garman –**
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 PN52
Fón: 0761 064415 agus 053 9163400

Féach sonraí teagmhála iomlána na Roinne d'oifigí, saotharlanna, srl. in **Aguisíní 1A** go **1G**.
Féach sonraí teagmhála iomlána Choláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta Teagaisc agus Seirbhísí Oiliúna agus Comhairleacha Contae in **Aguisín 2A.**

Tá cóipeanna den bhileog seo ar fáil ach í a iarraidh ar oifigí áitiúla na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó oifigí Teagaisc, ar ríomhphost ó **publications@agriculture.gov.ie**

nó

sa phost:
An Rannán um Ghnóthaí Corparáideacha,
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara,
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2,
D02 WK12.

Ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne freisin: **www.agriculture.gov.ie**

Déantar bearta tacaíochta faoin gClár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe a chómhaoiniú ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

Ciste Eorpach Talmhaíochta
um Fhorbairt Tuaithe
An Eoraip ag déanamh infheistíochta
i Limistéir Thuaithe

© AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA 2015

Beartaíodh an bhileog seo mar threoir do na scéimeanna agus na seirbhísí a oibríonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha eile, agus níl aon stádas aici sa dlí.

# Réamhrá an Aire



**Simon Coveney, T.D.**
An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Tá na hearnálacha agraibhia, iascaigh agus foraoiseachta fós i measc na n-earnálacha is tábhachtaí agus is rathúla ó thaobh déantúsaíochta dúchasaí sa tír seo. Tá príomhtháirgeoirí na n-earnálacha seo, a chuireann an bunábhar ar fáil don tionscal ilchineálach ardchaighdeáin bia agus deochanna, mar chroílár eacnamaíoch na tuaithe in Éirinn. Is de bharr an leibhéil aird neamhspleáchais atá againn i go leor táirgí a dhéantar formhór thoradh na hearnála a onnmhairiú. I bhfianaise thábhacht an tionscail agraibhia agus an fhorleata tíreolaíochta agus na rochtana onnmhairíochta a bhaineann leis, is léir go bhfuil ról suntasach aige i bhforbairt eacnamaíoch leanúnach na hÉireann.

D'oibrigh mo Roinn i gcomhar le coiste a bhfuil bunús níos leithne aige, arb ionadaíoch é do phríomhleasanna na hearnála agraibhia, iascaigh agus foraoiseachta, ar straitéis a fhorbairt le haghaidh na hearnála don tréimhse síos go dtí an bhliain 2025. Is é toradh na hoibre sin, an Straitéis 'Food Wise 2025', a chothabhálfaidh an spreagadh a d'eascair as Tuarascáil agus Plean Forfheidhmithe fíor-rathúil Fhómhar Bia 2020. Pléitear le tionscal agraibhia na hÉireann sa tuarascáil amhail is go bhfuil sé ar aistear – aistear a chruthaíonn naisc idir pobail áitiúla ar fud an oileáin agus na margaí ollmhóra éagsúla timpeall an domhain – nó mar a deirtear go minic in 'Food Wise 2025' – 'Local Roots, Global Reach'. Ag tógáil ar ár rath go nuige seo, leagtar fís amach in Food Wise 2025 don tionscal chun is go leanfaidh sé ag fás agus aithnítear inti an tábhacht a bhaineann le fadbhreathnaitheacht straitéiseach chun is go mbainfear an leas is mó agus is féidir as deiseanna a thiocfaidh chun cinn sna blianta atá romhainn. Agus aitheantas anois don earnáil agraibhia mar cheann ina dtugtar luach saothair don uaillmhian agus infheistíocht, léirítear in Food Wise 2025 na bealaí praiticiúla inar féidir spriocanna fáis a bhaint amach, tacú leis an earnáil agus rath níos mó á bhaint amach sna deich mbliana eatramhacha in Food Wise 2025.

Is custaiméirí na Roinne seo iad ár bpríomhtháirgeoirí, ár bhfeirmeoirí, agus is mar gheall air sin a thugtar ardmheas dóibh agus a thacaítear leo. D'aontaíomar Cairt nua um Chearta Feirmeoirí sa bhliain 2015. Is ionann í agus comhaontú idir an Roinn agus a custaiméirí ar feirmeoirí iad maidir le spriocanna seachadta i leith scéimeanna agus seirbhísí na Roinne agus soiléirítear na socruithe iniúchta inti. Tá na próisis amlínte, feidhmithe, íocaíochtaí agus achomhairc leagtha amach go soiléir inti. Is treoir an-úsáideach é d'fheirmeoirí. Beidh feidhm ag an gCairt go dtí 2020 ag teacht le saolré scéimeanna Cholún I agus Cholún II.

Tá córais TF mo Roinne mar bhuntaca do sheachadadh shraith mhór íocaíochtaí d'fheirmeoirí. Déanaimid athbhreithniú rialta ar na córais agus an teicneolaíocht le cinntiú go mbeimid in ann an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Tá seirbhísí sofaisticiúla leictreonacha

againn freisin a bhíonn de shíor i mbéal forbartha. Rinneadh 60% d'fheirmeoirí a n-iarratas ar íocaíocht ar líne sa bhliain 2014. Is méadú suntasach é seo ó 5% sa bhliain 2007 nuair a tugadh an tseirbhís seo isteach den chéad uair. Molaim go mbainfidh níos mó daoibh úsáid as an tseirbhís seo mar laghdaíonn sí líon na n-earráidí agus méadaíonn sí éifeachtúlacht do chách. Táimid ag leanúint le húsáid ár gcóras teachtaireachtaí téacs freisin chun dátaí tábhachtacha a chur i gcuimhne daoibh agus chun sibh a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí tábhachtacha.

Tá ardmheas ag mo Roinn orthu siúd a bhfuil baint acu le talmhaíocht, iascach agus foraoiseacht agus ar a rannchur ollmhór do gheilleagar na hÉireann. D'ainneoin na teicneolaíochta agus na gcóras nua, tuigimid go maith go bhfuil gá le treoir chuimsitheach dár gcustaiméirí agus iad ag plé go rialta leis an Roinn maidir leis na scéimeanna agus na seirbhísí go léir.

Ina thaobh seo, tá áthas orm ***Scéimeanna agus Seirbhísí 2014–2020*** a thabhairt isteach. Sa bhileog seo, tugtar sonraí na scéimeanna íocaíochta ábhartha a riarann an Roinn, leagtar béim ar dhátaí tábhachtacha agus clúdaítear ceisteanna maidir le sláinte agus leas ainmhithe, leis na bearta tacaíochta atá ann, le rialúcháin sábháilteachta bia agus a lán seirbhísí eile. Molaim daoibh an foilseachán seo a léamh chun an tacaíocht nó an tseirbhís is féidir le mo Roinn a sholáthar duit a aimsiú.



**Aire Stáit Tom Hayes T.D.**
Le freagracht air as Foraoiseacht, Gairneoireacht, Sábháilteacht Bhia agus an Tionscal na gCon.



**Aire Stáit Ann Phelan T.D.**
Le freagracht ar leith uirthi as Forbairt Eacnamaíoch Tuaithe (tuarascáil CEDRA a chur i bhfeidhm).

# Clár


| | |
|---|---|
| **1. EOLAS GINEARÁLTA** | 10 |
| Láithreán gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara | 11 |
| Seirbhísí ar Líne | 11 |
| Barántúlacht Teileafóin | 13 |
| Seirbhísí do Chustaiméirí | 13 |
| An tAonad Seirbhíse Ardchaighdeáin | 13 |
| An tAonad Fiosrúcháin Oidhreachta | 13 |
| An tSeirbhís Chúnaimh do Theaghlaigh a bhfuil Daoine Muinteartha leo tar éis Bháis | 14 |
| Gearáin | 14 |
| Oifig Preasa agus Faisnéise | 15 |
| Ceanglais an Achta Míchumais 2005 | 15 |
| Oifigeach Rochtana | 16 |
| An Nós Imeachta maidir le Gearáin faoin Acht Míchumais 2005 | 16 |
| Inrochtaineacht ar an Láithreán gréasáin | 16 |
| An Chairt um Chearta na bhFeirmeoirí | 17 |
| Ráiteas Bliantúil Íocaíochtaí Feirmeoirí | 17 |
| Íocaíochtaí Sochair Dhírigh | 17 |
| Cánachas Talmhaíochta | 18 |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise | 19 |
| Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol | 20 |
| An tAcht um Chosaint Sonraí 1988 arna leasú | 20 |
| Seirbhísí Saotharlainne | 21 |
| Forbairt Tuaithe 2014 – 2020 | 22 |
| Tionscnaimh an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) | 22 |
| An Oifig Achomharc Talmhaíochta | 24 |

| | |
|---|---|
| **2. ÍOCAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA D'FHEIRMEOIRÍ** | 26 |
| Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí/Glasíocaíochta | 27 |
| Scéim d'Fheirmeoirí Óga | 31 |
| Scéim Cúnaimh Phróitéine | 32 |
| Glasú | 32 |
| An Cúlchiste Náisiúnta | 33 |
| Aistriú Teidlíochtaí | 34 |
| Tras-Chomhlíonadh | 35 |
| An Maolú Níotráití | 36 |
| Measúnacht Tionchair Timpeallachta | 38 |
| Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (ANC) agus Limistéir faoi Shrianta Sonracha (Oileáin) | 39 |
| Aonaid Bheostoic (LUÍ) a úsáidtear chun Dlús Stocála a Ríomh | 41 |
| Aistriú Feasa agus Tacaí Faisnéise | 42 |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) | 44 |
| Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha (CNE) | 44 |

# Clár


| | |
|---|---|
| 3. BEARTA TACAÍOCHTA MARGAIDH | 46 |
| Aisíocaíochtaí Onnmhairithe | 47 |
| Cabhair le Stóráil Phríobháideach | 47 |
| Idirghabháil | 48 |
| Gránaigh | 48 |
| Im agus Púdar Bainne Bhearrtha (PBB) | 48 |
| Scéim Bainne Scoile | 49 |
| Cláir Chur Chun Cinn Chómhaoinithe an AE | 49 |
| Bia Ceardaí, Bia Áitiúil agus Sainbhia | 50 |
| Sonraí Geografacha (Ainmneacha Bia agus Dí faoi Chosaint – STFC, SGFC agus STR) | 50 |

| | |
|---|---|
| 4. AGRA-CHOMHSHAOL | 52 |
| An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) | 53 |
| An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) agus Scéim Natura 2000 | 57 |
| • Feirmeoireacht Orgánach / Cúnamh le forbairt na hearnála | 58 |
| • Scéim Feirmeoireachta Orgánaí | 59 |
| • Scéimeanna Deontais d’Fhorbairt na hEarnála Orgánaí | 60 |
| • Scéim Infheistíochta Caipitil Orgánach | 60 |
| An Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola (BDGP) | 60 |

| | |
|---|---|
| 5. FORAOISEACHT | 64 |
| An Clár Foraoiseachta 2014–2020 | 65 |
| Deontais Foraoisithe agus Leibhéil Phréimhe | 66 |
| An Scéim um Bóithre Foraoise | 67 |
| An Scéim Feabhsúcháin Coillearnaí (Tanú agus Aire) Comhshaol | 68 |
| Oiliúint agus cur chun cinn Foraoiseachta | 68 |
| Taighde agus Forbairt Foraoiseachta | 69 |
| Rannán Foraoiseachta Idirnáisiúnta | 70 |
| Nós Imeachta Achomhairc na Seirbhíse Foraoiseachta | 72 |
| Leagan a Rialú | 72 |
| Cosaint ar Lotnaidí agus Galair – Rialúcháin Allmhairithe | 73 |
| Ábhar Pacáistithe Adhmaid (Pailléid, Cliathbhoscaí, srl.) – Rialúcháin Onnmhairithe | 73 |
| Ábhar Atáirgthe Foraoise | 74 |
| | 74 |

| | |
|---|---|
| 6. TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 76 |
| Taighde agus Nuálaíocht | 77 |
| • An Beart um Thaighde Institiúideach sa Bhia (FIRM) | 77 |
| • An Ciste um Spreagadh Taighde | 77 |
| • An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise (COFORD) | 77 |

# Clár


| | |
|---|---|
| **7. FEABHSUITHE STRUCHTÚIR (TAMS)** | 78 |
| An Scéim Infheistíochta um Muca agus Éanlaith Chlóis | 79 |
| An Scéim Infheistíochta Caipitiúla d'Fheirmeoirí Óga | 79 |
| An Scéim Trealaimh Dhéiríochta | 80 |
| An Scéim um Threalamh Astaíochtaí Ísle le haghaidh Sciodar a Leathadh | 81 |
| An Scéim um Leas Ainmhithe, Sábháilteacht agus Stóráil Chothaitheach | 82 |
| An Scéim Infheistíochta Caipitiúla Orgánaí | 82 |

| | |
|---|---|
| **8. INRIANAITHEACHT AINMHITHE** | 84 |
| Córas Sainaitheanta Bó-Ainmhithe na hÉireann | 85 |
| Sainaithint Eachaithe (lena n-áirítear capaill, pónaithe agus asail) | 86 |
| Córas Náisiúnta Céannachta Caorach (NSIS) | 91 |
| Córas Náisiúnta Céannachta Gabhar (NGIS) | 94 |
| An Córas Náisiúnta Aitheanta agus Rianaithe Muc (NPITS) | 96 |
| Clibeanna agus Soláthraithe Clibeanna Formheasta | 96 |

| | |
|---|---|
| **9. TÁIRGEADH/TÁIRGÍ AINMHITHE** | 98 |
| ***EALLACH*** | 99 |
| Pórú Eallaigh | 99 |
| Scéimeanna/Seirbhísí Eile | 100 |
| Scéim an AE um Chonablaigh Mhairteola a Aicmiú | 101 |
| Mairteoil a Lipéadú | 102 |
| ***BAINNE*** | 104 |
| Cuótaí Bainne | 104 |
| Comhpháirtíochtaí Feirmeacha | 104 |
| Sláinteachas Bainne – Seirbhís Formheasta agus Iniúchta | 105 |
| Táille Iniúchta Déiríochta | 105 |
| ***CAOIRIGH*** | 105 |
| Pórú Caorach | 105 |
| Aicmiú Conablach Caorach | 106 |
| ***MUCA*** | 107 |
| Pórú Muc | 107 |
| Grádú Conablach Muc | 107 |
| An Scéim um Salmanallóis Mhucúil a Rialú | 108 |
| ***SLÁINTEACHAS FEOLA*** | 108 |
| Polasaí Beostoic Ghlan | 108 |
| Reachtaíocht Sláinteachais Feola | 109 |
| Gnólachtaí Feola a Fhormheas | 109 |

# Clár


| | |
|---|---|
| *ÉANLAITH CHLÓIS AGUS UIBHEACHA* | 110 |
| Gorlanna Éanlaithe agus Feirmeacha Soláthair Uibheacha Goir | 110 |
| Margú Circeola | 110 |
| Rialacháin maidir le hUibheacha a Mhargú | 110 |
| *CAPAILL* | 111 |
| Leabhar Graí Eachaí Folaíochta | 111 |
| Clárú Capall | 111 |
| Eachspórt Éireann | 112 |
| Bord na gCapall | 112 |
| Forbairt Thionscal na gCapall | 113 |
| **10. SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE** | 114 |
| Galair Infhógartha | 115 |
| Scéimeanna Díothaithe Eitinne | 116 |
| An Eitinn Bhólachta | 116 |
| Galair Ainmhithe Eile | 124 |
| Sláinte Ainmhithe Éireann (SAÉ) | 128 |
| Rialú gabhála agus gluaiseachta na Dramhaíola Lónadóireachta Idirnáisiúnta | 129 |
| Scéim Fóirdheontais d'Ainmhithe Tite ar Lár le hEST | 130 |
| Fo-Tháirgí Ainmhithe | 130 |
| Cógais Tréidliachta agus Rialúcháin Iarmhar | 131 |
| Formheas agus Clárú Ceannaithe | 134 |
| Rialacháin lena Rialaítear Díol Ainmhithe ag Marglanna Beostoic | 135 |
| Rialacháin lena Rialaítear na hIonaid Bhailiúcháin | 136 |
| Rialuithe Allmhairithe/Onnmhairithe | 136 |
| Leas Ainmhithe | 146 |
| **11. RIALUITHE ÁBHAIR BHEATHA** | 150 |
| Rialú na Déantúsaíochta | 151 |
| Riachtanais Lipéadaithe | 151 |
| Srianadh Úsáid Próitéiní Áirithe | 151 |
| Sláinteachas Beatha | 152 |
| Breiseáin sna hÁbhair Bheatha | 152 |
| Substaintí Neamh-Inmhianaithe | 153 |
| Luach Cothaitheach | 153 |
| **12. BARRA AGUS GAIRNEOIREACHT** | 154 |
| **BARRA** | 155 |
| Scéim Dheimhnithe Síl | 155 |
| Clárúcháin Chineáil | 156 |
| Seirbhís Tástála Síl | 156 |
| Clár Meastóireachta Cineálacha Barr | 157 |

# Clár


| | |
|---|---|
| Acmhainní Géiniteacha Plandaí | 157 |
| Torthaí agus Glasraí | 158 |
| • Scéim Chabhrach Infheistíochta d'Fhorbairt na hEarnála Tráchtála Gairneoireachta | 158 |
| • Scéim na Cabhrach ón AE d'Eagrais Táirgeoirí (ETí) in Earnáil na dTorthaí agus na nGlasraí | 158 |
| *AN BHEACHAIREACHT / AN MHIL* | 159 |
| *FOLLÁINE AGUS TRÁDÁIL PLANDAÍ* | 160 |
| Prátaí | 161 |
| Rialú Fiailí Díobhálacha | 161 |
| Cosaint Plandaí agus Táirgí Bithicíde | 162 |
| Leibhéil Iarmhair | 163 |
| Aolchloch Mheilte agus Leasacháin | 163 |
| Seirbhís Anailíseach | 163 |
| **13. IASCAIGH MHARA** | 164 |
| Forbairt na dTionscal Éisc Mhara agus Uisceshaothraithe in Éirinn | 165 |
| Rialú Thionscail Éisc Mhara agus Uisceshaothraithe na hÉireann | 166 |
| Ceadúnais agus Léasanna Urthrá | 167 |
| **14. COMHLACHTAÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT** | 170 |
| Bord Bia | 171 |
| Bord Iascaigh Mhara (BIM) | 173 |
| Bord na gCon | 173 |
| Coillte Teoranta | 174 |
| Rásaíocht Capall na hÉireann (RCÉ) | 174 |
| Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta | 175 |
| Foras na Mara | 175 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne | 176 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) | 176 |
| Teagasc | 177 |
| Comhairle Tréidliachta na hÉireann | 181 |
| **15. SEIRBHÍSÍ RIALTAIS EILE** | 182 |
| *AN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL* | 183 |
| Clár um Fhorbairt Tuaithe na hÉireann 2014 – 2020 | 183 |
| Cánachas Tarracóirí | 184 |
| Clár Uisce Tuaithe | 185 |
| *AN ROINN POST, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA* | 186 |
| Íosphá agus Íoschoinníollacha Fostaíochta d'Oibrithe Talmhaíochta | 186 |

# Clár


| | |
|---|---|
| *AN ROINN COIMIRCE SÓISIALAÍ* | 187 |
| Scéim Chúnamh Feirme | 187 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) d'Fhostaíocht Teaghlaigh | 189 |
| ÁSPC do Chéilí nó Páirtithe Sibhialta Feirmeoireachta | 189 |
| Comhpháirtíochtaí Feirme | 190 |
| Sochair Fhéinfhostaithe | 191 |
| An Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) | 191 |
| *AN ROINN IOMPAIR, TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT* | 193 |
| Sábháilteacht Tarracóirí | 193 |
| Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (SFÁ) | 194 |
| *AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA* | 194 |
| *MET ÉIREANN* | 195 |
| *OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM* | 196 |
| Impleachtaí Cánacha na Scéime Buníocaíochta | 196 |
| Cáin Ioncaim/Cáin Chorparáide/Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 197 |
| Faoiseamh Talmhaíochta ón gCáin Ghnóthachan Caipitiúil | 198 |
| Dleachtanna Stampála | 199 |
| Cáin Bhreisluacha | 201 |
| Comhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe | 204 |
| Cánachas i leith Ioncaim Fheirmeoireachta | 204 |
| *SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS NA hÉIREANN* | 207 |
| *CLÁRLANN NA TALÚN* | 208 |
| *COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR* | 208 |

| | |
|---|---|
| **16. AGUISÍNÍ** | 210 |
| *Aguisíní 1A – 1G* | |
| 1A Oifigí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara | 211 |
| 1B Oifigí Réigiúnacha na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara | 217 |
| 1C Sonraí Teagmhála do Scéimeanna Foraoiseachta | 220 |
| 1D Saotharlanna/Tástáil, Feirmeacha agus Stáisiúin Allamuigh | 221 |
| 1E Foireann Theicniúil Deimhniúcháin Síolphrátaí | 222 |
| 1F Rannán Innealtóireachta Muirí/Ionaid Iascaigh Cuain | 222 |
| 1G Comhlachtaí Stáit agus Ranna Rialtais eile | 223 |
| *Aguisín 2* | 225 |
| 2A Teagasc | 225 |



# A hAon
## Eolas Ginearálta

## Láithreán gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Chun rochtain láithreach ar a bhfuil ar siúl ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, téigh chuig ár láithreán gréasáin www.agriculture.gov.ie**

Aimseoidh tú eolas ar na rudaí seo a leanas:



- Scéimeanna agus Seirbhísí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara;
- Preasráitis agus óráidí;
- Nótaí faisnéise ar shaincheisteanna reatha;
- Uimhreacha teagmhála le haghaidh Oifigí na Roinne;
- Foilseacháin;
- Nasc go seirbhísí agfood ar líne agus físeán gréasáin.

Is féidir leat na seoltaí ríomhphoist atá ar fáil sa bhileog seo a úsáid chun fiosrúcháin, srl. a chur díreach chuig na Rannáin ábhartha.

## Seirbhísí ar Líne

Tá roinnt seirbhísí leictreonacha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do chliaint ar féidir teacht orthu ar an láithreán gréasáin, **www.agriculture.gov.ie** nó **www.agfood.ie**, lena n-áirítear:

- Rochtain ar d'idirbhearta airgeadais leis an Roinn. Ligeann an rogha 'Féin-Seirbhís Airgeadais' duit:
    - d'íocaíochtaí a sheiceáil de réir mar a bhíonn siad ar siúl
    - breathnú ar stair do chuid íocaíochtaí
    - do Ráitis Íocaíochtaí a phriontáil/íoslódáil
    - ró-íocaíochtaí a íoc le cártaí dochair nó creidmheasa

- Rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a bhaineann le do Scéim Íocaíochta Bunúsaí/iarratas Glasíocaíochta, lena n-áirítear:
    - Iarratas ar líne ar an Scéim Íocaíochta Bunúsaí;
    - Sonraí Achoimre Iarratais, Sonraí Dáileachta agus fiosrúchán faoi Íocaíocht Arúil;
    - Fiosrúchán cáipéisí a léiríonn íomhánna scanta de do chomhfhreagras BPS/Glasíocaíochta leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar féidir iad a phriontáil;
    - Léarscáiliú daite ar féidir leat é a phriontáil de do dháileachtaí talún.

- Rochtain ar an gcóras 'Sainaithint agus Gluaiseacht Ainmhithe (SGA)', lena n-áirítear:
    - Áis um Breith Lao a Chlárú lenar féidir leat breith lao a chlárú ar líne;
    - Fiosrúcháin faoi Phróifíl Tréada le sonraí na n-ainmhithe i do thréad a fheiceáil ar SGA, chomh maith le hainmhithe a cuireadh leis an tréad agus ainmhithe a baineadh den tréad. Tá an dáta tástála eitinne is déanaí do gach ainmhí ann freisin;
    - Áis um Dheimhniú Comhlíonta lenar féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ar dheimhniú um chomhlíonadh, a bhfuil gá leis nuair a bhogtar ainmhithe go príobháideach. Féadann coimeádaithe an Deimhniú Comhlíonta a phriontáil ar PC agus cló-inneall sa bhaile;

    - Teagmhais Ainmhithe a Thaifeadadh le haghaidh na Scéime um Leas Ainmhithe, Taifeadadh agus Pórú Tréada Diúil
    - Is féidir an Clár Leictreonach Tréada a úsáid ach clárú don áis ar líne ar SGA. Is féidir leis na coimeádaithe tréad a dhéanann é seo fáil réidh leis an 'Leabhar Gorm' más mian leo.



- Rochtain ar Ráitis bhliantúla maidir le Nítrigin agus Fosfar:

- Is féidir le feirmeoirí atá cláraithe don áis BPS ar líne rochtain a fháil freisin ar a ráitis aonair maidir le Nítrigin agus Fosfar ar an gcóras SGA. Is féidir le gníomhairí formheasta rochtain a fháil ar na ráitis N&P ar líne freisin.

- Is féidir le comhlachtaí foraoise rochtain a fháil ar iarratais a gcliant ar dheontas foraoiseachta le IFORIS Inet. Is féidir le húinéirí foraoisí atá cláraithe do sheirbhísí ar líne iarratas a dhéanamh ar líne ar an íocaíocht Phréimhe Foraoiseachta. Leis an gcóras seo, féadtar iarratais ó chomhlachtaí foraoiseachta ar réamhfhaomhadh foraoiseachta a chur isteach. Is iad na scéimeanna a chlúdaítear ná Athfhoraoisiú agus Bóithre. Tá rochtain ag úsáideoirí ar na háiseanna seo a leanas:
    - Córas léarscáilithe chomhtháite ar líne ina bhfuil rochtain ar thacair shonraí comhshaoil éagsúla;
    - Córas fiosrúcháin ar líne ar féidir le foraoiseoirí agus comhlachtaí foraoiseachta fiosrúchán a dhéanamh faoi stádas iarratais a gcliant ann;
    - Córas iomlán ar líne a éascaíonn d'fhoraoiseoirí iarratais ar réamhfhaomhadh foraoiseachta a dhéanamh ar líne;
    - Áis chun na léarscáileanna is gá leo le haghaidh iarratais a dhigitiú agus a thaisceadh ar líne;
    - Áis lenar féidir cur isteach ar an bPréimh Foraoiseachta bhliantúil ar líne.

Molann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go láidir dá cliaint clárú do na seirbhísí atá ar fáil anois agus na seirbhísí a bheidh ann amach anseo ar an láithreán gréasáin (**www.agriculture.gov.ie nó www.agfood.ie**) trí chliceáil ar an deilbhín 'Agfood Online Services' agus na treoracha simplí a leanúint. Mar rogha air sin, roghnaigh an físeán gréasáin le haghaidh treoracha. Is féidir le feirmeoirí cabhair a fháil ó Dheasc Chabhrach do na Seirbhísí ar Líne (0761 064424) freisin. Gheobhaidh tú Cód Rochtana Príobháideach agus pasfhocal le haghaidh idirghníomhaíochta sláine leis an Roinn. Nuair a bhíonn cliaint cláraithe do sheirbhísí ar líne, beidh rochtain acu ar gach áis nua a thabharfaidh an Roinn isteach agus a bhaineann lena bhfiontar

## Barántúlacht Teileafóin

Tabhair faoi deara go ndéanfaidh an Roinn gach fiosrúchán faoi fhaisnéis phearsanta a dheimhniú ó thaobh céannachta de.

## Seirbhísí do Chustaiméirí

Tá caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil do gach duine dár gcustaiméirí mar thosaíocht ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus bímid i gcónaí ag faire amach do bhealaí chun cur ar fáil na seirbhísí a fheabhsú.

Tá tiomantais sa Chairt Chustaiméirí 2015–2020 do chustaiméirí maidir le caighdeán na seirbhísí ar féidir leo a bheith ag súil leis agus iad ag plé leis an Roinn. Cuirtear leis na tiomantais sin i bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2015–2020 agus leagtar amach an bealach ina gcomhlíonfaidh an Roinn iad. Tá comhairliúchán lenár gcliaint agus aiseolas uathu ríthábhachtach chun is go mbeimid in ann cur ar fáil na seirbhísí a fheabhsú ar gach aon slí.

## An tAonad Seirbhíse Ardchaighdeáin

Bíonn an tAonad Seirbhíse Ardchaighdeáin freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí agus faoin gCairt Chustaiméirí. Chomh maith leis sin, déanann sé comhordú ar ghníomhaíocht a chuirfidh breis feabhais ar sholáthar seirbhísí dá custaiméirí ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá an t-eolas is fearr agaibh mar úsáideoirí ár seirbhísí, tar éis a bhfuil braite agaibh, chun léargas a thabhairt ar an gcaighdeán atá ann agus ar na réimsí ar gá iad a fheabhsú le gur féidir linn freastal ar do riachtanais de réir mar a athraíonn siad. Má tá aon rud le rá agat, dea-rud nó drochrud, faoi na seirbhísí agus/nó má tá aon mholtaí agat chun na seirbhísí a fheabhsú, ba mhaith leo siúd san Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin cloisteáil uait. Déan teagmháil linn ag: **qualityserviceunit@agriculture.gov.ie**

## An tAonad Fiosrúchán Oidhreachta

Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara lárphointe teagmhála ar fáil chun cabhrú le hionadaithe feirmeoirí a fuair bás íocaíochtaí atá dlite don eastát a fháil agus, más bainteach, teidlíochtaí Íocaíochtaí Bunúsaí agus aon scéim eile ina raibh an duine páirteach a aistriú. Feidhmíonn an tAonad Fiosrúcháin Oidhreachta laistigh de Rannán Teidlíochtaí CAP na Roinne i bPort Laoise.

Cabhróidh an tAonad Fiosrúchán Oidhreachta le hionadaí dlí an duine éagtha ar na bealaí seo a leanas:

- Na scéimeanna a raibh an duine éagtha páirteach iontu a aithint agus aon íocaíochtaí dlite d'eastát an duine éagtha a fhionnadh;
- Cabhrú leis na hionadaithe dlí teagmháil a dhéanamh le rannóga éagsúla na Roinne;
- Comhairle a thabhairt faoi na cáipéisí dlí a bhfuil gá leo;

- Socruithe a dhéanamh go n-íocfar na híocaíochtaí a bhfuil dlite d'eastát an duine éagtha agus go n-aistreofar na teidlíochtaí Íocaíochtaí Bunúsaí (más ann dóibh).

Beidh an tAonad mar an t-aon stór amháin do na cáipéisí dlí a chuireann ionadaithe an duine éagtha isteach agus, sa chaoi sin, ní bheidh aon ghá le cóipeanna a chur ar aghaidh chuig rannóga éagsúla sa Roinn.



Tá bileog eolais ina leagtar amach feidhmeanna an Aonaid Fiosrúcháin Oidhreachta ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne **www.agriculture.gov.ie**.

**Ba cheart aon fhiosrúchán faoi eastáit feirmeoirí éagtha a chur chuig an Aonad seo:**

- An tAonad Fiosrúcháin Oidhreachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Eircom, Bóthar Chnoc Maí, Co. Laoise, R32 YK81.
- Fón: 0761 064428
- Ríomhphost: **inheritanceenquiryunit@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/customerservice/inheritanceenquiryunit/**

## An tSeirbhís Chúnaimh do Theaghlaigh a bhfuil Daoine Muinteartha leo tar éis Bháis

Chun cabhrú le teaghlaigh a bhfuil duine muinteartha leo tar éis bás a fháil go tobann de dheasca timpiste feirme, agus nach bhfuil taithí acu ar na gnáthcheisteanna a bhíonn a bplé ag daoine leis an Roinn maidir le scéimeanna agus seirbhísí, bhunaigh Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin na Roinne an t-aon phointe teagmhála amháin. Cuirfear gach cúnamh ar fáil chun is go mbeidh teagmháil/plé leis an Roinn chomh héasca agus chomh simplí agus is féidir.

**Is féidir teagmháil leis an tseirbhís chúnaimh do theaghlaigh a bhfuil duine muinteartha leo tar éis bháis ag:**

- An tAonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, An Rannán um Ghnóthaí Corparáideacha, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 0761 064445
- Ríomhphost: **qualityserviceunit@agriculture.gov.ie**.

## Gearáin

Mura bhfuil tú sásta leis an tseirbhís, is féidir leat Nós Imeachta do Ghearáin Chustaiméirí na Roinne a úsáid tríd an gceist a chur ar aghaidh chuig an Aonad Ardchaighdeáin Seirbhíse a dheimhneoidh go ndéanfar scrúdú iomlán, neamhchlaonta ina leith. Ar dtús, ba cheart na gearáin a chur chuig an Oifigeach Sinsearach atá freagrach as an réimse a mbaineann an gearán leis. Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hAonad Ardchaighdeáin Seirbhíse

na Roinne. Is féidir an gearán a dhéanamh go pearsanta, i scríbhinn, ar an bhfón agus i ríomhphost. I gcás ar bith, tá sé tábhachtach go gcuirtear gearáin fhoirmiúla isteach i scríbhinn.

Tá cóipeanna den Phlean Gníomhaíochtaí Seirbhíse do Chustaiméirí, an Chairt Chustaiméirí agus eolas ar an Nós Imeachta do Ghearáin Chustaiméirí ar fáil ón Aonad Ardchaighdeáin Seirbhíse ag an seoladh thíos, nó ar láithreán gréasáin na Roinne, **www.agriculture.gov.ie**



**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Aonad:**

- An tAonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, An Rannán um Ghnóthaí Corparáideacha, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 8694331; Facs 057 8694387
- Ríomhphost: **qualityserviceunit@agriculture.gov.ie;**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/customerservice/**

## Oifig Preasa agus Faisnéise

Tá Oifig Preasa agus Faisnéise ag an Roinn a phléann go speisialta le fiosrúcháin ó na meáin. Má tá fiosrúchán meán agat, déan teagmháil linn ar + 353 1 6072802 nó i ríomhphost ag **press@agriculture.gov.ie**. Tá preasráitis na Roinne ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag **www.agriculture.gov.ie/press**. Chomh maith leis sin, cuirtear nuacht rialta ar fáil ar chuntas Twitter na Roinne **@agriculture_ie**

## Ceanglais faoin Acht Míchumais 2005

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, de réir Ailt 25, 26, 27 agus 28 den Acht Míchumais, 2006, a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine le míchumais ar na seirbhísí agus ar an eolas a chuireann sí ar fáil.

Éilíonn Alt 26 den Acht ar an Roinn go gcinnteoidh sí go mbeidh rochtain ag daoine le míchumais, a mhéid agus is féidir agus is iomchuí, ar na seirbhísí poiblí príomhshrutha. Má mheasann an Roinn gur gá leis, beidh ar an Roinn cúnamh a chur ar fáil do dhaoine le míchumais chun rochtain a fháil ar a seirbhísí. Éilítear ar an Roinn in Alt 26(2) go ndéanfaidh sí cúnamh agus treoir a chur ar fáil, a shocrú agus a chomhordú do dhaoine le míchumais chun rochtain a fháil ar a seirbhísí.

Éilítear in Alt 28 den Acht ar an eagraíocht a chinntiú go mbeidh aon eolas a chuirfidh sí ar fáil i bhformáid inrochtana do dhaoine le míchumais.

## Oifigeach Rochtana

De réir Alt 26(2) den Acht Míchumais 2005, tá Oifigeach Rochtana ceaptha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhfuil freagracht air as cabhair agus treoir a chur ar fáil nó a shocrú agus é sin a chomhordú do dhaoine le míchumais chun seirbhísí na n-oifigí a úsáid agus le bheith ina phointe teagmhála do dhaoine le míchumais ar mian leo na seirbhísí sin a úsáid.

**Seo a leanas sonraí teagmhála an Oifigigh Rochtana:**

- An tOifigeach Rochtana, An Rannán um Ghnóthaí Corparáideacha, Urlár 63, Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12
- Fón: 01 6072046; 6072339
- Ríomhphost: **access.officer@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/customerservice/doyourequireanyspecialassistancebecauseofadisability/accessandinquiryofficers/**

## An Nós Imeachta faoin Acht Míchumas 2005

Tá Oifigeach Fiosrúcháin ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a phléann le gearáin faoin Acht Míchumas 2005. Is féidir le duine gearán a dhéanamh mura ndearna an Roinn Ailt 25, 26, 27 nó 28 den Acht Míchumais a chomhlíonadh. Is féidir gearán a dhéanamh i litir nó i ríomhphost.

Déanfaidh an tOifigeach Fiosrúcháin gach gearán a fhiosrú agus tuarascáil ar na himscrúduithe a eisiúint.

**Seo a leanas sonraí teagmhála an Oifigigh Fiosrúcháin:**

- An tOifigeach Fiosrúcháin Mhíchumais, An tAonad Ardchaighdeáin Seirbhíse, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 869 4324; Facs: 057 869 4287
- Ríomhphost: **inquiry.officer@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/customerservice/doyourequireanyspecialassistancebecauseofadisability/accessandinquiryofficers/**

## Inrochtaineacht ar an Láithreán gréasáin

Is éard atá i gceist le hinrochtaineacht ar an láithreán gréasáin ná go mbeidh an rochtain chéanna ag gach duine ar an ábhar agus ar na seirbhísí ar líne, lena n-áirítear, mar shampla, dóibh siúd a bhfuil míchumas radhairc orthu. Tá inrochtaineacht níos tábhachtaí don Roinn seo toisc go bhfuil an t-eolas a chuirtear ar fáil ar an láithreán gréasáin tar éis dul i méid go mór. Tá an Roinn tiomanta do chinntiú go mbeidh gach duine in ann láithreán gréasán an Roinn a úsáid lena n-áirítear iad siúd le míchumais.

Táthar ag súil leis go gcríochnófar Treoir an AE maidir le hinrochtaineacht ar láithreáin ghréasáin Chomhlachtaí Poiblí sula mbeidh deireadh leis an tréimhse lena mbaineann an bhileog seo. Tá an Roinn tiomanta dá hoibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh.

## An Chairt um Chearta Feirmeoirí

Aontaíodh an Chairt um Chearta Feirmeoirí 2015–2020 tar éis plé leis na príomheagraíochtaí feirmeoireachta.



Is comhaontú é idir an Roinn agus na príomheagraíochtaí feirmeoireachta go gcuirfear feabhas ar na caighdeáin agus spriocanna soláthair scéimeanna agus seirbhísí na Roinne, lena n-áirítear cigireachtaí ar fheirmeacha. Leagtar amach go soiléir inti na próisis tráthlínte, íocaíochta agus achomhairc agus is treoir úsáideach í d'fheirmeoirí.

Déanann Coiste Athbhreithnithe, faoi chathaoirleach neamhspleách, monatóireacht ar an dul chun cinn faoin gCairt. Tá ionadaithe ó na heagraíochtaí feirme agus baill foirne na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an gCoiste.

**Is féidir tuilleadh eolais ar an gCairt um Chearta Feirmeoirí a fháil anseo:**

- An tAonad Ardchaighdeáin Seirbhíse, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 8694331; Facs: 057 8694387
- Ríomhphost: **qualityserviceunit@agriculture.gov.ie**.
- Is féidir an Chairt a íoslódáil ar shuíomh na Roinne ag **www.agriculture.gov.ie/aboutus/farmerscharterofrights/**
  Tá líon teoranta de chóipeanna ar fáil in Oifigí Réigiúnacha na Roinne agus in oifigí Teagaisc. Tá leagan Gaeilge den Chairt ar fáil ach é a iarraidh.

## Ráiteas Bliantúil Íocaíochtaí d'Fheirmeoirí

De réir ghealltanas na Roinne sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí go gcuirfidh sí eolas soiléir cruinn ar fáil, eisítear an Ráiteas Bliantúil Íocaíochta do gach feirmeoir a fuair íocaíochtaí ón Roinn. Is liosta ilchodach é an ráiteas de gach íocaíocht a d'eisigh an Roinn d'fheirmeoir (agus de na fiacha a d'aisghabh sí ó fheirmeoir) in aon bhliain féilire ar leith. Is féidir le húinéirí tréada a bhfuil rochtain acu ar chóras ar líne na Roinne ag **www.agfood.ie** teacht ar a Ráitis Bhliantúla Íocaíochtaí ina bhfuil sonraí na n-íocaíochtaí agus na n-aisghabhálacha fiach go léir le sé bliana anuas. Caithfear 'Féin-Seirbhís Airgeadais' a roghnú chun teacht air. Téigh chuig **www.agfood.ie** chun clárú do sheirbhísí ar líne.

## Íocaíochtaí Sochair Dhírigh

Eisíonn an Roinn seo gach íocaíocht d'fheirmeoirí trí Shochar Díreach. Leis an modh íocaíochta seo, cuirtear airgead ar aghaidh go leictreonach díreach chuig cuntas bainc ainmnithe nó cuntas comhair chreidmheasa an fheirmeora.

Eisítear duillín íocaíochta ag an am céanna sa phost chuig an bhfeirmeoir ina bhfuil deimhniú go ndearna an íocaíocht agus sonraí an idirbhirt. Chomh maith leis sin, tá stair na n-íocaíochtaí agus sonraí íocaíochtaí ar fáil dóibh siúd atá cláraithe do na seirbhísí ar líne ag **www.agfood.ie**.

**Tá tuilleadh eolais ar an modh íocaíochta seo agus na foirmeacha údarúcháin ábhartha a fháil anseo:**

- An tAonad Sochair Dhírigh, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459.
- Fón: 049 4368283
- Ríomhphost: **bank.payments@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/archivedschemes/singlepaymentschemedisadvantagedareasscheme/paymentbydirectcredittofarmers/**

## Cánachas Talmhaíochta

Cé go mbaineann beartais chánachais leis an Roinn Airgeadais go príomha agus gurb í Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a riarann an córas cánachais, bíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i dteagmháil leis an dá eagraíocht faoi cheisteanna cánachais talmhaíochta. Ba chomhthionscnamh é 'An tAthbhreithniú Agra-Chánachais' leis an dá Roinn agus foilsíodh é mar chuid de Cháinaisnéis 2015. Tá fianaise láidir san Athbhreithniú gur cheart leanúint de chúnamh a thabhairt don phríomhearnáil talmhaíochta, agus is straitéis shoiléir í ina bhfuil sainspriocanna beartais a mbaineann leis na nithe seo a leanas:

### 1. Soghluaisteacht agus úsáid thorthúil talún a mhéadú

Is iad na príomhdhúshláin d'fheirmeoirí ar mhaith leo a dtáirgiúlacht a mhéadú ná fáil a bheith acu ar thalamh agus cé chomh híseal is atá leibhéal na soghluaisteachta talún. Tá glacadh forleathan ann go bhfuil úsáid na talún ina cheist níos mó anois ná úinéireacht talún. Cé go bhfuil margadh maith cíosa ann, is léasanna gearrthéarmacha conacra iad formhór acu siúd. Tá buntáistí áirithe ag baint le léasú fadtéarmach i gcomparáid leis an gcóras conacra agus moltar bearta athchothromaithe san Athbhreithniú chun go mbeidh an margadh níos oiriúnaí don chur chuige sin.

### 2. Cabhrú le comharbas

Tá próifíl aoise fheirmeoirí na hÉireann ag dul i méid agus aithnítear go bhfuil a lán cúiseanna sóisialta agus geilleagair ann go mbíonn bainistiú comharbais ina dhúshlán d'fheirmeoirí. Tá cabhair chomharbais agus aistriú feirmeacha mar phríomhghnéithe an bheartais chánachais talmhaíochta agus tá roinnt moltaí san Athbhreithniú a neartóidh leis an tacaíocht sin.

### 3. Cur le beartais agus scéimeanna talmhaíochta níos leithne, mar shampla, tacú leis na nithe seo a leanas:

- Infheistíocht san iomaíochas lena n-áirítear cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí óga oilte atá ag tosú amach san earnáil;
- Inbhuanaitheacht chomhshaoil lena n-áirítear éifeachtúlacht feirmeacha a fheabhsú.
- Samhlacha feirmeoireachta éagsúla mar chomhpháirtíochtaí feirme.
- Freagairtí do luaineachtaí ioncaim.

Cuireadh a lán de na moltaí Athbhreithnithe i bhfeidhm i gcáinaisnéisí áirithe le déanaí. Tá níos mó eolais ar chánachas talmhaíochta i gCaibidil 15 faoi Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus ar láithreán gréasáin na Roinne **www.agriculture.gov.ie/media/migration/agrifoodindustry/agri-taxationreview/AgritaxationRevFinal120315.pdf**



## An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 go mbeidh sé de cheart ag gach duine rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leo atá i seilbh comhlachtaí poiblí a iarraidh, is cuma cathain a cruthaíodh na taifid sin, agus ar thaifid eile a cruthaíodh i ndiaidh 21 Aibreán 1998.

Faoin Acht, tá sé de cheart ag gach duine na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- Rochtain ar thaifid i seilbh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a lorg;
- Iarraidh go n-athrófar faisnéis phearsanta a bhaineann leo atá i seilbh na Roinne chun go mbeidh sí ceart, i gcás í a bheith mícheart, neamhiomlán nó míthreorach;
- Cúiseanna a fháil le cinntí a rinne an Roinn i gcás go raibh tionchar díreach ag na cinntí sin ar an duine.

Tá sé tábhachtach na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara agus iarratas SF á dhéanamh:
- Caithfidh an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn agus is gá a lua ann go bhfuil an fhaisnéis á lorg faoin Acht um Shaoráil Fhaisnéise;
- Caithfear go leor sonraí a áireamh san iarraidh chun go mbeifear in ann na taifid a aithint. Má bhíonn deacracht agat na taifid ar gá leo a aithint go díreach, cabhróidh an fhoireann leat leis an iarratas a ullmhú;
- Más faisnéis phearsanta atá á lorg agat, caithfidh tú cóip de ID Stáit sínithe a chur ar fáil chun go mbeidh an Roinn in ann do chéannacht a dheimhniú;
- Más gá go bhfaighfear an fhaisnéis i bhformáid ar leith .i. formáid leictreonach, ní mór é sin a léiriú san iarratas. Déanfar gach iarracht réasúnta chun freastal ar do rogha.

Tá seans ann go mbeidh na taifid atá de dhíth ort ar fáil go poiblí cheana féin. Sa chás sin, ní gá iarratas SF foirmiúil a dhéanamh.

I bhformhór na gcásanna, caithfidh an Roinn an cinneadh maidir le hiarratas a thabhairt laistigh de cheithre seachtaine (20 lá oibre) tar éis di an t-iarratas a fháil.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
- An tAonad um Shaoráil Faisnéise, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 8694327; Facs: 057 8694387
- Ríomhphost: **foi@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/customerservice/freedomofinformationfoi/**

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

I Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2014 (I.R. Uimh. 133 de 2007, I.R. Uimh. 662 de 2011 agus I.R. Uimh. 615 de 2014), tugtar cearta dóibh siúd a bhfuil rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol á lorg acu ó údaráis phoiblí.

Faoi na Rialacháin seo, is gá go gcuirfear eolas ar fáil ar an gcomhshaol atá i seilbh údaráis phoiblí nó atá i seilbh ar son údaráis phoiblí, arna iarraidh sin, faoi réir eisceachtaí áirithe.



Is gá duit na nithe seo a leanas a dhéanamh agus iarratas ar fhaisnéis faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol:

- An t-iarratas a chur isteach i scríbhinn sa phost nó i ríomhphost
- A lua ann go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol
- Go leor sonraí a chur ar fáil chun go mbeifear in ann na taifid atá á lorg a aithint.
- An fhormáid agus an chaoi ina bhfuil an rochtain de dhíth a shonrú, .i. fótachóip, go leictreonach, srl.

Gheobhaidh tú cinneadh faoin iarratas laistigh de mhí amháin tar éis don Roinn an t-iarratas a fháil.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Aonad seo:**
- An tAonad um Shaoráil Faisnéise, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 8694327; Facs: 057 8694387
- Ríomhphost: foi@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/customerservice/accesstoinformationontheenvironment/**

## An tAcht um Chosaint Sonraí 1998 arna Leasú

Faoi Alt 4 den Acht um Chosaint Sonraí arna leasú, tá sé de cheart ag daoine cóip a fháil d'aon fhaisnéis a bhaineann leo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara atá stóráilte ar ríomhaire nó i gcórais comhdaithe láimhe.

Nuair a dhéantar iarratas:
- Caithfidh an t-iarratas a bheith i scríbhinn sa phost nó ar ríomhphost;
- Is gá go leor eolais a chur ar fáil san iarratas chun go mbeifear in ann na taifid atá á lorg a aithint. Má bhíonn deacrachtaí agat na taifid atá uait aithint, cabhróidh an fhoireann leat d'iarratas a ullmhú;
- Toisc go bhfuil rochtain ar fhaisnéis phearsanta á lorg agat, caithfidh tú cóip de ID Stáit sínithe a chur ar fáil chun gur féidir leis an Roinn do chéannacht a dheimhniú;
- Nuair atá an fhaisnéis á lorg i bhformáid ar leith .i. fótachóip, leagan leictreonach, srl. is gá é sin a léiriú san iarratas. Freastalófar ort ó thaobh na rogha formáide seo de más féidir é.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- An tAonad um Chosaint Sonraí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 8694469;
- Ríomhphost: **data.protection@agriculture.gov.ie**



## Seirbhísí Saotharlainne

Tá Seirbhísí Saotharlainne na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara an-tábhachtach maidir le spriocanna na Roinne a bhaint amach. Tacaíonn siad le rannóga eile na Roinne agus, chomh maith leis sin, cuireann siad seirbhís ar fáil don earnáil bhia, do thréidlianna agus don phobal i gcoitinne. Tá bunobair na saotharlann chomh hilchineálach ach an oiread di bheith tábhachtach. Is í príomhobair na Saotharlainne Tréidliachta Rialaithí um Shláinte Phoiblí, na Saotharlainne Déiríochta agus na Saotharlainne um Thástáil Síl ná tástáil rialála, bunaithe ar reachtaíocht; tá ról ag an tSeirbhís Saotharlann Tréidliachta san fhaireachas diagnóiseach agus i dtaighde agus forbairt chomh maith. Tá na Seirbhísí Saotharlann comhdhéanta de lárionad saotharlann i mBacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara chomh le roinnt saotharlann réigiúnach ar fud na tíre. Cuireadh saotharlanna éagsúla le chéile sa lárionad i mBacastún sa bhliain 2005, rud a thug raon feidhmeanna éagsúla le chéile san aon fhoirgneamh amháin.

Is iad na saotharlanna atá i gceist ná:

- An tSaotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta (CVRL) – ina bhfuil na rannóga seo a leanas: Baictéareolaíocht, Paiteolaíocht, Víreolaíocht;
- An tSaotharlann Tréidliachta Rialaitheach um Shláinte Phoiblí (VPHRL);
- An tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta (DSL);
- An tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí (PCL);
- An tSaotharlann Fholláine Plandaí (PHL);
- An tSaotharlann Tástála Síolta (STL).

Chomh maith leis an lárionad i mBacastún, tá sé Shaotharlann Tréidliachta Réigiúnacha in Áth Luain, Corcaigh, Cill Dara (An Rannán Paiteolaíochta, CVRL), Cill Chainnigh, Luimneach agus Sligeach a mbaineann an phríomhobair a dhéantar iontu le galair a dhiagnóisiú agus le faireachas. Is iad na saotharlanna eile sa tseirbhís saotharlann ná Saotharlann Brúsallóise i gCorcaigh agus dhá shaotharlann réigiúnacha eolaíocha déiríochta i Luimneach agus Corcaigh. Tá tagairtí sonracha do na saotharlanna sna míreanna ábhartha den bhileog seo agus in Aguisíní 1A agus 1D.

**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- Saotharlanna Bhacastúin, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Campas Bhacastúin, Lána Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 VW2C.
- Fón: 01 6157100
- Ríomhphost: **labsecretariat@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/laboratoryservices/**



## Forbairt Tuaithe 2014 – 2020

Tá tacaíocht lárnach sa Chlár um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020 (RDP) do na rudaí seo a leanas:

- Iomaíochas san earnáil agraibhia a chur chun cinn;
- Bainistíocht níos inbhuanaithe d'acmhainní nádúrtha a bhaint amach;
- Forbairt níos cothroime a dheimhniú i gceantair thalmhaíochta.

Ceapadh na bearta sa Chlár um Fhorbairt Tuaithe i gcomhthéacs an Chláir roimhe seo agus tá siad bunaithe ar anailís oibiachtúil ar riachtanais agus tosaíochtaí earnála a d'aithin na páirtithe leasmhara. Is é an leithdháileadh airgeadais iomlán don Chlár seo ná thart ar €4 billiún, a gcuireann AE €2.19 billiún de ar fáil ón gCoiste Eorpach do Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe. Ghlac an Coimisiún Eorpach go foirmiúil le RDP na hÉireann ar an 26 Bealtaine 2015.

Tá na bearta seo a leanas san RDP formheasta:

- Scéim nua shuntasach Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus roinnt beart comhshaoil spriocdhírithe eile. Leanann an scéim GLAS na scéimeanna REPS agus AEOS;
- Tacaíocht láidir leanúnach do na Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha lena n-áirítear Feirmeoirí Oileáin (Limistéir faoi Mhíbhuntáiste/Limistéir Mhídheisiúla roimhe seo);
- Tacaíocht shuntasach d'Infheistíocht Chaipitiúil ar Fheirmeacha;
- Raon de bhearta aistrithe feasa;
- Tacaíocht don fheirmeoireacht chomhoibríoch;
- Tacaíocht don Fheirmeoireacht Orgánach;
- Tacaíocht spriocdhírithe le haghaidh na hearnála mairteola tríd an gClár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola.

Tá tacaíocht san áireamh sa Chlár um Fhorbairt Tuaithe do scéimeanna LEADER a riarann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## Tionscnaimh an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA)

Bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) i gcomhpháirt le Phil Hogan TD, an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2012. Ba í príomhfheidhm an Choimisiúin ná féidearthachtaí d'fhorbairt eacnamaíoch na gceantar tuaithe in Éirinn a fhiosrú agus tuarascáil a ullmhú a bheadh mar bhunús do straitéisí sa todhchaí chun tacú le forbairt eacnamaíoch na gceantar tuaithe don tréimhse go 2025. Foilsíodh an tuarascáil go luath sa bhliain 2014 agus bhí moltaí tras-earnálacha san áireamh inti.

Ceapadh Ann Phelan Uas. mar Aire Stáit sna Ranna Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a bhfuil Freagracht ar Leith uirthi as Forbairt Eacnamaíoch Tuaithe (tuarascáil an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA) a chur i bhfeidhm).

Mar chuid dá hobair, bhí an tAire Stáit freagrach as an gciste um Fhorbairt Tuaithe agus Nuálaíocht sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara sa bhliain 2015. Ba é cuspóir an chiste €1m seo ná freagairt do roinnt de na moltaí a leagadh amach i dtuarascáil CEDRA agus baineadh úsáid as do raon de thionscnaimh sa bhliain 2015, lena n-áirítear:

**Tacaíocht do Bhanfhiontraithe**

- Ba chlár náisiúnta spriocdhírithe é seo chun suas le 50 bean a raibh a ngnó féin bunaithe acu le déanaí nó a bhí tar éis na céimeanna tosaigh a ghlacadh chun gnó a bhunú i gceantair thuaithe.

**Tacaíocht le haghaidh Oibríochtaí Feirmeoireachta Sóisialta**

- Is éard atá i gceist le feirmeoireacht shóisialta ná obair thaithí shaorálach agus struchtúrtha a chur ar fáil ar fheirmeacha, le hainmhithe, le hoibríochtaí gairneoireachta, srl. do dhaoine a mbaineann leas as raon de sheirbhísí tacaíochta lae.
- Ba chlár saorálach é seo le haghaidh oibríochtaí feirmeoireachta sóisialta a bhí ann cheana féin.

**Tacaíocht le haghaidh Margaí Bia Pobalbhunaithe agus Ceardaí**

- Ba scéim é seo ceapadh chun tacaíocht a thabhairt do phríomhshráideanna tuaithe trí thacú le margaí bia áitiúil pobalbhunaithe agus ceardaí.

**Tionscnaimh Turasóireachta a bhaineann le hAgraibhia**

- Ba scéim tacaíochta í seo le haghaidh tionscadal turasóireachta mara a chuireann forbairt tuaithe agus cósta chun cinn agus í arna riaradh ag na hÚdaráis Áitiúla

Tá méadú ar an gciste um Fhorbairt Tuaithe agus Nuálaíocht go €1.5m do 2016 agus tá obair idir lámha ar na bealaí ina ndáilfear an t-airgead seo. Mar a rinneadh roimhe seo, bainfear úsáid as chun plé le moltaí thuarascáil CEDRA.

**Tuilleadh eolais anseo:**

- CEDRA An Rannán Eacnamaíochta agus Pleanála, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mar, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 6072476
- Ríomhphost: **economicsandplanning@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/ruralenvironment/cedraschemes/**

## An Oifig Achomharc Talmhaíochta

Is gníomhaireacht í an Oifig Achomharc Talmhaíochta a chuireann seirbhís achomhairc shaor in aisce ar fáil d'fheirmeoirí nach bhfuil sásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe. Tá feidhmeanna na hoifige leagtha amach san Acht um Achomhairc Thalmhaíochta, 2001 agus sna Rialacháin um Achomhairc Thalmhaíochta 2002 (arna leasú ina dhiaidh sin).



### Tuilleadh eolais ar an Oifig Achomharc Talmhaíochta

- Tá Oifigigh Achomharc neamhspleách i gcleachtadh a bhfeidhmeanna;
- Ní mór achomhairc a chur isteach laistigh de 3 mhí tar éis don Roinn cinneadh a dhéanamh. Is gá gach achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus is gá ráiteas fíoras a bheith san áireamh ann chomh maith leis na haighnis ar a mbeidh an t-achomharcóir ag brath;
- Sanntar gach cás d'Oifigeach Achomharc ar leith a dhéanfaidh an fhianaise go léir a mheas agus a dhéanfaidh cinneadh ansin;
- Seoltar litir chuimsitheach faoin gcinneadh ansin chuig an achomharcóir agus chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;
- Tá sé de cheart ag an achomharcóir éisteacht béil a iarraidh. Bíonn éisteachtaí béil príobháideach agus neamhfhoirmiúil. Is féidir leis an achomharcóir duine a thabhairt leis/léi mar ionadaí ag an éisteacht béil agus bíonn ionadaí ag an éisteacht ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara freisin.

**Tá foirm 'Nóta Faisnéise agus Fógra Achomhairc' na hOifige Achomharc Talmhaíochta agus eolas eile ar fáil anseo:**

- An Oifig Achomharc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhinsí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 DTW5.
- Fón: 0761 064418 nó 057 8631900; Facs: 057 8667177
- Ríomhphost: **appeals.@agriappeals.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriappeals.gov.ie**

Department of
Agriculture,
Food and the Marine
An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

Market Support Measures

Plant Health and Trade

Beef Data and Genomics Programme

Agri-Environment

Feedingstuff Controls

Farmers' Charter of Rights

State Bodies and Agencies

Animal Traceability

Green Low-Carbon Agri-Environment Scheme

Crops and Horticulture

BDGP

TAMS

Feedingstuff Controls




# A Dó

# Íocaíochtaí Tacaíochta d’Fheirmeoirí

Tháinig deireadh leis an Scéim Íocaíochta Aonair an 31 Nollaig 2014 agus chuaigh gach teidlíocht a bhí ag daoine faoin scéim sin in éag an dáta sin. Cuireadh roinnt Scéimeanna nua ina hionad:

- Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS)
- Íocaíocht do Chleachtais Talmhaíochta chun leasa na hAeráide agus an Chomhshaoil (Glasú)
- An Scéim d'Fheirmeoirí Óga
- An Scéim Cúnaimh Phróitéine



Bhunaigh Éire Cúlchiste Náisiúnta freisin as a ndáiltear teidlíochtaí do na daoine incháilithe chun éascú dóibh bheith páirteach i Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí.

## Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí/Glasíocaíochta

Gheobhaidh gach feirmeoir atá i dteideal íocaíochtaí faoin BPS agus Glasíocaíocht agus beidh roinnt acu i dteideal íocaíocht eile faoin Scéim d'Fheirmeoirí Óga nó faoin Scéim Cúnaimh um Barraí Próitéine a fháil.

Is amhlaidh sa chleachtadh i gcás formhór na n-iarratasóirí faoin BPS, a bheidh an phríomhíocaíocht mar 70% den tsuim iníoctha iomlán agus beidh an 30% eile ina Glasíocaíocht. Bainfear úsáid as an Scéim d'Fheirmeoirí Óga chun íocaíocht bhreise a chur ar fáil do dhuine atá cáilithe mar 'fheirmeoir óg'.

Dáileadh sraith teidlíochtaí nua d'fheirmeoirí faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí a chuir iarratas ar Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí isteach sa bhliain 2015 agus a chomhlíon na coinníollacha incháilitheachta.

Ba é an dáta deiridh a ghlacfaí le hiarratais faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí ná 29 Bealtaine 2015; is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais sna blianta as sin ar aghaidh ná 15 Bealtaine.

Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfaighfear a bhfoirm iarratais ar an BPS/Glasú agus ar Scéimeanna Eile Limistéarbhunaithe san AONAD ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA, AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA & MARA, SEANBHÓTHAR MHAINISTIR LAOISE, CO. LAOISE, R32 RPA6 nó curtha isteach ar líne faoi mheánoíche an 15 Bealtaine ar a mhoille.

### Leasuithe síos chuig 31 Bealtaine

Is féidir leasuithe ar na hiarratais BPS, lena n-áirítear dáileachtaí/ceapacha a chur leis, a dhéanamh síos le 31 Bealtaine don **'FHOIRM LEASAITHE BPS'**. Tá sonraí na gcoinníollacha ina nglacfar le leasuithe le linn na tréimhse seo leagtha amach go hiomlán ar an bhfoirm seo. Cé go nglacfar le leasuithe áirithe i ndiaidh 31 Bealtaine (féach thíos), tabhair faoi deara nach mór duit an fhoirm Leasuithe fhoirmiúil seo a chur isteach faoin spriocdháta, 31 Bealtaine, más gá duit limistéar a éilíodh go mícheart a chur i gceart nó dáileachtaí/ceapacha a chur le d'iarratas. Glacfar le Foirmeacha Leasuithe Déanacha a bhfuil dáileachtaí/ceapacha breise nó limistéir éilithe leasuithe orthu síos chuig 9 Meitheamh lena n-áirítear 9 Meitheamh féin ach gearrfar pionóis. Laghdaítear íocaíocht i leith na dáileachta/na ndáileachtaí i gceist faoi 1% le haghaidh gach lá oibre feadh na tréimhse ina bhfuil sé déanach.

Ní mór foirmeacha leasuithe a chomhlánú go hiomlán agus go beacht mar beidh siad ina gcuid de d'iarratas BPS. Tá an fhoirm seo ar fáil ón Aonad Íocaíochta Bunúsaí, Oifigí Áitiúla na Roinne, ó Chomhairleoirí Teagaisc/Talmhaíochta agus ó láithreán gréasáin na Roinne ag **www.agriculture.gov.ie**. I gcás go bhfuil an Roinn tar éis a rá leat go bhfuil míréireachtaí san iarratas nó go bhfuil sí tar éis fógra a thabhairt go bhfuil sé beartaithe iniúchadh ar an láthair a dhéanamh nó i gcás gur nochtadh míréireachtaí le linn an iniúchta, ní dhéanfar leasuithe a údarú maidir le dáileachtaí talmhaíochta a bhaineann leis na míréireachtaí.



### Leasuithe Déanacha (Leasuithe tar éis 31 Bealtaine)

Is féidir leat talamh a tharraingt siar, achar dáileachta éilithe a laghdú nó úsáid a athrú ó úsáid cháilithe go húsáid incháilithe (mar shampla, aistriú suímh thí), ó d'iarratas agus ní ghearrfar pionós ort, uair ar bith tar éis 31 Bealtaine, an dáta deiridh a nglacfar le Leasuithe ar na coinníollacha seo a leanas:

- nach bhfuil an Roinn tar éis fógra a thabhairt duit faoi aon cheist maidir le d'iarratas BPS;
- nach bhfuil fógra faighte agat faoi iniúchadh ar an láthair;
- nach bhfuil tú tar éis íocaíocht iomlán nó i bpáirt a fháil faoin BPS.

Má tá fógra faoi iniúchadh ar an láthair faighte agat nó má nochtadh míréireacht le linn iniúchta, ní féidir glacadh le leasú ar an gcuid sin den iarratas a bhaineann leis na míréireachtaí a aimsíodh.

Chun cuspóirí íocaíochta, ní féidir dáileachtaí/ceapacha talún a chur leis an iarratas nó achair éilithe a mhéadú i ndiaidh 31 Bealtaine, seachas ar Fhoirmeacha Leasuithe Déanacha a nglacfar leo síos chuig 9 Meitheamh agus 9 Meitheamh san áireamh, agus beidh pionós i gceist leo mar a luaitear thuas. Is féidir, áfach, earráidí soiléire/neamhurchóideacha a cheartú tar éis an dáta deiridh, 31 Bealtaine. Is éard atá i gceist le hearráid shoiléir/neamhurchóideach ná earráid bheag chléireachais a rinne tú a bhaineann de ghnáth le sonraí a bheith in easnamh ar d'iarratas, úsáid bharra, mar shampla. Is féidir úsáid bharra dhearbhaithe a athrú freisin, ar an gcoinníoll go raibh an barr dearbhaithe incháilithe d'íocaíocht. Níl tú i dteideal an t-achar a dhearbhaigh tú le haghaidh íocaíochta a mhéadú ná an úsáid bharra a athrú ó bharr neamh-incháilithe go barr cáilithe. Déanfaidh an Roinn gach iarratas a bhreithniú ar a fhiúntais féin.

### Asbhaintí ó Iarratais Déanacha

Faoi Rialacháin AE, tá tréimhse 25 lá féilire ann tar éis an dáta dheireanaigh, 15 Bealtaine, ina nglacfar le hiarratais déanacha agus aon cháipéisíocht tacaíochta ar gá léi. Déanfar asbhaintí ó íocaíochtaí, áfach, i gcás iarratas a fhaightear le linn na tréimhse seo. Seachas i gcásanna force majeure, ní ghlacfar le hiarratais gan pionós a ghearradh orthu tar éis deireadh na tréimhse 25 lá féilire seo. Toisc go raibh feirmeoirí ag cur iarratas isteach ar **theidlíochtaí íocaíochta nua** faoin BPS sa bhliain 2015, ní rabhthas in ann na teidlíochtaí sin a dháileadh dóibh má fuarthas a n-íocaíocht BPS i ndiaidh **Dé Máirt 9 Meitheamh. Is é sin le rá, ní bheidh siad i dteideal íocaíocht a fháil faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí/Glasíocaíochta ar feadh thréimhse an Chórais nua.** Is é an ráta asbhainte ná 1% in aghaidh an lae oibre faoin Scéim BPS agus Glasíocaíochta, Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (ANC). Beidh an ráta asbhainte mar an gcéanna don Scéim Chúnaimh Phróitéine, REPS, AEOS, na Scéimeanna Glasa ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta, Scéim Natura 2000 agus an Scéim Feirmeoireachta Orgánaí (OFS).

Ní féidir íocaíocht a dhéanamh faoi aon cheann de na scéimeanna seo mura gcuirfear foirm iarratais bhailí BPS isteach. Mar a luadh cheana féin, is ionann iarratas faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí agus iarratas ar dháileadh na dteidlíochtaí nua faoin Scéim sin. Foráiltear sna Rialacháin AE go mbainfidh asbhaint bhreise de 3% in aghaidh an lae oibre le híocaíochtai faoin Scéim BPS sa bhliain 2015 maidir le hiarratais déanacha ar theidlíochtaí a gheofar le linn na tréimhse 25 lá féilire.

### Iarratas Páipéir agus ar Líne



#### Iarratais sa phost

I gcás nach bhfaigheann an Roinn an t-iarratas BPS a chuir tú ar aghaidh sa phost, beidh ort an admháil Mhearphoist a thaispeáint mar fhianaise phostais. Coinnigh d'admháil Mhearphoist slán. Is é an t-aon fhianaise inghlactha eile ná admháil Phoist Chláraithe. Comhlánaigh an fhoirm iarratais réamhphriontáilte a fhaigheann tú agus cuir ar ais í. Tá barrchód ar d'fhoirm iarratais BPS réamhphriontáilte agus tá sonraí a bhaineann leat réamhphriontáilte uirthi agus, mar gheall air sin, is duitse amháin í nó do d'oidhrí.

**NB. Murab iarratasóir nua thú, níor cheart duit foirm a chur isteach nach bhfuil réamhphriontáilte i gcás ar bith. Má chailleann tú an fhoirm réamhphriontáilte a cuireadh ar fáil duit, ní mór duit ceann eile a fháil ina hionad ón Aonad BPS i bPort Laoise.**

#### Iarratais ar Líne

Is féidir leat d'iarratas BPS a chur isteach ar líne ach caithfidh tú é a chlárú ar dtús ar **www.agfood.ie** nó is féidir leat teagmháil le deasc chabhrach seirbhísí ar líne Agfood in Oifig Phort Laoise na Roinne, Fón: 0761 064424 nó ríomhphost: **agfood@agriculture.ie**. Ceapadh an áis ar líne chun líon na n-earráidí a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus, ar an gcaoi sin, deireadh a chur le moilleanna próiseála mar gheall ar easnamh sna sonraí. Tá córas foláirimh ann freisin a chuireann an t-iarratasóir san airdeall ar ró-éileamh achair féideartha, rud a chabhróidh leis/léi pionós a sheachaint. .

#### Catagóirí Éigeantacha

Éilítear ar fheirmeoirí i gcatagóirí áirithe a n-iarratas BPS/Glasaithe a chur isteach ar líne. Is iad na catagóirí atá i gceist ná:

- Feirmeoirí arúla a dhearbhaíonn 10 heicteár nó breis de thalamh arúil;
- Feirmeoirí orgánacha a bhfuil páirteach sa Scéim Feirmeoireachta Orgánaí;
- Comhpháirtíochtaí Feirme atá cláraithe i gClár Comhpháirtíochtaí Feirme na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara;
- Socruithe aitheanta feirmeoireachta roinnte ar mhaith leo iarratas dhéanamh faoin socrú feirmeoireachta roinnte.

### Coinníollacha Bunúsacha

Caithfidh feirmeoirí an dá Choinníoll Bhunúsacha seo a leanas a shásamh chun go mbeidh siad incháilithe do Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí:

- **Iarratas a dhéanamh ar dháileadh teidlíochta faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí**
  Caithfidh feirmeoirí iarratas a dhéanamh ar dháileadh teidlíochtaí faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí roimh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais den chineál sin sa bhliain 2015 chun go mbeidh siad cáilithe don scéim nua.

- **Feirmeoir Gníomhach**
  Caithfidh an duine a bheith ina 'fheirmeoir gníomhach' mar a shainmhínítear é sa Rialachán Íocaíochta Dírí chun a bheith páirteach i Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí agus na scéimeanna gaolmhara. Ní féidir a mheas gur 'feirmeoir gníomhach' atá in aon duine agus ní bheidh sé/sí incháilithe d'íocaíocht dhíreach a fháil mura gcomhlíonann sé/sí ceann de na coinníollacha thíos:
- Sainmhínítear 'feirmeoir' mar dhuine a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta mar 'táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a thógáil nó a fhás, lena n-áirítear buaint, bleán, ainmhithe a phórú, agus ainmhithe a choinneáil chun críocha feirmeoireachta.'
- Caithfidh daoine nach ngabhann le ceann de na gníomhaíochtaí seo nó níos mó 'dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil' a choinneáil ar a dtalamh.
- Nuair is féidir talamh a thuairisciú mar limistéar 'a choinnítear go nádúrtha i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú' (talamh imeallach), ní mór do gach Ballstát an ghníomhaíocht íosta a shainiú atá le déanamh ag feirmeoirí ar thalamh den chineál sin.

### Incháilitheacht

- Tá ceart uathoibríoch ag aon duine a bhí incháilithe d'íocaíocht dhíreach de bhreis ar €100 sa bhliain 2013 (Aoníocaíocht, An Scéim um Chaoirigh Féaraigh, Scéim Chaomhnaithe na Boirinne, Scéim Sonraí Mairteola) do theidlíochtaí faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí a fháil sa bhliain 2015.
- Bhí líon na dteidlíochtaí a dáileadh ar fheirmeoir faoi Scéim na hÍocaíochtaí Bunúsaí bunaithe ar líon na heicteár incháilithe a dhearbhaigh an feirmeoir sa bhliain 2013 nó sa bhliain 2015, pé acu ba lú.
- Bhí luach na dteidlíochtaí a dáileadh faoi Scéim na hÍocaíochtaí Bunúsaí bunaithe ar luach na dteidlíochtaí ar leis an bhfeirmeoir iad sa bhliain 2014 móide luach aon íocaíocht a fuarthas faoin Scéim um Chaoirigh Féaraigh sa bhliain chéanna.
- Bhí feirmeoirí nach raibh aon teidlíochtaí acu riamh, cibé iad a bheith leo nó a bheith ar léas acu, faoin Scéim Íocaíochta Aonair reatha ach a rinne feirmeoireacht ghníomhach sa bhliain 2013 san earnáil déiríochta, mairteola, caorach ná arúil incháilithe do dháileadh teidlíochtaí sa bhliain 2015. (Maolú na hAlban).
- Bhí feirmeoirí a tháirg 'torthaí agus glasraí, ar achar íosta de heicteár amháin sa bhliain 2013 ach nach bhfuair íocaíocht dhíreach sa bhliain sin, agus mar gheall air sin, nach raibh 'ceart leithdháilte' uathoibríoch acu, incháilithe do leithdháileadh teidlíochtaí sa bhliain 2015. (An Fhoráil Torthaí agus Glasraí)

- Tá Éire ag cur an ‘tSamhail Chóineasaithe Inmheánaigh’ maidir le cistí a athdháileadh idir feirmeoirí i bhfeidhm. Faoin tsamhail seo, coinneofar an nasc leis na híocaíochtaí stairiúla faoin Scéim Íocaíochta Aonair agus bogfar feirmeoirí i dtreo meánluach náisiúnta thar chúig bliana na scéime nua ach ní bhainfear an ‘ráta comhréidh’ amach faoi 2019. Méadófar luach
- na dteidlíochtaí atá faoi bhun 90% den mheánluach náisiúnta ag an tús thar chúig bliana na Scéime.



### Dáta Deiridh agus sonraí teagmhála

Ba é 29 Bealtaine an dáta deiridh a nglacfaí le hiarratais ar leithdháileadh teidlíochta faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí sa bhliain 2015. Fógrófar an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais sna blianta ina dhiaidh sin in am trátha.

**Ní mór aon fhiosrúchán a bhaineann le Force Majeure/Athbhreithniú ar Theidlíochtaí a chur isteach chuig:**

- Force Majeure/ Athbhreithniú ar Theidlíochtaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Eircom, Bóthar Chnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 YK81.
- Fón: 0761 064438
- Ríomhphost: **reviewofentitlements@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/capentitlementsrelatedapplicationforms/forcemajeurereviewofentitlements/**

**Ní mór aon fhiosrúchán a bhaineann le Maolú na hAlban a chur isteach chuig:**

- An Rannóg um Maolú na hAlban, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Eircom, Bóthar Chnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 YK81.
- Fón: 0761 064447
- Ríomhphost: **scottishderogation@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/capentitlementsrelatedapplicationforms/scottishderogation/**

## An Scéim d’Fheirmeoirí Óga

Is é cuspóir na catagóire ‘feirmeoir óg’ a tugadh isteach faoin gcóras athchóirithe Íocaíochtaí Díreacha ná daoine óga, oilte a spreagadh chun teacht isteach sa phobal feirmeoireachta agus an iontráil sin a éascú dóibh. Tá buntáistí móra ann do dhaoine a chomhlíonann sainmhíniú ‘an fheirmeora óig’ i gcomhthéacs rochtain ar an gCúlchiste Náisiúnta agus a bheith cáilithe d’íocaíocht bhreise faoin Scéim d’Fheirmeoirí Óga.

### Incháilitheacht agus Coinníollacha

Ní mór do dhuine na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chun bheith cáilithe mar fheirmeoir óg:

- Caithfidh sé nó sí a bheith 40 bliain d’aois nó níos óige sa bhliain a chuireann sí/sé iarratas faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí isteach den chéad uair.

- Ní mór go mbeidh gabháltas talmhaíochta á bhunú aige/aici ina (h)ainm féin den chéad uair nó go bhfuil gabháltas den chineál sin bunaithe aige/aici le linn na cúig bliana sula gcuirfear an t-iarratas BPS isteach den chéad uair.
- Chomh maith leis sin, le cinntiú go ndíreofar an chatagóir 'feirmeoir óg' orthu siúd a bhfuil fíor-spéis acu sa talmhaíocht mar ghairm, beidh cúrsa oideachais sa talmhaíocht a mbeidh FETAC leibhéal 6 nó a chomhionann mar thoradh air déanta ag na hiarratasóirí a n-éireoidh leo, é sin nó beidh siad tar éis a ghealladh go ndéanfaidh siad cúrsa den chineál sin.



### Iarratais agus Sonraí Teagmhála

Dúnadh an próiseas iarratais ar líne don Scéim d'Fheirmeoirí Óga an 29 Bealtaine, 2015. Fógrófar an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais sna blianta ina dhiaidh sin in am trátha.

**Ní mór aon fhiosrúchán a bhaineann leis an Scéim d'Fheirmeoirí Óga a chur isteach chuig:**

- An Scéim d'Fheirmeoirí Óga, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Eircom, Bóthar Chnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 YK81.
- Fón: 0761 064446
- Ríomhphost: **nationalreserveyfs@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/nationalreserveandyfs/**

## An Scéim Cúnaimh Próitéine

### Préimh Bharra Próitéine

Tá Éire tar éis an cinneadh a dhéanamh €3m den Uasteorainn Íocaíochta Bunúsaí a chur ar fáil mar íocaíocht chúpláilte do bharra fosaithe nítrigine, a dtagraítear dóibh mar bharra próitéine freisin. Is é an t-uasráta cúnaimh iníoctha ná €250 sa heicteár. Laghdófar an ráta cúnaimh iníoctha ar bhunús pro-rata, áfach, más mó an cúnamh a éilíonn iarratasóirí ná an uasteorainn de €3m, chun urraim don uasteorainn a dheimhniú.

## Glasú

### Scéim Íocaíochta Bunúsaí/Glasíocaíochta

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais do Ghlasíocaíocht faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí ná 15 Bealtaine.

### Iarratas ar Scéim Íocaíochta Bunúsaí/Íocaíochta Glasaithe

Is gá d'fheirmeoirí iarratas ar Scéim na hÍocaíochtaí Bunúsaí a chur isteach agus iad ag cur isteach iarratas ar aon cheann de na scéimeanna seo a leanas:

- An Scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha;
- Scéim na hÍocaíochtaí Bunúsaí/Glasíocaíochta;
- An Scéim Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola;
- An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS).
- An Clár um Fheirmeoireacht Chaomhnaithe sa Bhoirinn
- An Clár um Ghlacadh le Teicneolaíocht maidir le Caoirigh

- An Scéim Cúnaimh Phróitéine
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS);
- An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí;
- Scéim Natura 2000;
- An Clár um Aistriú Feasa



D'fhéadfadh foirmeacha ar leith d'iarratas a bheith de dhíth ó roinnt/gach ceann de na scéimeanna seo. Le linn na tréimhse go 2020, seans go dtiocfaidh deireadh le roinnt de na scéimeanna thuas nó seans go dtabharfar scéimeanna nua a mbainfidh leis an bhfoirm BPS isteach.

## An Cúlchiste Náisiúnta

Is éard is cúis leis an gCúlchiste Náisiúnta ná teidlíochtaí a leithdháileadh ar chatagóirí feirmeoirí áirithe chun a rannpháirteachas i Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí a éascú. Tugtar tosaíocht do 'feirmeoirí óga' agus 'iontrálaithe nua feirmeoireachta' maidir le leithdháileadh teidlíochtaí ón gCúlchiste Náisiúnta. Féadfar teidlíochtaí a leithdháileadh ar dhaoine lena mbaineann an chatagóir 'seanfheirmeoir óg' agus orthu siúd a raibh tionchar ag coinníollacha force majeure orthu.

### Incháilitheacht agus Coinníollacha

- Is ionann na critéir cháilitheacha do **'feirmeoir óg'** faoin gCúlchiste Náisiúnta agus iad siúd faoin Scéim d'Fheirmeoirí Óga.
- ainítear **'iontrálaí nua san fheirmeoireacht'** mar dhuine a thosaigh a g(h)níomhaíocht talmhaíochta sa bhliain féilire 2013 nó aon bhliain ina dhiaidh sin agus nach raibh aon ghníomhaíocht talmhaíochta ina (h)ainm féin agus faoina riosca féin sna cúig bliana roimh thús na gníomhaíochta talmhaíochta reatha. Beidh cúrsa oideachais sa talmhaíocht a mbeidh gradam ag leibhéal FETAC 6 nó a chomhionann mar thoradh air déanta ag na hiarratasóirí a n-éiríonn leo nó beidh gealladh tugtha acu go ndéanfaidh siad é sin.
- Maidir leis an gCúlchiste Náisiúnta sa bhliain 2015, baintear úsáid as **'seanfheirmeoir óg'** chun tuairisc a thabhairt ar an ngrúpa feirmeoirí sin a chomhlíonann na coinníollacha eile don chatagóir 'feirmeoir óg' ach a bhunaigh a ngabháltais sa bhliain 2008 nó 2009. Mar thoradh air sin, ní raibh an deis acu buntáiste a bhaint ón Scéim Suiteála um Fheirmeoirí Óga agus nach mbeidh incháilithe sa bhliain 2015 mar 'feirmeoir óg' faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí.
- Baineann **force majeure** le himeachtaí nach féidir a bheith ag súil leo a raibh drochthionchar acu ar ghnáthghníomhaíocht talmhaíochta an ghabháltais. Is iad cúinsí force majeure iad: bás feirmeora, éagumas gairmiúil, fadtéarmach an fheirmeora nó tubaiste thromchúiseach nádúrtha a bhfuil tionchar aici ar thalamh talmhaíochta an ghabháltais.
- Baineann uasteorainn ioncaim nach mbaineann leis an bhfeirm de €40,000 le gach iarratasóir ar an gCúlchiste Náisiúnta seachas i gcás Force Majeure.

### Dáta Deiridh agus sonraí teagmhála

Dúnadh an próiseas iarratais ar líne do chéim 1 de Chúlchiste Náisiúnta 2015 (feirmeoirí óga agus iontrálaithe nua san fheirmeoireacht) an 31 Márta 2015. Dúnadh an próiseas iarratais ar líne do chéim 2 de Chúlchiste Náisiúnta 2015 (Seanfheirmeoirí Óga agus Force Majeure) an 29 Bealtaine 2015.

Fógrófar sonraí an Chúlchiste Náisiúnta do bhliana ina dhiaidh sin in am trátha.



**Ba cheart aon fhiosrúchán a bhaineann leis an gCúlchiste Náisiúnta a chur isteach chuig:**

- An Cúlchiste Náisiúnta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Eircom, Bóthar Chnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 YK81.
- Fón: 0761 064446
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/nationalreserveandyfs/**

## Aistriú Teidlíochtaí

Cé go raibh srian ar aistriú teidlíochtaí sa bhliain 2015, bhí sé de rogha ag feirmeoirí aistriú a dhéanamh i leith a gceart chun teidlíochtaí nua a bhunú (Ceart Leithdháilte) faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí i gcás go raibh an gabháltas iomlán nó cuid de aistrithe de bharr oidhreachta, bronntanais, comhpháirtíochta, cumaisc, sonraí clárúcháin a athrú nó gabháltas a roinnt.

I gcás go raibh talamh curtha amach ar léas nó díolta le linn na mblianta scéime 2013 nó 2014, d'fhéadfaí na teidlíochtaí comhfhreagartha a aistriú de bharr clásail chonartha phríobháidigh.

Ba é an dáta deiridh a ghlacfaí le foirmeacha iarratais ar Theidlíochtaí a Aistriú agus foirmeacha iarratais ar Chlásal Conartha Phríobháidigh ná 29 Bealtaine 2015.

Sa bhliain 2016 agus sna blianta ina dhiaidh sin, féadfar teidlíochtaí Íocaíochta Bunúsaí a dhíol nó a chur amach ar léas, le talamh nó gan talamh. Is gá iarratais ar theidlíochtaí a aistriú a chomhlánú nuair atá díol/léas teidlíochtaí i gceist, nuair atá gabháltas le haistriú mar bhronntanas nó de bharr oidhreachta nó nuair atá athrú ar na sonraí clárúcháin mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

- Dhá ghabháltas nó dhá theidlíocht nó níos mó ná sin a chumasc;
- Gabháltais nó teidlíochtaí a roinnt;
- Athrú ar aonán dlíthiúil;
- Duine a chur le tréaduimhir nó a bhaint di (Athrú ar Shonraí Cláraithe).

Ní mór d'fheirmeoirí a athraíonn sonraí cláraithe a ngabháltais na sonraí cláraithe a bhaineann lena dteidlíochtaí a nuashonrú trí iarratas ar Aistriú Teidlíochtaí a chur isteach sula gcuireann siad a bhFoirm Iarratais ar Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí isteach chun go n-íocfar iad. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirfear aisghlámadh de 50% de luach na dteidlíochtaí i bhfeidhm ar theidlíochtaí a dhíoltar gan talamh.

Fógrófar an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe ar aistriú teidlíochtaí do 2016 agus do na blianta ina dhiaidh sin in am trátha. Beidh na foirmeacha iarratais go léir ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ag **www.agriculture.gov.ie.**

**Ba cheart aon fhiosrúchán a bhaineann le hAistriú Teidlíochtaí agus/nó Clásal Conartha Phríobháidigh a chur chuig:**

- Aistriú Teidlíochtaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Eircom, Bóthar Chnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 YK81.
- Fón: 0761 064430
- Ríomhphost: **transferofentitlements@agriculture.gov.ie**

## Tras-Chomhlíonadh

Faoin gComhbheartas Talmhaíochta (2015 go 2019), ní mór d'iarratasóirí faoi na Scéimeanna Íocaíochta Dírí (m.sh. Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí, Glasíocaíocht, an Scéim d'Fheirmeoirí Óga) agus na Bearta um Fhorbairt Tuaithe (m.sh. Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha, GLAS, AEOS, REPS 4) riachtanais Tras-Chomhlíonta a chomhlíonadh.

Caithfidh iarratasóirí aird a thabhairt ar na Ceanglais Reachtúla Bainistíochta (CRTanna), mar a leagtar amach iad i reachtaíocht AE (Treoracha agus Rialacháin), agus caithfidh siad Dea-Bhail Talmhaíochta agus Comhshaoil (DBTC) a choinneáil i leith na talún.

Is mar seo a leanas na 13 Ceanglas Reachtúla Bainistíochta (CRTí) agus na 7 gcaighdeán a bhaineann le Dea-Bhail Talmhaíochta agus Comhshaoil do na trí Réimse:

- **Réimse 1 – Comhshaol, Athrú Aeráide agus Dea-Bhail Talmhaíochta agus Comhshaoil Talún:**
  - Rialacháin maidir le Níotráití (CRT 1)
  - Éin Fhiáine a Chaomhnú (CRT 2)
  - Gnáthóga Nádúrtha agus Caomhnú Fána agus Flóra Fiáin (CRT 3)
  - 7 gcaighdeán DBTC:
    - DBTC 1 – Stiallacha Maoláin a chur ann
    - DBTC 2 – Úsáid uisce le haghaidh Uisciúcháin a údarú
    - DBTC 3 – Screamhuisce a Chosaint in aghaidh Truailliú
    - DBTC 4 – Íoschlúdach ithreach
    - DBTC 5 – Creimeadh Ithreach
    - DBTC 6 – Ábhar Orgánach Ithreach a Chothabháil
    - DBTC 7 – Gnéithe den Tírdhreach a Choinneáil/Cúngú speiceas plandaí ionrach a sheachaint

- **Réimse 2 – Sláinte Phoiblí, Sláinte Ainmhithe agus Folláinte Plandaí, atá comhdhéanta de:**
  - Sláinteachas Bia & Beatha (CRT 4)
  - Hormóin (CRT 5)
  - Sainaithint & Clárú Muc (CRT 6)
  - Sainaithint & Clárú Eallaigh (CRT 7)
  - Sainaithint & Clárú Caorach/Gabhar (CRT 8)
  - Galair Ainmhithe (TSE–CRT 9)
  - Táirgí Cosanta Plandaí (CRT 10)



- **Réimse 3 – Leas Ainmhithe, atá comhdhéanta de:**
  - Leas Laonna (CRT 11)
  - Leas Muc (CRT 12)
  - Leas Ainmhithe (CRT 13)

Éilítear ar an Roinn, mar an Ghníomhaireacht Chreidiúnaithe AE, iniúchtaí a dhéanamh go bliantúil chun comhlíonadh na riachtanas Tras-Chomhlíonta a dheimhniú. I gcás go gcinnfear go bhfuil neamh-chomhlíonadh ann mar thoradh ar iniúchadh, nó i ndiaidh tras-tuairisc a fháil maidir le neamh-chomhlíonadh a chinn comhlacht speisialaithe, féadfar pionóis a chur i bhfeidhm i leith íocaíochtaí an iarratasóra faoi na Scéimeanna Íocaíochta Dírí áirithe agus faoi na bearta Forbartha Tuaithe.

Beidh 'Leabhrán Mínitheach um Cheangaltais Tras-Chomhlíonta 2015-2019' ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne faoin gceannteideal 'Tras-Chomhlíonadh'. Is féidir fiosrúcháin maidir le Tras-Chomhlíonadh a chur chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe:
**cross.compliance@agriculture.gov.ie**

## An Maolú Níotráití

Faoi na Rialúcháin Níotráití (I.R. Uimh. 31 de 2014), ní mór nach ndéanfaidh feirmeoirí níos mó ná 170kg de nítrigin ó aoileach beostoic in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana a chur (comhionann le ráta stocála de níos lú ná dhá bhó sa heicteár). Féadfaidh feirmeoirí féaraigh, áfach, iarratas a chur isteach ar **Mhaolú Níotráití** chun go mbeidh siad in ann suas le huasteorainn de 250kg in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire a chur, faoi réir coinníollacha ar leith.

### Téarmaí agus Coinníollacha

Ní mór cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha go léir chun go mbeidh iarratas ar Mhaolú Níotráití bailí. Tá siad ar fáil ó shuíomh na Roinne ag **www.agriculture.gov.ie/ruralenvironment/environmentalobligations/nitrates/nitratesderogationinformation/ agus áirítear an méid seo ann:**

- Caithfidh go mbeidh sé nó sí ag déanamh feirmeoireachta ar ghabháltas a bhfuil 80% ar a laghad de ina fhéarthailte.
- Caithfidh go mbeidh beostoc féaraigh aici/aige – tá maolú ar fáil i leith beostoic féaraigh amháin.

- Caithfidh Plean Leasacháin a bheith acu ar an ngabháltas faoi 1 Márta gach bliain
- Ní mór dó/di Cuntais Leasacháin a choinneáil. Is gá Cuntais Leasacháin a chur chuig an Roinn ag deireadh gach bliain féilire agus is gá go mbeidh siad faighte ag an Roinn faoin 31 Márta den bhliain dár gcionn.
- Caithfidh na pleananna leasacháin a bheith bunaithe ar thorthaí anailíse ithreach agus go mbeidh dáta orthu sa tréimhse cheithre bliana a bhaineann leis an iarratas (.i. an tréimhse bliana féilire chomh maith leis an mbliain iarratais)
- Caithfidh iarratasóirí nach ndearna iarratas ar mhaolú riamh cheana agus nach bhfuil torthaí anailíse ithreach acu glacadh le hInnéacs 3 don bhliain ábhartha ach ní mór go mbeidh anailís ar shampla ithreach ar fáil agus an plean leasacháin leasaithe dá réir agus curtha chuig an Roinn roimh dheireadh na bliana sin.



### Iarratas a Dhéanamh

Ní mór iarratais ar Mhaolú Níotráití a chur isteach go bliantúil ar áis ar líne na Roinne ag **agfood.ie.** Ní ghlacfar le hiarratais sa phost. Seo a leanas na cáipéisí ar cheart iad a uaslódáil leis an iarratas mura cuireadh isteach iad cheana laistigh den tréimhse cheithre bliana:

- Plean Leasacháin
- Torthaí ar Anailís Ithreach (ag freagairt dóibh a úsáideadh sa phlean leasacháin)
- Léarscáil den fheirm ag léiriú suíomh na bpáirceanna áirithe agus suíomh na samplaí ithreach.
- Sceitse lánlipéadaithe den chlós feirme ag léiriú na saoráidí stórála aoiligh agus na tithe beostoic.

Tá na cáipéisí seo bailí ar feadh ceithre bliana féilire, lena n-áirítear bliain an iarratais. Mar shampla, má dhéantar iarratas sa bhliain 2016, beidh cáipéisí a cuireadh isteach sa bhliain 2013 nó níos déanaí ná sin bailí.

**Nóta: Is bailí iad na pleananna leasacháin a bhfuil torthaí ar anailís ithreach orthu de dháta i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2012, de bharr gur leor na torthaí seo don bhliain féilire 2013.**

Meabhraítear d'fheirmeoirí go bhfuil comhlíonadh na Rialachán Níotráití mar cheann de na Ceanglais Reachtúla Bainistíochta faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí agus féadfar pionóis a chur i bhfeidhm i leith Íocaíochtaí Scéime aon duine atá ag oibriú thar an uasteorainn de 170kg sa heicteár agus nach bhfuil iarratas ar mhaolú curtha isteach aige/aici.

**Is féidir teagmháil le Maolú Níotráití chun tuilleadh eolais a fháil:**

- Na Rannóga Níotráití, An Rannán Níotráití, Bithéagsúlachta agus Innealtóireachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52
- Fón: 053 9163444.
- Ríomhphost: **nitrates@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin:

**www.agriculture.gov.ie/ruralenvironment/environmentalobligations/nitrates/nitratesderogationinformation/**

## Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Tháinig na Rialacháin maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta(MTT) (Talmhaíocht) (I.R. 456 de 2011) i bhfeidhm an 8 Meán Fómhair 2011. Baineann na Rialacháin le trí chineál gníomhaíochta éagsúla:

- Athstruchtúrú a dhéanamh ar ghabháltais talún tuaithe (lena n-áirítear fálú a bhaint)
- Diantalmhaíocht a thosú ar thalamh neamhshaothraithe nó limistéir leathnádúrtha
- Oibreacha draenála talún ar thailte talmhaíochta.



### Téarmaí agus Coinníollacha

I gcás go bhfuil sé beartaithe ag feirmeoir tabhairt faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí seo agus go bhfuil méid na n-oibreacha níos mó ná an tairseach méide le haghaidh scagadh a leagtar amach sa tábla seo a leanas, ní mór dó/di iarratas a chur chuig an Roinn ina mbeidh sonraí na n-oibreacha. Is éard atá i gceist le scagadh ná an próiseas ina measann an Roinn, gan bhac, an mbeidh tionchair shuntasacha de shaghas ar bith ar an gcomhshaol mar thoradh ar an ngníomhaíocht. Déanfaidh an Roinn an t-iarratas a mheas agus cuirfidh sí in iúl don iarratasóir an féidir leis/léi dul ar aghaidh leis an obair bheartaithe nó an bhfuil gá le hiarratas a dhéanamh ar mheasúnú níos doimhne (próiseas toilithe ar gá go mbeidh Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus/nó Ráiteas Tionchair Natura ag gabháil leis).

### Tairseacha d'iarratais scagtha agus MTT éigeantach*

| Cineál na gníomhaíochta feirme | | Scagadh ag teastáil | MTT éigeantach/Toiliú ag teastáil |
|---|---|---|---|
| Gabháltais talún tuaithe a athstruchtúrú | Fad na teorainne páirce atá le baint | Os cionn 500 méadar | Os cionn 4 chiliméadar |
| | Na comhrianta a athmharcáil (laistigh de ghabháltas feirme) | Os cionn 2 heicteár | Os cionn 5 heicteár |
| | Achar na dtailte atá le hathstruchtúrú trí theorainneacha páirceanna a bhaint | Os cionn 5 heicteár | Os cionn 50 heicteár |
| Diantalmhaíocht a thosú ar thalamh neamhshaothraithe nó ar limistéir leathnádúrtha | | Os cionn 5 heicteár | Os cionn 50 heicteár |
| Oibreacha draenála talún ar thailte talmhaíochta. | | Os cionn 15 heicteár | Os cionn 50 heicteár |

*Achair (nó faid) na n-oibreacha ar tugadh fúthu in aon bhliain ar leith nó suim na n-achar (nó na bhfad) sin thar thréimhse chúig bliana, ag tosú an 8 Meán Fómhair 2011.

Mura sáraíonn an ghníomhaíocht na tairseacha méide ach má aithnítear an ghníomhaíocht mar cheann ‘ar gá toiliú ina leith’ nó ar ‘gníomh infhógartha’ é ar láthair Eorpach (m.sh. Limistéar Speisialta Chaomhantais nó Limistéir Speisialta faoi Chosaint) nó ar Limistéar Oidhreachta Náisiúnta, féadfar go mbeidh gá le scagadh freisin. Féadfaidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra treoir a thabhairt duit iarratas a chur isteach chuig an Roinn seo ar scagadh i gcás oibreacha ar tarraingíodh a haird orthu agus atá faoi bhun na dtairseach a léirítear thuas. Beidh sé seo i gceist ar an gcaoi chéanna i gcás go mbeidh tionchar ag an ngníomhaíocht ar shéadchomhartha taifeadta. I gcásanna den chineál sin, féadfaidh an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí treoir a thabhairt duit iarratas ar scagadh a chur isteach chuig an Roinn seo.



Má tá na hoibreacha beartaithe le bheith déanta laistigh de Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe (nó, más féidir go mbeidh tionchar acu air) nó anaclann dúlra nó más féidir go mbeidh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol, beidh ort iarratas ar scagadh a chur isteach chuig an Roinn. Tá eolas níos mionsonraithe ar fáil sa cháipéis Treoir MTT ag **www.agriculture.gov.ie/media/migration/ruralenvironment/environment/environmentalimpactassessment/EIAGuideforFarmers200212.pdf**

**Tá foirmeacha iarratais ar scagadh agus ar thoiliú ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannán MTT, An Rannán Níotráití, Bithéagsúlachta agus Innealtóireachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163444.
- Ríomhphost: **eiascreening@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/ruralenvironment/environmentalimpactassessment/**

## Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (ANC) agus Limistéir faoi Shrianta Sonracha (Oileáin)

Gabhann an Scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha ionad na Scéime um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste a bhí i bhfeidhm ó 2001.

Cuirtear cúnamh ar fáil faoin scéim seo do na feirmeoirí sin a bhfuil a bhfiontair suite i limistéir ANC agus atá a lán ar siúl acu chun cuspóirí na Scéime a bhaint amach, a sainmhínítear iad sa reachtaíocht AE rialaithe mar seo a leanas:

- Úsáid talmhaíochta leanúnach na talún a chinntiú agus, ar an gcaoi sin, cur le pobal tuaithe inmharthana a chaomhnú;
- An tuath a chothabháil;
- Cothabháil agus cur chun cinn modhanna feirmeoireachta inbhuanaithe.

**Déantar iarratas ar an Scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha trí thiceáil a chur sa bhosca cuí ar an bhfoirm iarratais do Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS) ag léiriú rún an iarratasóra go mbreithneofar é faoin scéim**

Is cuid den Chlár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe 2014–2020 í an scéim seo agus tá sí á cómhaoiniú ag an Aontas Eorpach

### Coinníollacha Incháilitheachta

Chun go mbeidh iarratasóir incháilithe faoin Scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha/Sonracha, ní mór don iarratasóir, ina c(h)eart féin:



- Foirm iarratais ar Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí agus ar Scéimeanna eile limistéarbhunaithe a chur isteach faoin spriocdháta bliantúil, ag deimhniú a iarratais ar an Scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha trí thic a chur i mbosca an iarratasóra ANC
- Tréaduimhir bhailí arna heisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a bheith aige/aici. Is gá go mbeidh tréaduimhir chláraithe ag an iarratasóir nó go mbeidh iarratas curtha aige/aici chuig an Oifig Tréidliachta Ceantair áitiúil ar dháta deiridh na bliana scéime áirithe nó roimhe sin.
- 3 heicteár de thalamh foráiste ANC ar a laghad á áitiú agus feirmeoireacht a dhéanamh air sin ina c(heart) féin agus faoin riosca féin (seachas talamh oileáin) atá suite sa limistéar sa Stát atá ainmnithe ag an Aire mar Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha agus a aicmítear mar Ísealchríoch faoi Bhac Measartha nó mar Ísealchríoch faoi Mhórbhac nó mar Thalamh den Chineál Sléibhe nó mar Limistéir faoi Shrianta Sonracha.
- Gealltanas a thabhairt go ndéanfar an talamh go léir a bhaineann leis an mbliain scéime ábhartha a bhainistiú, feirmeoireacht a dhéanamh uirthi agus gabháil le gníomhaíocht feirme ina leith, agus cloí leis an sainmhíniú ar 'feirmeoir gníomhach' mar a shainmhínítear é in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.
- Gealltanas a thabhairt go ndéanfar an talamh go léir a bhaineann leis an mbliain scéime ábhartha a bhainistiú, feirmeoireacht a dhéanamh uirthi agus gabháil le gníomhaíocht feirme ina leith ar feadh na bliana féilire iomláine. Má tá a fhios ag an iarratasóir nó má thiocfaidh sé chun fios a bheith aige nach mbeidh aon chuid den limistéar foráiste i Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha ar fáil dó/di ar feadh na bliana féilire iomláine a bhaineann leis an scéim ábhartha, ceanglaítear ar an duine sin fógra a thabhairt faoi sin don Roinn láithreach ina mbeidh uimhreacha dáileachtaí gach dáileacht i gceist. Féach ar an alt ábhartha i dTéarmaí agus Coinníollacha BPS le haghaidh sonraí an nós imeachta maidir le heolas a chur isteach.
- Ceanglais Tras-Chomhlíonta a chomhlíonadh, mar a leagtar amach iad sa reachtaíocht AE (Treoracha agus Rialacháin), agus na caighdeáin a bhaineann le Dea-bhail Talmhaíochta agus Comhshaoil (DBTC), sna réimsí comhshaol, athrú aeráide agus dea-bhail talmhaíochta talún; sláinte phoiblí, ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe. Airteagail 91–94 den Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
- Gabháltas a bheith acu a chomhlíonann na híosleibhéil stoic.
- Comhoibriú iomlán le foireann na Roinne, nó a Gníomhairí, maidir le haon iniúchadh nó iarratas ar dhoiciméid.

- Faoi Rialacháin Náisiúnta na hÉireann, féadann iarratasóirí ar comhpháirtithe iad i gcomhpháirtíocht leas a bhaint as an Scéim ar bhonn aonraic, bunaithe ar an limistéar de thalamh ANC a thugann siad don chomhpháirtíocht. (Beidh teorainneacha tairseach aonair i gceist ag an leibhéal toisí do bhaill chomhpháirtíochta cláraithe).
- Ní ghlacfar le hiarratas agus féadfar faomhadh a tharraingt siar má shíltear, i dtuairim an Aire agus a oifigeach, go ndearna iarratasóir na coinníollacha is gá leo chun cúnamh deontais a fháil d'fhonn buntáiste a fháil contrártha do chuspóirí na Scéime.



Foilseofar aon athruithe ar na coinníollacha incháilitheachta don Scéim ANC ina dhiaidh seo ar shuíomh na Roinne.

## Aonaid Bheostoic (LUí) a úsáidtear chun Dlús Stocála a Ríomh

- Bó-ainmhithe os cionn 2 bhliain d'aoise = 1 LU an ceann;
- Bó-ainmhithe 2 bhliain d'aois agus faoina bhun sin = 0.6 LU an ceann;
- Eachaithe (Capaill agus Asail) cláraithe go cuí in ainm an iarratasóra = 1.0 LU an ceann;
- Fianna baineanna nó fireanna = 0.3 LU an ceann;
- Caoirigh bhaineanna nó fireanna = 0.15 LU an ceann;
- Gabhair bhaineanna nó fireanna = 0.15 LU an ceann.

Caithfidh an beostoc is gá leis chun an íosdlús stocála a bhaint amach a bheith faoi úinéireacht agus i seilbh an iarratasóra agus á chothú aige/aici le tréimhse leanúnach de 7 mí, chomh maith le meán bliantúil a choinneáil a ríomhtar thar na 12 mhí den bhliain scéime.

### Cúnamh ar fáil faoi Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha

Cuirtear cúnamh ar fáil bunaithe ar limistéir foráiste incháilithe a ainmnítear mar Ísealchríoch faoi Mhórbhac, Ísealchríoch faoi Bhac Measartha agus mar Cheantair Chósta faoi Bhac ar Leith nó mar Chineál Féarach Sléibhe. Is gá go ndéanfaidh an feirmeoir feirmeoireacht ar na tailte ar feadh na bliana féilire iomláine agus go gcaomhnófar iad i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú. Is gá go gcomhlíonfaidh Gabháltais faoi Shrianta Nádúrtha na coinníollacha incháilitheachta mar a luaitear thuas iad.

Forálann an scéim go ndéanfar íocaíocht mar seo a leanas:

- **Féarach den Chineál Sléibhe:** : €109.71 ar an gcéad 10 heicteár foráiste, nó cuid de, agus €95.99 sa heicteár ar na heicteáir eile suas le huasachar de 34 heicteár*.
- **Ísealchríoch faoi Mhórbhac:** €95.99 sa heicteár foráiste suas le huasachar de 30 heicteár.
- **Ísealchríoch faoi Bhac Measartha agus Ceantair Chósta faoi Bhac ar Leith:** €82.27 sa heicteár foráiste suas le 30 heicteár.

**Ní íocfar an breisiú de €13.72 ar na chéad 10 heicteár de Chineál Féarach Sléibhe ach d'fheirmeoirí a bhfuil fiontar caorach, eallaigh nó gabhar nó meascán de na fiontair sin ar bun acu.*

Íocfar suas le huasmhéid de 30 heicteár d'fheirmeoirí a bhfuil Cineál Féarach Sléibhe, Ísealchríoch faoi Mhórbhac agus/nó Ísealchríoch faoi Bhac Measartha agus Ceantair Chósta faoi Bhac ar Leith, seachas i gcás go ndearbhófar go bhfuil idir 30 agus 34 heicteár sa Chineál Féarach Sléibhe. I gcásanna den chineál sin, déanfar an íocaíocht bunaithe ar líon na heicteár de Chineál Féarach Sléibhe a dhearbhaítear.

Is gá go ndéanfaidh an t-iarratasóir feirmeoireacht ar na tailte ar feadh na bliana féilire iomláine agus go gcoinneoidh sé/sí na tailte i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú.

### Cúnamh ar fáil faoi Limistéir faoi Shrianta Sonracha

Beidh íocaíocht ar leith ann dóibh siúd a dhéanann feirmeoireacht ar oileáin amach ón gcósta. Is Limistéir nua-ainmnithe faoi Shrianta Sonracha iad na hoileáin seo. Sainítear oileán nach bhfuil ceangailte leis an mórthír le bealach rochtana buan, chun críche na scéime, mar limistéir thalún atá amach ón gcósta.



Is gá go ndéanfaidh an t-iarratasóir feirmeoireacht ar na tailte ar feadh na bliana féilire iomláine agus go gcoinneofar sé/sí na tailte i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú.

Forálann an scéim go ndéanfar íocaíocht mar seo a leanas:

- €250 – Suas leis an gcéad 20 heicteár agus 20 heicteár san áireamh de Limistéir faoi Shrianta Sonracha nó cuid de.
- €170 – Os cionn 20 heicteár nó níos lú ná nó comhionann le 34 heicteár de Limistéir faoi Shrianta Sonracha.
- €70 – Os cionn 34 heicteár nó níos lú ná nó comhionann le 40 heicteár de Limistéir faoi Shrianta Sonracha.

Tá íocaíocht faoi Limistéir faoi Shrianta Sonracha faoi réir uasteorainn fhor-iomlán de 40 heicteár.

Pléifear leis an ngabháltas iomlán mar an t-aon ghabháltas amháin chun críche íocaíochta faoi Scéim 2015 um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha/Sonracha.

**Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo:**

- Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha/Sonracha, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co Laoise, R32 RPA6.
- Fón: 0761 064426
- Ríomhphost: **anc@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/basicpaymentscheme/**

## Tacaí Aistrithe Feasa agus Faisnéise

Faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe, 2014–2020, tá roinnt tacaí aistrithe feasa agus faisnéise ann le haghaidh na hearnála agraibhia, eadhon tacaíocht do Ghrúpaí Aistrithe Feasa, Forbairt Leanúnach Ghairmiúil do chomhairleoirí talmhaíochta agus tacaíocht do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuáil.

### Grúpaí Aistrithe Feasa

Is éard a bheidh i gceist leis na Grúpaí Aistrithe Feasa ná cruinnithe feirmeoirí a n-éascóidh Comhairleoirí atá faofa ag an Roinn dóibh. Pléifear aistriú feasa agus dea-chleachtais i leith raon de réimsí ag na cruinnithe. Mairfidh na Grúpaí ar feadh tréimhse 3 bliana. Beidh ar na feirmeoirí go léir a ghlacann páirt sna grúpaí Plean Feabhsúcháin Feirme a fhorbairt sa chéad bhliain agus é

sin a nuashonrú sa dara agus sa tríú bliain den scéim. Forbrófar an scéim seo i gcomhar leis an éascaitheoir faofa agus tréidlia cáilithe de réir mar is cuí. Beidh ar gach feirmeoir atá páirteach freastal ar 5 chruinniú aistrithe feasa/imeacht náisiúnta creidiúnaithe de chuid na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara ar a laghad in aghaidh na bliana.

I gcás gach grúpa faofa, eagróidh éascaitheoir cruinnithe aistrithe feasa do na feirmeoirí rannpháirteacha agus clúdófar ábhair ag na cruinnithe a bhaineann le saincheisteanna bainistíochta feirme mar bhainistíocht airgeadais, sláinte agus leas ainmhithe, bainistíocht féir, inbhuanaitheacht, pórú, sláinte agus sábháilteacht, agus bainistiú comhtháite lotnaidí. Beidh Grúpaí Aistrithe Feasa sna hearnálacha Déiríochta, Mairteola, Caorach, Éanlaithe, Curaíochta agus Eachaí.



Go sonrach, táthar ag súil le go ndéanfaidh Grúpaí Aistrithe Feasa na nithe seo a leanas:
- éifeachtacht a chur chun cinn ó thaobh oibre agus fearachais, rud a chuirfidh le gníomhú ar son na haeráide;
- cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí agus iad ag plé le saincheisteanna casta;
- cumas daoine aonair a neartú i dtimpeallacht grúpa;
- áirithiú d'fheirmeoirí dul i mbun próiseas a fheabhsú go leanúnach
- nuálaíocht agus smaointe nua a spreagadh;
- soláthar bearta eile a mholtar faoin bPlean um Fhorbairt Tuaithe a chur chun cinn.

***Coinníollacha Incháilitheachta***

Aithneoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na Grúpaí Aistrithe Feasa a chuirfear ar fáil agus socróidh sí an t-uaslíon de ghrúpaí a mhaoineofar de réir earnála. Cuirfidh éascaitheoirí cúrsaí áirithe iarratas isteach chun na grúpaí a bhainistiú agus a éascú, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na bunchritéir incháilitheachta seo a leanas:

- cáilíochtaí oideachais íosta go Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht eile a measfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ina leith gur cáilíocht incháilithe í,
- árachas slánaíochta suas le €150,000.

***Cineál na Tacaíochta agus Rátaí***

Is iad éascaitheoirí na nGrúpaí Aistrithe Feasa a mbainfidh tairbhe as na fo-bhearta seo. Íocfar deontas bliantúil de €500 do gach éascaitheoir in aghaidh an fheirmeora rannpháirtigh. Beidh uaslíon de 18 mball i ngach grúpa, nó 12 i gcás Éanlaithe Clóis. Íocfar deontas bliantúil de €750 do gach feirmeoir rannpháirteach. Beidh an deontas seo mar chúiteamh d'am an fheirmeora (costas feirmeora ionaid) agus don chostas taistil a bhaineann le freastal ar chruinnithe aistrithe eolais agus leis an bPlean Feabhsúcháin Feirme a fhorbairt.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
- An tAonad Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Oifigí an Rialtais, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Co. Laoise, R32 RPA6.
- Fón: 057 8674400
- Ríomhphost: **KTinformation@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/knowledgetransferprogramme/**

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

### Tuairisc Ghinearálta

Cuirfidh gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnaí le heolas comhairleoirí talmhaíochta ar bhonn leanúnach agus cinnteoidh sé go bhfuil siad eolach ar na teicníochtaí is déanaí agus ar na ceanglais rialúcháin. Cabhróidh an scéim seo le forbairt comhairleoirí sa chaoi is go mbeidh siad eolach, gairmiúil agus cumasach, rud a chiallaíonn go mbeidh feabhas ar chaighdeán na seirbhíse a chuirfear ar fáil d'fheirmeoirí. Aithneofar na réimsí cuí ina mbeidh breisiú scileanna i gceist agus na réimsí a gcuirfear cúrsaí ar fáil ina leith mar thoradh ar phróiseas leanúnach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

2

Nuair a aithnítear ábhar ar gá scileanna na gcomhairleoirí cáilithe a fheabhsú ina leith, fógróidh an Roinn comórtas oscailte tairiscintí chun gur féidir le soláthraithe seirbhíse tairiscintí a thaisceadh don oiliúint seo a chur ar fáil. Measfar na tairiscintí de réir critéar réamhchinntithe. Cuirfidh an forthairgeoir a n-éiríonn leis an oiliúint ar fáil do chomhairleoirí cáilithe bunaithe ar na sonraí a leagadh amach sa tairiscint.

### Coinníollacha Incháilitheachta

Ní mór go mbeidh cáilíocht ar Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag an duine (nó cáilíocht shonrach eile a measfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ina leith gur cáilíocht incháilithe í).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- An tAonad Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RPA6.
- Fón: 057 8674400
- Ríomhphost: **CPD@agriculture.gov.ie**

## Comhpháirtíocht Eorpach um Nuáil (CEN)

Neartaíonn an tacaíocht atá ar fáil faoin CEN an nasc idir taighde agus a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha. Déanann na CENí na hionstraimí agus na tionscnaimh atá ann cheana féin a chuíchóiriú, a shimpliú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr agus cuireann siad leis trí ghníomhaithe nua a chur i bhfeidhm nuair is gá. Baineann siad leis an slabhra iomlán taighde agus nuálaíochta agus tugann siad na gníomhairí ábhartha go léir san AE le chéile, ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal réigiúnach, chun comhoibriú idir na comhpháirtithe a éascú agus torthaí níos fearr a bhaint amach. Is é an struchtúr a thacaíonn leis an gcur chuige CEN, tríd an RDP, ná grúpaí oibriúcháin CEN a chómhaoiniú. Is léir na naisc idir grúpaí oibriúcháin CEN agus tacaíocht don nuálaíocht agus don dea-chleachtas. Beifear ag súil le go rachaidh na grúpaí seo i ngleic le roinnt nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- earnáil talmhaíochta d'astaíochtaí ísle a chur chun cinn atá táirgiúil chomh maith le héifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus a oibríonn i gcomhar leis na hacmhainní nádúrtha a bhfuil talmhaíocht ag brath orthu;
- próisis a fheabhsú chun an comhshaol a chaomhnú, chun dul in oiriúint don athrú aeráide agus chun an t-athrú aeráide a mhaolú;
- luach breise a chruthú trí nasc níos fearr idir taighde agus cleachtadh feirmeoireachta agus úsáid níos fairsinge de chleachtais nuálacha a

Cothóidh an scéim coincheapa agus smaointe nuálacha ó fheirmeoirí, comhairleoirí, taighdeoirí, NGOí agus Agra-ghnólachtaí.

Scaipfear toradh an ghrúpa oibriúcháin tríd an nGréasán CEN agus an Gréasán Tuaithe Náisiúnta. Cinnteoidh scaipeadh na dtorthaí taighde tríd an nGréasán CEN go gcuirfear na ceachtanna a foghlaimíodh in iúl taobh amuigh den leibhéal áitiúil, rud a chuirfear leis na cuspóirí foriomlána a bhaineann le táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe ar fud an AE.



### Coinníollacha Incháilitheachta

Díreofar tacaíocht ar ghrúpaí oibriúcháin nua a chur ar bun agus tiocfaidh sí ó chiste iomaíochais. Beidh ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara seachtracha, saincheisteanna tosaíochta a aithint mar bhunús do ghlao ar thairiscintí. Bainfear úsáid as an saineolas ábhartha agus an taighde atá ann don ghlao ar thairiscintí agus chun na tograí sin a mheas. Beidh ar aon ghrúpa oibriúcháin a bheartaítear cur chuige, próiseas, cleachtadh nó táirge a scrúdú nó a fhorbairt a chuirfidh le tosaíochtaí Forbartha Tuaithe agus a bheidh dírithe ar chur chuige nuálach.

### Cineál na Tacaíochta agus Rátaí

Cuirfear tacaíocht i bhfoirm deontas ar fáil in dá chéim ar leith, mar seo a leanas:

a) Tacaíocht d'fhorbairt Pleananna Grúpaí Oibriúcháin do na grúpaí sin a eascraíonn as próiseas tosaigh glao ar thairiscintí;
b) Cuirfear tacaíocht ar fáil do na staidéir fhéidearthachta, costais bheochana, costais reatha agus gníomhaíochtaí tionscnaimh. Beidh sé seo bunaithe ar an bpraghas a leagfar amach sna hiarratais a n-éiríonn leo agus déanfar iad a aisíoc ar bhonn torthaí/admhálacha a gheofar ón nGrúpa Oibriúcháin.

Cuirfear tacaíocht ar fáil do na staidéir indéantachta, costais bheochan, costais reatha agus gníomhaíochtaí tionscnaimh. Beidh sé seo bunaithe ar an bpraghas a leagfar amach sna hiarratais a n-éiríonn leo agus déanfar iad a aisíoc ar bhonn torthaí/admhálacha a fhaighfear ón nGrúpa Oibriúcháin.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- An tAonad Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RPA6.
- Fón: 057 8674400
- Ríomhphost: **EIP@agriculture.gov.ie**



# A Trí
# Bearta Tacaíochta Margaidh

## Aisíocaíochtaí Onnmhairiúcháin

Is fóirdheontais iad aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin, ar féidir iad a íoc maidir le mairteoil, eallach beo, bainne agus táirgí bainne, siúcra, gránach, muiceoil, éanlaith agus táirgí uibheacha, agus táirgí próiseáilte áirithe a bhíonn á n-onnmhairiú lasmuigh den AE. Ceaptar méid an fhóirdheontais, a bhféadfaidh difríochtaí a bheith ann ina leith ag brath ar cheann scríbe an táirge, chun an difear idir praghas margaidh an AE agus na praghsanna domhanda atá níos ísle a chlúdach agus chun ionchur mór na bpraghsanna amhábhair a fhaightear san AE a chur san áireamh. Cuireann sé ar chumas onnmhaireoirí an AE dul in iomaíocht níos fearr i margaí an domhain



Tá Rialúcháin AE cothrománacha agus earnála ann a rialaíonn ceadúnú agus aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin. Ní mór d'onnmhairitheí ceadúnas onnmhairithe a bheith aige/aici chun na táirgí seo a onnmhairiú. Tá coinníollacha éagsúla ann a bhaineann le ceadúnú agus le haisíocaíochtaí lena n-áirítear cainníochtaí, teorainneacha ama, urrúis, srl. ar gá go gcomhlíonfaidh an t-onnmhaireoir iad. Chun iarratas a dhéanamh ar aisíocaíochtaí, seoltar dearbhuithe onnmhairithe chuig an údarás custaim ar dtús (.i. na Coimisinéirí Ioncaim). Déantar na dearbhuithe onnmhairithe seo (ar a dtugtar 'cáipéisí riaracháin aonair') a bhailíochtú ansin agus cuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iad. Cuirtear dearbhuithe maidir le haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin isteach ar líne ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS).

Cinneann Coistí Bainistíochta a dhéanann an Coimisiún Eorpach cathaoirleacht orthu agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit go léir na rátaí aisíocaíochtaí ó thráth go chéile.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163546
- Ríomhphost: **licences@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/marketsupports/exportrefunds/**

## Cabhair don Stóráil Phríobháideach

Is beart tacaíochta margaidh é Cabhair don Stóráil Phríobháideach (CSP) a thug an Coimisiún Eorpach isteach. Baineann sé le táirgí áirithe nuair a bhíonn míchothromaíocht trádála ann idir soláthar agus éileamh nó nuair a thiteann an praghas margaidh faoi bhun na tagarmharcála in aon Bhallstát AE. Ar na táirgí atá incháilithe do scéimeanna CSP tá im, bainne bearrtha triomaithe, cáis, snáithín lín fada, ola ológ agus muiceoil.

Is é aidhm an SCP ná stóráil na dtáirgí seo a éascú d'iarratasóirí ar feadh tréimhse stórála sonraithe. Ag deireadh na tréimhse stórála, gheobhaidh an t-iarratasóir an ráta a socraíodh roimh ré.

Is rogha é CSP ar idirghabháil phoiblí sa chaoi is go bhfanann an táirge i seilbh na n-iarratasóirí scéime le díol de réir mar is mian leo ag deireadh na tréimhse stórála.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
- Cabhair don Stóráil Phríobháideach, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163437
- Ríomhphost: **Interventionadmin@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri foodindustry/marketsupports/aidstoprivatestorage/**



## Idirghabhálacha

### Gránaigh
Bíonn an córas idirghabhála le haghaidh gránach, ar scéim tacaíochta margaidh é, oscailte idir 1 Samhain agus 31 Bealtaine an bhliain dár gcionn, ar choinníoll go dtáirgtear íoschainníocht agus go mbaineann an grán na sonraíochtaí caighdeáin amach. Íoctar bónais nó déantar asbhaintí ag brath ar chaighdeán an ghráin.

### Im agus Púdar Bainne Bearrtha (SMP)
Tá an córas idirghabhála le haghaidh ime agus púdair bainne bearrtha ceaptha chun tacú le praghsanna buntáirgí trí bharrachais ime SMP a bhaint ón margadh. Cuirtear ceannach idirghabhála i bhfeidhm nuair a thiteann an praghas margaidh faoi bhun 92% de phraghas idirghabhála ime ar feadh dhá sheachtain as a chéile. Ní cheannaítear im ach amháin nuair atá an tsaoráid ar oscailt ag 90% den phraghas idirghabhála. Cuirtear deireadh leis an gceannach isteach nuair atá na cainníochtaí a tháirgtear ar fud an Chomhphobail níos mó ná 30,000 tonna. I gcásanna den chineál sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí ceannach isiteach trí leas a bhaint as córas tairiscintí. Cuirtear ceannach idirghabhála ime ar ceal nuair atá praghas margaidh tuairiscithe an ime comhionann le 92% den phraghas idirghabhála nó níos mó ná é ar feadh dhá sheachtain as a chéile. Bíonn ceannach isteach idirghabhála do SMP i bhfeidhm ó Mhárta go Lúnasa gach bliain ach féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse seo. Féadtar cainníochtaí suas le huasteorainn de 109,000 tonna sa bhliain a cheannach ag an bpraghas idirghabhála – féadfaidh córais tairiscintí a bheith i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
- Infheistíocht ar an bhFeirm, an Rannóg Fóirdheontas agus Stórála, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163437
- Ríomhphost: **Interventionadmin@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/marketsupports/othermarketsupportschemes/butterandsmpinterventionsales/**

## Scéim Bainne Scoile

Foráiltear le Rialachán 657/2008, arna leasú ag Rialachán AE 966/2009, go dtabharfar cabhair maidir le díol bainne agus táirgí bainne a sholáthrófar do pháistí scoile. Ceadaítear 250 ml de bhainne do gach páiste in aghaidh an lae scoile. Tá an scéim seo á cómhaoiniú ag an AE agus an Státchiste.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163567
- Ríomhphost: Interventionadmin@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/otherfarmersschemes/euschoolmilkscheme/**



## Cláir Chur Chun Cinn Cómhaoinithe an AE

Tá maoiniú de 50% ar fáil ón AE ar bhunús iomaíoch do chomhlachtaí trádála chun na modhanna ar a dtáirgtear táirgí talmhaíochta an AE a chur chun cinn ó thaobh caighdeáin, sábháilteachta, cothaithe nó táirgeachta. Tá sé chlár ar siúl ag Éirinn ó Mheán Fómhair 2015, a dtugtar tuairisc orthu thíos.

- **'Milk - A Force Of Nature'**
  Clár trí bliana a d'fhorbair seacht mBallstát agus a cuireadh tús leis i mí Eanáir 2013. Tá sé d'aidhm ag an gclár caitheamh bainne a mhéadú bunaithe ar an gcoincheap go bhfuil sé ilchothaitheach.
- **'Discover Farmhouse Cheese'**
  Clár trí bliana a d'fhorbair Éire, an Ghearmáin agus an Ísiltír a cuireadh tús leis i mí Iúil 2013. Tá sé d'aidhm aige caitheamh cáise feirme agus táirgí déiríochta a mhéadú.
- **'Just Add Mushrooms'**
  Clár trí bliana €2.7 milliún chun na sochair chothaitheacha agus chócaireachta a bhaineann le muisiriún a chur chun cinn agus chun caitheamh muisiriún a mhéadú i margadh na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Cuireadh tús leis in Iúil 2013 tar éis an fheachtais 'More to Mushrooms'
- **'Cheese Up Your Life'**
  Clár trí bliana a d'fhorbair ceithre Bhallstát. Cuireadh tús leis in Eanáir 2015. Is é aidhm an chláir ná custaiméirí a chur ar an eolas faoi chaighdeán agus ilchineálacht na gcáiseanna a tháirgtear san Eoraip.
- **'European Lamb'**
  Clár trí bliana a d'fhorbair Éire, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe a cuireadh tús leis in Eanáir 2015. Tá sé mar aidhm aige mairteoil na hEorpa a chur chun cinn mar fheoil choitianta agus cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le feirmeoireacht caorach.
- **'Potatoes - More Than A Bit On The Side'**
  Clár trí bliana Il-Bhallstáit a cuireadh tús leis in Iúil 2015. Tá sé mar aidhm aige stop a chur leis an meath fadtéarmach atá ar chaitheamh prátaí úra sa Bhreatain Mhór agus in Éirinn.

### Córas Nua

Tugann Rialachán nua, 1144/2014, atá i bhfeidhm ón 1 Nollaig 2015, isteach athchóirithe agus aidhmeanna chun líon na bhfeachtas cur chun cinn i margaí tríú tír a mhéadú agus chun an comhoibriú idir comhlachtaí trádála sna Ballstáit éagsúla a fheabhsú. Cuirfear síneadh le tairbhithe agus táirgí incháilithe agus beifear in ann brandaí agus tionscnamh a chur ar taispeáint faoi réir coinníollacha diana. Déanfar buiséad an AE a mhéadú de réir a chéile ó €60m go €200m sa bhliain 2019, beidh rátaí cómhaoinithe níos airde agus cuirfear deireadh le cómhaoiniú náisiúnta. Cuirfear iarratais isteach díreach chuig an AE agus is é an dáta deiridh a nglacfar leis na chéad iarratais ná Feabhra 2016.

## Bia Ceardaí, Bia Áitiúil agus Sainbhia



Cuireadh forbairt bia ceardaí, bia áitiúil agus sainbhia chun cinn sa bhliain 2014 le cláir ó Bhord Bia agus Teagasc. Chomh maith leis sin, chuir an Roinn maoiniú de €36,000 ar fáil do sparántachtaí le haghaidh 20 mac léinn a rinne Dioplóma i dTáirgeadh Sainbhia i gColáiste Ollscoile Chorcaí. Clúdaíonn an cúrsa na scileanna a mholtar in Fómhar Bia 2020 agus molann an Sainghrúpa ar Scileanna sa Todhchaí ar gá leo in Earnáil Bhia agus Deochanna na hÉireann. Ar chúrsa UCC, clúdaítear saineolas ar na dúshláin a bhaineann le fiontar bia beag a bhunú, na scileanna is gá leo chun go mbeidh rath ar ghnó agus gnéithe riachtanacha eolaíocht an bhia. Ar na mic léinn ar an gcúrsa seo, bíonn táirgeoirí sainbhia, feirmeoirí ar mhaith leo luach a chur lena táirgí feirme, díoltóirí, daoine ó bhialanna agus cócairí.

Sheol Bord Bia treoir dar teideal 'Treoir do Mhargaí Bia' sa bhliain 2014; áis phraiticiúil le haghaidh bainisteoirí margaí agus mangairí stalla chun cabhrú leo freastal ar riachtanais na dtomhaltóirí. Léirítear sa treoir seo na samhlacha margaí bia atá ag teacht chun cinn in Éirinn, tá comhairle inti dóibh a bhfuil baint acu léi conas margadh a bhunú agus a bhainistiú de réir an chleachtais is fearr, agus déantar treochtaí margaidh amach anseo a athbhreithniú. Is féidir leat an treoir a léamh ag an nasc seo:
**www.bordbia.ie/consumer/aboutfood/farmersmarkets/Pages/GuidetoFoodMarkets.aspx**

## Sonraí Geografacha (Ainmneacha Bia agus Deochanna faoi Chosaint)

### Ainmneacha Bia agus Deochanna faoi chosaint: STFC, SGFC (Sonra Geografach faoi Chosaint) agus STR (Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht).

Leagann Rialachán na Comhairle 1151/2012 trí scéim amach chun bia-earraí áirithe ardchaighdeáin a chosaint maidir le cáilíochtaí, cáil, nó gnéithe eile mar aeráid nó ithir.

Tá nasc láidir idir táirgí STFC (Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint) agus an limistéar sainithe geografach ina dtáirgtear iad; tá nasc idir táirgí SGFC (Sonra Geografach faoi Chosaint) agus an limistéar geografach inar tharla ceann amháin ar a laghad de na céimeanna táirgthe; agus, féadfar go ndéantar táirgí STR (Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht) lasmuigh den limistéar ach tá comhdhéanamh agus táirgeadh traidisiúnta ag baint leo (cruthúnas ann gur úsáideadh an táirge ar an margadh baile ar feadh tréimhse 30 bliain ar a laghad).

Féadfaidh fíonta, cáiseanna, liamhása, ispíní, bia mara, ológa, beoracha, fínéagar balsamach, aráin réigiúnacha, feolta amha agus glasraí a bheith incháilithe. Féadfaidh an limistéar a bheith ina réigiún, ina áit ar leith nó, i gcásanna eisceachtúla, ina thír. Féadfaidh gach táirgeoir an t-ainm a úsáid ar choinníoll go ndéanfar an táirgeacht sa limistéar de réir an chaighdeáin STFC/SGFC nó, i gcás táirgí STR, de réir an oidis.

### STFCí na hÉireann (Sonrúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint)

Imokilly Regato

### SGFCí na hÉireann (Sonraí Geografacha faoi Chosaint)



Putóg Dhonn Thigh Molaige
Bradán Chliara
Uaineoil Chnoc Chonamara
'Blaa' Phort Láirge

### Deochanna Biotáilleacha

Déanann Rialachán AE 110/2008 ainmneacha deochanna biotáilleacha sainithe a chosaint – tá trí Shonra Gheografacha ag Éirinn:

- Uisce Beatha Éireannach
- Uachtar Licéir Éireannaigh
- Poitín Éireanach.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- An Rannán um Thionscal Bia a Fhorbairt, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 607 2017
- Ríomhphost: **foi@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/gi/pdopgitsg-protectedfoodnames/** NÓ **www.agriculture.gov.ie/gi/geographicalindications-protectedspiritnames/**





# A Ceathair Agra-Chomhshaol

## An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta – GLAS

Is scéim agra-chomhshaoil é GLAS a chuireann maoiniú ar fáil d'fheirmeoirí as bainistíocht chomhshaoil a dhéanamh ar a dtalamh. Tháinig sé i ndiaidh na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS) agus an Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS).

Tá sé mar aidhm ag GLAS sochair uileghabhálacha a sholáthair maidir leis an gcomhshaol tuaithe agus dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le maolú ar athrú aeráide, ar an gcaighdeán uisce agus ar ghnáthóga agus speicis a chaomhnú. Sa chiall is leithne, is beart lárnach é GLAS a bhfuil sé d'aidhm aige talamh talmhaíochta agus na gnáthóga agus bithéagsúlacht a bhaineann léi a chosaint, chomh maith le modhanna feirmeoireachta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm eile aige feabhas a chur ar cháilíocht an tírdhreacha agus é sin a chaomhnú trí ghnéithe tábhachtacha mar chlaíocha cloiche a bhainistiú, trí fhálta sceach a bhainistiú agus trínár dtimpeallacht stairiúil a chosaint.



### Príomhriachtanais

Ní mór do gach feirmeoir liosta na bpríomhriachtanais a chomhlíonadh. Is í aidhm na riachtanas éigeantach seo ná eolas níos mó ar an gcomhshaol a thabhairt d'fheirmeoirí a mbeidh taifid acu air mar fhianaise agus a mbeidh plean acu maidir le héifeachtúlacht acmhainní cothaitheach ar a ngabháltas.

### Iontráil Chisealaithe ar GLAS

Socrófar rochtain ar an scéim ar bhunús cisealaithe bunaithe ar shócmhainní comhshaoil na feirme mar a leagtar amach sa tábla thíos. Beidh an chéad rochtain ar an Scéim i mbliain a haon agus sna na blianta ina dhiaidh sin ag na feirmeoirí a bhfuil Sócmhainní Comhshaoil Tosaíochta Chiseal 1 acu. Níl aon deimhniú ann go bhfaighidh gach iarratasóir incháilithe rochtain ar an Scéim agus cuirfear maitrís scórála i bhfeidhm más gá léi sin. Má bhaineann aon cheann de na Sócmhainní Comhshaoil Tosaíochta i dTábla 1 leis an bhfeirmeoir, ní mór go roghnófar iad agus go bpleanálfar na gníomhartha ábhartha

### Struchtúr na Scéime agus Rátaí Íocaíochta

Tá struchtúr na Scéime leagtha amach i dTábla 1 thíos agus an ráta íocaíochta ábhartha do gach gníomh i dTábla 2.

**Tábla 1: Croí-Riachtanais agus Gníomhartha**

BUNAIDH

**CROÍ**

Is riachtanas éigeantach gach ceann de na riachtanais seo a leanas:

- Caithfidh pleanálaí talmhaíochta formheasta an t-iarratas GLAS a ullmhú
- Pleanáil maidir le Bainistiú Cothaitheach
- Oiliúint i gcleachtais agus i gcaighdeáin chomhshaoil
- Taifid a choinneáil ar na gníomhartha a chuirtear i bhfeidhm



TOSAÍOCHT

**CISEAL 1 Gníomhartha agus Sócmhainní Comhshaoil Tosaíochta**
**TOSAÍOCHT**

**Ciseal 1(a)** Gheobhaidh na feirmeoirí a bhfuil sócmhainní comhshaoil tosaíochta acu an chéad rochtain ar an Scéim i mBliain a hAon agus sna blianta ina dhiaidh sin. Má bhaineann aon cheann de na **Sócmhainní Tosaíochta** thíos leo, **is gá go roghnófar iad agus go bpleanálfar na gníomhartha ábhartha.**

- Gnáthóg Feirme (láithreacha príobháideacha Natura)
- Éin Feirme (Lapairí Goir, Cág Cosdearg, Traonach, Géanna/Ealaí, Patraiscí Liatha, Cromáin na gCearc, Gleoiseacha Sléibhe)
- Coimíneachtaí
- Limistéar Uisce Ardstádais
- Pórtha Neamhchoitianta

**Ciseal 1(b)** Más mian le hiarratasóir a bhfuil ráta stocála iomláin na feirme aige níos mó ná 140kg de nítrigin ó aoileach beostoic a dhéantar ar an ngabháltas, nó más mian le haon fheirmeoir a bhfuil níos mó ná 30 heicteár de bharra arúla aige go mbreithneofar é/í faoi Chiseal 1, **ní mór dó/di ceann amháin de na gníomhartha éigeantacha seo a leanas a ghlacadh:**

- Curaíocht íosta (feirm arúil > nó = 30ha)
- Bunú barra breise ó bharr curtha (feirm arúil > nó = 30ha)
- Leathadh Sciodair Astaíochtaí Ísle (feirm bheostoic >140kg N/ha amháin)
- Clúdach éan fiáin (feirm bheostoic > 140kg N/ ha amháin)

Beidh feirmeoirí orgánacha cláraithe incháilithe do rochtain tosaíochta ar an scéim faoi Chiseal 1(b), trí ghníomhartha a roghnú atá oiriúnach don fheirm. Má bhíonn aon cheann de na sócmhainní sa chéad liosta urchair thuas i gceist, is gá go roghnófar iad ar dtús. Ní bheidh gealltanais faoi GLAS incháilithe faoin Scéim Feirmeoireachta Orgánaí.

Níl aon deimhniú ann go bhfaighidh gach iarratasóir atá incháilithe rochtain ar Chiseal 1(b) agus beidh maitrís scórála i bhfeidhm más gá léi sin.

TÁNAISTEACH

**CISEAL 2 Sócmhainní agus Gníomhartha Comhshaoil**
**TÁNAISTEACH**

**Ciseal 2(a)** Féadfaidh feirmeoir nach bhfuil Sócmhainní Comhshaoil Tosaíochta acu ach a bhfuil Limistéar Uisce Leochaileach ar a dtailte, iarratas ar rochtain ar an scéim faoi Chiseal 2 a dhéanamh. I gcásanna den chineál sin, caithfear na gníomhartha a bhaineann le Limistéir Uisce Leochaileacha a roghnú.

**Ciseal 2(b)** Mura bhfuil **Limistéar Uisce Leochaileach** ag an iarratasóir, féadfaidh sé/sí a bheith incháilithe ar aon nós do rochtain ar Chiseal 2 ar choinníoll go roghnófar ceann de na gníomhartha seo a leanas agus go ndéanfar an phleanáil ina leith:

- Curaíocht Íosta (feirm arúil < 30 ha)
- Bunú Barra Breise ó Bharr Curtha (feirm arúil < 30 ha)
- Leathadh Sciodair Astaíochtaí Ísle (feirm bheostoic ≤140kg N/ha)
- Clúdach Éan Fiáin (feirm féaraigh {.i. <30 ha di ina talamh arúil agus níos mó de 75% ina talamh féaraigh} < 140 kg N/ha)

Níl aon deimhniú ann go bhfaighidh gach iarratasóir atá incháilithe rochtain ar Chiseal 1(b) agus beidh maitrís scórála i bhfeidhm más gá léi sin.



GENERAL

**Ciseal 3 Gníomhartha Ginearálta***
**GINEARÁLTA**

Is í aidhm na ngníomhartha seo ná na sochair a bhaineann le comhshaol, caighdeán uisce agus bithéagsúlacht a fheabhsú agus féadfar iad a roghnú sa bhreis ar ghníomhartha Chiseal 1 agus Chiseal 2 nó leo féin (ní dheimhneofar roghnú Gníomhartha Ginearálta amháin rochtain ar an Scéim):

- Imill Arúla
- Boscaí Ialtóg
- Boscaí Éan
- Barra Breise
- Beacha Aonair a Chaomhnú
- Barrscoitheadh Fálta Sceach
- Bainistíocht Chomhshaoil Talún Báine
- Fálta Sceach a Leagan Síos
- Leathadh Sciodair Astaíochtaí Ísle
- Féarach Buan Ionchuir Ísil
- Curaíocht Íosta
- Garrán Crann Dúchasach a Chur
- Fálta Sceach nua a Chur
- Láithreáin Seandálaíochta a Chosaint
- Cúrsaí Uisce a Chosaint ó Bhó-ainmhithe (nach bhfuil i Limistéir Ardstádais nó Leochaileacha)
- Curaíocht Íosta
- Imill Bhruachánacha
- Móinéar Féir Traidisiúnta
- Úlloird Traidisiúnta
- Claíocha Cloiche Traidisiúnta a Chaomhnú
- Clúdach Éan Fiáin

| Table 2: Rátaí Íocaíochta | € in aghaidh an mhéadair/ sa bhliain | € in aghaidh an ha/ sa bhliain | € in aghaidh an aonaid/ sa bhliain | € in aghaidh an m3/ sa bhliain |
|---|---|---|---|---|
| **Imill féir arúla** | | | | |
| a. Imeall 3 méadar | €0.35 | | | |
| b. Imeall 4 méadar | €0.50 | | | |
| c. Imeall 6 méadar | €0.70 | | | |
| Boscaí ialtóg | | | €13 | |
| Boscaí éan | | | €6 | |
| Coimíneachtaí | | €120 | | |
| **Beach aonair a chaomhnú** | | | | |
| a. Bosca | | | €6 | |
| b. Gaineamh | | | €45 | |
| Barrscoitheadh Fálta Sceach | €2.20 | | | |
| Bainistíocht Chomhshaoil Talún Bána | | €750 | | |
| **Éin feirme** | | | | |
| a. Lapairí Goir | | €366 | | |
| b. Scéim feirme cág cosdearg | | €365 | | |
| c. Traonach | | €364 | | |
| d. Géanna agus Ealaí | | €205 | | |
| e. Patraiscí Liatha | €2.10 | | | |
| f. Cromáin na gCearc | | €370 | | |
| g. Gleoiseacha sléibhe A – Rogha um bainistíocht páirce féaraigh pháirc féaraigh leath-nádúrtha /leath-fheabhsaithe | | €375 | | |
| h. Gleoiseacha sléibhe B – Rogha um bainistíocht páirce féaraigh feabhsaithe | €1.50 | | | |
| i. Gleoiseacha sléibhe C – Rogha Beatha Geimhridh | | €900 | | |
| Gnáthóg feirme (láithreáin príobháideacha Natura) | | €79 | | |
| Barra breise | | €155 | | |
| Fálta sceach a leagan síos | €3.70 | | | |
| Leathadh sciodair astaíochtaí ísle (sa m3 in aghaidh na bliana) | | | | €1.20 |
| Féarach buan ionchuir ísil | | €314 | | |
| Curaíocht íosta | | €40 | | |
| Fálta sceacha nua a chur | €5.00 | | | |
| **Láithreáin seandálaíochta a chosaint** | | | | |
| a. Rogha curaíochta | | | €146 | |
| b. Rogha féaraigh | | | €120 | |
| Uiscebhealaí a chosaint | €1.50 | | | |
| Póir neamhghnácha (in aghaidh an LU) | | | €200 | |
| **Imill bhruachánacha** | | | | |
| a. Imill 3 méadar | €0.90 | | | |
| b. Imill 6 méadar | €1.20 | | | |
| c. Imill 10 méadar | €1.60 | | | |
| d. Imill 30 méadar | €3.60 | | | |
| Garrán crann dúchasach a chur | | | €0.90 | |
| Móinéar féir thraidisiúnta | | €315 | | |
| Úlloird traidisiúnta | | | €23.50 | |
| Claíocha cloiche traidisiúnta a chaomhnú | €0.70 | | | |
| Clúdach éan fiáin | | €900 | | |

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- GLAS, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163400; 0761 064451
- Ríomhphost: **glas@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/glas/**

## An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) agus Scéim Natura 2000

Is bearta iad an Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) agus Scéim Natura 2000 faoi Chlár na hÉireann um Fhorbairt Tuaithe 2007–2013. Déanann an tAontas Eorpach agus an Cúlchiste Náisiúnta na Scéimeanna a chómhaoiniú. Is iad cuspóirí AEOS ná dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le bithéagsúlacht a chaomhnú agus a chur chun cinn, le bainistíocht uisce agus bearta uisce a spreagadh agus le hathrú aeráide a chomhrac. Is éard is cuspóir na scéime Natura 2000 ná bainistíocht chomhshaoil dhearfach de láithreáin Natura 2000 a ndéantar feirmeoireacht orthu agus de dhobharcheantair a chur chun cinn maidir le cur bhfeidhm na Treorach maidir le hÉin (Treoir ón gComhairle 79/409/CEE), Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus na Treorach Réime maidir le hUisce (2000/60/AE). Ceapadh AEOS/Natura chun cur lena raibh bainte amach ó thaobh bainistíochta caomhnaithe de ón mbliain 1994 faoin Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) agus chun díriú go sonrach ar láithreáin Natura 2000 agus ar limistéir a bhfuil an tírdhreach agus an bhithéagsúlacht a bhaineann leo mar thoradh ar mhodhanna feirmeoireachta traidisiúnta.

Bhí trí chéim sa Scéim Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta agus Natura: AEOS 1 a raibh deireadh leis an 31 Nollaig 2015; AEOS 2 a mbeidh deireadh leis an 31 Nollaig, 2016; agus AEOS 3, atá dúnta d'iontrálaithe nua ó mhí na Nollag 2012 agus a mbeidh deireadh ar fad leis an 31 Nollaig, 2018, nuair a bheidh conarthaí na rannpháirtithe fágtha curtha i gcrích. Tá tréimhse 5 bliana ar a laghad i gceist leis na conarthaí AEOS go léir.

| Beart | Íocaíocht Agra-Chomhshaoil | Infheistíocht Chaipitiúil |
|---|---|---|
| Natura 2000 (Limistéir Speisialta Chaomhantais agus Limistéir Speisialta faoi Chosaint) | €75 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |
| Talamh coimíneachta taobh amuigh den Ghréasán Natura | €75 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |
| Gnáthóga a bhunú agus a chaomhnú | €8 in aghaidh an 100 méadar sa bhliain féilire | Fálú €3.30 in aghaidh an mhéadair línigh comhionann le €0.66/m sa bhliain ar feadh cúig bliana |
| Caighdeán cuir agus bainistithe crann | | €62.70 in aghaidh an chrainn comhionann le €12.54 sa bhliain ar feadh chúig bliana |

| | | |
|---|---|---|
| Buinneáin | | €9.50 in aghaidh an bhuinneáin comhionann le €1.90 sa bhliain ar feadh chúig bliana |
| Móinéir féir thraidisiúnta | €314 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |
| Tailte féaraigh a bhfuil neart speiceas orthu | €314 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |
| Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe | €200 in aghaidh an Aonaid Bheostoic sa bhliain féilire | |
| Úlloird Thraidisiúnta | €5 in aghaidh an chrainn sa bhliain féilire | €75 in aghaidh an chrainn comhionann le €15 sa bhliain ar feadh chúig bliana |
| Clúdach éan fiáin | €869 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |
| Fálta sceach a chur | €2.50 in aghaidh an mhéadair sa bhliain féilire | €32 in aghaidh an mhéadair comhionann le €6.40 sa bhliain ar feadh chúig bliana |
| Barrscoitheadh fálta sceach | €5 in aghaidh an mhéadair comhionann le €1 sa bhliain ar feadh 5 bliana | |
| Fálta sceach a ghearradh siar | €8 in aghaidh an mhéadair comhionann le €1.60 sa bhliain ar feadh 5 bliana | |
| Claíocha cloiche traidisiúnta a chothabháil | €50 an 100 méadar in aghaidh sa bhliain féilire | |
| Imill bhruachánacha | imeall 3m: €0.14 in aghaidh an mhéadair<br>imeall 5.5m: €0.34 in aghaidh an mhéadair<br>imeall 10.5m: €0.74 in aghaidh an mhéadair<br>imeall 30.5m: €2.70 in aghaidh an mhéadair | Fálú €3.30 in aghaidh an mhéadair línigh comhionann le €0.66/m sa bhliain ar feadh 5 bliana |
| Trachanna uisce a chur ann | | €200 in aghaidh trachanna ól comhionann le €40 in aghaidh na bliana ar feadh cúig bliana |
| Imill arúla | €0.23 in aghaidh an mhéadair sa bhliain féilire | |
| Cumhdú glas a bhunú ó bharr curtha | €80 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |
| Teicneolaíocht nua a usáid le haghaidh leata sciodair. | €0.77 in aghaidh an mhéadair chiúbaigh sa bhliain féilire | |
| Curaíocht Íosta | €23 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |
| Láithreáin traonach | €314 in aghaidh an heicteáir sa bhliain féilire | |

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- An Rannóg AEOS, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163400
- Ríomhphost: **aeos@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/ruralenvironmentprotectionschemereps/repsandaeosschemes/agri-environmentoptionsschemeaeos/**

## Feirmeoireacht Orgánach/Cúnamh chun an Earnáil a Fhorbairt

Is sainchóras í an Fheirmeoireacht Orgánach chun bia ardchaighdeáin a tháirgeadh ar bhealach a bheidh chun leasa an chomhshaoil agus an fhiadhúlra. Déanann feirmeoirí orgánacha feirmeoireacht de réir caighdeán a ceapadh do tháirgeadh barr agus beostoic. Is éard is cuspóir leis na caighdeáin seo ná córas feirmeoireachta a fhorbairt a bheidh ann chomh maith le córais eile, a chothóidh ithir-thorthúlacht agus a dhéanfaidh an comhshaol, fiadhúlra agus acmhainní neamh-inathnuaite a chosaint

Rialaíonn rialacháin AE agus náisiúnta táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí náisiúnta .i. Rialachán na Comhairle Eorpaí (CEE) Uimh. 834/2007 arna leasú, a neartaíonn I.R. Uimhreacha 112 de 2004 agus 698 de 2007 leis. Ceadaíonn reachtaíocht an AE do na Ballstáit comhlachtaí cigireachta príobháideacha a úsáid le haghaidh cigireachta agus ceadúnaithe a dhéanamh i leith oibreoirí orgánacha. Tá cúig chomhlacht deimhnithe formheasta in Éirinn don obair seo .i. an Institiúid um Éiceolaíocht Mhargaidh (IMO), Cumann Feirmeoirí agus Saothróirí Orgánacha na hÉireann (IOFGA), an tIontaobhas Orgánach Teo., BDAA-Demeter UK agus Global Trust Certification Limited.



## An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí (SFO)

Forálann an RDP reatha do Scéim nua Feirmeoireachta Orgánaí (SFO). Seoladh an scéim seo an 21 Aibreán 2015. Tugtar rochtain tosaíochta d'fheirmeoirí orgánacha ar an scéim nua, an Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) a seoladh i mí an Mhárta 2015.

Is é cuspóir an SFO ná go gcruthófar sochair don chomhshaol agus do leas ainmhithe agus go ndéanfar táirgeoirí a spreagadh chun freastal ar éileamh an mhargaidh ar bhia orgánach.
Le bheith incháilithe don bheart seo, ní mór d'fheirmeoirí ceadúnas a bheith acu ó cheann de na comhlachtaí deimhnithe atá formheasta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus nó mór dóibh a bheith cláraithe leis an Aonad Orgánach den Roinn agus feirmeoireacht orgánach a dhéanamh ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Seo a leanas rátaí íocaíochta an SFO nua:

| Rátaí Íocaíochta | * Gabháltais Gairneoireachta amháin (1ha–6ha) | * Gabháltais Gairneoireachta >= 6ha -60ha | **Limistéar curaíochta <= 20ha | ** Limistéar curaíochta >= 20ha – 60ha | Ráta caighdeánach – gabháltais eile – Limistéar a bhfuil feirmeoireacht déanta air de >= 3ha –60ha | Ráta laghdaithe – gabháltais eile – limistéar a bhfuil feirmeoireachta déanta air >60ha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Á thiontú | €300/ha | €220/ha | €260/ha | €220/ha | €220/ha | €60/ha |
| Cothabháil | €200/ha | €170/ha | €170/ha | €170/ha | €170/ha | €30/ha |

*Beidh na rátaí gairneoireachta níos airde i bhfeidhm i leith na chéad 6ha amháin agus ina dhiaidh sin beidh na rátaí caighdeánacha i bhfeidhm suas le 60ha agus ráta laghdaithe os cionn 60ha.
**Beidh na rátaí curaíochta níos airde i bhfeidhm i leith na chéad 20ha amháin agus ina dhiaidh sin beidh na rátaí caighdeánacha bhfeidhm suas le 60ha agus ráta laghdaithe os cionn 60ha agus €30/ha breise ar fáil le haghaidh seimre deirge.

### Scéimeanna deontais chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt

Beidh deontais forbartha ar fáil do phróiseálaithe faoin Scéim Deontais Eis-fheirme chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt. Soláthróidh an Scéim Eis-fheirme seo, a bhfuil 100% di á mhaoiniú ón gCúlchiste, deontas i gcomhair trealaimh agus saoráidí chun táirgí orgánacha a tháirgeadh, a ullmhú, a ghrádú, a phacáil, a stóráil, a dháileadh agus a dhíol.
Seo a leanas na sonraí:

- Deontas de 40% le haghaidh infheistíochtaí os cionn €3,000
- Uasdeontas eis-fheirme de €500,000 iníoctha thar thréimhse na scéime a rithfidh ó 2015–2020.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo:**

- An tAonad Orgánach, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 0761 064415 nó 053 9163400
- Ríomhphost: organicunit@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/organicfarming/**



### An Scéim um Infheistíocht Chaipitiúil Orgánach

Is scéim spriocdhírithe é seo chun tacú le hinfheistíocht Feirme atá á cómhaoiniú ag an AE. Tá sonraí na scéime leagtha amach sa mhír faoin Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta/ TAMS (Caibidil 7 – Feabhsúcháin Struchtúir) sa bhileog seo.

## An Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola

Tá an Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola (BDGP) formheasta faoi Airteagal 28 den Rialachán 1305/2013 maidir le tacaíocht ón gCiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Mar a tharlaíonn le gach scéim limistéarbhunaithe, éilítear sna Rialacháin go mairfidh sí idir 5 agus 7 mbliana

### Cuspóirí

1. Astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú trí cháilíocht agus éifeachtúlacht an tréada mairteola náisiúnta a fheabhsú.
2. Fiúntais ghéiniteacha an tréada mairteola náisiúnta a fheabhsú trí shonraí agus géinitíopaí a bhailiú ó ainmhithe roghnaithe chun roghnú géanómaíoch a chur i bhfeidhm ar an tréad mairteola.

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh géinitíopáil agus bailiú sonraí é níos éasca d’fheirmeoirí an stoc póraithe a aithint arbh fhearr dóibh a roghnú mar fhoinse stoic ionaid agus go mbeidh laghdú ar astaíochtaí ón earnáil talmhaíochta in Éirinn mar thoradh ar roghnú na n-ainmhithe ardchaighdeáin seo.

### Incháilitheacht

Tá an Clár seo ar fáil d'fheirmeoirí diúil atá os cionn 18 mbliana d'aois agus a bhfuil tréaduimhir bhailí acu nó a bhfuil tar éis cur isteach ar thréaduimhir roimh dháta deiridh an Chláir seo.

Ní cheadófar d'iarratasóirí páirt a ghlacadh sa Chlár má bhíonn aon ainmhithe ann an dáta deiridh a rugadh sa bhliain 2012, 2013 nó 2014 agus a bhíonn ionfhabhtaithe go buanseasmhach le buinneach víreasach bhuaibheach (BVB). Caithfear ainmhithe a rugadh sa bhliain 2015 agus sna blianta ina dhiaidh sin a aistriú chuig cnioglann laistigh de 7 seachtaine tar éis tástála a raibh toradh dearfach nó neamhchinnte uirthi. Déanfar monatóireacht ar chomhlíonadh na gceanglas BVB gach bliain agus beidh dícháiliúchán ón gClár mar thoradh ar mhainneachtain lena gcomhlíonadh.

### Iarratas

Ba cheart go raibh iarratas ar an gClár curtha isteach faoi 5 Meitheamh 2015. Beidh sé de cheangal ar na rannpháirtithe iarratas íocaíochta faoin gClár a dhéanamh gach bliain agus beidh sé seo bunaithe ar a n-iarratas ar an Scéim Íocaíochta Bunúsaí.

### Íocaíochtaí faoin gClár

Déanfar íocaíochtaí gach bliain ar bhunús an uaslimistéir iníoctha a ríomhtar trí líon na mba diúil sa tréad a raibh lao acu sa bhliain 2014 a roinnt faoi ráta stocála de 1.5. Is gá gur dearbhaíodh gur thalamh foráiste incháilithe a bhí sa talamh seo ar iarratas 2014 ar an Scéim Íocaíochta Aonair. I gcásanna teoranta áirithe, féadfar ba ar saolaíodh laonna dóibh sa bhliain 2015 agus talamh incháilithe a dearbhaíodh sa bhliain 2015 a úsáid.

Déanfar na híocaíochtaí ar an limistéar iníoctha níos ísle nó ar an talamh foráiste a dearbhaíodh ag an ráta €142.50 don chéad 6.66 heicteár agus €120 ar na heicteáir eile.

### Riachtanais an Chláir

- Uimhir an athar agus suirbhé ar éascaíocht breithe na laonna
- Raon de shuirbhéanna a bhaineann le ba, laonna agus tairbh a dhéanamh
- Géinitíopáil a dhéanamh ar 60% de na hainmhithe gach bliain, laghdófar costas na géinitíopála d'íocaíochtaí na bhfeirmeoirí. Sa bhliain 2014, ba é costas na tástála seo faoin scéim géanómaíochta mairteola ná €30 in aghaidh na tástála ach tá 0 in aghaidh na tástála
- An Treoraí Carbóin a dhéanamh faoi 31 Deireadh Fómhair 2016. Déanfar é seo le comhairleoir faofa (a n-íocfaidh an Roinn é/í). Déanfar é a nuashonrú go bliantúil trí shonraí a chur isteach chuig Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF).
- Cúrsa oiliúna a dhéanamh a chlúdófar riachtanais an BDGP agus comhairle ar mhíniú an innéacs Eurostar. Ní go mór go mbeidh an cúrsa seo déanta faoi 31 Deireadh Fómhair 2016.

### Straitéis athsholáthair

#### Tairbh

Caithfidh rannpháirtithe tarbh a bheith acu ar an ngabháltas. Caithfidh go bhfuair an tarbh seo grádú géinitíopála de chúig nó de cheithre réalta ar an innéacs teirminéalach nó ar an innéacs athsholáthair (laistigh den phór nó ar bhunús crosphóraithe) ón 30 Meitheamh 2019 go 30 Meitheamh 2020. Má gheofar an tarbh ar cíos, ní mór go mbeidh grádú cúig réalta nó ceithre réalta aige ar an innéacs terminal nó ar an innéacs athsholáthair (laistigh den phór nó ar bhunús crosphóraithe) ó 30 Meitheamh 2019.

Má úsáidtear inseamhnú saorga, 80% ar a laghad a bheith ceithre nó cúig réalta ar an innéacs teirminéalach nó ar an innéacs athsholáthair (laistigh den phór nó ar bhunús crosphóraithe) ón 30 Meitheamh 2016.



#### Athsholáthar ainmhithe baineanna

Tá sé de cheanglas ar iarratasóirí ar an gclár, go ndéanfar géinitíopáil ar chéatadán dá mbodóg/ba diúil incháilithe (go dtí an t-ainmhí is gaire) agus go mbainfidh na gnéithe seo a leanas leo:

- Ceithre nó cúig réalta ar an innéacs athsholáthair (laistigh den phór nó ar bhunús crosphóraithe) tráth an cheannaigh (i gcás bodóg a ceannaíodh isteach sa tréad) nó ag tráth na géinitíopála (i gcás na n-ainmhithe a póraíodh sa tréad). I gcás go gceannófar bodóg nach bhfuil géinitíopáil déanta uirthi, caithfear géinitíopáil a dhéanamh uirthi ina dhiaidh sin agus grádú de cheithre nó de chúig réalta ar an innéacs athsholáthair a bheith dearbhaithe ina leith (laistigh den phór nó ar bhunús crosphóraithe) sula measfar go bhfuil sí incháilithe don Chlár.
- 16 mí d'aois ar a laghad agus;
- Rugadh iad sa bhliain 2013 nó ina dhiaidh sin má thabharfar isteach sa tréad iad i ndiaidh 5 Meitheamh.

Is gá go mbeidh líon na mbodóg/na mba diúil incháilithe ar gach gabháltas 31 Deireadh Fómhair 2018 a bheith comhionann le 20% de líon ainmhithe tagartha an iarratasóra (mar a mholfar d'iarratasóirí nuair a ghlactar leo ar an gClár), agus a bheith comhionann le 50% de líon ainmhithe tagartha an iarratasóra ar an 31 Deireadh Fómhair 2020.

**Is féidir fiosrúcháin a chur chuig an Roinn:**

- Rannóg na Scéimeanna Mairteola, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Co. Laoise, R32 RPA6.
- Fón: 0761 064423
- Ríomhphost: **beefschemes@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/beefgenomicsschemebeefdataprogramme/**

Department of
Agriculture,
Food and the Marine
An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

Market Support Measures

Plant Health and Trade

Beef Data and Genomics Programme

Agri-Environment

Feedingstuff Controls

Farmers' Charter of Rights

State Bodies and Agencies

Animal Traceability

Green Low-Carbon Agri-Environment Scheme

Crops and Horticulture

TAMS

BDGP

Feedingstuff Controls





# A Cúig
## Foraoiseacht

## An Clár Foraoiseachta 2014–2020

Tá 11 bheart sa Chlár Foraoiseachta 2014–2020 atá dírithe ar fhorbairt foraoiseachta a mbeidh sochair gheilleagair, sóisialta agus comhshaoil don tsochaí mar thoradh uirthi.

### An Scéim Foraoisithe

Faoin Scéim Foraoisithe athdeartha, gheobhaidh feirmeoirí agus daoine nach feirmeoirí iad an ráta préimhe céanna agus íocfar é seo gach bliain ar feadh 15 bliain. Is fiú €9,500/heicteár é seo thar 15 bliana. Tá tuilleadh sonraí faoin Scéim thíos. Táthar ag súil leis go mbeidh na hathruithe seo ina mealladh d'úinéirí talún nár chuir spéis san fhoraoiseacht roimhe seo. Chomh maith leis sin, dírítear bearta agrafhoraoiseachta agus bearta foraoiseachta le haghaidh snáithíní ar fheirmeoirí, ag tabhairt roghanna dóibh beostoc a chur ar féarach taobh le foraoiseacht agus i gcás foraoiseachta le haghaidh snáithíní, an rogha adhmad a bhaint tar éis 10–15 bliain seachas 35–40 bliain faoi mar atá i gceist le cineálacha foraoiseachta eile. Is forbairtí suntasacha iad seo d'fheirmeoirí sa chaoi is gur foinsí ioncaim eile iad ar féidir iad a úsáid ag an am céanna le fiontair feirmeoireachta traidisiúnta.



### An Scéim um Bóithre Foraoise

Is é an ráta deontais faoi Chlár 2014–2020 le haghaidh bóithre ná €40/méadar líneach (méadú de €5 in aghaidh an mhéadair línigh i gcomparáid leis an scéim chosúil sa Chlár roimhe seo).
Rinneadh athrú freisin ar na critéir a úsáidtear chun an limistéar incháilithe a mbeidh an bóthar foraoise ann a ríomh. I gcás go bhfuil 50% nó níos mó le baint sna trí bliana romhainn, is féidir anois an limistéar ar fad mheas mar limistéar incháilithe. I gcás tógáil bóithre comhoibritheach (iarratais chomhpháirteach), is féidir 5 bliana a bheith i gceist. I gcásanna ina bhfuil clogcheann an bhóthair foraoise bheartaithe 2 mhéadar (m) faoi bhun dhromchla an bhóthair phoiblí atá ann, ceadófar 30m sa bhreis do gach bealach isteach foraoise chun cabhrú le costas na cloiche breise a bheidh ag teastáil. Ciallaíonn sé seo gur féidir 60 méadar sa bhreis a áireamh i bhfad an bhóthair chun críche deontais. Tá tuilleadh sonraí faoin Scéim thíos

**Seo a leanas na Scéimeanna eile i gClár Foraoiseachta 2014–2020:**

- **i.** iAn Scéim **'NeighbourWood (Comharsanacht na Coillearnaí)'**: Cuireann an scéim seo tacaíocht ar fáil chun fóntais choillearnaí 'gar don bhaile' a fhorbairt a mbeidh an pobal in ann iad a úsáid agus taitneamh a bhaint astu. Tá an beart seo dírithe go príomha ar údaráis áitiúla
- **ii.** An Scéim Clampaí Síolta agus Síolghort: Is aidhm na scéime seo ná an soláthar sárshíolta de tháirgeadh baile a mhéadú chun gur féidir iad a úsáid i bplandlanna chun crainn roghnaithe agus feabhsaithe a shaothrú i gcomhair athfhoraoisithe agus plandaithe nua. Bainfear é seo amach trí thacaíocht a chur ar fáil do bhainistiú clampaí síolta atá cláraithe ar an Liosta Náisiúnta Bunábhair agus trí agus do bhunú síolghoirt faoi dhíon nó faoin aer.
- **iii.** An Scéim Athphlandaithe: Tá tacaíocht ar fáil faoin scéim do ghabhálaí foraoise chun foraoisí a athphlandú agus a choinneáil tar éis dochar shuntasach a bheith déanta dóibh mar thoradh ar chúiseanna nádúrtha (seachas dochar dóiteáin nó stoirme).
- **iv.** An Scéim um Choillearnach Dhúchasach a Chaomhnú: Tacaíonn an scéim seo le coillearnach dhúchasach atá ann a chosaint agus a neartú agus, más cuí, foraois bhuaircíneach a thiontú ina choillearnach dhúchasach. Tá an beart seo dírithe ar chineálacha coillearnach tábhachtach agus ar dheiseanna chun nascadh le gnáthóga, agus ar limistéir atá leochaileach ó thaobh an chomhshaoil de, chun go mbainfear seirbhísí éiceachórais níos leithne amach mar uisce a chosaint.

v. **Coillearnach a fheabhsú (Tanú agus Aire):** Tá tacaíocht ar fáil faoin scéim seo do ghnóthaí foraoisí a bhainistíonn coillearnach leathanduilleach agus do ghníomhartha i bhforaoisí atá ann cheana féin, a gcuirfidh athruithe struchtúir i bhfeidhm atá dírithe ar chaighdeán uisce a chosaint agus a fheabhsú agus ar shaincheisteanna íogaire comhshaoil eile.

vi. **Aistriú Feasa agus Nuáil:** Tacaíonn sé seo le grúpaí aistrithe feasa a bhunú, le forbairt leanúnach ghairmiúil agus oiliúint.

vii. **Grúpaí Táirgeoirí:** Cuirtear tacaíocht ar fáil faoin mbeart seo chun cabhrú le sealbhóirí foraoisí obair le chéile chun mais chriticiúil a chruthú i leith gnóthaí foraoiseachta agus adhmad a bhogadh.

viii. **Teicneolaíocht Foraoiseachta Nuálaíoch:** Tá tacaíocht ar fáil dóibh siúd a ghlacann le teicneolaíocht nua go luath, m.sh., córais bonn inathraithe, trealamh fardail.

ix. **Pleananna Bainistíochta Foraoise:** Tacaíocht do ghabhálaithe foraoisí chun pleananna bainistíochta foraoise a ullmhú dá ngabháltais foraoise.

## Deontais Foraoisithe agus Leibhéil Phréimhe

Forálann Scéim Deontas Foraoisithe agus Préimhe, a seoladh sa bhliain 2015 faoin gClár Foraoiseachta 2014–2020, go n-íocfar 100% den chostas a bhaineann le foraoisí nua a bhunú agus íocaíochtaí préimhe bliantúla ar feadh suas le 15 bliain. Ní dhéanann an Scéim idirdhealú idir feirmeoirí agus iad siúd nach feirmeoirí iad agus íoc ar an aon ráta amháin le haghaidh gach Catagóir Deontais agus Préimhe (CDP). Tagann maoiniú iomlán do chaiteachas faoin Scéim ón gCúlchiste. Tá sonraí na n-uasrátaí deontais agus préimhe sna Táblaí thíos. Is deontas seasta é an deontas foraoisithe a chlúdóidh na costais a bhaineann le foraois a bhunú agus íocfar é ar leith ó CBL. Íocfar é ina dhá thráthchuid mar atá leagtha amach i dTábla 2. Tá liúntas breise ann le haghaidh fálaithe (suas leis na huasrátaí a shonraítear thíos) a íocfar leis an gcéad tráthchuid den deontas.

**Tábla 1– Rátaí Préimhe**

| CDP | Ráta/heicteár (ha) | Fad (blianta) |
|---|---|---|
| Neamhiata | €185 | 15 |
| Sprús Sitceach / péine contórtach | €440 | 15 |
| 10% Ilchineálach | €510 | 15 |
| Ilchineálach | €560 | 15 |
| Leathanduilleach | €575 | 15 |
| Dair / Feá | €615 | 15 |
| Feá | €615 | 15 |
| Fearnóg | €575 | 15 |
| Coillearnach Dhúchasach a Bhunú (Cásanna 1–3) | €635 | 15 |
| Coillearnach Dhúchasach a Bhunú (Cás 4) | €635 | 15 |
| Agrafhoraoiseacht | €260 | 5 |
| Foraoiseacht le haghaidh Snáithíní | €180 | 10 |

5

5

Table 2 – Grant Rates

| CPC | An chéad deontas €/h | An dara deontas €/h | Iomlán €/h | Dáileadh breise don fhálú €/h CI 436 | Dáileadh Fálaithe Marlartach €/h Neamh-CI 436 | Maoiniú Iomlán ar fáil €/h |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Neamhiata | 1575 | 525 | 2100 | 500 | 350 | 2600 |
| Sprús Sitceach / PC | 2310 | 735 | 3045 | 500 | 350 | 3545 |
| 10% Buaircíneach ilchineálach | 2360 | 790 | 3150 | 500 | 350 | 3650 |
| Buaircíneach ilchineálach | 2625 | 840 | 3465 | 500 | 350 | 3965 |
| Leathanduilleach | 3780 | 1155 | 4935 | 500 | 450 | 5435 |
| Dair/Feá | 3990 | 1260 | 5250 | 500 | 450 | 5750 |
| Feá | 3990 | 1260 | 5250 | 500 | 450 | 5750 |
| Fearnóg | 2520 | 840 | 3360 | 500 | 450 | 3860 |
| Coillearnach Dhúchasach a bhunú (Cásanna 1–3) | 3990 | 1260 | 5250 | 500 | 450 | 5750 |
| Coillearnach Dhúchasach a bhunú (Cásanna 4) | 3780 | 1155 | 4935 | 500 | 450 | 5435 |
| Agrafhoraoiseacht | 2960 | 990 | 3950 | 500 | 450 | 4450 |
| Foraoiseacht le haghaidh Snáithíní | 1640 | 490 | 1950 | 500 | 450 | 2450 |
| Foraoiseacht le haghaidh Snáithíní (Crann Creathach, 14000 lorg in aghaidh an acra) | 1245 | 420 | 1665 | 500 | 450 | 2165 |

Tá áis ag seirbhísí ar líne foraoiseachta na Roinne anois chun iarratasóirí foraoiseachta a úsáideann an 'Córas Faisnéise Foraoise Comhtháite (IFORIS)' a íoc ar an Idirlíon. D'fhorbair an tSeirbhís Foraoiseachta an córas ríomhaireachta IFORIS chun iarratais ar réamhfhaomhadh foraoiseachta, ar dheontas agus ar phréimh a phróiseáil. Rinneadh Idirlíon IFORIS (iNET) as an gcóras ina dhiaidh sin chun go mbeidh comhlachtaí foraoiseachta in ann iarratais a gcliant ar scéimeanna foraoiseachta a chur isteach agus a bhainistiú ar líne. Is féidir le húinéirí foraoisí ar mhaith leo an tseirbhís seo a úsáid clárú ar líne ag **www.agfood.ie**. Tá tuilleadh eolais ar sheirbhísí ar líne foraoiseachta sa rannán Eolas Ginearálta sa bhileog seo.

## An Scéim um Bóithre Foraoise

Forálann an Scéim seo go n-íocfar deontas ar suas go dtí 100% de na costais incháilithe a thabhaítear chun bóthar foraoise a thógáil. Is é an ráta deontais le haghaidh bóithre ná €40 in aghaidh an mhéadair línigh agus tá uasteorainn de 20 méadar líneacha in aghaidh an heicteáir de limistéar foraoise atá réidh le lománú. Déanfar íocaíocht in dá thráthchuid – 90% de na costais incháilithe sa chéad tráthchuid agus 10% tar éis do na hoibreacha a bheith críochnaithe.

Tá deontas ar fáil le haghaidh oibreacha foirgníochta speisialta faoin Scéim arb ionann é agus 50% de chostas na n-oibreacha suas le huasteorainn de €5,000 in aghaidh an iarratais, pé acu is lú.

Tá an fhoráil seo dírithe go príomha ar bhóithre foraoise a thógáil ar láithreáin atá leochaileach ó thaobh an chomhshaoil de chun go dteorannófar na drochéifeachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí lománaíochta.

Tacófar le forbairtí bóithre foraoise a bheidh nasctha le gréasán foraoise atá ann cheana féin i bhforaois phoiblí, stáit nó phríobháideach. Sna cásanna seo, beidh deontas ar fáil i leith an méid sin den bhóthar foraoise a thógtar taobh amuigh de thalamh an iarratasóra.

Ní mór go mbeidh faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faighte roimh ré maidir le haon tógáil bóithre foraoise, cibé acu atá deontas ann ina leith nó mura bhfuil. Ní mór go ndéanfar gach ó iarratas a mheas ó thaobh an chomhshaoil de le cinntiú nach mbeidh drochthionchar ar an gcomhshaol mar thoradh air.

## An Scéim Feabhsúcháin Coillearnaí (Tanú agus Aire)

Is éard is aidhm leis an Scéim seo ná infheistíocht a spreagadh i bhfeabhsú, cosaint agus forbairt foraoisí óga leathanduilleacha. Déantar íocaíocht amháin de €750 in aghaidh an heicteáir chóireáilte le haghaidh uainíocht iomlán an bhairr. Tá an beart seo dírithe go príomha ar úinéirí foraoisí príobháideacha. Tá sonraí na scéimeanna agus na deontais ar fáil anseo:



**Tá sonraí na scéimeanna agus na deontais ar fáil anseo:**

- An tSeirbhís Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163400 nó 0761 064415, Facs: 053 9143834
- Ríomhphost: **forestyappeng@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/forestservice/grantsandpremiumschemes2015/**

## Comhshaol

Bhí srianta agus ceartúcháin tábhachtacha sna Cláir Foraoiseachta roimhe seo le cinntiú go mbunófaí foraoisí in áiteanna cuí agus ar bhealach ina ndéanfaí an comhshaol a chosaint. Ar na srianta atá tábhachtach ó thaobh foraoiseachta inbhuanaithe de, tá measúnú cuí ar thograí a bhaineann le láithreáin Natura 2000, comhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara, agus réimse de threoirlínte comhshaoil. Déantar na srianta seo a neartú agus a fhorbairt in Clár Foraoiseachta 2014–2020. Ar na gnéithe tábhachtacha de na scéimeanna foraoiseachta a seoladh mar chuid de chlár 2014–2020, tá feabhas ar chaighdeán uisce, coillearnacha dúchasacha, éagsúlacht speiceas agus fuinneamh in-athnuaite.

**Ar na scéimeanna sonraithe ina leith seo tá:**

- An scéim reatha um choillearnacha dúchasacha a bhunú a thabhairt isteach sa phríomhscéim foraoiseachta chun leas a bhaint as an deis atá ann coillearnacha dúchasacha a chur mar chuid d’fhoraoisí tráchtála;
- Soláthar suntasach a chur ar fáil chun coillearnacha dúchasacha chaomhnú sa chaoi is go mbeidh feabhas ar chaighdeán uisce agus go gcuirfear le bithéagsúlacht. Beidh an scéim

seo dírithe ar bhearta cosanta na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce (DPF) a meastar go bhfuil siad díofa  nó i mbaol a ndíothaithe i bhformhór na dtíortha san AE. Is in Éirinn atá 46% de líon iomlán na DPF san AE;

- Deontas speisialta le haghaidh oibreacha foirgníochta bóithre foraoise ar fiú suas le €5,000 é agus atá dírithe ar dhrochthionchar na lománaíochta a laghdú I leith suíomh leochaileach a a oiread agus is féidir .i. dríodrú uiscebhealaí.
- Deontas Feabhsúcháin Coillearnacha chun tacú le gníomhartha mar bhaic shíolta a chur ann, cur saibhrithe agus slánachair a chur ar ais. Tá na bearta seo dírithe ar chaighdeán uisce a fheabhsú, láithreáin seandálaíochta a chaomhnú agus gnáthóga leochaileacha a chosaint;
- Caithfear coillearnacha dúchasacha a bheith taobh le criosanna maolánacha uisce i gcás suíomh atá leochaileach ó thaobh uisce de mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCaomhSí) agus limistéir iascaigh leochaileacha. Cruthóidh sé seo crios maolánach scagacháin a mhoilleoidh an rith chun srutha ó limistéir ardtalún agus a chabhróidh le bac a chur le teacht isteach dríodair sna na haibhneacha agus sna srutháin.



Caithfear limistéar oscailte de 15% a choinneáil le haghaidh bithéagsúlachta i gcás plandálacha de 10 heicteár nó breis. I gcás gur limistéar de 10 heicteár nó níos lú atá ann, féadfar an céatadán a laghdú. Is é an sprioc náisiúnta i gcomhair crainn leathanduilleacha a chur ná 30%. Bainfear é seo amach mar seo a leanas:

- deontais agus préimheanna níos mó le haghaidh speiceas leathanduilleach,
- ceanglas go gcaithfear crainn leathanduilleacha a bheith mar 10% de gach tionscadal foraoisithe nua (nuair is cuí caighdeán an láithreáin dó sin), agus
- maoiniú a bheith ar fáil faoin mbeart bunaithe coillearnaí dúchasaí (CDP 9 agus 10).

## Cur Chun Cinn agus Oiliúint Foraoiseachta

Seo a leanas cuspóirí foriomlána na hoibre a rinne an tSeirbhís Foraoiseachta maidir le cur chun cinn agus oiliúint foraoiseachta:

- Eolas ar bhainistíocht inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn,
- Tacú le hoiliúint i scileanna foraoiseachta,
- Feabhas a chur ar fheidhmiú agus iomaíochas i leith foraoiseachta,
- Cabhair a thabhairt d'úinéirí foraoisí a n-eolas ar bhainistíocht foraoisí a mhéadú,
- Feasacht ar na sochair mhóra a bhaineann le foraoisí a mhéadú, agus
- Forbairt na nGrúpaí Táirgeoirí Foraoiseachta a chur chun cinn.

Tá bearta sonracha i gClár Foraoiseachta 2014–2020 agus i bPlean um Fhorbairt Tuaithe na Roinne atá dírithe ar aistriú eolais agus nuáil a chur chun cinn san earnáil foraoiseachta. Ar na bearta seo tá:

Is uirlis thábhachtach é an tionscnamh um **Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil (FLG)** chun eolas a chur ar fáil do na daoine a oibríonn i réimse na foraoiseachta. Is é an aidhm a bheidh ann ná eolas na ndaoine gairmiúla go léir a bhfuil baint acu le gné ar bith den fhoraoiseacht a mhéadú agus foghlaim ar feadh an tsaoil a bheith mar an cur chuige i leith na foraoiseachta. Cuirfidh FLG leis na nithe seo a leanas:

- cumas gairmiúil a chothabháil,
- an t-eolas agus na scileanna atá ann cheana féin a neartú, agus
- eolas agus scileanna nua a fhorbairt.

**Is éard atá sna Grúpaí Aistrithe Feasa (GAFí)** ná teacht le chéile úinéirí foraoisí chun fios a roinnt ar ábhair leasa choitinn, mar shampla, adhmad a bhogadh, fardal agus foraoiseolaíocht. D'éirigh go maith leis an gcur chuige seo sna hearnálacha mairteola agus caorach agus is í an aidhm ná struchtúr cosúil a bhunú le haghaidh úinéirí foraoisí. Beidh úinéirí foraoisí in ann tuiscint níos fearr a fháil ar luach a bhforaoisí, ar an tábhacht a bhaineann le bainistíocht ghníomhach foraoisí agus ar an idirghníomhaíocht idir a bhforaoisí agus an timpeallacht mórthimpeall orthu trí theacht le chéile le húinéirí foraoisí eile i ngrúpaí a mbeidh foraoiseoir gairmiúil mar éascaitheoir orthu.

Beartaítear leis an scéim um **Theicneolaíocht Foraoiseachta Nuálach** go mbeidh tacaíocht ann dóibh siúd a nglacfaidh le teicneolaíochtaí nua nach bhfuil bunaithe go hiomlán nó nach bhfuil tástáil déanta orthu faoi choinníollacha na hÉireann. D'fhéadfadh teicneolaíocht ghinearálta fómhair a bheith i gceist nó teicneolaíochtaí ar mhionscála a bhaineann le gabhálaithe foraoisí príobháideacha, conraitheoirí foraoise nó oibreoirí tarlaithe.



Is éard atá i gceist leis an **gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach** (CNE) ná Grúpaí Oibriúcháin chun smaointe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá sé dírithe go príomha ar thalmhaíocht ghinearálta faoi chuimsiú Phlean um Fhorbairt Tuaithe na Roinne ach d'fhéadfadh foraoiseacht a bheith san áireamh. Tá na grúpaí oibriúcháin seo cosúil le grúpaí aistrithe eolais agus táthar ag súil go mbeidh siad praiticiúil ó thaobh fadhbanna (praiticiúla) áirithe a réiteach nó deis a thapú ar féidir réiteach nuálach a bheith mar thoradh air. Ní gá gur smaointe teicniúla iad. Féadfar gur smaointe sóisialta a bheith iontu nó smaointe atá bunaithe ar chleachtais nua nó ar chleachtais thraidisiúnta. Is é an aidhm ná go mbeidh glacadh níos mó agus níos sciobtha leis an réiteach. Éascóidh an cur chuige CNE leis seo sa chaoi is gurb iad na húinéirí foraoisí féin a bheidh ag obair ar fhadhbanna a bhaineann leo féin ar bhunús praiticiúil agus mar thoradh air seo, meastar go mbeidh sé níos sciobtha smaointe nua a thabhairt isteach agus eolas orthu a scaipeadh agus go mbeidh glacadh níos sciobtha leo.

**Le haghaidh tuilleadh eolais:**

- An tSeirbhís Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163400 nó 0761 064415; Facs: 053 9143836
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/forestservice/forestryprogrammes2014-2020/**

## Taighde agus Forbairt Foraoisí

Déanann an Rannán Taighde agus CODEX den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara comhordú ar Thaighde Foraoisí agus tacaíonn an tSeirbhís Foraoiseachta leis an obair Forbartha.

### Forbairt Foraoisí

Cabhraíonn an Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise (COFORD) leis an Roinn san obair seo. Is comhlacht comhairleach é COFORD atá comhdhéanta d'ionadaithe ón earnáil foraoiseachta.

Tugadh roinnt grúpaí páirtithe leasmhara le chéile faoin gComhairle COFORD (2012–2014) a chuir na tuarascálacha seo a leanas ar fáil:

**Bainistiú Foraoise a Phleanáil:** Sa tuarascáil seo pléadh bealaí chun córas bainistithe foraoisí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a éascóidh leis an gcleachtas is fearr a chinntiú chomh maith le bainistiú agus úsáid na foraoise náisiúnta atá éifeachtach agus cost-éifeachtúil a dheimhniú, idir foraoisí stáit agus foraoisí príobháideacha. Tá aire chuí tugtha do Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Beartas Foraoisí dar teideal 'Foraoisí, táirgí agus daoine – Beartas foraoise na hÉireann – fís athnuaite', a foilsíodh i mí Iúil 2014. Tá sí ar fáil ag **www.coford.ie.**

**Úsáid Adhmaid:** Tá anailís sa tuarascáil ar na saincheisteanna go léir a mbíonn tionchar acu ar spreagadh don úsáid adhmaid, lena n-áirítear na bearta agus an dinimic reatha agus réamh-mheasta a bhaineann le soláthar/éileamh de lomáin chruinne, fad uainíoctha foraoisí, bóithre agus tógáil bóithre, eolas fómhair a chur ar fáil do shaothróirí, teicneolaíocht tarlaithe bóthair agus iompair, oiliúint, ainmniúcháin chomhshaoil, agus taighde agus forbairt. Pléitear leis na hábhair seo agus ábhair eile le 40 sainmholadh. Tá sé ar fáil ar **www.coford.ie.**

**Taighde foraoise:** Sa tuarascáil 'Taighde Foraoise na hÉireann (FORI)' cuirtear síos ar ábhair agus smaointe taighde atá dírithe ar shainbheartais, ar eolas agus ar tháirgeadh a bhaineann le riachtanais na bpáirtithe leasmhara foraoise. Tá an tuarascáil ar fáil ar **www.agriculture.gov.ie.**

Beidh Tuairisc Infhaighteachta Talún ar fáil ar **www.coford.ie** nuair a bheidh sí curtha i gcrích.

Rinne an Chomhairle a pháipéir bheartais 'Foraoiseacht 2030' a nuashonrú i leith 'Foraoiseacht na hÉireann agus an Geilleagar', 'Foraoisí na hÉireann agus an tAthrú Aeráide', 'Foraoisí na hÉireann agus an Fuinneamh In-athnuaite', 'Foraoisí na hÉireann agus an Bhithéagsúlacht', agus 'Foraoisí na hÉireann agus an Caitheamh Aimsire' agus d'fhoilsigh sí tuarascáil COFORD 2012–2013.

Cuireann an Rannóg um Fhorbairt na hEarnála Foraoisí/COFORD an rúnaíocht ar fáil don Chomhairle.

Cuireann an Rannóg na seirbhísí seo a leanas ar fáil freisin:

The following services are also provided by the Division:

- Athrú aeráide agus foraoisí – **www.coford.ie**
- Léirítear ról na bhforaoisí i leith athrú aeráide a mhaolú;
- GROWFOR – Fás foraoisí a shamhaltú agus a luach※áil – **www.coford.ie**
- An t-ioncam don stát agus don saothróir ó fhoraoisí a mhéadú;

- Gaothstoitheadh – Dóchúlacht gaothstoite i bplandálacha foraoise in Éirinn a mheas – costais agus minicíocht an dochair ó ghaothstoitheadh d'fhoraoisí mar thaca le bainistíocht foraoisí inbhuanaithe;
- Woodspec – Treoir sonraitheoirí maidir le hadhmad na hÉireann – **www.woodspec.ie**
- Úsáid táirgí adhmaid a mhéadú san fhoirgníocht, ag tógáil ar thorthaí taighde agus forbartha
- Fuinneamh Adhmaid – **www.woodenergy.ie** – Fón: 0761 064450. An earnáil fuinnimh adhmaid in Éirinn a fhorbairt de réir beartais an rialtais maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú.

**Tuilleadh eolais:**

- An tSeirbhís Talmhaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 6072487
- Tá liosta na seirbhísí go léir faoin táb 'Tools and Services' ar **www.coford.ie**

## An Rannán Foraoiseachta Idirnáisiúnta

Tá an Rannán Foraoiseachta Idirnáisiúnta freagrach as réimse leathan de cheisteanna beartais ar leibhéal na hEorpa (lena n-áirítear an AE) agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. 5

Tá an Rannán freagrach as trasuíomh reachtaíocht iomchuí an AE i ndlí na hÉireann. Déanann sí ionadaíocht d'Éirinn ag fóraim éagsúla an AE lena n-áirítear Meitheal Oibre na Comhairle Eorpaí maidir le Foraoiseacht, an Buanchoiste Foraoiseachta agus an Coiste EUTR/FLEGT. Déanann sí ionadaíocht d'Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta taobh amuigh den Aontas Eorpach mar ghrúpaí ábhar na Náisiún Aontaithe.

Tá an Rannán ainmnithe mar Údarás Inniúil na hÉireann chun an Rialachán maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) agus Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hAdhmad (EUTR), a chur i bhfeidhm, a rialú agus a fhorfheidhmiú. Tá an dá cheann dírithe ar an troid i gcoinne na lománaíochta neamhdhleathaí, ar fadhb mhór dhomhanda í, agus na ndrochéifeachtaí uaithi ar an gcomhshaol, ar fholláine daoine agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Forálann Rialachán FLEGT do chóras ceadúnaithe le haghaidh raon d'adhmad agus de tháirgí adhmaid a onnmhairiú ó thríú tíortha a bhfuil Comhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí déanta acu leis an AE. Táthar ag súil le go mbeidh an chéad tír gníomhach ó go luath sa bhliain 2016.

Is ionstraim é an EUTR a éilíonn ar oibreoirí adhmaid dícheall cuí a fheidhmiú i leith coinsíneachtaí adhmaid nó táirgí adhmaid nuair a chuirtear ar mhargadh an AE iad den chéad uair.

Éilíonn an Rialachán ar thrádálaithe taifid a choinneáil chun cuspóirí inrianaitheachta. Go ginearálta, is ionstraim láidir é an EUTR a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú gur ó fhoinsí dleathacha iad na táirgí adhmaid agus an t-adhmad a chuirtear ar mhargadh an AE. Tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm i Márta 2013.

**Déan teagmháil leis an Rannán thíos chun tuilleadh eolais a fháil:**

- An Rannán Foraoiseachta Idirnáisiúnta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12
- Fón: 0761 064400 nó 01 6072000
- Ríomhphost: **eutro@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/media/migration/forestry/eutr/EUTROverview09102014NOCPDF141014.pdf**

## Nós Imeachta Achomhairc na Seirbhíse Foraoiseachta

Féadann iarratasóirí faoi na Scéimeanna Foraoiseachta áirithe achomharc a chur isteach chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhinsí, Port Laoise, Co. Laoise maidir le cinneadh a mbeidh tionchar aige ar a dteidlíochtaí deontais nó a n-íocaíochtaí préimhe. Caithfear an t-achomharc a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó chinneadh a bheith déanta faoin iarratas. Dé ghnáth, déantar athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh sa Roinn roimh ré. Déantar an t-athbhreithniú seo tar éis don Roinn aighneacht ón iarratasóir a fháil ina mionsonraítear na forais a measann sé/sí ar cheart iad a áireamh mar chuid den athbhreithniú. Cuirtear an rogha athbhreithnithe seo in iúl don iarratasóir leis an gcinneadh faoin iarratas.



Is é an Coiste Achomhairc Foraoiseachta a mheasann achomhairc ó iarratasóirí i gcoinne ceadanna maidir le foraoisiú nó bóithre foraoise a thógáil, agus ón bpobal lena n-áirítear eagraíochtaí comhshaoil, nó ó chomhlachtaí comhairliúcháin reachtacha a bhfuil tuairimí curtha isteach acu ar an togra.

Ní mór an t-achomharc a chur isteach chuig an Aonad Achomhairc Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman laistigh de 21 lá ón gcinneadh.

## Leagan a Rialú

Faoin Acht Foraoiseachta, 1946, seachas i gcásanna áirithe, tá sé i gcoinne an dlí crann atá níos mó ná deich mbliana d'aois a stoitheadh, nó crann d'aois ar bith a leagan, nó dochar a dhéanamh do chrann d'aois ar bith gan Ceadúnas Leagtha. Féadfar aon duine a dhéanann crann a leagan nó a stoitheadh gan ceadúnas leagtha a ionchúiseamh trí na Cúirteanna. Is féidir go ngearrfar pionóis thromchúiseacha mar gheall ar leagan neamhdhleathach agus, sa bhreis ar aon fhíneáil a ghearrfaidh an Chúirt, féadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a éileamh ar an duine a ciontaíodh athphlandú a dhéanamh le hOrdú. Ní mór d'úinéirí talún a thabhairt faoi deara nach dtugtar cead crainn a leagan le Cead Pleanála; is gá iarratas a dhéanamh ar cheadúnas leagtha sula ndéanfar aon chrann ar an suíomh a leagan.

Gabhfaidh an tAcht Foraoiseachta 2014, a achtaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014, ionad an tAcht Foraoiseachta, 1946 nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm. Táthar ag súil le go mbeidh tosach feidhme an tAcht Foraoiseachta 2014 go luath sa bhliain 2016. Fanfaidh an ceanglas maidir le Ceadúnas Leagtha faoin Acht Foraoiseachta 2014.

**Is féidir iarratas ar Cheadúnas Leagtha a fháil go díreach ón Rannóg thíos:**

- An Rannóg Leagtha, an tSeirbhís Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9170371 / 9165534 / 9170338 / 9165509
- Ríomhphost: **felling.forestservice@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin na Roinne: **www.agriculture.gov.ie/forestservice/treefelling/**

## Cosaint ar Lotnaidí agus Galair Foraoise – Rialacháin Allmhairithe

Tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as cur i bhfeidhm na ngnéithe foraoiseachta de Threoir na Comhairle 2000/29/CE maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne leathadh na n-orgánach seo laistigh den Chomhphobal. Cuireann an tSeirbhís Foraoiseachta na forálacha a bhaineann le hadhmad, ábhar pacáistithe adhmaid, plandaí foraoisí agus crainn Nollag i bhfeidhm. Tá sé ríthábhachtach go mbraithfear lotnaid nó galar nua atá tugtha isteach go luath agus moltar d'úinéirí foraoisí agus dóibh siúd atá páirteach i dtionscal foraoisí a bheith airdeallach i gcónaí go mbraitear aon tabhairt isteach den chineál seo. Má thugtar aon lotnaid nó galar faoi deara, ní mór teagmháil leis an tSeirbhís Foraoiseachta. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil: 5

- Allmhairithe adhmaid rialaithe, táirgí adhmaid agus plandaí foraoise a chlárú (allmhairiú ó thíortha neamh-AE);
- Táirgeoirí ábhair foraoiseachta mar phlandlanna foraoiseachta a chlárú
- Seirbhís dhiagnóiseach lotnaidí agus galar foraoise;
- Comhairle faoi rialacháin allmhairithe maidir le hadhmad, pacáistiú adhmaid, plandaí foraoise agus crainn Nollaig;
- Teastais Fíteasláintíochta a eisiúint le haghaidh ábhar foraoiseachta a onnmhairiú.

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar a bhfuil thuasluaite, déan teagmháil leis an tSeirbhís Foraoiseachta:**

- An tSeirbhís Foraoiseachta, An Teach Talmhaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12
- Fón: 01 6072651, Facs: 01 6072545,
- Ríomhphost: **forestprotection@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/forestservice**

## Ábhar Pacáistithe Adhmaid (Pailéid, Cliathbhoscaí, srl.) – Rialacháin Onnmhairithe

Maidir le honnmhairí, tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as cur i bhfeidhm na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteasláintíochta (CIBF), Uimh. 15, Ábhar Pacáistithe Adhmaid don Trádáil Idirnáisiúnta a Rialú. Cuirtear síos ar bhearta fíteasláintíochta in CIBF Uimh. 15 CIBF chun go laghdófar an baol go dtabharfar isteach agus/nó go scaipfear lotnaidí coraintín a bhaineann le pacáil adhmaid atá déanta as adhmad amh agus a úsáidtear sa trádáil idirnáisiúnta.

Caithfear ábhar pacáistithe adhmaid (pailéid, cliathbhoscaí, boscaí, srl.) atá déanta as adhmad amh neamh-phróiseáilte agus a úsáidtear le haghaidh earraí de gach cineál, a bheith cóireáilte le teas ar bhealach sonraithe. Caithfear freisin marc formheasta oifigiúil a bhfuil uimhir chláraithe tháirgeoir an phacáistithe a bheith stampáilte ar dhá thaobh ar a laghad den ábhar mar dheimhniú go ndearnadh an chóireáil teasa. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil maidir le CIBF Uimh. 15:

- Oibreoirí aitheanta agus táirgeoirí ábhair pacáistithe adhmaid a chlárú
- Comhairle do tháirgeoirí ábhair pacáistithe adhmaid agus d'oibreoirí áitheanna maidir le CIPF Uimh. 15;
- Comhairle do chomhlachtaí onnmhairithe maidir le CIPF Uimh. 15.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón tSeirbhís Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara:**

- An tSeirbhís Foraoiseachta, An Teach Talmhaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12
- Fón: 01 6072651, Facs: 01 6072545,
- Ríomhphost: ispm15@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/forestservice**



## Ábhar Atáirgthe Foraoiseachta

Is éard is ciall le hÁbhar Atáirgthe Foraoiseachta (AAF) ná síolta, plandaí agus gearrthóga atá tábhachtach chun cuspóirí foraoiseachta. Tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as Treoir ón gComhairle 1999/105/CE maidir le AAF a mhargú. Is éard is aidhm na reachtaíochta ná a chinntiú go ndéanfar AAF ó fhoinsí formheasta cuí atá le margaíocht a lipéadú agus a shainaithint go soiléir síos tríd an bpróiseas uile ó bhailiú síolta go próiseáil, stóráil, táirgeadh plandaí agus soláthar chuig an úsáideoir deiridh.

Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Soláthraithe ábhair atáirgthe foraoiseachta a chlárú – bailitheoirí síolta, plandlanna, allmhaireoirí síolta agus plandaí;
- Clampaí síolta a chlárú;
- Ceadanna bailithe síolta agus Teastais Bhunáitíochta a eisiúint le haghaidh bailiúchán síolta;
- Comhairle faoi rialacháin maidir le síolta agus plandaí foraoise

Department of
Agriculture,
Food and the Marine
An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

Market Support Measures

Plant Health and Trade

Beef Data and Genomics Programme

Agri-Environment

Feedingstuff Controls

Farmers' Charter of Rights

State Bodies and Agencies

Animal Traceability

Green Low-Carbon Agri-Environment Scheme

Crops and Horticulture

TAMS

BDGP

Feedingstuff Controls





# A Sé
# Taighde agus Nuálaíocht

## Taighde agus Nuálaíocht

Tá na cláir agraibhia agus taighde foraoiseachta iomaíocha seo a leanas á n-oibriú ag an Rannán Taighde agus Codex. Cuirtear maoiniú ar fáil faoi na cláir seo d'institiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde poiblí eile:

**(i) Beart um Thaighde Institiúideach Bia (FIRM):** Tá FIRM dírithe ar thaighde bia a thacóidh le hearnáil déantúsaíochta agus margaíochta bia atá iomaíoch, nuálaíoch agus inbhuanaithe. Tá bonn taithí agus saineolais á chruthú faoin gclár ar theicneolaíochtaí cineálacha a thacóidh le tionscal nua-aimseartha atá dírithe ar chustaiméirí agus a dhéanfaidh acmhainn a neartú i leith taighde agus forbartha.

**(ii) Ciste Spreagtha Taighde (RSF):** Tá an RSF dírithe ar thaighde a bhaineann le táirgeadh talmhaíochta atá chun 'leas an phobail' a thacóidh le cleachtais agus beartais táirgthe talmhaíochta atá iomaíoch agus a chuirfidh le geilleagar

**(iii) An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise (COFORD):** Tá COFORD dírithe ar thaighde foraoiseachta atá chun 'leas an phobail' a thacóidh le hiomaíochas agus comhoiriúnacht chomhshaoil an tionscail foraoiseachta i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe. Maoinítear tionscadail a chlúdaíonn téamaí áirithe (foraoisí a chur agus a shaothrú, fómhar agus táirgí agus beartas agus leas an phobail).



**An próiseas iarratais do na cláir taighde iomaíocha:** Nuair atá topaicí taighde agus maoiniú aitheanta, fógraítear Glao ar Thograí Taighde. Déanann saineolaithe neamhspleácha na tograí uile a mheas agus cuirtear gach togra atá incháilithe do mhaoiniú dar leo ar aghaidh chuig Coiste Taighde Iomaíoch le faomhadh. Bíonn tréimhse 3 go 5 bliana i gceist le formhór na dtionscadal agus bíonn roinnt institiúidí páirteach iontu de ghnáth. Baintear úsáid as maoiniú chun go mbeidh taighdeoirí Éireannacha in ann a bheith páirteach i dtaighde náisiúnta a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis agus atá cómhaoinithe ag an Roinn le maoinitheoirí eile in Éirinn agus/nó gníomhaíochtaí déthaobhacha agus tras-Eorpacha/domhanda a eascraíonn as rannpháirteachas na Roinne i dtionscnaimh áirithe, ERA-Nets agus Tionscnaimh Chomhphleanála go háirithe.

**Fís 2020:** Tá an Roinn ina Toscaire Náisiúnta agus ina Pointe Teagmhála Náisiúnta i leith Dhúshlán Sochaíoch 2 (DS2) – Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí mara, ar chúrsaí muirí agus ar uisce intíre agus an bithgheilleagar' de chlár taighde forbartha teicneolaíochta Fhís 2020 an AE. Is éard atá i gceist, inter alia, ná eolas, comhairle agus tacaíocht eile a chur ar fáil chun rátaí iarratais, agus líon na n-iarratas a n-éiríonn leo, ó thaighdeoirí.

**Codex Alimentarius:** Is í an Roinn an Pointe Teagmhála Codex d'Éirinn agus déanann sí comhordú ar rannpháirteachas foriomlán na hÉireann in obair Choimisiún Codex Alimentarius. Pléann an Coimisiún seo le sláinte tomhaltóirí a chosaint agus le cleachtais chóras sa trádáil bia. Tá Coiste Comhordaithe Codex na hÉireann ag an Roinn a bhfuil páirtithe leasmhara mar ionadaithe air.

**Déan teagmháil leis an Rannán thíos chun tuilleadh eolais a fháil:**

- An Rannán Taighde agus Codex, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12
- Fón: 01 6072142
- Ríomhphost: **research@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/research**





# A Seacht
## Feabhsúcháin Struchtúir

## Feabhsúcháin Struchtúir (An Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta/TAMS)

Foráiltear na Scéimeanna seo a leanas i gClár na hÉireann um Fhorbairt Tuaithe 2014–2020 – an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe: infheistiú na hEorpa i limistéir thuaithe:

- An Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe
- An Scéim Infheistíochta Caipitiúla d'Fheirmeoirí Óga
- An Scéim Trealaimh Déiríochta
- An Scéim um Threalamh Astaíochtaí Ísle le haghaidh Sciodar a Leathadh
- An Scéim um Leas Ainmhithe, Sábháilteacht agus Stóráil Chothaitheach
- An Scéim Infheistíochta Caipitiúla Orgánaí

## An Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe

### Aidhm

Is é príomhchuspóir na scéime seo ná cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí chun trealamh nua a cheannach le haonaid mhuc agus éanlaithe ar a bhfeirmeacha a uasghrádú.

### Coinníollacha

Tá an Scéim oscailte d'fheirmeoirí a bhfuil aitheantóir Roinne acu i dtaca le héanlaith, uibheacha nó muca a tháirgeadh agus a bhfuil íoslíon de 60 aonad táirgthe acu mar tháirgeoir gníomhach agus a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta Scéime eile.



Glacfaidh an Roinn le hiarratais bhailí suas go dtí 31 Nollaig 2020. Beidh critéir roghnaithe infheidhme chun na hiarratais a gcuirfear ar aghaidh chuig an bpróiseas faofa a chinneadh. Íocfar deontas le haghaidh caiteachais fhaofa, incháilithe agus atá caite. Íocfar é ar ráta 40%, faoi réir uasteorann de €80,000 (méadófar an uasteorainn i gcás comhpháirtíochtaí).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg Infheistíochta Feirme:**

- An Rannóg Infheistíochta Feirme, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9170323 / 053 9163431
- Ríomhphost: **tams@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/farmbuildings/**

## An Scéim Infheistíochta Caipitiúla d'Fheirmeoirí Óga

### Aidhm

Is é cuspóir na scéime seo ná feirmeoirí óga a spreagadh chun a bhfoirgnimh agus a dtrealamh talmhaíochta a uasghrádú trí thacaíocht níos mó a chur ar fáil dóibh le go mbeidh siad in ann na costais mhóra caipitiúla a bhaineann le bunú a bhfiontair a íoc.

### Coinníollacha

Tá an scéim oscailte d'fheirmeoirí idir 18 bliain d'aois agus 40 bliain d'aois. Is gá go mbeidh 15 heicteár ar a laghad acu, go mbeidh siad ag déanamh feirmeoireachta ar feadh níos mó ná 5 bliana agus go gcomhlíonfaidh siad an riachtanas maidir le socrú ar dháta cur isteach an iarratais ar líne. Is gá go gcomhlíonfaidh iarratasóirí na riachtanais maidir le scileanna agus cumas gairme agus go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha incháilitheachta eile atá leagtha amach i dTéarmaí & Coinníollacha na Scéime. Beidh critéir áirithe i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin a bheidh infheidhme chun na hiarratais a gcuirfear ar aghaidh don phróiseas faofa a chinneadh. Is é an ráta deontais ná 60% faoi réir uasteorann de €80,000 (méadófar an uasteorainn i gcás comhpháirtíochtaí).

### Dátaí oibriúcháin na Scéime

Tháinig an Scéim i bhfeidhm an 28 Bealtaine 2015 agus glacfar leis na hiarratais deiridh an 31 Nollaig 2020. Tá an Scéim seo á cómhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus an cúlchiste náisiúnta.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg Infheistíochta Feirme:**

- An Rannóg Infheistíochta Feirme, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9170323 / 053 9163431
- Ríomhphost: **tams@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/farmbuildings/**



## An Scéim Trealaimh Déiríochta

### Aidhm

Is í aidhm na scéime seo ná infheistíocht a spreagadh san earnáil déiríochta trí thacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí incháilithe. Cabhróidh an tacaíocht seo leo na costais mhóra caipitiúla a bhaineann le bunú a bhfiontair a íoc. Ar an gcaoi seo, beidh an teicneolaíocht is nua agus is féidir acu chun dul in iomaíocht in earnáil déiríochta an lá atá inniu ann. Beidh an scéim seo ar fáil i ngach ceantar sa Stát.

### Coinníollacha

Tá sí oscailte do gach feirmeoir ar feirmeoir beostoic é/í cheana féin (eallach, caoirigh, gabhair amháin) agus a bhfuil 5 heicteár ar a laghad acu ar dearbhaíodh iad faoin Scéim Íocaíochta Aonair/Cabhair Limistéir/gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialuithe sa bhliain iarratais nó sa bhliain roimhe sin. Caithfidh siad na coinníollacha incháilitheachta eile a leagtar amach sa Scéim a chomhlíonadh chomh maith.

Glacfaidh an Roinn le hiarratais bhailí suas go dtí 31 Nollaig 2020. Beidh critéir roghnaithe infheidhme chun na hiarratais a gcuirfear ar aghaidh chuig an bpróiseas faofa a chinneadh. Íocfar deontas le haghaidh caiteachais faofa, lánchaite agus incháilithe agus íocfar é ar ráta 40%, suas leis an uasteorainn infheistíochta is infheidhme de €80,000 in aghaidh an ghabháltais (méadófar an uasteorainn i gcás comhpháirtíochtaí).

**Fá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg Infheistíochta Feirme:**

- An Rannóg Infheistíochta Feirme, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9170323 / 053 9163431
- Ríomhphost: **tams@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/farmbuildings/**

## An Scéim um Threalamh Astaíochtaí Ísle le haghaidh Sciodar a Leathach

### Aidhm

Is é príomhchuspóir na scéime seo ná cabhrú le feirmeoirí trealamh leata sciodair nua a cheannach a bhfuil buntáistí soiléire don chomhshaol ag baint leis.

### Coinníollacha

Tá sé oscailte d'fheirmeoirí a bhfuil aitheantóir Roinne acu agus a bhfuil 5 heicteár ar a laghad acu ar dhearbhaigh siad iad faoin Scéim Íocaíochta Aonair/Cabhair Limistéir/Córas Riaracháin agus Rialuithe Comhtháite i mbliain an iarratais nó sa bhliain roimhe sin. Caithfidh siad coinníollacha incháilitheachta eile na Scéime a chomhlíonadh freisin.



Glacfaidh an Roinn le hiarratais bhailí suas go dtí an 31 Nollaig 2020. Bainfear úsáid as critéir roghnaithe chun na hiarratais a gcuirfear ar aghaidh don phróiseas roghnaithe a chinneadh. Íocfar deontas le haghaidh caiteachais atá faofa, lánchaite agus incháilithe ar ráta 40% den uasteorainn infheistíochta infheidhme mar atá leagtha amach thíos.

Is é an tsuim uasta infheistíochta atá incháilithe do dheontas faoin Scéim ná €40,000 in aghaidh an ghabháltais (méadófar an uasteorainn i gcás comhpháirtíochtaí). Níl an uasteorainn infheistíochta faoin scéim seo faoi réir uasteorainn fhoriomlán TAMS II (an Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta) de €80,000 in aghaidh an ghabháltais (uasteorainn mhéadaithe i gcás comhpháirtíochtaí).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg Infheistíochta Feirme:**

- An Rannóg Infheistíochta Feirme, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9170323 / 053 9163431
- Ríomhphost: **tams@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/farmbuildings/**

## An Scéim um Leas Ainmhithe, Sábháilteacht agus Stóráil Chothaitheach

### Aidhm

Is é príomhchuspóir na scéime seo ná feirmeacha a nuachóiriú trí fheabhas a chur ar leas ainmhithe, ar choinníollacha oibre agus táirgthe ar fheirmeacha, ar iomaíochas agus ar ioncaim thalmhaíochta. Beidh an Scéim i bhfeidhm i ngach ceantar sa Stát agus beidh sí dírithe ar fheirmeoirí eallaigh, caorach agus gabhar amháin.

### Coinníollacha

Tá sí oscailte d'iarratasóirí ar fheirmeoir beostoic iad cheana féin (eallach, caoirigh, gabhair amháin) agus a bhfuil 5 heicteár ar a laghad acu ar dearbhaíodh iad faoin Scéim Íocaíochta Aonair/Cabhair Limistéir/gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialuithe sa bhliain iarratais nó sa bhliain roimhe sin. Caithfidh siad na coinníollacha incháilitheachta eile a leagtar amach sa Scéim a chomhlíonadh chomh maith.

Glacfaidh an Roinn le hiarratais bhailí suas go dtí an 31 Nollaig 2020. Cinnfear cé na hiarratais a chuirfear ar aghaidh chuig an bpróiseas faofa de réir critéar roghnaithe.

Íocfar deontas le haghaidh caiteachais faofa, incháilithe agus atá caite go hiomlán agus íocfar é ar ráta 40%, suas leis an uasteorainn infheistíochta is infheidhme (méadófar an uasteorainn i gcás comhpháirtíochtaí).

7

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg Infheistíochta Feirme:**

- An Rannóg Infheistíochta Feirme, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9170323 / 053 9163431
- Ríomhphost: **tams@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/farmbuildings/**

## An Scéim Infheistíochta Caipitiúla Orgánaí

### Aidhm


Is é cuspóir na scéime seo ná an earnáil orgánach a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh soláthar rialta de tháirgí ardchaighdeáin orgánacha ann don mhargadh. Aidhm eile na scéime ná feirmeoirí orgánacha a spreagadh chun a bhfoirgnimh agus a dtrealamh a uasghrádú trí thacaíocht níos mó a chur ar fáil dóibh leis na costais mhóra chaipitiúla a bhaineann le bunú a bhfiontair a íoc.

### Coinníollacha

Tá an scéim oscailte d'fheirmeoirí orgánacha atá cláraithe le comhlacht deimhniúcháin orgánaigh fhormheasta, atá cláraithe cheana féin leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheacht eile a leagtar amach i dTéarmaí & Coinníollacha na Scéime. Is é an ráta deontais ginearálta ná 40% faoi réir uasteorainn infheistíochta de €80,000 (méadófar an uasteorainn i gcás comhpháirtíochtaí). Tá ráta deontais níos airde de 60% ar fáil d'fheirmeoirí óga orgánacha atá os cionn 18 bliain d'aois agus faoi bhun 40 bliain d'aois, a bhfuil 15 heicteár ar a laghad acu, a bhfuil feirmeoireacht á déanamh acu le 5 bliana ar a mhéad agus a chomhlíonann an riachtanas maidir le socruithe ar dháta cur isteach an iarratais ar líne. Is gá d'iarratasóirí na coinníollacha a bhaineann le scil agus cumas gairmiúil a chomhlíonadh freisin chomh maith leis na coinníollacha incháilitheachta eile a leagtar amach i dTéarmaí & Coinníollacha na Scéime.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg Infheistíochta Feirme:**

- An Rannóg Infheistíochta Feirme, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: **053 9170323 / 053 9163431**
- Ríomhphost: **tams@agriculture.gov.ie**



8

# A hOcht

# Inrianaitheacht Ainmhithe

## Córas na hÉireann um Bó-Ainmhithe a Shainaithint

Is í aidhm an Chórais um Bó-Ainmhithe a Shainaithint ná sábháilteacht mairteola agus táirgí mairteola a chinntiú trí chóras sainaitheanta ainmhithe atá éifeachtach a oibriú. Tá ceithre eilimint sa chóras: clibeáil, pasanna bó-ainmhithe, clár tréad bó-ainmhithe ar an bhfeirm agus bunachar sonraí ríomhairithe.

Seo a leanas na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le gach ceann de na heilimintí:

- **Clibeáil**

Éilíonn an córas clibeála ar an gcoimeádaí dhá chlib chluaise bhuí a bhfuil an uimhir chéanna orthu beirt a chur ar gach lao a shaolaítear ar an ngabháltas laistigh de 20 lá ó thráth a bhreithe. Caithfidh coimeádaithe an méid clibeanna cluaise atá uathu don bhliain a ordú díreach ón soláthraí clibeanna atá faofa ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuireann an soláthraí clibeanna faofa cárta chucu agus líonann siad amach an cárta seo, an táille chuí ina theannta, chun ordú a dhéanamh. Nuair a chuireann an coimeádaí péire clibeanna ar an lao, ní mór dó/di foirm chlárúcháin a bhfuil an uimhir chéanna uirthi a choinneáil. Cuirtear an fhoirm seo ar fáil le gach péire clibeanna.

- **Clárú agus Pasanna**

Éilítear ar choimeádaithe breith gach lao a chlárú i mbunachar sonraí SGA (Sainaithint agus Gluaiseacht Ainmhithe). Is féidir breith an lao a chlárú ar líne nó an fhoirm iarratais chlárúcháin [a thagann leis na clibeanna] a chomhlánú agus a sheoladh chuig an ngníomhaireacht chlárúcháin atá ceaptha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara laistigh de sheacht lá ó chlibeáil an lao. Eisíonn an ghníomhaireacht chlárúcháin pas don ainmhí i gceist ar iarratas clárúcháin bhailí a fháil. Caithfidh an pas a bheith leis an ainmhí aon uair a aistrítear é. Caithfear gach gluaiseacht a thaifeadadh ar an bpas ar feadh a shaoil.



- **Cláir Thréada Bó-Ainmhithe**

Éilítear ar choimeádaithe eallaigh clár tréada de gach bó-ainmhí ar a ngabháltais a choinneáil. Caithfear an clár tréada a choinneáil suas le dáta agus caithfear eolas a choinneáil ann ar gach lao a shaolaítear ar an ngabháltas chomh maith le sonraí na n-ainmhithe a thagann isteach sa tréad nó a imíonn ón tréad agus ar bhás ainmhithe ar an ngabháltas. Tá sé de rogha ag coimeádaithe an clár tréada leictreonach a úsáid trí chlárú don áis ar SGA. Ní gá do choimeádaithe a bhaineann leas as an rogha sin an chuid den 'Leabhar Gorm' a bhaineann le tréada bó-ainmhithe a chlárú a choinneáil mura mian leo.

- **An Córas SGA (Sainaithint agus Gluaiseacht Ainmhithe)**

Is bunachar sonraí é an córas SGA ina ndéantar taifead ar bhreitheanna, gluaiseacht agus diúscairt. Gabhann an córas sonraí gluaiseachta ainmhithe agus baintear úsáid as an bhfaisnéis seo chun tionscnamh, sainaitheantas agus stair an eallaigh atá a thabhairt isteach sa bhiashlabhra a fhíorú. Baintear úsáid aisti freisin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh eallach critéir incháilitheachta na Scéime Íocaíochta Aonair. Chomh maith leis sin, féadfar an córas SGA a úsáid chun Bó-Ainmhithe a d'fhéadfadh teacht i dteagmháil le galair ionfhabhtaíocha a aithint agus a rianú le haghaidh deimhniú tréidliachta agus chun eolas staitistiúil a chur ar fáil maidir leis an earnáil eallaigh.

**Fógraí chuig SGA**
Éilítear ar choimeádaithe eallaigh fógra a thabhairt don Roinn seo faoi ghluaiseacht eallaí go dtí an gabháltas agus uaidh. I gcás eallaí a dhíolfar go príobháideach, caithfidh an coimeádaí foinse Deimhniú Comhlíontachta a fháil ón nGníomhaireacht um Fhógraí maidir le Gluaiseacht Eallaigh nó ar líne ó láithreán gréasáin na Roinne sula n-aistreofar aon ainmhí ón ngabháltas. Caithfidh an coimeádaí foinse agus an coimeádaí cinn scríbe beirt a dheimhniú gur tharla an ghluaiseacht laistigh de 7 lá de thráth na gluaiseachta. Chomh maith leis sin, caithfidh na coimeádaithe fógra a thabhairt don Roinn maidir le bás aon ainmhí ar an bhfeirm.

**Áiseanna ar líne d’Fheirmeoirí a bhfuil Bó-Ainmhithe acu**
Tá roinnt áiseanna ar líne ar fáil i gcóras SGA a éascaíonn d’Fheirmeoirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Breitheanna laonna a chlárú;
- Litreacha earráide a phriontáil;
- Cur isteach ar Dheimhniú Comhlíontachta (chun eallach a aistriú ó fheirm go feirm), féadann coimeádaithe an Deimhniú Comhlíontachta a phriontáil ó chló-inneall baile;
- An t-eallach sa tréad a sheiceáil de réir bhunachar sonraí SGA;
- Fíorú gur taifeadadh gluaiseachtaí isteach sa tréad agus amach ón tréad sa chóras;
- Breathnú ar stair ainmhí aonair go dtí go bhfágfaidh siad an tréad;
- Breathnú ar na dátaí tástála eitinne is déanaí i leith ainmhithe sa tréad; agus
- Féadann úsáideoirí ar líne an clár tréada leictreonach a roghnú trí chlárú a dhéanamh don áis ar SGA.

Caithfidh feirmeoirí clárú d’áis Agfood.ie na Roinne chun na seirbhísí saor in aisce ar líne a úsáid. Féadfar clárú trí chliceáil ar an deilbhín Agfood ar láithreán gréasáin na Roinne, **www.agriculture.gov.ie**, agus na treoracha simplí a leanúint. Is féidir le feirmeoirí teagmháil leis an Deasc Chabhrach Ríomhsheirbhíse (Fón: 0761 064424) chun clárú ar an bhfón nó iarratas páipéir a fháil.



## Eachaithe a Shainaithint (lena n-áirítear Capaill, Capaillíní agus Asail)

Tá na rialacha a bhaineann le sainaithint eachaithe ar fud an AE (lena n-áirítear capaill, capaillíní agus asail) faoi rialú Rialachán an Choimisiúin 504/2008. Trasuíodh an reachtaíocht seo sa reachtaíocht náisiúnta trí I.R. Uimh. 207/2014 (arna leasú).

Ní mór go ndéanfaidh tréidlia trasfhreagróir a ionchlannú i ngach eachaí a bhfuil pas aige le héifeacht ó 1 Iúil 2009. Cuirfear uimhir an trasfhreagóra a thaifeadadh ar phas an ainmhí a d’eisigh eagraíocht eisiúna pasanna (EEP) a d’fhaomh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Caithfear go gcuirfear an t-eolas ábhartha maidir le sainaithint an eachaí i mbunachar sonraí an EEP agus, ina dhiaidh sin, go gcuirfear é sa lárbhunachar sonraí eachaí.

Cuireadh an lárbhunachar sonraí in Éirinn ar bun i mí na Bealtaine 2013. Cuirtear na sonraí ábhartha a bhaineann le heachaithe atá sainaitheanta ag EEPí in Éirinn ann ó 1 Eanáir 1980.

Is cuid den eolas ar an mbiashlabhra é an pas eachaí agus na hiontrálacha sa lárbhunachar sonraí a mbíonn ag teastáil ó thréidlianna oifigiúla i seamlais chun incháilitheacht biashlabhra gach ainmhí a thugtar ann le marú a chinneadh.

Tá liosta na leabhar graí agus na EEPí faofa ar leathanaigh 89/90. Déantar iad a uasdátú ar láithreán gréasáin na Roinne de réir mar is gá leis agus is féidir breathnú orthu ag:
**http://www.agriculture.gov.ie/media/migration/farmingsectors/horses/equineregistrationandpassports/IssuingBodiesapprovPurposesIssuingIdDocumentsEquidea190515.docx**

Ní mór go mbeidh sonraí an áitribh a cláraíodh ar phasanna eachaí.

**Uimhir Chlárúcháin Phearsanta an choimeádaí**

Caithfidh ceannaitheoir an ainmhí fógra a thabhairt don EEP go ndéanfar húinéireacht eachaí a aistriú agus beidh an t-eolas sin le seoladh ar aghaidh chun go gcuirfear sa lárbhunachar sonraí eachaí ina dhiaidh sin.

Beidh cion déanta ag duine má choimeádann sé/sí eachaí nach bhfuil sainaitheanta go cuí de réir na reachtaíochta.

Tá pas eachaí, a bhfuil uimhir shaoil uathúil an ainmhí air, bailí ar feadh saol an ainmhí. Toirmisctear níos mó ná pas amháin a bheith ag duine i leith eachaí áirithe.

Seachas i gcásanna eisceachtúla, caithfear an pas eachaí a choinneáil leis an eachaí an t-am ar fad, nó caithfidh an coimeádaí a bheith in ann é a thaispeáint gan aon mhoill má iarrtar é.



Féadfaidh an EEP eisiúna cóip den phas nó pas ionaid a eisiúint i gcás go gcaillfear nó go ngoidfear pas – beidh an t-ainmhí mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine go huathoibríoch mar gheall ar eisiúint cáipéise den chineál seo.

Toirmisctear cáipéis sainaitheantais a bheith ag aon duine seachas úinéir/coimeádaí an ainmhí nó an duine atá i bhfeighil an ainmhí i rith iompar an ainmhí seachas i gcás go bhfuil cead faighte aige/aici ó oifigeach údaraithe.

Déanfar Rialachán an Choimisiúin 504/2008 a uasdátú agus a ionadú le Rialachán Forfheidhmithe an Choimisiúin 262/2016 (RC 262/2015) an 1 Eanáir 2016.

Níl aon athrú ar bhunús reachtach an dlí nua atá dírithe ar shlándáil na cáipéise sainaitheantais a neartú. Chomh maith leis sin, forálann sé go mbeidh bunú bunachar sonraí ina bheart éigeantach ar fud an AE chun gur féidir sonraí a mhalartú agus a shioncrónú go héifeachtach idir na páirtithe a bhaineann le

Soiléiríonn Rialachán an Choimisiúin 262/2015 gurb é an coimeádaí a bhfuil freagracht deiridh air/uirthi as a chinntiú go ndéantar aon eachaí a choinníonn sé/sí sainaitheanta go cuí.

Ar an mbealach céanna, ón 1 Eanáir 2016, beidh an coimeádaí freagrach as a chinntiú gur sonraí cuí agus cothrom le dáta atá ar an bpas. Caithfear aon athrú is gá leis a chur in iúl don EEP cuí sa Bhallstát ina bhfuil an ngabháltas ar a bhfuil an t-ainmhí ann. Déanfar eolas ar an athrú a ionchur i lárbhunachar sonraí an Bhallstáit sin.

Nuair a aistreofar eachaí chuig Ballstát eile, ní mór don choimeádaí pas an ainmhí a thaisceadh leis an EEP sa Bhallstát ina bhfuil an gabháltas ar a bhfuil an t-ainmhí. Cuirfear na sonraí sainaitheanta i mbunachar sonraí an EEP agus cuirfear ar aghaidh iad chuig lárbhunachar sonraí an Bhallstáit ina bhfuil an t-ainmhí á choimeád.

Forálann Rialachán an Choimisiúin 262/2015 nach bhféadfaidh ach EEPí sa Bhallstát ina a bhfuil an gabháltas ar a bhfuil an t-ainmhí pasanna a eisiúint d'eachaithe chun críocha pórúcháin agus táirgeadh.

Faoi na rialacha nua, eiseofar pas nó pas ionaid i leith aon eachaí a aithneofar é den chéad uair lasmuigh den amscála a shonraítear sa reachtaíocht, rud a dhéanfaidh go huathoibríoch, i gceachtar den dá chás, gur ainmhí mí-oiriúnach lena chaitheamh ag duine é.

## Comhlachtaí atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun cáipéisí a eisiúint le haghaidh eachaithe.

| **Coimeádaí leabhair ghraí faofa & sonraí teagmhála** | **Sonraí teagmhála** | **Ainm an Leabhair Ghraí** | **Uimhir Mhicrishlise** Cuireann an eagraíocht seo uimhreacha na micrishliseanna ar fáil mar chuid den phróiseas cláraithe |
|---|---|---|---|
| Weatherby's Ireland GSB Limited<br>Cúirt na Teamhrach<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>An Nás<br>Co. Chill Dara<br>W91 NF22 | Fónuimhir: 045 879979<br>Facsuimhir: 045 879691<br>Rphost: info@weatherbys.ie | General Studbook for Thoroughbreds<br><br>Weatherby's Non-Thoroughbred Register | 9851010* |
| Eachspórt Éireann<br>Beech House<br>Millennium Park<br>Nás<br>Co. Chill Dara<br>W91 TK7N | Fónuimhir: 045 850800<br>Facsuimhir: 045 850850<br>Rphost info@horsesportireland.ie<br>Láithreán gréasáin:<br>www.horsesportireland.ie | The Irish Sport Horse Studbook agus na forlíontaí a ghabhann leis<br>The Irish Draught Horse Studbook agus an tAguisín a ghabhann leis<br>The Irish Sport Pony Studbook<br>The Irish Cob Studbook and the Irish Cob Part-Bred Studbook (Temporary basis) | 3721414 |
| Cumann Rásaíochta Chapall Úma na hÉireann<br>Dundee House<br>An Chreig Riabhach Theas<br>Corcaigh | Fónuimhir: 01 5310365<br>Fón Póca: 087 2571330<br>Rphost:<br>info@irishharnessracing.com<br>james@itm-cork.ie<br>Láithreán gréasáin:<br>www.irishharnessracing.com | Irish Standardbred Pacer Studbook<br>Irish Standardbred Trotter Studbook | Bunachar sonraí arna chothabháil ag Eachspórt Éireann (HSI) |
| Cumann Póraitheoirí Capaillíní Chonamara<br>The Showgrounds<br>An Clochán<br>Co. na Gaillimhe<br>H71 YA09 | Uimh. Theil.: 095 21863<br>Facsuimhir: 095 21005<br>Rphost: enquiries@cpbs.ie<br>Láithreán gréasáin:<br>www.cpbs.ie | Connemara Pony Studbook<br>Irish Donkey Stud | 3721004 |
| Leisure Horse Ireland<br>Furbo Hill<br>An Spidéal<br>Co. na Gaillimhe<br>H91 VH04 | Fónuimhuir: 091 577577<br>Facsuimhir: 091 670111<br>Rphost: info@lhi.ie<br>Láithreán gréasáin: www.lhi.ie | Irish Piebald &Skewbald Studbook<br>Irish Donkey Stud | 3721403*<br>(941* roimhe seo) |
| Comharchumann Chapaillíní Portaigh Chiarraí Teo<br>Rosetown Lodge<br>An Droichead Nua<br>Co. Chill Dara<br>C15 D285 | Fónuimhir:<br>045 432007/087 9680303<br>Rphost: info@kerrybogpony.ie<br>Láithreán gréasáin:<br>www.kerrybogpony.ie | Kerry Bog Pony Studbook | 3721414<br>Nóta: Coinníonn Eachspórt Éireann an Bunachar Sonraí |

| Coimeádaí leabhair ghraí faofa & sonraí teagmhála | Sonraí teagmhála | Ainm an Leabhair Ghraí | **Uimhir Mhicrishlise** Cuireann an eagraíocht seo uimhreacha na micrishliseanna ar fáil mar chuid den phróiseas cláraithe |
|---|---|---|---|
| Irish Warmblood Studbook Ltd.<br>14 An Cheathrú Ghearr<br>Tuath Ó gConaíle<br>An Scairbh<br>Co. an Chláir<br>V94 TR52 | Fónuimhir: 087 2229701<br>Facsuimhir: 061 923222<br>Rphost:<br>admin@irish-warmblood.com | Warmblood Studbook of Ireland | 941* |
| **Tá na heagraíochtaí seo a leanas formheasta chun cáipéisí sainaitheantais a eisiúint le haghaidh eachaithe nach bhfuil cáilithe do haon cheann de na leabhair ghraí a liostáiltear thuas:** | | | |
| Eachspórt Éireann<br>Beech House<br>Millennium Park<br>Nás<br>Co. Chill Dara<br>W91 TK7N | Fónuimhir: 045 850800<br>Facsuimhir: 045 850850<br>Rphost: info@horsesportireland.ie<br>Láithreán gréasáin:<br>www.horsesportireland.ie | Ní bhaineann le hábhar | 3721414 |
| Leisure Horse Ireland<br>Furbo Hill<br>An Spidéal<br>Co. na Gaillimhe<br>H91 VH04 | Fónuimhir: 091 577577<br>Facsuimhir: 091 670111<br>Rphost: info@lhi.ie<br>Láithreán gréasáin: www.lhi.ie | Ní bhaineann le hábhar | 3721403*<br>(941* roimhe seo) |

8

* Tabhair faoi deara go bhféadann níos mó ná eagraíocht amháin micrishliseanna a bhfuil an uimhir seo mar thús na huimhreach orthu a úsáid.

Tá an liosta seo cruinn ag am foilsithe na cáipéise seo ach d'fhéadfaí athrú a theacht air. Is féidir aon fhiosrúcháin maidir le sainaithint eachaí a chur chuig horseid@agriculture.gov.ie nó ar an bhfón ar 01 – 5058881.

## Córas Náisiúnta Céannachta Caorach (NSIS)

Leagtar amach córas an AE le haghaidh caoirigh agus gabhair a shainaithint agus a chlárú faoi Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 21/2004 de 17 Nollaig 2003 (arna leasú). Cuirtear na rialacha seo i bhfeidhm i gcás caorach in Éirinn faoin gCóras Náisiúnta Céannachta Caorach (NSIS). Tá eolas mionsonraithe ar NSIS ar láithreán gréasáin na Roinne, **www.agriculture.gov.ie**

Faoi NSIS, ní mór go mbeidh gach úinéir tréada cláraithe, go mbeidh gach caora clibeáilte agus go ndéanfar sonraí na gcaorach go léir ar fheirmeacha agus na gluaiseachtaí a bhaineann leo a thaifeadadh ina n-iomlán. Clúdaíonn an córas seo táirgeoirí, margaí, monarchana feola agus eile agus cinntíonn sé inrianaitheacht iomlán i leith caorach ar bhonn aonair.

### Clárú

Caithfidh aon duine a bhfuil caoirigh faoina n-úinéireacht acu nó a choimeádann caoirigh sa Stát iarratas ar chlárú a ngabháltas a chur isteach chuig an Oifig Tréidliachta Ceantair áitiúil den Roinn Talmhaíochta don limistéar ina bhfuil an gabháltas suite. Eisítear tréaduimhir agus sainitheoir caorach d'úinéirí tréada.

### Caoirigh a Shainaithint

### Clibeanna Formheasta

Ní féidir caoirigh a chlibeáil ach le clibeanna atá formheasta faoi NSIS de réir riachtanais NSIS. Tá liosta na Soláthraithe Clibeanna a ndearnadh a gclibeanna a fhormheas le haghaidh úsáide ar lch. 97. Beidh na cineálacha clibeanna agus aitheantóirí seo a leanas ar fáil chun cuspóirí sainaitheantais faoi NSIS:

- Clibeanna maraithe – tá clibeanna bána le cur ar chluas clé na caorach a gcuirfear díreach chun maraithe é ón ngabháltas ar ar saolaíodh é.
- Clibeanna marglainne – tá clibeanna buí le cur ar chluas chlé na caorach a dtabharfar chuig an marglann ach a mbeartaítear iad a mharú sula mbeidh 12 mhí istigh. Is féidir iad a úsáid le haghaidh uan a gcuirfear díreach chuig an monarcha iad.
- Aitheantóirí leictreonacha (clib chluaise leictreonach nó bólas cogansaí) – baintear úsáid astu seo i gcomhar le clib mhargaidh cluaise clé ar chaoirigh a choinneofar ar an ngabháltas tionscnaimh i ndiaidh dóibh a bheith 9 mí d'aois agus atá beartaithe do phórú. Baintear úsáid astu freisin in uain a dtabharfar chuig an margadh nó le díol agus a atá beartaithe do phórú agus i gcaoirigh bheo a ndéanfar iad a onnmhairiú go Ballstát AE nó tríú tír.



Baineann na ceanglais sainaitheantais le haghaidh caorach mar a léirítear anseo iad le caoirigh a saolaíodh i ndiaidh Eanáir 2010. Is ionann na ceanglais le haghaidh caorach a saolaíodh iad roimh an 1 Eanáir 2010 agus na rialacha NSIS a bhí i bhfeidhm an tráth sin.

Go ginearálta, tá na ceanglais sainaitheantais le haghaidh caorach a saolaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2010 leagtha amach thíos:

- Caithfear clib amháin ar a laghad a bheith ar na caoirigh go léir faoin am atá siad 9 mí d'aois nó ar fhágáil an ghabháltais ar ar saolaíodh iad, cibé acu is túisce.
- Caithfear dhá chlib a bheith ar ainmhithe atá le coinneáil do phórú faoin am atá siad 9 mí d'aois. Caithfear gnáthchlib mharglainne a bheith sa chluas chlé ar a mbeidh uimhir 12 dhigit agus clib leictreonach nó bólas cogansaí a bheith sa chluas dheas ar a mbeidh an uimhir chéanna 12 dhigit. Go ginearálta, beidh dath buí ar an dá chlib ar chaoirigh a bhfuil clib leictreonach orthu. Beidh dath éadrom gorm ar chlib ar chaoirigh a bhfuil bólas cogansaí orthu.

- Féadfar gnáthchlib maraithe a chur ar chluas chlé caorach a mbeartaítear go gcuirfear chun maraithe iad sula mbeidh siad 12 mhí d'aois.
- I gcás caorach a gcuirfear ar aghaidh lena ndíol i marglann sula mbeidh siad 12 mhí d'aois, féadfar gnáthchlib a chur ar an gcluas chlé amháin. Caithfidh gur chlib atá formheasta mar chlib mharglainne a bheith inti siúd. (Uasghrádú go EID – Caithfear ainmhithe a cheannaítear ag marglanna atá níos óige ná 12 mhí d'aois agus atá clibeáilte le gnáthchlib mharglainne amháin, a uasghrádú go clibeáil dhúbailte le sainchlib EID má bheartaítear iad a choinneáil do phórú. Caithfear é seo a dhéanamh sula mbeidh an t-ainmhí 12 mhí d'aois).
- Trádáil Bheo – Caithfear clibeáil dhúbailte a dhéanamh i leith caorach a saolaíodh iad i ndiaidh 1 Eanáir 2010 agus a mbeidh á dtrádáil laistigh den chomhphobal nó a bheith le honnmhairiú chuig tríú tíortha. Cuirfear gnáthchlib ar an gcluas chlé, ar a mbeidh uimhir 12 dhigit, agus clib leictreonach nó bólas cogansaí ar an gcluas dheas ar a mbeidh an uimhir chéanna 12 dhigit.
- Féadfar uasghrádú a dhéanamh ar chaoirigh ar ceannaíodh iad lena n-onnmhairiú agus nach bhfuil sainaitheanta mar a luaitear thuas mar seo a leanas:
- Féadfaidh an t-onnmhaireoir clib shaincheaptha EID a ordú ar a mbeidh an uimhir chéanna atá ar an ngnáthchlib mharglainne atá ar an ainmhí cheana féin.
- Féadfar caoirigh a athchlibeáil le sraith nua EID agus comhghaolú a dhéanamh idir an uimhir nua chlibe agus an tseanuimhir i gclár tréada an onnmhaireoirí.

Caithfidh aon ainmhí atá le honnmhairiú a bheith clibeáilte de réir rialacha an NSIS sula gcuirfear ar aghaidh é le haghaidh deimhniúcháin ag an ionad tionóil onnmhairithe. Go ginearálta, beidh dath buí ar an dá chlib ar chaora a bhfuil clib leictreonach uirthi. Beidh dath éadrom gorm ar an gclib ar chaora a bhfuil bólas cogansaí uirthi.



## Córas Bunachar Sonraí Gluaiseachtaí Caorach agus Cáipéisí Gluaiseachta

### Cáipéisí Seolta/Ghluaiseachta

Ní mór go mbeidh Cáipéis Seolta/Gluaiseachta arna chomhlánú ag an úinéir i dteannta na caorach ar feadh na gluaiseachta ar fad nuair a aistrítear í ón ngabháltas. Is cáipéis phearsantaithe í an Cháipéis Seolta/Gluaiseachta a bhfuil trí chuid ann. Eisítear iad in ainm agus i seoladh úinéir an tréada agus bíonn Tréaduimhir, Sraithuimhir agus Sainitheoir Caorach réamhphriontáilte air. Caithfidh an coimeádaí tréada a n-aistreofar na caoirigh óna ghabháltas an Cháipéis Seolta/Gluaiseachta a shíniú. Chomh maith leis sin, beidh ar úinéir na gcaorach na codanna bána den cháipéis a chomhlánú, ag léiriú líon na gcaorach a aistreofar, uimhir chlibe uathúil gach caora sa choinsíneacht a bhogfar, agus Tréaduimhir na feirme nó (i gcás monarcha maraithe nó margaidh) ainm agus seoladh an ghabháltais a gcuirfear na caoirigh chuige.

Tá sé tábhachtach go gcinnteoidh feirmeoirí a aistríonn caorach óna ngabháltas gurb é an leagan is déanaí den Cháipéis Seolta a théann i dteannta na n-ualach.

**Níor cheart d'fheirmeoirí leaganacha as feidhm nó as dáta de Dhoiciméid Seolta a úsáid in imthosca ar bith.**

Tá trí chuid sa Cháipéis Seolta/Gluaiseachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Caithfear an cháipéis bhán (ar barr) a bheith i dteannta gach caora a aistreofar ón bhfeirm agus caithfidh an ceannaitheoir é a choinneáil,** | **Caithfidh an chóip bhándearg (sa lár) a bheith i dteannta caorach má tá siad le díol ag margadh agus caithfidh an margadh é a choinneáil mar thaifead*** | **Caithfidh an díoltóir an chóip bhuí (ar bun) a choinneáil mar thaifead dó féin** |

*Tabhair faoi deara go gcaithfidh an ceannaitheoir an chóip bhándearg i lár na cáipéise a chur sa phost chuig an oifig áitiúil den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara laistigh de 7 lá ó dháta na gluaiseachta, i gcás gur gluaiseachtaí díreach ó fheirm go feirm atá i gceist (seachas gluaiseachtaí chuig margadh).

**Chun leabhair Cháipéisí Seolta a ordú déan teagmháil leis an oifig thíos:**

- An oifig áitiúil den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara don chontae ina bhfuil tú cláraithe mar úinéir tréada. Féach Aguisín 1B.
- Toisc gur gá go mbeidh siad pearsantaithe, ní mór an t-ordú a dhéanamh mí amháin ar a laghad sula mbeidh soláthar breise díobh ag teastáil uait.
- Ríomhphost: **sheepid@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalidentificationmovement /nationalsheepidentificationsystem/dispatchdocuments/**

8

## Clár Tréada

Ní mór do dhaoine a ghabhann nó a choinníonn caoirigh ar ghabháltas cláraithe taifid a choinneáil ar an uimhir sainaitheantais ainmhí uathúil a bhaineann leis na hainmhithe. Caithfidh siad taifead scríofa a choinneáil freisin ar aistriú na n-ainmhithe chuig an ngabháltas cláraithe nó uaidh. Eisítear Cláir Thréada chuig gach úinéir tréada chun taifeadadh na sonraí seo a éascú.

**Chun Clár Tréada a ordú nó chun tuileadh eolais a fháil ar aon ghné den NSIS, déan teagmháil leis an Rannóg thíos:**

- An Rannóg Sainaitheanta & Gluaiseachta Ainmhithe (SGA), an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Campas Bhacastúin, Crois an tSiúnaigh, Cill Droichid, Co. Chill Dara,
- Fón: 0761 064407
- Ríomhphost: **sheepid@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/ animalidentificationmovement/nationalsheepidentificationsystem/sheepflockregister/**

### Áireamh Caorach Bliantúil

Faoi Rialacháin AE 21/2004 caithfidh coimeádaithe caorach na caoirigh sa tréada ar an ngabháltas a áireamh, an uimhir seo a thaifeadadh sa chlár tréada agus tá siad faoi oibleagáid de réir an dlí an uimhir seo a chur chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara uair sa bhliain.

De ghnáth déantar an tÁireamh Caorach Bliantúil i mí na Nollag agus gheobhaidh gach úinéir tréada cláraithe Tuairisceán Áirimh sa phost ar cheart dó/di líon na gcaorach ar a g(h)abháltas a chur air agus é a chur ar ais láithreach sa chlúdach réamhíoctha a chuirtear ar fáil.

Mura bhfuil aon chaora agat ar chor ar bith, ní mór duit tuairisceán nialasach a dhéanamh. Mura gcuireann tú an tuairisceán áirimh ar ais, beidh do shainitheoir caorach as feidhm rud a chiallóidh nach mbeidh tú in ann clibeanna caorach, leabhar seolta/gluaiseachta ná cláir tréada a ordú agus d'fhéadfaí go mbeifeá neamhcháilithe do scéimeanna áirithe.

## Córas Náisiúnta Sainaitheanta Gabhar (NGIS)

Tá an córas AE le haghaidh caorach agus gabhar a shainaithint leagtha amach faoi Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 21/2004 de 17 Nollaig 2003 (arna leasú). Cuirtear na rialacha seo i bhfeidhm i leith gabhar in Éirinn faoin gCóras Náisiúnta Sanaitheanta Gabhar (NGIS). Tá an córas bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Clibeáil dhúbailte a dhéanamh ar aon ghabhar faoin am a bheidh siad sé mhí nó ar a aistriú ón ngabháltas, cibé acu is túisce;
- Cláir tréada a úsáid chun sonraí a thaifeadadh faoi líon na ngabhar ar an ngabháltas agus sonraí na ngluaiseachtaí; agus
- Gluaiseachtaí a thaifeadadh i gcáipéisí seolta.



### Clárú

Ní mór d'aon duine a ghabhann nó a choinníonn gabhair sa Stát iarratas a chur isteach ar chlárú an ghabháltais chuig an Oifig Tréidlia Ceantair áitiúil den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara den limistéar ina bhfuil an gabháltas suite.

### Gabhair a Shainaithint

Baineann na ceanglais sainaitheanta do ghabhair mar a leagtar amach iad anseo le gabhair a saolaíodh i ndiaidh Eanáir 2010. Is ionann na ceanglais maidir le gabhair a saolaíodh roimh Eanáir 2010 agus na rialacha NGIS a bhí i bhfeidhm an uair sin.

Go ginearálta, tá na ceanglais sainaitheanta i leith gabhar a saolaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2010 leagtha amach thíos.

- Caithfidh gach gabhar a bheith clibeáilte faoin am atá siad 6 mhí d'aois nó ar aistriú an ghabhair ón ngabháltas ar a saolaíodh iad, cibé acu is túisce. Caithfidh gnáthchlibeanna a bheith ar an dá chluas ar na gabhair uilig a mbeidh an uimhir chéanna 12 dhigit orthu ina n-áirítear an sainitheoir gabhair a bhaineann leis an ngabháltas ar a saolaíodh iad agus uimhir aitheanta gabhair aonair. Beidh dath glas ar an dá chlib, de ghnáth.

- **Trádáil Bheo** – Caithfear clibeáil dhúbailte a dhéanamh i leith gabhar a mbeidh le trádáil laistigh den Chomhphobal nó atá le onnmhairiú chuig tríú tíortha. Cuirfear gnáth-chlib ar an gcluas chlé, ar a mbeidh uimhir 12 dhigit agus clib leictreonach nó bólas cogansaí ar an gcluas dheas ar mbeidh an uimhir chéanna 12 dhigit. Dé ghnáth, bíonn dath glas ar an dá chlib a chuirtear ar ghabhar a bhfuil clib leictreonach air. Beidh dath éadrom gorm ar an gclib ar ghabhar a bhfuil bólas cogansaí air.

Ní féidir ach clibeanna atá formheasta le haghaidh úsáide faoin NGIS a úsáid chun gabhair a chlibeáil de réir cheanglais NGIS. Tá liosta na Soláthraithe Clibeanna a ndearnadh a gclibeanna a fhormheas le haghaidh úsáide faoin NGIS ar leathanach 97.

### Clár Tréada

Caithfidh daoine a ghabhann nó a choimeádann gabhair ar ghabháltas cláraithe clár tréada a choinneáil san fhormáid a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Comhshaoil ar fáil. I gcás gabhar a saolaíodh roimh an 31 Nollaig 2009, is féidir sonraí na ngluaiseachtaí gabhar chuig an ngabháltas agus ón ngabháltas a thaifeadadh i mbaisceanna (i. seachas ar bhunús aonair). I gcás na ngabhar a saolaíodh i ndiaidh an 31 Nollaig 2009, is gá sonraí a thaifeadadh ar bhunús an ainmhí aonair, lena n-áirítear na sonraí seo a leanas:

- cód sainaitheanta aonair an ainmhí;
- bliain bhreithe agus dáta na sainaitheanta;
- mí agus bliain bhás an ainmhí ar an ngabháltas; agus
- an mianach agus, má tá an t-eolas ar fáil, an géinitíopa.



### Cáipéis Gluaiseachta

Caithfear Cáipéis Seolta/Gluaiseachta ar líon úinéir na ngabhar é a bheith i dteannta na ngabhar a aistrítear ón ngabháltas, ar feadh na gluaiseachta. Tá trí chuid sa Cháipéis Seolta/Gluaiseachta le síniú ag an gcoimeádaí tréada ar leis an ngabháltas a n-aistreofar an gabhar uaidh. Chomh maith leis sin, caithfidh úinéir na ngabhar na codanna bána den cháipéis a chomhlánú, ag cur in iúil líon na ngabhar atá le haistriú agus tréaduimhir na feirme nó (i gcás monarchan maraithe nó margadh) ainm agus seoladh an ghabháltas a gcuirfear na gabhair chuige. Caithfear cód sainaitheanta aonair gach gabhar a thaifeadadh ar an gcáipéis freisin.

### Áireamh Gabhar Bliantúil

Faoi Rialacháin AE 21/2004 caithfidh coimeádaithe gabhar na gabhair ar an ngabháltas a áireamh, an uimhir seo a thaifeadadh sa chlár tréada agus tá siad faoi oibleagáid de réir an dlí an uimhir seo a chur chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara uair amháin sa bhliain.

De ghnáth, déantar an tÁireamh Gabhar Bliantúil i mí na Nollag agus gheobhaidh gach úinéir tréada cláraithe Tuairisceán Áireamh sa phost ar cheart dó/di líon na ngabhar ar a g(h)abháltas a chur air agus é a chur ar ais láithreach sa chlúdach réamhíoctha a chuirtear ar fáil.

Mura bhfuil aon ghabhar agat, ní mór duit tuairisceán nialasach a dhéanamh. Mura gcuirfidh tú an tuairisceán áirimh ar ais, beidh do shainitheoir gabhair as feidhm, rud a chiallóidh nach mbeidh tú in ann clibeanna gabhar, leabhar seolta/gluaiseachta ná cláir tréada a ordú. Féadfar pionóis a bheith mar thoradh air chomh maith agus seans go gcuirfidh sé isteach ar éilimh faoi scéimeanna áirithe.

### Allmhaireoirí

Ní mór go mbeidh dhá chlib ar ghabhair a allmhairítear ó Bhallstát eile nó ó thríú tíortha. Ní mór go mbeidh gnáth-chlib ar an gcluas chlé, ar a mbeidh uimhir 12 dhigit, agus bólas cóngasaí nó clib leictreonach ar an gcluas dheas ar a mbeidh an uimhir 12 dhigit chéanna. Tá na ceanglais tréidliachta a bhí ann cheana féin fós i bhfeidhm.

**Déan teagmháil leis an Rannóg thíos le haghaidh tuilleadh eolais ar aon ghné den NGIS nó chun Clár Tréada Gabhar nó Leabhar Seolta Gabhar a ordú:**

- An Rannóg Sainaitheanta & Gluaiseachta Ainmhithe (SGA), an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Campas Bhacastúin, Lána Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 0761 064407
- Ríomhphost: **sheepid@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalidentificationmovement/nationalgoatidentificationsystem/**

## An Córas Náisiúnta Sainaitheanta agus Clibeála Muc (NPITS)

De réir ceanglas dlí, tá Córas Náisiúnta Sainaitheanta agus Clibeála Muc (NPITS) bunaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a tháinig i bhfeidhm in Iúil, 2002. Sainaithnítear gach muc a aistreofar ón ngabháltas le clib chluaise nó le cneasmharc agus sainaithnítear stoc pórúcháin le huimhir aonair. Coinnítear taifead ar ghluaiseachtaí muc i lárbhunachar sonraí gluaiseachtaí. Fón: 1890 291 000 le haghaidh fiosrúchán.

Ní bheidh sé de chead ag aon duine nach bhfuil tréaduimhir muc bhailí aige muca a thrádáil. Caithfear clibeanna agus cneasmhairc a ordú ó chomhlacht clibeanna formheasta – tá liosta na gcomhlachtaí sin ar leathanach 97.



**Seo a leanas sonraí teagmhála d'úinéirí muc ar mian leo go gclárófar iad sa Bhunachar Sonraí Náisiúnta:**

- Oifig áitiúil na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Féach Aguisín 1B.
- Fón: 0761 064402
- Ríomhphost: **pigid@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalidentificationmovement/nationalpigidentificationandtracingsystem/**

## Clibeanna agus Soláthraithe Clibeanna Formheasta

Tá roinnt clibeanna éagsúla formheasta le haghaidh úsáide faoin NSIS, NPITS agus NGIS. Ní fhéadfar ach na clibeanna atá formheasta faoi na córais éagsúla a úsáid.
Féadfar clibeanna a ordú ó sholáthraithe éagsúla agus cuirfear orduithe ar fáil tríd an bpost amháin díreach chuig an úinéir tréada a rinne an t-ordú. Féach an liosta de sholáthraithe clibeanna formheasta ar an gcéad leathanach eile.

**- CÓRAS NÁISIÚNTA CÉANNACHTA CAORACH – NSIS**
**- AN CÓRAS NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA AGUS RIANAITHE MUC – NPITS**
**- CÓRAS NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA GABHAR - NGIS**
**Seo a leanas liosta na gcomhlachtaí atá formheasta chun clibeanna cluaise sainaitheanta ainmhithe faoi na córais thuasluaite.**

| Ainm agus seoladh an chomhlachta | ID System Approved | Phone | Fax | E-mail/Web Address |
|---|---|---|---|---|
| Agrihealth Ltd.<br>Bóthar Chluain Eois<br>Muineachán<br>Co. Mhuineacháin<br>H18 YW57 | NSIS<br>NPITS<br>NGIS | 1890 515151<br><br>047 71800 | 047 74190 | eartags@agrihealth.ie<br>www.eartags.ie |
| Unit 46 East Link Business Park<br>Bóthar Bhéal Átha Síomóin<br>Luimneach<br>agus Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo, chomh maith | NSIS<br>NGIS | 0818 50 60 70 | 061 390 887 | info@agri-id.ie<br>www.agri-id.ie |
| Co-Operative Animal Health Ltd.<br>Tullow Industrial Estate<br>An Tulach<br>Co. Cheatharlach<br>R93 WOD8 | NSIS<br>NPITS<br>NGIS | 059 9151251 | 059 9151856 | jbutler@cahl.ie<br>www.cahl.ie |
| Cormac Tagging Ltd<br>Ceathrú na Lathaí<br>Tuaim<br>Co. na Gaillimhe<br>H54 PR89 | NSIS<br>NPITS<br>NGIS | 093 28231<br><br>1800 303 635 | 093 28019 | info@cormac.ie<br>www.cormac.ie |
| Merko nv<br>Leo Baekelandstraat 7 Unit 5<br>B-2950 Kapellen<br>An Bheilg | NPITS | 00 32 3 360 2670 | 00 32 3 326 3398 | eartags@merko.be<br>www.merko.be |
| Mullinahone Co-Op<br>Muileann na hUamhan<br>Co. Thiobraid Árann | NSIS<br>NPITS<br>NGIS | 052 9153102 | 052- 9153512 | eurotags@mull-coop.ie<br>www.mull-coop.com |
| Quicktag<br>7A Bóthar Pháirc na hEaglaise,<br>Baile an Chaistil<br>Aontroim BT54 6PJ<br>Tuaisceart Éireann | NSIS<br>NPITS<br>NGIS | 048 2076 8696 | 048 2076 8699 | info@quicktag.co.uk<br>www.quicktag.co.uk |
| Ritchey Tagg plc<br>Fearby Road<br>Masham<br>Ripon<br>North Yorkshire HG4 4ES<br>Sasana | NSIS<br>NPITS<br>NGIS | 0044 1765 689541 | 0044 1765 689851 | info@ancr.co.uk<br>www.ritchey.co.uk |
| Shearwell Data Ltd<br>Putham Farm<br>Wheddon Cross<br>Minehead<br>Somerset TA24 7AS<br>An Ríocht Aontaithe | NSIS<br>NPITS<br>NGIS | 0044 1643 841611 | 0044 1643 841628 | richard@shearwell.co.uk<br>www.shearwell.co.uk |

*Tá an liosta cruinn ag am foilsithe ach d'fhéadfadh a bheith faoi réir athraithe. Seiceáil le do thoil leis an Rannóg AIM na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara Teileafón 076 1064407*









# A Naoi
# Táirgeadh/Táirgí Ainmhithe

# Eallach

## Pórú Eallaigh

### Ceadúnais do Inseamhnú Saorga (IS) 'déan féin é'

Ní mór go bhfaighidh daoine ar mian leo inseamhnú saorga a chleachtadh ina dtréad bó-ainmhithe oiliúint agus ceadúnú cuí agus go gcinnteoidh siad nach n-úsáidtear seamhan ach ó fhoinsí formheasta sa phróiseas. Ní féidir aon duine seachas an t-úinéir tréada, nó duine ainmnithe aige/aici, a bhfuil clár oiliúna formheasta déanta aige/aici i gcleachtadh inseamhnaithe shaorga, a bheith formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun inseamhnú a dhéanamh sa tréad sin.

### Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh

Déanann sealbhóirí Ceadúnas Seirbhís Allamuigh inseamhnú saorga bó-ainmhithe ar ardchaighdeán le haghaidh feirmeoirí ar feadh na bliana. Tá gréasán de theicneoirí IS oilte ann dó sin. Caithfidh gach sealbhóir Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh:

- a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtais agus nósanna imeachta maithe tréidliachta;
- seamhan ó fhoinsí formheasta amháin a úsáid;
- taifid sásúla a choinneáil; agus
- taifeadadh, tástáil, measúnú géiniteach agus foilsiú torthaí maidir le tairbh a úsáidtear chun cuspóirí tástála.

### Ceadúnais do Theicneoirí IS

Tugtar ceadúnais do theicneoirí atá fostaithe ag sealbhóirí Ceadúnas Seirbhíse Allamuigh, nó a bhfuil acu leo, chun seirbhís ardchaighdeán IS bó-ainmhithe a chinntiú.



### Ceadúnais chun Seamhan Bó-Ainmhithe a leithdháileadh

Ní mór go mbeidh eagraíochtaí nó daoine aonair ceadúnaithe go cuí ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun seamhan bó-ainmhí a leithdháileadh le go ndéanfar sláinte agus leas ainmhithe chomh maith le hinrianaitheacht an táirge a chosaint.

### Ionaid Stórála Seamhain Bhuaibhigh a Fhormheas

Caithfear caighdeáin an AE a chomhlíonadh maidir le háitribh ina stóráiltear seamhan agus ní mór go mbeidh siad faoi mhaoirseacht tréidlia ionaid atá formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Moltar dóibh siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar fhormheas chun ionad stórála seamhain a reáchtáil, dul i dteagmháil leis an Roinn ag an bhfíorthús chun eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta a fháil.

### Ionaid Bailithe Seamhain Bhuaibhigh a Fhormheas

Caithfear caighdeáin an AE a chomhlíonadh i leith áitreabh ina mbailítear seamhan agus ní mór go mbeidh siad faoi mhaoirseacht tréidlia ionaid atá formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Moltar dóibh siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar fhormheas chun ionad bailithe seamhain bhuaibhigh a reáchtáil, dul i dteagmháil leis an Roinn ag an bhfíorthús chun eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta a fháil.

### Foirne Bailithe nó Táirgthe Ubhán/Suthanna a Fhormheas

Ní féidir ach foirne atá formheasta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun ubháin/suthanna bó-ainmhí a bhailiú nó a tháirgeadh, seirbhís den chineál sin a oibriú.

### Seamhan Bó-Ainmhí a Bhailiú ar an bhFeirm

Féadfaidh úinéirí tréada pórlíne a dtréada bó-Ainmhithe a chaomhnú trí sheamhan a bheith le húsáid lena dtréada bó-Ainmhithe féin a bhailiú óna dtréada bó-Ainmhithe féin. Caithfear iarratas ar fhormheas do Bhailiú ar an bhFeirm a fháil ón Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic sa Chabhán. Ní mór go mbeidh ceadúnas IS DFÉ chun seamhan a stóráil ag na hiarratasóirí nó ag a bhfostaithe. I gcás nach bhfuil ceadúnas IS DFÉ ag an iarratasóir, caithfear an seamhan a bhailítear ar an bhfeirm a stóráil in ionad formheasta agus ní féidir é a chur ar fáil d'aon duine le húsáid i mbólacht an iarratasóra ach amháin do theicneoir IS ó chomhlacht ceadúnaithe.

**Tá Foirmeacha Iarratais agus tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg thíos:**

- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459.
- Fón: 049 4368293, Facs: 049 4361486
- Ríomhphost: livbrsi@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding/**



## Scéimeanna/Seirbhísí Eile

### Scéim Préimhe Ba Chiarraí

Spreagadh atá sa Scéim seo go mbeidh roinnt tréad de Bha Chiarraí in Éirinn agus gcinnteofar go mbeidh stoc imleor pórúcháin folaíochta ann.

Beidh iarratasóir incháilithe don scéim:

- Más ball de Chumann Bó Chiarraí Teo. é/í;
- Má tá a t(h)réada laistigh de chríoch an Stáit agus má tá cúig bhó phórúcháin ar a laghad cláraithe ann atá cláraithe i leabhar tréada Chumann Bó Chiarraí Teo.;
- Má bhíonn gach aon bhó Chiarraí sa tréad á ndoireadh ag tairbh den phór Chiarraí trí sheirbhís nádúrtha nó trí inseamhnú saorga;
- Má chuirfear fógraí breithe de shliocht Bhó Chiarraí sa tréad ar aghaidh le clárú i Leabhar Tréada Bhó Chiarraí agus má chláraítear iad le ICBF agus leis an Roinn tríd an gcóras Teagmhas Ainmhithe; agus
- Má saolaíodh gach ainmhí, a bhfuiltear ag cur isteach préimhe ina leith, i dtréad an iarratasóra agus má bhíonn siad fós beo ar dháta an iarratais.

- Má saolaíodh gach ainmhí, a bhfuiltear ag cur isteach préimhe ina leith, i dtréad an iarratasóra agus má bhíonn siad fós beo ar dháta an iarratais.

Tá préimh de €86.18 ar fáil do gach lao atá incháilithe.

**Leabhar Tréada Bó-Ainmhithe Folaíochta**
Is ionann leabhar tréada agus aon leabhar, clár, comhad nó meán sonraí a gcoinníonn eagraíocht aitheanta é agus ina gcláraítear ainmhithe i dtaca lena sinsir aitheanta.

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an tÚdarás Inniúil chun formheasanna a dheonú faoin reachtaíocht seo, ar an gcoinníoll go bhfuil na critéir fhormheasta comhlíonta ag an iarratasóir.

**Is féidir Foirmeacha Iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg seo:**
- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459.
- Fón: 049 4368293, Facs: 049 4361486
- Ríomhphost: livbrsi@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding**

**An Clár um an Tréad Mairteola agus Déiríochta Náisiúnta a Fheabhsú**
Tá Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) formheasta ag an Roinn seo chun tástáil agus meastóireacht ghéiniteach a dhéanamh agus chun torthaí meastóireachta a fhoilsiú i leith eallaigh mhairteola agus déiríochta in Éirinn. Tá raon de chláir feabhsúcháin phórtha á oibriú aige i gcomhar leis scairshealbhóirí agus na páirtithe leasmhara go léir san earnáil. Tá na cláir seo ceaptha chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar bhrabúsacht tréada mairteola agus déiríochta.



**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón ICBF:**
- Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann, Highfield House, Seanach, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí, P72 X050.
- Fón: 023 8820222; Facs: 023 8820229
- Ríomhphost: livbrsi@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: **www.icbf.com**

## Scéim an AE um Mairt a Aicmiú

Tá sé mar aidhm ag Scéim an AE um Mairt a Aicmiú ná comhchaighdeán aicmithe a chinntiú ar fud an Aontais Eorpaigh. Éascaíonn sé seo leis an AE córas tuairiscithe caighdeánaithe maidir le praghsanna mairteola a oibriú. Ó 2004, déantar formhór na mart a aicmiú go meicniúil. Déanann fostaithe ceadúnaithe monarchan a bhfuil fágtha a aicmiú.
Seo a leanas na critéir aicmithe:
- Cruth (cruth agus forbairt an mhairt): cuirtear é seo in iúl leis na litreacha E, U, R, O, P. Is é E an t-aicmiú is fearr agus is é P an t-aicmiú is measa is measa;
- Saill: cuirtear méid na saille in iúl leis na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5 in ord méadaithe na saille;
- Catagóir gnéis: cuirtear é seo in iúl leis na litreacha A (tarbh óg), B (tarbh), C (bullán), D (bó), E (bodóg) agus Z (laofheoil > 8 mí).

Cuireann an mhonarcha maraithe eolas aicmithe ar ais chuig an soláthraí. Déantar níos mó ná 90% de na mairt a aicmiú go meicniúil. Baintear úsáid as Anailís Íomhá Físe don aicmiú meaisín lena bhfaightear toisí mairt éagsúil. Ní féidir aon achomharc a dhéanamh ina leith seo, toisc gur aicmiú oibiachtúil é. I monarchana beaga, bíonn an t-aicmiú á dhéanamh ag fostaithe arna gceadúnú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sna cásanna seo, is féidir leis an soláthraí achomharc a dhéanamh faoi chinneadh an duine a rinne an t-aicmiú.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Lárionad Gnó Grattan, Port Laoise, Co. Laoise, R32 K857.
- Fón: 057 869 4407
- Ríomhphost: **livbrsi@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/beef/**

## Mairteoil a Lipéadú

Pléitear le lipéadú mairteola i Rialacháin an AE 1760/2000 agus 1825/2000 arna leasú le Rialacháin 653/2014 agus 275/2007 faoi seach. Tá cur i bhfeidhm na rialachán seo clúdaithe sa Reachtaíocht Náisiúnta, I.R. Uimh. 435 de 2000 arna leasú le I.R. Uimh. 485 de 2002.
Faoi na Rialacháin seo, caithfidh oibreoirí agus eagraíochtaí a phléann le margaíocht mairteola, mairteoil a lipéadú sa chaoi is go gcuirfear an t-eolas seo a leanas ar fáil do thomhaltóirí:
Uimhir thagartha nó cód tagartha chun gur féidir an t-ainmhí a shainaithint nó an grúpa ainmhithe ar díorthaíodh an mhairteoil uaidh a shainaithint;

- Uimhir thagartha nó cód tagartha chun gur féidir an t-ainmhí a shainaithint nó an grúpa ainmhithe ar díorthaíodh an mhairteoil uaidh a shainaithint;
- Uimhir cheadaithe agus tír an tseamlais – ba cheart go gcuirfí an t-eolas i láthair mar seo: 'Arna mharú i (ainm an Bhallstáit nó na tríú tíre) (uimhir cheadaithe)';
- Uimhir cheadaithe agus tír an halla díchnámhaithe. Ba cheart go gcuirfí an t-eolas i láthair mar seo: 'Arna ghearradh i (ainm an Bhallstáit nó na tríú tíre) (uimhir cheadaithe)';
- An Ballstát nó an tríú tír ina saolaíodh an t-ainmhí agus ina ndearnadh é a ramhrú agus a mharú (Tionscnamh).

Tugadh Rialacháin isteach sa bhliain 2008 a leathnaigh na dlíthe lipéadaithe mairteola chun go gclúdófar an earnáil bialann agus an earnáil lónadóireachta. Éilíonn na Rialacháin Sláinte (Tír Thionscnaimh Mhairteola) (2006) (I.R. Uimh. 307) ar oibreoirí gnó bia a chuireann mairteoil ullmhaithe ar fáil do thomhaltóirí nach ndéanfaidh sé/sí (a) díol nó soláthar mairteola a fhógairt, (b) mairteoil a chur ar fáil lena díol nó lena soláthar, nó (c) í a dhíol nó a sholáthar mura bhfuil tír bhunaidh nó tíortha bunaidh na mairteola curtha in iúl ag an bpointe fógraíochta, taispeána, díola agus soláthair. Caithfidh an cló a bheith soiléir soléite ar an bhfógra, ar an mbiachlár nó ar pé modh taispeána atá i gceist.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg um Beartas Mairteola agus Bainne, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mairteola, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12
- Fón: 01 607 2880
- Ríomhphost: **beef.policy@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/beef/labellingofbeef/**

9

### Lipéadú Tíre Tionscnaimh (Feolta eile)

Ón 1 Aibreán 2015, tá sé de cheangal ar Oibreoirí Gnó Bia (OGBí) Rialachán AE 1337/2013 a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé seo gur gá go mbeidh lipéadú maidir leis an tír thionscnaimh ar fheoil a chuirtear ar fáil don tomhaltóir deiridh nó don oll-lónadóir. Baineann sé seo le feoil ó mhucra, ó chaoirigh, ó ghabhair agus ó éanlaith. Chuir I.R. Uimh. 113 de 2015 an Rialachán seo i bhfeidhm agus foráiltear inti do nósanna imeachta agus do phionóis.

Clúdaíonn an Rialachán feoil réamhphacáilte, neamh-phróiseáilte, lena n-áirítear conablaigh úra, fuaraithe agus reoite, éin iomlána nó gearrthacha den fheoil seo (m.sh. brollaigh shicíní, gearrthóga uaineola). Ní chlúdaíonn sé feolta leasaithe (bagún/slisíní bagúin/ispíní) nó táirgí feola a bhfuil breis próiseála déanta orthu (sicín Chív, mar shampla) nó táirgí a bhfuil feoil mar chomhábhar iontu (m.sh., lasagne).

Ní mór go ndéanfar na ceanglais a bhaineann le lipéadú tíre tionscnaimh a chomhlíonadh mar a leagtar amach iad sa rialachán maidir le feoil réamhphacáilte a chuirtear i láthair an tomhaltóra. Is eisceacht uaidh seo í feoil a pacáladh ar an áitreabh díolacháin arna iarraidh sin don chustaiméir nó ar pacáladh í le haghaidh díolacháin dhírigh ón áitreabh. Ní mheastar go bhfuil siad ‘réamhphacáilte’ faoi reachtaíocht an AE maidir le lipéadú agus ní gá eolas tionscnaimh a thaispeáint orthu.

Ní chlúdaíonn an Rialachán seo táirgí nach bhfuil réamhphacáilte nó atá ‘scaoilte’, m.sh., ar díol ag cuntar búistéara. Tá an Roinn i mbun plé leis an Roinn Sláinte faoi láthair, áfach, maidir le reachtaíocht náisiúnta a thabhairt isteach chun go mbeidh feoil a dhíoltar ar an modh seo de réir Rialachán 1337/2013. Ní áirítear feoil ullmhaithe sa Rialachán seo agus, mar sin, níl aon cheanglas faoin reachtaíocht seo ar áitribh a dhíolann aon cheann de na feolta a chlúdaítear faoin reachtaíocht eolas ar an tír thionscnaimh a thaispeáint. Tabhair faoi deara go bhfuil rialacha náisiúnta ó 2006 ag éileamh go dtaispeántar eolas tionscnaimh i leith mairteola ullmhaithe a chuirtear ar fáil in áitribh den chineál sin in Éirinn.



Ní mór go mbeidh ainm an Bhallstáit nó na tríú tíre (.i. tír lasmuigh den AE) inar tógadh agus inar maraíodh an t-ainmhí a thaispeáint ar an lipéad. Má saolaíodh, tógadh agus maraíodh an t-ainmhí in aon Bhallstát amháin nó in aon tríú tír amháin, agus más féidir leis an Oibreoir Gnó Bia é sin a chruthú don údarás inniúil, féadfar na focail seo a leanas a chur ar an lipéad: ‘Tionscnamh (ainm an Bhallstáit nó na tríú tíre)’. Leagtar amach na ceanglais lipéadaithe i leith gach speiceas i Rialachán 1337/2013. Áirítear maolú sa Rialachán i dtaca le feoil mhionaithe agus fuílligh a cheadaíonn d’Oibreoirí Gnó Bia imeacht ón gceanglas gur gá Ballstáit nó tríú tíortha a bheith sonraithe ar an lipéad. Mar shampla, féadfar ‘Tionscnamh: AE’ a úsáid nuair is ó ainmhithe a saolaíodh, a tógadh agus a maraíodh i mBallstáit AE éagsúla a tháinig an fheoil nó ‘Tógtha agus maraithe in: neamh-AE’.

Má bhíonn fiosrúchán ag duine den phobal maidir le táirge a thagann faoi na paraiméadair a leagtar amach thuas, ní mór dóibh teagmháil le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) ar 1890 33 66 77.

Is iad na comhlachtaí inniúla maidir le fiosrúcháin ná an ÚSBÉ, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an FSS, Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil agus Gníomhaireachtaí Stáit eile, ach is é an ÚSBÉ an príomhphointe teagmhála do thomhaltóirí

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg um Beartas Mairteola agus Bainne, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mairteola, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 607 2880
- Ríomhphost: **Origin.labelling@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/foodlabelling/meatlabelling/**

## Bainne

### Cuótaí Bainne

Cuireadh deiridh le scéim cuótaí bainne an AE an 31 Márta 2015 tar éis 31 bliain. Níl aon rialuithe maidir le bainistiú soláthair bhainne in Éirinn ó 2015 ar aghaidh. Socraíodh sprioc sa tuarascáil Fómhar Bia 2020 go méadódh an táirgeacht de bhainne ó 5bn lítear sa bhliain 2008/2009 go 7.5bn lítear sa bhliain 2029 agus tá baint amach an mhéadaithe seo mar cheann de lárspriocanna fáis 'Food Wise 2025' a tháinig ina dhiaidh.

### Comhpháirtíochtaí Feirme

Tháinig deireadh le bunús dlí na gComhpháirtíochtaí Táirgthe Bainne a bhí á n-oibriú ag Teagasc nuair a tháinig deireadh leis an gcóras cuótaí bainne i mí an Mhárta 2015. Tá clár nua bunaithe ag an Roinn, an Clár Comhpháirtíochtaí Bainne, a ghlacfaidh áit an Chláir Chomhpháirtíochtaí Táirgthe Bainne. Glactar leis i gcomhthéacs talmhaíochta in Éirinn go mbaineann éifeachtúlacht agus cothromaíocht oibre agus saoil feabhsaithe leis an gcomhpháirtíocht; gur bealach í chun plé le soghluaisteacht talún agus chun comharbas idirghlúine a éascú. Leathnaíodh raon feidhme an chláir nua chun go n-áireofaí na príomhfhiontair thalmhaíochta go léir ann.

Tá clárú sa chlár nua ina réamhriachtanas chun rochtain a fháil ar na scéimeanna tacaíochta atá dírithe ar fhorbairt na gcomhpháirtíochtaí feirme in Éirinn mar an Scéim Deontais Tacaíochta um Fheirmeoireacht Chomhoibritheach. Cinntíonn an Roinn go ndéanfar freastal ceart ar bhaill de na comhpháirtíochtaí cláraithe seo i bhfeidhmiú Scéimeanna Athchóirithe CAP nua mar TAMS, GLAS, ANC agus BPS.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg um Beartas Mairteola agus Bainne, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mairteola, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 607 2857
- Ríomhphost: **farmpartnerships@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/newfarmpartnershipregister**

## Sláinteachas Bainne – Seirbhís Faofa agus Cigireachta

Déanann an Rannóg Sláinteachais Bhainne agus an Rannóg Rialuithe & Deimhniú Déiríochta reachtaíocht an AE agus an reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm i leith oibreoirí gnó bia a bhfuil baint acu le bainne agus le táirgí bainne a fhaomhadh agus a mhaoirseacht. Cuirtear rialuithe i bhfeidhm le deimhniú go gcloífear leis na caighdeáin dlí a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht ó tháirgeadh ar an bhfeirm go déantúsaíocht agus stóráil.

Tá údarás ag foireann na Rannóige Rialuithe & Deimhnithe Déiríochta faoin reachtaíocht ábhartha chun bearta monatóireachta agus cur chun feidhme a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cigireachtaí, iniúchtaí agus sampláil táirgí le deimhniú go bhfuil an reachtaíocht á comhlíonadh. Deimhnítear táirgí déiríochta lena n-onnmhairiú go margaí tríú tíortha faoi na cláir rialuithe freisin.

## Táille Cigireachta Déiríochta

Faoin Acht Bainne (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979, beidh tobhach iníoctha ar bhainne a cheannófar lena phróiseáil. Is í aidhm an tobhaigh ná costas chóras cigireachta na Roinne san earnáil déiríochta a chumhdach. Ba é ráta an tobhaigh ná 0.1 cent in aghaidh an lítir nuair a cuireadh an cháipéis seo i gcló (Nollaig 2015).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Sláinteachais Bhainne agus Feola/ABP, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, R32 KW50.
- Fón: 057 8694355
- Ríomhphost: **dairyhygiene@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/foodsafetyconsumerissues/**



## Caoirigh

## Pórú Caorach

### Cláir Feabhsuithe Pór

Tá Sheep Ireland freagrach as pórú caorach. Thosaigh sé ag feidhmiú sa bhliain 2008 le maoiniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá struchtúr cinnteoireachta ann atá bunaithe san earnáil tionscail. Tá bunachar sonraí aige chun freastal ar riachtanais eolais na hearnála póraithe caorach agus na hearnála tionscail i gcoitinne. Tá struchtúir forbartha aige i leith póraithe caorach in Éirinn cosúil leo siúd atá forbartha ag ICBF i leith póraithe eallaigh. Déan teagmháil le **www.sheep.ie** le haghaidh tuilleadh eolais.

Tá cosc ar Inseamhnú Saorga agus Aistriú Suthanna i gcaoirigh ach amháin faoi cheadúnas arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin Ordú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Galar Crúb agus Béil) (Rialú ar Inseamhnú Saorga agus Aistriú Suthanna i gCaoirigh), 2001 (I.R. Uimh. 381 de 2001).

Ní fhéadfar ceadúnais chun inseamhnú saorga agus aistriú suthanna i gcaoirigh a dheonú ach amháin do thréidlianna.

### Ionaid Formheasta chun Seamhan Caorach a Bhailiú

Rialaítear ionaid bhailithe seamhain caorach faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil in Ainmhithe agus i Seamhan, Ubháin agus Suthanna Ainmhithe), 1997 (I.R. Uimh. 12 de 1996). Moltar dóibh siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar fhormheas a fháil i leith ionaid bhailithe seamhain chaorach a reáchtáil, dul i dteagmháil leis an Roinn ag an bhfíorthús chun eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta a fháil.

### Ionaid Formheasta chun Seamhan Caorach a Stóráil

Caithfear caighdeáin an AE a chomhlíonadh maidir le háitribh ina stóráiltear seamhan caorach agus ní mór go iad a bheith faoi mhaoirseacht bhuan tréidlia ionaid arna fhormheas ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Moltar dóibh siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar fhormheas i leith ionaid stórála seamhain caorach a reáchtáil, dul i dteagmháil leis an Roinn ag an bhfíorthús chun eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta a fháil.

### Tréadleabhar Caorach agus Gabhar Folaíochta

Is éard atá i dTréadleabhar nó aon leabhar, clár, comhad nó meán sonraí a choinníonn eagraíocht aitheanta agus ina ndéantar caoirigh nó gabhair a iontráil maille le sonraí ar a sinsir aitheanta. Rialaítear oibriú tréadleabhair faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tréadleabhar Caorach agus Gabhar Folaíochta), 1994 (I.R. Uimh. 16 de 1994).

Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ina hÚdarás Inniúil maidir le formheasanna a dheonú faoin reachtaíocht ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir fhormheasta go léir.

**Tá Foirmeacha Iarratais agus tuilleadh eolais ar an méid thuasluaite ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459.
- Fón: 049 4368293, Facs: 049 4361486
- Ríomhphost: **livbrsi@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding/**



## Conablaigh Chaorach a Aicmiú

I Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar amach na rialacha sonraithe ar chur i bhfeidhm deonach na scálaí Comhphobail maidir le conablaigh mart, muc agus caorach a aicmiú agus na praghsanna a mbaineann leo a thuairisciú.

Déantar na nithe seo a leanas a mheas chun conablaigh chaorach a aicmiú:

- Cruth (cruth agus forbairt matán an chonablaigh), cuirtear é seo in iúl leis na litreacha. Is é E an t-aicmiú is fear agus is é P an t-aicmiú is measa.;
- Saill: cuirtear méid na saille in iúl leis na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5 in ord méadaithe na saille.
  Tá scéim aicmithe conablach caorach i bhfeidhm ar bhunús deonach agus de réir chreat an AE bhformhór mór na monarchana maraithe caorach atá formheasta chun onnmhairiú a dhéanamh.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Pailliún A, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 K857.
- Fón: 057 8694407
- Ríomhphost: **livbrsi@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding/sheepandgoats/lambcarcaseclassification**

## Muca

## Pórú Muc

### Ionaid Formheasta chun Seamhan Mucúil a Bhailiú

Déantar ionaid bhailithe seamhain mhucúil faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil i Seamhan Mucúil – Sláinte Ainmhithe), 1993 (I.R. Uimh. 242 de 1993). Ní fhéadfar trádáil i seamhan mucúil a dhéanamh ach amháin de réir na Rialachán seo.

Moltar dóibh siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar fhormheas i leith ionaid stórála seamhain, dul i dteagmháil leis an Roinn ag an bhfíorthús chun eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta a fháil.

### Tréadleabhar Muc Folaíochta agus Clár Muc Hibrideach

Deonaítear formheas na Roinne chun tréadleabhar nó clár a choinneáil faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tréadleabhar agus Clár Muc Porúcháin), 1994 (I.R. Uimh. 151 de 1994).



**Tá Foirmeacha Iarratais agus tuilleadh eolais ar an méid thuasluaite ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459.
- Fón: 049 4368293, Facs: 049 4361486
- Ríomhphost: livbrsi@agriculture.gov.ie
- Láithreán gréasáin: www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding/

## Grádú Conablach Muc

Tá rialachán sonraithe ar chóras an AE i leith conablaigh muc a ghrádú leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Ní mór do mhonarchana maraithe muc ina maraítear, ar an meán, os cionn 200 muc in aghaidh na seachtaine, conablaigh mhuc a ghrádú de réir a gcion feola trua. Caithfear an grádú a dhéanamh de réir ceann de na modhanna atá formheasta ag Coimisiún an AE lena n-úsáid in Éirinn. Is é cuspóir an chórais ghrádaithe ná trédhearcacht ó thaobh praghsála agus íocaíocht chóir bunaithe ar chaighdeán conablach a éascú. Caithfidh oibreoir monarchan maraithe ráiteas a thabhairt do sholáthraithe muc ag léiriú, i leith gach muc, uimhir an chonablaigh, meáchan an chonablaigh, céatadán measta de chion na feola trua agus an praghas iomlán a íocadh.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg thíos:**
- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Pailliún A, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 K857.
- Fón: 057 8694407
- Ríomhphost: **livbrsi@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/pigs/pigbreeding/

## An Scéim um Salmonella Mucúil a Rialú

Is é cuspóir an chláir seo ná aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go mbeadh fadhbanna sláinte poiblí ag eascairt as muiceoil agus táirgí muiceola a chaitheamh a mhaolú. Cuireadh tús le clár nua an 1 Eanáir 2010 a chlúdaíonn gach gné den bhiashlabhra. Faoin gclár athchóirithe, a dtacaíonn an tOrdú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Salmonella i Muca a Rialú) 2009 leis, caithfidh plean rialaithe salmonella ar an bhfeirm a bheith ag gach táirgeoir muc a chur os cionn 200 muc lena marú ar fáil sa 12 mhí roimhe agus caithfidh siad an leitheadúlacht salmonella ina dtréad a fháil amach. Tá bearta eile i bhfeidhm i gcás tréada pórúcháin.

**Tá tuilleadh eolais ar na seirbhísí thuasluaite ar fáil ón Rannóg seo:**
- An Rannóg um Beartas Mairteola agus Bainne, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mairteola, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 607 2263
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/pigs/pigsalmonellacontrolprogramme/**

## Sláinteachas Feola

## An Beartas um Beostoc Glan

9

FForálann an Pacáiste Sláinteachais, a tháinig i bhfeidhm i ngach Ballstát den Chomhphobal Eorpach an 1 Eanáir 2006, na nithe seo leanas maidir le sláinteachas beostoic a chuirtear ar fáil lena marú:

### Rialachán (AE) Uimh. 852/2004
Caithfidh oibreoirí gnó bia a tháirgtear táirgí de bhunadh ainmhíoch bearta leordhóthanacha a dhéanamh, de réir mar is cuí agus an oiread agus is féidir, chun glaineacht a chinntiú i leith ainmhithe a chuirfear ar aghaidh lena marú agus, nuair is gá, i leith ainmhithe táirgthe.

### Rialachán (AE) Uimh. 853/2004
Caithfear go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag oibreoirí gnó bia a bhfuil seamlas á oibriú acu i leith ainmhithe a thabhairt isteach. Is gá go mbeidh sé seo bunaithe ar HACCP chun gur féidir leo a dheimhniú go mbeidh gach ainmhí nó, de réir mar is cuí, gach beart ainmhithe a nglacfar leo sa seamlas i riocht glan. I gcás nach gcomhlíonfar aon cheann de na riachtanais, ní mór don oibreoir fógra a thabhairt faoi sin don tréidlia oifigiúil agus na bearta cuí a ghlacadh.

### Rialachán (AE) Uimh. 854/2004
Is é an tréidlia oifigiúil a dhéanfaidh comhlíonadh a fhíorú maidir le dualgas an oibreora gnó bia faoi Rialachán (AE) Uimh. 853/2004: le cinntiú nach marófar ainmhithe lena gcaitheamh ag an duine sa chás go bhfuil fadhbanna craicinn acu a bhfuil riosca do-ghlactha ag baint leo go n-éilleofar an fheoil le linn a maraithe mura nglanfar iad roimh ré.

Éilíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar oibreoirí gnó bia a bhfuil seamlais á n-oibriú acu catagóiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

- Eallach ar féidir iad a mharú, nach mbaineann aon riosca do-ghlactha leo go n-éilleofar an fheoil le linn a marú má úsáidtear gnáthnósanna imeachta cóirithe na monarchan;
- Eallach nach féidir iad a mharú gan riosca do-ghlactha a bheith ann go n-éilleofar an fheoil le linn a marú, ach amháin má chuirtear rialuithe sláinteachais bhreise sainithe i bhfeidhm dá gcóiriú;
- Eallach mí-oiriúnach lena mharú mar gheall ar fhadhbanna craicinn. Níor cheart go gcuirfí eallach mar seo i láthair le haghaidh ante mortem agus tá an tOibreoir Gnó Bia (OGB) freagrach as an ngníomh feabhais is gá leis a dhéanamh i leith an eallaigh seo.

Tá na riachtanais maidir le buntáirgeoirí fógartha ag an Roinn le cinntiú go mbeidh na hainmhithe a chuirfear ar aghaidh lena marú i riocht glan chomh maith le treoir ina leith sin. San áireamh sa chur chuige seo, foilsítear tá ailt sna meáin feirmeoireachta, foilsítear bileoga eolais agus cuirtear coir phoist chuig táirgeoirí a bhféadfadh ainmhithe a sholáthar a ndearnadh iad a chatagóiriú mar ainmhí nár chomhlíon an leibhéal glaineachta ar gá leis.

## Reachtaíocht Sláinteachais Feola

Tá reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le sláinteachas bia agus beatha (an Pacáiste Sláinteachais) i bhfeidhm sna Ballstáit go léir ó 1 Eanáir 2006. Déanann an Pacáiste Sláinteachais reachtaíocht maidir le sláinteachas bia agus beatha a leasú agus a chomhdhlúthú chomh maith le reachtaíocht maidir le táirgí de bhunadh ainmhí a tháirgeadh, a rialú agus a mhargaíocht agus le saincheisteanna sláinte ainmhithe i leith tháirgeadh na dtáirgí sin.

Ba é an rud a spreag an Pacáiste Sláinteachais ná an riachtanas go gcinnteofaí ardleibhéil chosanta don tsláinte phoiblí maidir le táirgeadh bia. Simplíonn an pacáiste an raon de reachtaíocht chasta, a bhfuil cuid mhaith forluí ag baint léi, a cruthaíodh sa réimse seo le 30 bliain anuas nó mar sin. Is í an fhealsúnacht taobh thiar de ná gur cheart go mbeadh freagracht iomlán ar na táirgeoirí bia as sábháilteacht an bhia a tháirgeann siad.



Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sláinteachas Bia agus Beatha), 2005 (I.R. Uimh. 910 de 2005) tuilleadh éifeachta don Phacáiste Sláinteachais i nDlí na hÉireann. Tháinig Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sláinteachas Bia agus Beatha) 2009 (I.R. Uimh. 432 de 2009) in ionad na rialachán seo agus rinne siad nuashonrú orthu.

Éilíonn na rialacháin ar oibreoirí gnó bia ar bhuntáirgeoirí táirgí bia iad cur isteach ar chlárú agus is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an t-údarás cláraithe chun na críche seo.

## Bunaíochtaí Feola a Fhormheas

Ní mór d'oibreoir gnó bia ar mian leis nó léi gníomhaíocht ar gá formheas a fháil di, iarratas a chur chuig an údarás cláraithe cuí. Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an t-údarás cláraithe do bhunaíochtaí a bhfuil tréchur mór ag baint leo. Caithfidh bunaíocht a bheith formheasta ag údarás cláraithe sula bhféadfaidh sí marc sainaitheanta a úsáid ar a táirgí.

Déanann Seirbhís Cigireachta um Shláinte Phoiblí Tréidliachta na Roinne (VPHIS) maoirseacht ar bhunaíochtaí ina maraítear ainmhithe agus ina bpróiseáiltear táirgí feola, feoil mhionaithe agus ullmhóidí feola a bhfuil tréchur mór ag baint leo. Déanann an tSeirbhís seo cigireachtaí ar bhunaíochtaí chun a fhíorú go bhfuil an tOibreoir Gnó Bia ag comhlíonadh na reachtaíochta sláinteachais sula molfaidh sí don Roinn iad a fhormheas. Is cigireachtaí fíor-mhionsonraithe iad cigireachtaí Pacáiste Sláinteachais agus déantar iad sa bhreis ar an ngnáthmhonatóireacht agus na gnáthchigireachtaí sláinte poiblí ar cuid de shainchúram laethúil na Seirbhíse iad.

Déantar scrúdú eolaíoch ar fheoil agus ar tháirgí feola i Saotharlann Tréidliachta Rialaitheach um Shláinte Phoiblí na Roinne, Campas Bhacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH. Fón: 01-6157368

**Tá tuilleadh eolais ar an bpróiseas formheasta ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Sláinteachais Bhia, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Lárionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, R32 K857.
- Fón: 057 8694458
- Láithreán gréasáin: www.agriculture.gov.ie/foodsafetyconsumerissues/

## Éanlaith agus Uibheacha

### Gorlanna Éanlaithe agus Feirmeacha Soláthair Uibheacha Goir

Caithfidh ceadúnas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a bheith ag gach gorlann éanlaithe atá i mbun sicíní lae, éin turcaí nó lachain a tháirgeadh i gcomhair éin le hithe a chur ar fáil nó ealtaí breithe a athsholáthar. Ní féidir uibheacha goir a ghoradh i ngorlann éanlaithe ach amháin uibheacha a fhaightear de réir cead arna eisiúint ag an Roinn. Ní mór gur ó fhoinsí pórúcháin formheasta a fhaightear an stoc pórúcháin go léir ar fheirmeacha soláthair agus beidh siad faoi réir cigireachta agus tástála fola le cinntiú go bhfuil siad saor ó ghalar éanlaithe tromchúiseach. Ní mór go mbeidh formheas na Roinne ag gach gorlann éanlaithe agus feirm soláthair atá i mbun trádáil AE d'éanlaith bheo agus uibheacha goir. Caithfidh go ndéanfar cigireacht ar gach coinsíneacht atá le honnmhairiú agus go mbeidh an deimhniú sláinte ábhartha ag gabháil léi.



### Circeoil a Mhargaíocht

Caithfidh go mbeidh circeoil a mhargaítear san AE aicmithe mar aicme A nó aicme B de réir a cáilíochta agus go ndéanfar í a phacáil, a lipéadú, a iompar agus a chur i láthair lena díol de réir riachtanais na reachtaíochta náisiúnta agus reachtaíocht an AE a rialaíonn caighdeáin mhargaíochta le haghaidh éanlaithe. Ní mór go mbeidh cion an uisce ionsúite san éanlaith faoi bhun teorainneacha sonraithe. Féadfar circeoil a mhargaíocht mar 'saor-raoin', 'saothraithe faoi dhíon', 'saor-raoin thraidisiúnta' nó 'saor-raoin – saoirse iomlán', nó féadfar tagairt a áireamh maidir leis an gcandam beatha a úsáideadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar critéir áirithe. Is gá do tháirgeoirí agus do sheamlais ar mian leo na téarmaí seo a úsáid clárú leis an Roinn Talmhaíochta agus Mara agus taifid chuí a choinneáil a thiocfaidh faoi réir chigireachtaí oifigiúla na Roinne.

## Rialacháin maidir le Margaíocht Uibheacha

Caithfear uibheacha le hithe a mhargaítear ag leibhéal an mhiondíola san AE a bheith grádaithe de réir cáilíochtaí agus meáchain agus caithfear iad a phacáil, a lipéadú, a stóráil, a iompar agus a chur i láthair lena ndíol i gcomhréir le reachtaíocht an AE agus reachtaíocht náisiúnta maidir le caighdeáin mhargaíochta d'uibheacha.

Caithfear uibheacha a mhargaíocht agus a phacáil in ionad pacála uibheacha atá cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sanntar uimhir idirdhealaitheach do gach ionad pacála uibheacha agus éilítear orthu táille bhliantúil a íoc le haghaidh a chláraithe. Caithfear an modh feirmeoireachta a léiriú ar phacaí uibheacha agus caithfear 'dáta ar fearr roimhe' a bheith orthu. Is ionann an dáta seo agus 28 lá i ndiaidh a mbreithe ach is é an dáta ba dhéanaí ar cheart uibheacha a dhíol don tomhaltóir ná 21 lá i ndiaidh a mbreithe. Ní féidir uibheacha goir a dhíol le caitheamh ag an duine. Is féidir uibheacha a mhargaíocht mar 'cúbarnaí, 'saor-raoin', 'faoi dhíon' nó 'orgánach' ar choinníoll go gcomhlíonfar riachtanais ábhartha na reachtaíochta. Is gá do tháirgeoirí agus do phacálaithe ar mian leo na téarmaí seo a úsáid clárú leis an Roinn Talmhaíochta agus Mara agus an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh.

## Capaill

### Leabhar Graí Eachaí Folaíochta

Is ionann leabhar graí agus aon leabhar, clár, comhad nó meán sonraí a gcoinníonn eagraíocht aitheanta é agus ina gcláraítear eachaithe i dtaca lena sinsir aitheanta.
Tá oibriú leabhar graí á rialú faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Equidae a Shainaithint) 2014 I.R. Uimh. 207/2014 (arna leasú).

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an tÚdarás Inniúil chun formheasanna a dheonú faoin reachtaíocht seo, ar choinníoll go bhfuil na critéir fhormheasta comhlíonta ag an iarratasóir.



Tá liosta reatha na leabhar graí formheasta anseo: **www.agriculture.gov.ie/media/migration/farmingsectors/animalbreeding/approvedestablishmentsinthezootechnicialfield/ApprovedEquineStudBooks271115.doc**

**Tá Foirmeacha Iarratais agus tuilleadh eolais faoin méid thuasluaite ar fáil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459.
- Fón: 049 4368293, Facs: 049 4361486
- Ríomhphost: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding/**

Tá sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí atá formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun cáipéisí sainaitheantais d'eachaithe a eisiúint ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/horses/equineregistrationandpassports/**

### Clárú Capall

Leagann Rialachán an Choimisiúin Eorpaigh Uimh. 54/2008 amach an córas chun equidae a shainaithint agus tá sé ina cheangal ar Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh.

Tá sé de cheangal ar choimeádaithe capall, comhlachtaí eisiúna pasanna agus tréidlianna forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Éilíonn sé go ndéanfar gach eachaí a shainaithint go cuí laistigh de sé mhí de dháta a mbreithe nó faoi 31 Nollaig i mbliain féilire a mbreithe, cibé acu is túisce. Tá trí eilimint sa chóras sainaitheanta equidae:

- Pas eachaí;
- Micrishlis ionchlannaithe san eachaí ag tréidlia chun nasc aonchiallach a dhéanamh idir an pas agus an t-eachaí; agus
- Uimhir shaoil uathúil a shainiú don eachaí i mbunachar sonraí na heagraíochta eisiúna pas formheasta.

Ní mór go mbeidh an pas a eisíodh i leith an ainmhí a bheith ag gabháil leis an eachaí sin agus é á aistriú idir áitribh, seachas i gcás searrach diúil.

Coinníonn an Roinn bunachar sonraí ina bhfuil sonraí pasanna na n-eachaithe uile atá sainaitheanta ag na hEagraíochtaí Eisiúna Pasanna arna bhformheas ag an Aire.

Cuireann an reachtaíocht sainaitheanta eachaí leis na ceanglais i leith áitreabh a bhfuil eachaithe a gcoinneáil orthu a chlárú agus i gcás athrú úinéara eachaí, is gá fógra a chur chuig an Eagraíocht Eisiúna Pasanna a d'eisigh an pas.

Ní féidir eachaithe a mharú le hídiú ag duine mura bhfuil pas acu a chomhlíonann na riachtanais tréidliachta reatha.

**Tá sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí atá formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi láthair chun cáipéisí sainaitheantais a eisiúint d'eachaithe ar fáil ar:**

- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/horses/equineregistrationandpassports/**
- Le haghaidh fiosrúcháin faoin mbunachar sonraí, cuir ríomhphost chuig: **horseid@agriculture.gov.ie**
- Fón: 01 5058881



## Eachspórt Éireann

Is é Eachspórt Éireann an comhlacht a rialaíonn an tionscal eachspóirt agus tá sé freagrach as straitéísí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh tionscal eachspóirt na hÉireann chun iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear pórú agus gníomhaíochtaí spóirt agus fóillíochta. Coinníonn sé Clár Capall na hÉireann, a bhfuil Leabhar Graí Capall Spóirt na hÉireann agus Leabhar Graí Capall Tarraingthe na hÉireann ann. Tá ionadaithe ón gCónaidhm Eachaíochta Idirnáisiúnta, ó eagraíochtaí spóirt/fóillíochta agus ó Bhord na gCapall ar an mBord Stiúrthóirí Eachspórt Éireann. Ainmníonn an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt cathaoirleach neamhspleách i gcomhairle leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**Déan teagmháil le hEachspórt Éireann chun tuilleadh eolais a fháil:**

- Eachspórt Éireann, Beech House, Millennium Park, An Nás, Co. Chill Dara, W91 TK7N
- Fón: 045 850800
- Ríomhphost: info@horsesportireland.ie
- Láithreán gréasáin: www.horsesportireland.ie/about/contact-hsi/

## Bord na gCapall

Bunaíodh Comharchumann Bhord na gCapall Teo. sa bhliain 1993. Feidhmíonn sé mar fho-Bhord comhairleach laistigh d'Eachspórt Éireann le haghaidh saincheisteanna maidir le leabhar graí agus beartais pórúcháin.

**Déan teagmháil le Bord na gCapall le haghaidh foirmeacha iarratais nó le tuilleadh eolais a fháil:**

- Bord na gCapall, Beech House, Millennium Park, An Nás, Co. Chill Dara, W91 TK7N.
- Fón: 045 850800
- Ríomhphost: **ihb@ihb.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.irishsporthorse.com**

## An Tionscal Capall a Fhorbairt

Cuirtear deontas ar fáil d'eagraíochtaí eachaí le haghaidh tionscadal atá formheasta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, atá dírithe ar fheabhas a chur ar phórú eachaí ardchaighdeáin agus ar an mbonneagar ina bhfeidhmíonn earnálacha na gcapall folaíochta agus na gcapall neamhfholaíochta.

Dírítear cúnamh ar na nithe seo a leanas:

- Táirgeadh ardchaighdeáin de chapaill neamhfholaíochta – obair ar fhoirmliú innéacsanna géiniteacha le haghaidh staileanna, sampláil fola/tástáil DNA chun pórlíne a fhíorú, córais chláraithe eachaí a uasghrádú;
- Táirgeadh ardchaighdeáin de chapaill folaíochta – tionscnaimh sna réimsí oideachas, oiliúint agus cur chun cinn maidir le sláinte agus tógáil eachaí, bainistíocht graí, sábháilteacht, cothú agus pórú ardchaighdeáin;
- Taighde ar ghalair eachaí agus pórú agus costas caipitiúil foirgnimh agus trealaimh chun feabhas a chur ar na seirbhísí diagnóiseacha agus na fosheirbhísí a chuirtear ar fáil in Ionad Eachaí na hÉireann;
- Bailiú sonraí agus anailís orthu as a dtiocfaidh giniúint eolais chun tacú le feabhsuithe ar cháilíocht ghéiniteach san earnáil neamhfholaíochta. Tacaíocht do dheiseanna oideachais agus oiliúna chun freastal ar riachtanais iontrálaithe nua agus na ndaoine atá ag plé cheana féin leis an tionscal eachaí agus tionscail a bhaineann leis.

Tá eolas mionsonraithe ar scéimeanna eachaí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne **www.agriculture.gov.ie**

**FIs féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg seo:**

- An Rannóg Póraithe, Táirgthe agus Trádála Beostoic, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 D459.
- Fón: 049 4368293, Facs: 049 4361486
- Ríomhphost: **equine.infrastructures@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/horses/equinebreedingschemes**



10

# A Deich
## Sláinte & Leas Ainmhithe

## Galair Infhógartha

Foráiltear san Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 an bhunreachtaíocht do rialú agus díothú na ngalar ainmhithe. Caithfear na galair seo a leanas, má táthar in amhras fúthu nó má dheimhnítear iad, a fhógairt don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhréir leis an Acht nó leis na horduithe um Eitinn Bhólachta agus Brúsallóis.

### Ginearálta

Antrasc, Galar Gormtheanga, Brúsallóis sna hainmhithe athchogantacha agus mucra, Campalabaictéaróis, Liomfadainíteas Cáiseach, Agalaicse Ghabhálach, An Galar Crúibe agus Béil, Galar Johne, Plá na nAthchogantach Beag. Adanamatóis Scamhógach, Confadh, Heipitíteas Eansótach, Salmanallóis (ar Salmonella Enteriditis nó Salmonella Typhimurium is cúis léi nó lena mbaineann) Einceifealapaití Spúinseacha In-tarchurtha (ESIí)(seachas ESB/Scráibeach), Eitinn in ainmhithe athchogantacha.

### Eallach

Brúsallóis Bhólachta, Eitinn Bhólachta, Liúcóis Bhólachta, ESB, Plá na mBó (Rinderpest), Pliúrainiúmóine Gabhálach Bó-Ainmhí, Galar an Chnis Chnapánaigh, Péarsla.

### Muca

Fiabhras Afracach na Muc, Galar Aujeszky, Fiabhras Clasaiceach na Muc, Buinneach Eipidéimeach Mhucúil, Coróinvíreas Mucúil, Siondróm Atáirgthe agus Riospráide na Muc, Fliú Mucúil, Galar Saicíneach Muc, Einceifilimiailíteas Eintrivíreasach Mucúil (Galar Teschen), Gaistreintríteas Gabhálach, Stómaitíteas Saicíneach.

### Caoirigh

Mairfeacht Eansótach sna Caoirigh, Maedi Visna, Scráibeach, Bolgach Caorach, Galar Scrathach Caorach.

### Éanlaith

Ionfhabhtú Arizona, Fliú Éanúil (Lagphataigineach agus Ardphataigineach), Galar na gCearc (seachas Fliú Éanúil agus Galar Newcastle), Laraingeatraicéíteas Tógálach, Míceaplasmóis (ar Mycoplasma Gallisepticum, Mycoplasma Meleagridis nó Mycoplamsa Synovia is cúis léi nó lena mbaineann), Galar Newcastle, Siteacóis, Salmonella gallinarum agus pullorum, Rineatraicéíteas Turcaithe, galair ar Yersinia spp. Is cúis leo nó lena mbaineann.

### Capaill agus Eachaithe Eile

Tinneas Afracach Capall, Meitríteas Eachaí Gabhálach, Tinneas Cúpléla/Ionfhabhtú Trypanosoma equiperdum, Ainéime Thógálach Eachaí, Ionfhabhtú Pseudomonas mallei;(fothach), Artairíteas Víreasach Eachaí, Einceifealaimiailíteas Eachaí, Víreas Hendra, Pireaplasmóis Eachaí, Surra, Víreas na Níle Thiar.

### Gabhair

Airtríteas-Einceifealaíteas Víreasach Gabhar, Bolgach Gabhar.

### Fianna

Eipeasótach Fuilreatha.

### Beacha

Ciaróg Choirceoige Bheag, Fíneog Tropilaelaps, Galar Bréanlarbha Meiriceánach, Galar Bréanlarbha Eorpach.

## An Scéim Dhíothaithe Eitinne

Is bunriachtanas é rialú agus díothú faoi dheireadh thiar na hEitinne Bólachta d'fholláine agus forbairt ár dtáirgthe beostoic amach anseo, ar mhargaí onnmhairithe agus dúchais araon.

## Eitinn Bhólachta

Is galar ainsealach ardtógálach in eallaí í an Eitinn Bhólachta, arb iad na baill den choimpléasc Mycobacterium tuberculosis is cúis léi. Is féidir leis na míceabhaictéir sin bheith ina gcúis le haicíd in ainmhithe clóis agus fiáine eile agus i ndaoine freisin.

### Socruithe Reatha do Dhíothú na hEitinne Bólachta

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe den Scéim Dhíothaithe Bólachta:

- Tástáil bhliantúil (an tástáil "Chruinn") sa tréad bólachta náisiúnta don Eitinn;
- Tástáil breise straitéiseach leantach agus shaindírithe lena bhféadfaí a áireamh; tástáil breise na dtréad tadhlach do ráig Eitinne ardriosca agus úsáid na tástála fola in imthosca faoi leith;
- Baint mhear na bhfrithghníomhaithe chuig na monarchana feola, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag íoc as na bainte. B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach faoi imthosca áirithe ar chúiseanna leasa ainmhithe go gcoinneofaí ainmhithe ionlao nó loilíocha ar an ngabháltas in ionad leithlise ar feadh achair shainithe;
- Sna cásanna ina meastar é bheith iomchuí, agus go háirithe ar chúiseanna leasa gamhna, is amhlaidh a dhéanfaidh Cigireacht na Roinne socruithe d'eotanáis dhaonnúil na ngamhna is frithghníomhaithe mar a meastar luach tráchtála ar bith bheith leo, agus do bhaint an chonablaigh chuig cnioglann éigin, leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag íoc as an mbaint.
- Réimse beart cúitimh d'fheirmeoirí a mbaineann aicíd dá dtréad;
- Eipidéimeolaíocht agus aiseolas mionsonraithe d'fheirmeoirí;
- Clár taighde cuimsitheach leis an aidhm chun brath na mBó-Ainmhithe ionfhabhtaithe leis an Eitinn a bharrfheabhsú, laghdú tarchurtha ó bhuaibhigh agus chucu, laghdú um ghluaiseacht na mBó-Ainmhithe a fhéadann bheith ionfhabhtaithe le haird faoi leith ar chosc na gluaiseachta, ar cúis le srianadh tréada neamh-ionfhabhtaithe go nuige seo, forbairt tástálacha fola, uirlisí teicneolaíochta eile a theastaíonn chun éifeachtacht na gclár a fheabhsú agus chun leathadh na hEitinne trí mheán fiadhúlra a chosc.



Is ar fheirmeoirí a luíonn an fhreagracht as eagrú agus as íoc as an gcéad tástáil tréada gach bliain. Ina theannta sin, is ar na feirmeoirí a luíonn an phríomhfhreagracht as a chinntiú go nglactar gach beart is éigeantach chun a gcuid tréada féin a chosaint, agus tugtar spreagadh dóibh freisin chun cúnamh le hOifigí Tréidliachta Réigiúnacha (OTR) na Roinne i ngníomhaíochtaí taighde de réir más gá.

### Ceangaltais Tástála don Eitinn

Caithfear gach eallach ar an ngabháltas, beag beann ar úinéireacht, seachas gamhna faoi bhun sé seachtaine d'aois a rugadh ar an ngabháltas, a chur faoin tástáil bhliantúil. Is dócha go dtiocfaidh toirmeasc le gluaiseacht ainmhithe ón tréad chuig feirmeacha eile, marglanna, monarchana feola agus pointí onnmhairithe ó mhainneachtain chun tástála faoin dáta sonraithe agus laistigh den tréimhse ama éigeantach, agus más ábhartha, tarraingt siar deimhniú sláinte an tréada faoi na rialacháin um shláinteachas déiríochta. Féadtar smachtbhannaí agus pionóis eile a chur chun feidhme freisin.

Tá sé fíorthábhachtach nach ndáileann feirmeoirí cógais ar ainmhithe ón dáta a fhaightear fógairt tástála nó go mbeidh an tástáil críochnaithe, nach dtugann siad cead do chóireáil na n-ainmhithe úd. Féadann úsáid cógas cur isteach ar chruinneas na tástála Eitinne agus/nó baint na n-ainmhithe ionfhabhtaithe a mhoilliú, agus féadtar dá réir fad a chur le fadhbanna Eitinne i do thréadsa agus le hachar an tsrianta. Ba cheart go gcuirfí siar aon chóireáil neamhphráinneach, lena n-áireofaí gnáthdháileoga frith-heilminteacha/puchán, nó go mbeifear ar an eolas i leith toraidh thástála an ainmhí aonair. Sa chás go n-éiríonn saincheisteanna gaolmhara aníos lena n-áirítear cásanna ina meastar cógas bheith práinneach, ba cheart na nithe sin a phlé roimh ré leis an gCleachtóir Tréidliachta agus leis na OTR. Ní mór na frithghníomhaithe a bhaint laistigh de 30 lá óna nochtadh, is amhlaidh dá réir sa chás go gcuireann dáileadh cógais neamhphráinnigh moill le baint na bhfrithghníomhaithe a fhéadfar smachtbhannaí agus pionóis a chur chun feidhme.

Níor chóir riamh go n-ólfaí bainne amh neamhchóireáilte ó fhrithghníomhaithe ná ó fhrithghníomhaithe neamhchonclúideacha.

- Moltar go láidir nach mbaineann tú leas ná nach n-ólann tú bainne neamhphaistéartha i do bhaile tráth ar bith óir go mbaineann rioscaí tromchúiseacha sláinte leis nuair a bhíonn galar ag baint don tréad.
- Caithfear an bainne ó fhrithghníomhaithe, ó fhrithghníomhaithe neamhchonclúideacha agus ó ainmhithe le hairíonna na hEitinne a choinneáil siar láithreach bonn, agus gan é a chur leis an mbainne a sheoltar chun na huachtarlainne.
- Ná seachadtar an bainne ó fhuílleach na n-ainmhithe glana i dtréada srianta ach amháin chuig monarcha phróiseála mar a bhfaighidh sé teaschóireáil.
- Ná beathaítear gamhna ná ainmhithe eile leis an mbainne ó ainmhithe is frithghníomhaithe ná is frithghníomhaithe neamhchonclúideacha, ach is féidir an bainne sin a bheathú d'ainmhithe eile is frithghníomhaithe ar an bhfeirm.
- Caithfear an bainne ó ainmhithe is frithghníomhaithe nó is frithghníomhaithe neamhchonclúideacha a dhiúscairt go sábháilte agus caithfear taifead a choinneáil den chainníocht a táirgeadh, den dáta agus modh diúscartha.

10

### Cúiseanna le hionfhabhtú sna heallaí

- Análú an aeir atá éillithe ag ainmhithe atá ionfhabhtaithe cheana féin;
- Bia nó uisce éillithe a thomhailt;
- Gluaiseacht ainmhithe agus teagmháil le hainmhithe ionfhabhtaithe m.sh. thar fhálta;
- Comhroinnt an innealra idir feirmeacha (leantóirí eallaigh, leatóirí aoiligh/sciodair, srl.) nó saoráidí feirme (gabhlaigh);
- Úsáid leoraithe salacha chun ainmhithe a ghluaiseacht;
- Teagmháil le fomites éillithe eile;
- Is féidir leis an bhfiadhúlra, go háirithe na broic atá ionfhabhtaithe leis an Eitinn, bheith ina fhachtóir suntasach i marthanacht na heitinne bólachta i gceantair áirithe.

### Réamhchúraimí i gcoinne Ionfhabhtú Eitinne

- Fálú teorann ar imdhíonach i gcoinne stoic é bheith ann, agus b'fhearr go mbeadh sé leordhóthanach chun teagmháil chomhshrónach a chosc idir ainmhithe ó thréada comharsanacha;
- An teagmháil le tréada eile a sheachaint agus le stoc le stádas neamheolach;

- Cúram a chleachtadh i gceannach isteach eallaí, mionsonraí sainaitheanta, pas agus tástála ainmhithe a cheadú chun a chinntiú go mbaineann siad sin leis na hainmhithe atá tú ag tabhairt isteach i do thréadsa. A chinntiú nach gceadaítear ach d'eallach a tástáladh le déanaí isteach ar d'fheirmse chun meascadh le do stocsa; prionsabail ghinearálta na bithshlándála a leanúint faoi mar a mholtar ag Sláinte Ainmhithe Éireann;
- Úsáid trealaimh chonartha shalaigh a sheachaint m.sh. d'iompar eallaigh, leatóirí sciodair. Ba chóir go mbeadh gach trealamh den chineál glanta agus dífhabhtaithe roimh a n-úsáid.

Is féidir riosca an leata ón bhfiadhúlra a laghdú trí eallaí agus fiadhúlra ionfhabhtaithe a choinneáil ar shiúl óna chéile agus trí na bearta seo a leanas a chur chun feidhme

- Gach sruthchúrsa, lochán marbh, brocais, carn carta brocaisí agus limistéar leithrise na mbroc a imfhálú;
- Tracha ólta agus beathaithe a ardú os cionn 84 cm (32 orlach) in airde agus iad a shuíomh ar shiúl ó bhallaí/chlaíocha chun rochtain a chosc;
- Ná tugtar beathú láimhe d'eallaigh mar ar féidir le fianna é a chomhroinnt leo m.sh. sadhlas/féar tirim sna beathairí cruinne. Tugtar faoi deara gur féidir le broic nó fianna rochtain a fháil ar tracha mine, bloic/líreacáin mhianraí a chuirtear ar féarach nó a choinnítear sna páirceanna.
- Coinnigh na limistéir stórála beathaithe, na seideanna eallaigh agus na clóis iata ionas nach féidir leis an bhfiadhúlra dul isteach orthu;
- Ceadaigh na páirceanna go rialtas do chonablaigh bhroc agus go háirithe sula mbogtar eallach isteach ar fhéarach úr;
- Bí ar an airdeall i leith dearcthaí ar bhroic m.sh. isló. Féadann na broic bheith breoite leis an Eitinn - déan teagmháil le d'Oifig Tréidliachta Réigiúnach sa chás sin.

Is é an díothú an dea-fhreagra fadtéarmach d'fhadhb na hEitinne bólachta. Áirítear leis prionsabail an díothaithe an aicíd a aimsiú chomh luath agus is féidir, ainmhithe galracha nó ainmhithe nochta féideartha a choinneáil faoi ghéibheann chun leathadh aicíde a chosc agus chun an t-ionfhabhtú a dhíothú. Is féidir le hÉirinn dul i dtreo dhíothú na hEitinne Bólachta, le cur chuige comhordaithe iomchuí, in éineacht leis an teicneolaíocht nua.



### Réimeas Cúitimh do Dhíothú na hEitinne

### Coinníollacha Ginearálta lena Rialaítear Íoc an Chúitimh

- Is iad na príomhghnéithe den réimeas cúitimh reatha ná an Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm, an Scéim Forlíonta Ioncaim, an Scéim Deontais do Bhánú Tréada agus an Scéim Deontais Chruatain. Ní foláir don úinéir/choimeádaí roinnt coinníollacha incháilitheachta faoi gach scéim a shásamh chun is go gcáileoidís d'íocaíocht.
- Is ar choinníoll an chomhlíonta a bhraitheann an teidlíocht do chúiteamh le forálacha an Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 (arna nuashonrú) agus leis na Rialacháin um Shláinte agus Leas Ainmhithe (An Eitinn Bhólachta) 2015 (arna nuashonrú), leis an reachtaíocht um Leigheasanna Ainmhithe, leis na rialuithe gluaiseachta, sainaitheanta, bithshlándála agus aon rialuithe eile a leagtar síos faoi na Scéimeanna um Dhíothú Galar, lena n-áirítear an ceanglas gan cógas a thabhairt do na heallaí roimh an tástáil mura dteastaíonn sé go práinneach agus ceanglais agus rialuithe reachtúla eile náisiúnta/an AE i ndáil le Bá-Ainmhithe arna riaradh ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

- Féadann an tAire diúltú chun cúiteamh a íoc, ina pháirt nó ina iomláine, mar nach sásaíonn úinéir/coimeádaí na forálacha réamhluaite nó sa chás go mbíonn an tAire sásta gur mhainnigh an t-úinéir/coimeádaí chun comhoibriú leis na hOifigigh Údaraithe nó le Cigirí Tréidliachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus iad i mbun a gcuid dualgas faoi na Scéimeanna. Is amhlaidh i gcás duine éigin nach gcomhlíonann leis na forálacha faoi na rialacháin réamhluaite d'aonghnó nó de mhainneachtain; go mbeidh siad dlite dá bhfíneáil nó dá gcur chun príosúin.

Tá na híocaíochtaí cúitimh struchtúrtha chun tairbhe an úinéara/choimeádaí ar cúnamh é a chleachtadh feirmeoireacht do chosaint sláinte an tréada. Soláthraítear eolas fóinteach i Leabhrán na Roinne "Compensation arrangements for TB Eradication - Important Information for Herdowners/Keepers" i ndáil le ceanglais incháilitheachta, rátaí srl. den Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm, Forlíonadh Ioncaim, Deontas Bánaithe Tréada agus Deontas Cruatain. Tá an leabhrán ar fáil ach iarratas ón Oifig Tréidliachta Réigiúnach nó ar láithreán gréasáin na Roinne **www.agriculture.gov.ie**

Fiú amháin má tá an tréad glan ba cheart do gach úinéir/coimeádaí bheith láneolach ar théarmaí an réimis chúitimh Eitinne;

### Luacháil Margaidh ar an bhFeirm

Íoctar an cúiteamh d'eallaí a bhaintear mar fhrithghníomhaithe faoin Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm. Beidh luachanna iomlána an mhargaidh iníoctha faoin scéim sin, faoi réir na n-uasmhéideanna dá dtagraítear thíos mar ar cobhsaí iad na tréada (.i. níl siad ag feidhmiú mar lota beathaithe, tréad díomuan nó ceannaí) agus mar ar chloígh an t-úinéir/coimeádaí leis na ceangaltais dlíthiúla agus eile i ndáil leis na scéimeanna díothaithe galair agus le ceangaltais sainaitheanta/ clárúcháin agus cógais tréidliachta d'eallaí.

Is ionann, "Luach Margaidh" chun críche na luachálacha, agus an praghas coibhéiseach a d'fhéadfaí a fháil go réasúnta don ainmhí, tráth cinntiúcháin an chúitimh, ó cheannaitheoir ar an margadh oscailte murar bhain an Eitinn don ainmhní féin nó mura rabhthas á bhaint mar chuid de bhánú tréada faoin gclár díothaithe galair. Is mar a leagtar síos sa reachtaíocht ag an Aire iad na huasteorainneacha méid is iníoctha. (Féach príomhghnéithe thíos freisin).

10

Na frithghníomhaithe don Eitinn dár tugadh diagnóis mar BVB dearfach, rud a chuireann teorainn lena luach óir nach féidir iad a dhíol ar an margadh oscailte; ní bheidh siad incháilithe do chúiteamh i dteannta lena luach tarrthála/árachais. Ina theannta sin is amhlaidh a theastóidh toradh diúltach don víreas BVB ó aon ainmhí, a bhfuiltear ag feitheamh ar thoradh BVB go fóill, sula mbeidh siad incháilithe do luacháil iomlán margaidh. Nóta: Ní mór faoi dhlíthe an AE maidir le státchabhair nach n-íocfaí róchúiteamh le húinéirí tréada as caillteanais iarbhír ag éirí as baint eallaí mar fhrithghníomhaithe. Is amhlaidh dá réir nach foláir d'úinéirí tréada eolas a thabhairt don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith aon íocaíochtaí a fhaightear ón árachas príobháideach i dtaca le haon ainmhí a bhaintear mar fhrithghníomhaí. Sna cásanna ina ndéantar na híocaíochtaí úd, is amhlaidh a laghdófar an méid is iníoctha leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara dá réir.

Áirítear leis na príomhghnéithe den chóras luachála beo:

- Cuirtear na luachálacha laistigh de na hachair fhorordaithe agus trí thagairt a dhéanamh do na treoirlínte a dhréachtaíonn an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus a c(h)uid oifigeach;

- Bíonn feidhm le huasmhéid €2,800 (lena n-áirítear praghas tarrthála monarchan is iníoctha ag an monarcha agus aon íocaíocht a fuarthas faoi pholasaí árachais éigin) d'íocaíochtaí i ndáil le haon ainmhí amháin, seachas i ndáil le tarbh tréada ginealaigh amháin in aghaidh na feirme in aghaidh gach cliseadh, mar a mbíonn feidhm le huasmhéid €3,500 (lena n-áirítear praghas tarrthála monarchan is iníoctha ag an monarcha agus aon íocaíocht a fuarthas faoi pholasaí árachais éigin);
- Déantar luacháil na n-ainmhithe déiríochta a ríomh de réir mar is cuí trí thagairt do mheántál barúlach arna chinntiú ag an Roinn nó trí leas a bhaint as figiúirí taifeadta bainne. Tá sé tábhacht go dtugtar faoi deara nach mbíonn ach amháin na figiúirí taifeadta bainne arna soláthar ag Cónaidhm Pórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) inghlactha dá ríomh. Ní bhreithneofar iad sin ina theannta sin ach amháin mar a mbíonn an t-íoscheanglas arna leagan ag an Roinn ar fáil. Ní ghlacann an Roinn le figiúirí taifeadta bainne mar a dtosaítear an taifeadadh bainne tar éis fhógairt i leith srianadh gabháltais éigin;
- Sa chás nach nglacann an t-úinéir/coimeádaí tréada ná an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara leis an luacháil tosaigh, is féidir leo an luacháil a achomharc. Na húinéirí tréada ar mian leo achomharc a thabhairt i gcoinne na luachála sin; is féidir leo é sin a dhéanamh ach an fhoirm iomchuí a sheoladh ar ais chuig an Oifig Tréidliachta Réigiúnach laistigh de na tráthscálaí arna leagan síos i gcáipéisíocht na scéime;
- Is tar éis chomhlíonadh an phróisis luachála ar an bhfeirm (.i. an chéad luacháil nó achomharc), a bhaintear an frithghníomhaí/na frithghníomhaithe ó fheirmeacha ag an tSeirbhís Bhailithe Frithghníomhaithe;
- Mura dtagtar ar chomhaontú tar éis an achomhairc, is féidir an t-ábhar a tharchur, faoi réir shásamh an tráthscála a shonraítear i gcáipéisíocht na scéime, chuig Painéal Eadrána a mbeidh a chinneadh críochnaitheach agus ceangailteach ar an dá pháirtí;
- Is féidir leis an Roinn cinneadh a dhéanamh na gamhna nach mbaineann aon luach tráchtála leo a bhaint chuig cnioglann éigin de réir mar a mheastar bheith iomchuí;
- Beidh feidhm le pionóis ghrádaithe i leith na híocaíochta deiridh chúitimh a thugtar don úinéir/choimeádaí mar a gcuireann sé/sí moill go míréasúnta leis an luacháil agus/nó le baint na bhfrithghníomhaithe chomh maith le sáruithe eile de na rialacháin;
- Ba chóir go mb'fheasach d'úinéirí tréada go bhfuil toirmeasc le gluaiseacht aon ainmhí isteach ar ghabháltas srianta, seachas le cead scríofa na hOifige Tréidliachta Réigiúnaí agus de bhun ceada gluaiseachta.
- Moltar d'úinéirí tréada fiú amháin sa chás gur tugadh cead scríofa lena ligtear do ghluaiseacht ainmhithe isteach ar ghabháltas srianta éigin; ní bheidh na hainmhithe a thugtar isteach sa ghabháltas, cé is moite de roinnt eisceachtaí, incháilithe d'íocaíocht faoin Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm. Baineann na heisceachtaí is infheidhme - a chaithfear a chlúdach freisin le cead scríofa, ach mar ar féidir cúiteamh bheith iníoctha, faoi réir gach critéar ginearálta a shásamh; le gluaiseacht isteach ainmhithe sna catagóirí seo a leanas: (i) tabhairt isteach ta(i)rbh t(h)réada athsholáthair, (ii) gamhain diúil athsholáthair éigeandála, ainmhithe a ghluaistear isteach i dtréad nuabhunaithe de bhun an cheada ábhartha, cur ar fionraí ghluaiseacht ainmhithe isteach i dtréad comhthadhlach le tréad ardriosca ar feitheamh tástála, (v) cásanna inar tugadh faomhadh do ghluaiseacht abhaile chuig tréad srianta d'ainmhithe an fheirmeora féin le tástáil dhiúltach ó thréad tógála/innilte/beathaithe chun faoiseamh a thabhairt ar fhadhb leasa éigin nó chun í a chosc. Beidh feidhm le ceangaltas tástála breise i roinnt de na cásanna thuas, agus moltar amhlaidh chucu de réir mar is cuí.

- Nuair a thugtar cead d'fheirmeoirí chun ainmhithe a ghluaiseacht isteach le linn tréimhse shrianta, ba cheart go mb'fheasach dóibh go mbeidh siad neamh-incháilithe do na Scéimeanna Deontais Chruatain agus/nó Forlíonta Ioncaim de bharr ghluaiseacht isteach eallaí, lasmuigh d'eisceachtaí teoranta áirithe, agus ní féidir leo bheith i dteideal íocaíochta iomláine faoin Scéim um Dheontais Bhánaithe Tréada.

### Deontas Bánaithe Tréada

An t-úinéir/coimeádaí a mbánaítear a dtréadsan (ina iomláine nó cuid de) chun leasa rialú galair, féadann siad cáiliú do Dheontais Bhánaithe Tréada le linn na tréimhse sosa ar an gcuntar go bhfanann an gabháltas nó an chuid bhánaithe de saor ó bheostoc. Is iondúil go n-íoctar Deontais Bhánaithe Tréada i leith gach ainmhí a bhaintear mar chuid den bheart bánaithe tréada, agus as na hainmhithe úd a bhaintear mar fhrithghníomhaithe ó cuireadh srian leis an ngabháltas, ar an gcoinníoll go n-aontaíonn an t-úinéir/coimeádaí tréada don bhánú tréada ag an tráth a shonraítear leis an Oifig Tréidliachta Réigiúnach. Mura bhfaightear an comhaontú sin agus go dtarlaíonn an bánú tréada dá éis sin, is amhlaidh a eisítear an t-úinéir/coimeádaí tréada ó bheith incháilithe do Dheontais Bhánaithe Tréada i leith gach frithghníomhaí roimhe seo, i láthair na huaire agus amach anseo le linn na tréimhse srianta .i. ní íocfar Deontais Bhánaithe Tréada ach amháin i leith ainmhithe teagmhálacha a bhaintear tráth aon bhánaithe tréada dá éis sin. Ina theannta sin is amhlaidh nach iníoctha iad na Deontais Bhánaithe Tréada i leith ainmhithe (le heisceachtaí áirithe) a ghluaistear isteach sa ghabháltas le linn na tréimhse srianta. (Beidh sonraí iomlána ar fáil ón OTR). Breithneofar íoc deontais bhánaithe tréada i ndáil le hainmhí/hainmhithe ar tugadh cógas dóibh ó chás amháin dá chéile. Íoctar na Deontais Bhánaithe Tréada i ndáil le gach mí den tréimhse shosa arna sonrú ag an OTR. Leagtar amach thíos na rátaí uasta is iníoctha in aghaidh an ainmhí i gcomhair tréimhse 4 mhí trí chéile. Déanfar asbhaintí pro rata más lú an tréimhse shosa tar éis an bhánaithe tréada ná 4 mhí:

**Rátaí Deontais Bhánaithe Tréada don Eitinn:** Is iad seo a leanas na rátaí atá i bhfeidhm i láthair na huaire tráth clóbhuailte na cáipéise seo:

| Ainmhí | Cobhsaí | Tréada Ceannaithe, díomuana & is Lota Beathaithe mar seo a leanas Srianadh |
|---|---|---|
| | Ráta (€) | Ráta (€) |
| (i) Ba Déiríochta/Bodóga Ionlao/Tairbh Ghinealaigh > 12 mí | 228.52 | Nialas |
| (ii) Ba Eile / Bodóga Ionlao | 126.96 | Nialas |
| (iii) Ainmhithe Eile | 76.16 | Nialas |

### Forlíonadh Ioncaim

Is iníoctha Forlíonadh Ioncaim sna tréada cobhsaí i leith cásanna mar a dtagann baint níos mó ná 10% níos mó ná 10% d'ainmhithe i dtréad éigin mar thoradh ar ráig Eitinne, agus mar nach meastar an bánú tréada de bheith iomchuí. Baineann an íocaíocht le gach ainmhí a bhaintear mar fhrithghníomhaí ó thréad éigin le linn na tréimhse srianta ábhartha, **faoi réir uaslíon 100 ainmhí incháilithe d'íocaíocht.** Na mionsonraí de na bonnuimhreacha ainmhí as ar baineadh leas chun a chinntiú nuair a baineadh ní ba mhó ná 10% den tréad, agus na critéir lena gcinntítear an dáta incháilitheachta d'íocaíocht faoin scéim seo; leagtar amach iad sa cháipéis "Compensation arrangements for TB Eradication - Important Information for Herdowners/Keepers".

Ní bhíonn úinéir tréada incháilithe d'Fhorlíonadh Ioncaim le héifeacht ón dáta a ghluaistear eallaí (le heisceachtaí áirithe) isteach ar an ngabháltas le linn na tréimhse srianta, (fiú amháin mar ar thug na Oifig Tréidliachta Réigiúnach cead don ghluaiseacht úd). Tá sé tábhachtach go dtugtar faoi deara go bhfuil toirmeasc le gluaiseacht aon ainmhí isteach ar ghabháltas srianta, seachas le cead scríofa na hOifige Tréidliachta Réigiúnaí agus de bhun ceada gluaiseachta, de réir mar is iomchuí. Sa chás gur cinntíodh an incháilitheacht d'íocaíocht sular gluaiseadh na hainmhithe isteach, tiocfaidh íoc an Fhorlíonta Ioncaim chun críche d'fhuílleach na tréimhse srianta ón dáta gluaiseachta isteach sa tréad. Breithneofar íoc an deontais Fhorlíonta Ioncaim i ndáil le hainmhí/hainmhithe ar tugadh cógas dóibh ó chás amháin go chéile, ach ní bheidh sé iníoctha ar feadh aon tréimhse fada i gcás choinneáil na n-ainmhithe ar an bhfeirm nó go mbeidh an tréimhse aistarraingthe imithe in éag.

### Tiocfaidh an Incháilitheacht d'Fhorlíonadh Ioncaim chun críche freisin i gcás:

- Mainneachtain an úinéara/choimeádaí chun comhoibriú le Cigirí Tréidliachta nó le hOifigigh Údaraithe agus a gcuid dualgas á ndéanamh faoi na Scéimeanna Díothaithe Galar, lena n-áirítear moilleanna um thástáil;
- Measann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara bánú (iomlán nó páirtbhánú) an tréada bheith iomchuí;
- Díshrianadh an ghabháltais (nó níos luaithe má chuirtear moill leis an díshrianadh mar thoradh ar chóireáil an fhrithghníomhaí le cógas tréidliachta).

Is iad seo a leanas na rátaí míosúla atá i bhfeidhm in aghaidh an ainmhí i láthair na huaire:
Rátaí Míosúla Forlíonta Ioncaim

**Rátaí Míosúla Forlíonta Ioncaim**

| Ainmhí | Cobhsaí | Tréada Ceannaithe, díomuana agus is Lota Beathaithe tar éis srianta |
|---|---|---|
| | **Ráta (€)** | **Ráta (€)** |
| (i) Ba Eile | 38.09 | Nialas |
| (ii) Ba Déiríochta & Ainmhithe Eile | 25.39 | Nialas |

10

**Nóta:**

- Greamaítear coinníollacha sonracha do cháiliú i gcomhair íocaíochta Forlíonta Ioncaim agus scoir di. Is amhlaidh go sonrach a bhaineann an íocaíocht le míonna iomlána faoi riaráistí. Ní eiseofar an íocaíocht pro rata i ndáil le haon chuid d'fhuílleach míosa a tharlaíonn ag deireadh na tréimhse incháilitheachta. Ní féidir an íocaíocht a dhéanamh mar a mainníonn an t-úinéir tréada chun an atástáil d'Fhrithghníomhaí laistigh den tráth sonraithe.

### Deontas Cruatain

Téann an tréimhse incháilitheachta do Dheontas Cruatain idir 1 Samhain agus 30 Aibreán gach bliain. Tá an Scéim deartha chun faoiseamh a thabhairt do na deacrachtaí costas ag roinnt úinéirí/coimeádaithe tréada mar a mbaineann srianadh lena ngabháltais de bhun atástála tréada agus mar a gcoinnítear agus mar a mbeathaítear ainmhithe le linn na dtréimhsí srianta. Féadfar feidhm bheith le roinnt eisceachtaí do riail na hatástála tréada, agus imlínítear i gcáipéisíocht na scéime iad. Caitheann úinéirí/coimeádaithe tréada incháilithe féideartha roinnt coinníollacha sonracha a shásamh, lena n-áirítear ceangaltas (i) nach mbíonn aon ioncam ó dhíolacháin bhainne acu agus (ii) nach mbíonn aon ioncam lasmuigh den fheirm acu. Ina theannta sin is amhlaidh arb í an riail ghinearálta mar ar gluaiseadh ainmhithe (le roinnt eisceachtaí sonracha) isteach ar ghabháltas éigin le linn tréimhse srianta, go dtiocfaidh deireadh le hincháilitheacht d'fháil na ndeontas cruatain d'fhuílleach na tréimhse srianta. Is ó chás amháin dá chéile a bhreithneofar íocaíocht an Deontais Chruatain i ndáil hainmhí/hainmhithe a choinnítear ar an ngabháltas mar thoradh ar a gcóireáil le cógas éigin. Féadfar íocaíocht suas le €250.00 in aghaidh na míosa a sholáthar leis an Deontas d'úinéirí/coimeádaithe incháilithe ar feadh tréimhse nach sáraíonn 4 mhí laistigh den tréimhse idir 1 Samhain agus 30 Aibreán.

Is faoi na húinéirí/coimeádaithe féideartha incháilithe chun a chinntiú go bhfaigheann siad agus go dtéann siad i dtaithí ar an gcáipéis téarmaí agus coinníollacha ábhartha agus ar an bhfoirm iarratais **ER97**. Eisíonn an OTD an cháipéis téarmaí agus coinníollacha, fógra tábhachtach agus foirm iarratais **ER97** d'úinéirí/choimeádaithe incháilithe féideartha. Bíonn soláthairtí cáipéisíochta ábhartha ar fáil ag na hOTDí. **Is faoin úinéir/gcoimeádaí chun iarratas a dhéanamh ar Dheontas Cruatain.**



### Seirbhís Bhailithe Frithghníomhaithe

Eochair-choinníoll d'incháilitheacht i gcomhair íocaíochta cúitimh is ea go gcaitear gach frithghníomhaí a bhaint láithreach bonn chuig a marú trí mheán shocrú tairiseana na Seirbhíse Bailithe Frithghníomhaithe/Monarchan Feola amháin, nó i gcás gamhna faoi leith, trí bhaint an chonablaigh chuig Cnioglann mar a measann an Roinn é sin bheith éigeantach. Mar a meastar an bánú tréada bheith iomchuí agus go gcomhaontaíonn an t-úinéir/coimeádaí chun an tréad a bhánú, is amhlaidh a chaitear an tréad a bhaint ina iomláine chuig a mharú go pras, i gcomhairle leis an OTR.

### Ilghnéitheach

- Teastaíonn uimhir thagartha cánach (PPS) roimh aon íocaíocht a eisítear ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Teastaíonn Teastas Imréitigh Chánach má sháraíonn an íocaíocht/na híocaíochtaí cúitimh €10,000 laistigh de thréimhse 12 mhí;
- Braitheann an teidlíocht d'íoc an chúitimh ar chomhlíonadh le forálacha an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 (arna nuashonrú), na Rialacháin um Shláinte agus Leas Ainmhithe (Eitinn Bhólachta) 2015 (arna nuashonrú), an reachtaíocht um Leigheasanna d'Ainmhithe, le

rialuithe gluaiseachta, sainaitheanta, bithshlándála agus eile arna leagan síos faoi na Scéimeanna Díothaithe Galar, lena n-áirítear an ceangaltas gan cógas a thabhairt d'eallach roimh an tástáil mura dteastaíonn sé go práinneach agus riachtanas agus rialuithe reachtúla náisiúnta/an AE eile a bhaineann le Bó-Ainmhithe arna riaradh ag an Aire, Bia agus Mara.

- Féadann an tAire diúltú d'íoc cúitimh, ina iomláine nó cuid de, sa chás nach sásaíonn úinéir/coimeádaí na forálacha réamhluaite nó sa chás go mbíonn an tAire sásta gur mhainnigh an t-úinéir/coimeádaí chun comhoibriú leis na hoifigigh údaraithe nó le Cigirí Tréidliachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus iad i mbun a gcuid dualgas faoi na Scéimeanna. Is amhlaidh i gcás duine éigin nach gcomhlíonann leis na forálacha faoi na rialacháin réamhluaite d'aonghnó nó de mhainneachtain; go mbeidh siad dlite dá bhfíneáil nó dá gcur chun príosúin.
- I gcomhréir leis na spriocanna íocaíochta d'Íocaíochtaí Díreacha le feirmeoirí arna gcomhaontú faoi Chairt um Chearta na bhFeirmeoirí, is iondúil go n-íocfar an cúiteamh Eitinne laistigh de 3 seachtaine ó dháta fála na cáipéisíochta cúltaca riachtanaí ón úinéir/gcoimeádaí agus ón monarcha fheola. Mionsonraítear an cháipéisíocht cúltaca riachtanach d'íocaíocht luachála sa Leabhrán "Socruithe Cúitimh don Scéim Dhíothaithe Eitinne - Eolas Tábhachtach do Thréadúinéirí/Choimeádaithe";
- Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a íocfaidh cúiteamh i gcomhréir leis na forálacha den réimeas cúitimh agus le spriocanna íocaíochta sonraithe. Ní bhaineann sé sin an bonn den úinéir/choimeádaí ná ní chuireann sé amhras orthu i ndáil le haon achomharc. Eiseofar an méid riachtanach mar íocaíocht ar leithligh i gcás achomhairc rathúil;
- Déantar na socruithe agus na rátaí cúitimh a choigeartú ó thráth go chéile i gcomhairle leis na heagrais fheirmeoireachta. Ba cheart aon fhiosrú i ndáil le cúrsaí cúitimh a dhíriú ar an OTR iomchuí sa chéad ásc.

**Is féidir teacht ar a thuilleadh faisnéise maidir le Scéim Dhíothaithe an Ghalair Eitinne Bólachta a fháil ó:**

- An Rannán ERAD, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Campas Bhacastúin, Ascaill Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- (Féach Aguisín 1A i gcomhair Uimhreacha teagmhála don Rannán ERAD)
- Oifigí Tréidliachta Réigiúnacha (OTRí) na Roinne.
  (Féach Aguisín 1B i gcomhair liosta iomlán na nOTRí)
- Fón: 01 5058600
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/diseasecontrol/bovinetberadicationscheme/**

10

## Galair Ainmhithe Eile

### An Bhrúsallóis Bhólachta agus An Liúcóis Bhuaibheach Eansótach

Táthar tar éis an Bhrúsallóis Bhólacht agus an Liúcóis Bhuaibheach Eansótach (LBE) a dhíothú d'Éirinn. Oibríonn an Roinn Scéim Monatóireachta ámh lena mbaineann bailiú samplaí éagsúla ag an marú. Déantar na samplaí a anailísiú i gcomhair roinnt galar agus ceadaítear léi don mhonatóireacht mar chruthúnas den tsaoirse náisiúnta ó ghalar éigin, go háirithe don Bhrúsallóis agus don LBE, agus déantar tástáil leantach ar an bhfeirm i gcás torthaí amhrasacha. Cuireadh an riachtanas i gcomhair tástála Brúsallóise réamhghluaiseachta ar fionraí ó 28 Meán Fómhair 2015.

Óir go bhfanann an Bhrúsallóis sna buaibhigh ina ghalar infhógartha go fóill, bíonn oibleagáid ann chun gach forlao sna heallaí a thuairisciú chuig Oifig Tréidliachta Réigiúnach (OTR) áitiúil na Roinne (féach liosta na nOTRí ag Aguisín 1B) agus is ann d'oibleagáid freisin chun na féatais sin, má bhíonn siad ar fáil, a thaisceadh dá dtástáil don Bhrúsallóis chuig Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach na Roinne agus/nó chun an t-ainmhí ar ar tháinig an forlao a shampláil don Bhrúsallóis chomh luath agus is féidir le do Chleachtóir Tréidliachta.

### Galar Aujeszky agus Clár Díothaithe (Muca)

Ghnóthaigh Éire stádas oifigiúil saor ó Aujeszky i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2012. Baineann tairbhe nach beag le díothú oifigiúil Ghalar Aujeszky ó na tréada muc náisiúnta don earnáil muc ina hiomláine in Éirinn trí aitheantas a thabhairt do chaighdeán sláinte an tréada náisiúnta, trí chosaint ár rochtana ar mhargaí onnmhairiúcháin agus trí cheadú d'Éirinn chun deiseanna margaidh nua a dhúshaothrú. Déantar an faireachas ar bhonn bliantúil chun stádas saor ó ghalar na hÉireann a chothabháil.

### Fliú na nÉan

### Clárú Gabháltas agus Suíomhanna ar a gcoinnítear Éanlaith Clóis nó Éin faoi Ghéibheann:

Cothabhálann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara taifead lárnach de gach gabháltas nó suíomh ar a gcoinnítear éanlaith clóis nó éin faoi ghéibheann. Is mar chuid lárnach de phleanáil theagmhasach na Roinne don fhliú éanúil í an fhaisnéis úd. Is ceanglas reachtúil é do gach gabháltas agus suíomh ar a gcoinnítear éanlaith clóis nó éin faoi ghéibheann, chun is go mbeidís cláraithe leis an Roinn.

Mura bhfuil d'áitreabh cláraithe cheana féin leis an Roinn, agus más dócha go bhfuil tú i láthair na huaire nó go mbeidh tú amach anseo:

- I d'úinéir nó i do cheannaí éanlaithe clóis nó éan eile faoi ghéibheann (ar nós piasún, colúr, éan spórtúil nó andúchasach nach peataí i mbailte daoine iad), nó
- Ag coinneáil éanlaithe clóis (fiú féin líon beag sicíní, cearc, turcaithe, lachan nó géanna do do thomhailt féin nó dá dtomhailt go háitiúil); ní foláir duit de réir an dlí chun clárú leis an Roinn. Ba chóir go dtabharfadh na húinéirí éanlaithe faoi deara go bhféadfaidís bheith faoi dhliteanas ionchúisimh de réir na Rialachán dá mainneoidís chun clárú.

**Is féidir leat clárú ach foirm iarratas PR1 a chomhlánú (ar fáil ag oifig áitiúil na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara) (féach liosta ag Aguisín 1B)**

- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalwelfare /registrationofpremisesanimals/**
- Ba cheart go seolfaí na hiarratais chomhlánaithe ar ais chuig oifig áitiúil na Roinne is gaire duit.

### Gormtheanga

Is galar é an gormtheanga a bhaineann do gach athchogantach - eallaí, caoirigh, fianna, gabhair agus ainmhithe andúchasacha eile nach iad lena n-áirítear camaill, lámaí srl. Víreas is cúis leis arbh iad na míoltóga géara a leathann é, agus nach féidir é a thraiseoladh go nádúrtha trí theagmháil dhíreach ná indíreach idir ainmhithe. Bíonn na míoltóga a leathann an t-ionfhabhtú gníomhach idir

míonna Aibreáin agus Dheireadh Fómhair in Éirinn agus faightear timpeall feirmeacha go coitianta iad. Tarlaíonn buaiclíon na míoltóg ag deireadh an tsamhraidh agus isteach san fhómhar, agus is ag an tráth sin a fheictear an chuid is mó den ghormtheanga.

Is í an phríomhéifeacht léi gurb ise is cúis le galar géar agus marfach ar uairibh (lena n-áirítear teanga ghorm de bharr chur fola) sna caoirigh agus sna gabhair, agus ní hiondúil go mbíonn an t-eallach breoite leis, cé gur taisce iad dó. Féadann cásanna ainsealacha bás a fháil laistigh de 305 seachtaine ó ionfhabhtuithe baictéaracha tánaisteacha nó d'fhéadfaidís bheith go fada ag teacht chun bisigh le caillteanas fionnaidh nó olla, moilliú fáis nó aimrideacht ag baint dóibh. Féadtar biseach iomlán a fheiceáil i gcásanna measartha.

Fanann Éire saor ón nGormtheanga amhail mí an Mheithimh 2015. Bhunófaí criosanna rialaithe i gcás ráige den ghalar; agus chuirfí srianadh le gluaiseacht ainmhithe. Níltear ag tuar le marú forleathan ainmhithe. Meastar an vacsaíniú mar an bealach gnímh iomchuí i gcás ráige.

Tá coinníollacha allmhairithe i bhfeidhm i leith ainmhithe soghabhálacha ó limistéir faoi shrianta don ghormtheanga, agus ní cheadaítear iad ach amháin faoi choinníollacha sainithe an AE.

Is galar infhógartha é an gormtheanga agus caithfear aon chás amhrasach a thuairisciú láithreach bonn chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is féidir teacht ar a thuilleadh faisnéise i leith Gormtheanga ar láithreán gréasáin na Roinne ag **agriculture.gov.ie/bluetongue/**

### Einceifealapaite Spúinseach Bhólachta (ESB)

Is aicíd í an ESB a bhaineann don eallach, le nasc féideartha ann idir é féin agus an galar marfach daonra, athraitheach Ghalar Creuztfeld-Jakob (aGCJ). Ba é an bealach traiseolta príomha san eallach aige go stairiúil ná trí thomhailt an bheathaithe, ina bhfuarthas nó a bhí éillithe leis an min feola agus cnámh (MFC) ó chonablaigh na n-ainmhithe ionfhabhtaithe. Ní féidir an ESB a dheimhniú ach amháin trí scrúdú iarbháis ar an inchinn. Áirítear leis na comharthaí cliniciúla fianaise na himní agus na heagla, siúl neamhghnách, crúbáil na talún nó lí leanúnach na sróine, tál bainne laghdaithe, buile nó fogha. Is comhsheasmhach iad rialuithe ESB na hÉireann leis na ceanglais dlíthiúla agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, agus aithnítear iad de bheith diaghabhálach agus éifeachtach. Tá líon na gcásanna ESB tar éis laghdú ón mbuaic 333 thiar sa bhliain 2002 chuig 1 sa bhliain 2013, cás ar bith sa bhliain 2014 agus 1 cás amháin sa chéad leath den bhliain 2015.

Scriosann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hainmhithe ina mbítear amhrasach faoin ESB, agus cuirtear srian le tréada ar feitheamh toradh an scrúdaithe iarbháis. Oibríonn an Roinn réimeas páirtbhánaithe tréada lena mbaineann baint na gcohórt (arna sainiú i reachtaíocht an AE) agus sliocht na n-ainmhithe, agus íoctar cúiteamh ag luach an mhargaidh.

Ó mhí an Mhárta 2013 i leith is amhlaidh nach foláir d'Éirinn a thuilleadh chun buaibhigh mharaithe sláintiúla a thástáil os cionn 72 mí d'aois. Níl ann do cheanglas ach amháin chun na gcatagóirí ainmhithe seo a leanas a thástáil:

1. Taismigh os cionn 48 mí d'aois.
2. Ainmhithe a mharaítear mar bheart éigeandála ar an bhfeirm os cionn 48 mí d'aois.
3. Ainmhithe a thiteann ar lár ar an bhfeirm os cionn 48 mí d'aois.
4. Ainmhithe allmhairithe os cionn 30 mí d'aois ón Rómáin, ón mBulgáir agus ón gCróit.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- Rannóg ESI, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163437
- Ríomhphost: **TSEpaymentsJC@agriculture.gov.ie**

### Scráibeach

Is galar caorach í an scráibeach arb í an mhacasamhail do na galair den chineál BSE. Is cuibheasach íseal é teagmhas na Scráibí in Éirinn, le claonadh ó thaobh na tíreolaíochta de san oirdheisceart léi. Is in-tarchurtha go cothrománach í an scráibeach, neamhchosúil leis an BSE, go háirithe tráth breithe na n-uan.

### Bearta Rialaithe agus Díothaithe

Is amhlaidh ón mbliain 2004 i leith mar a nochtar cásanna den Scráibeach chlasaiceach go n-eagraíonn an Roinn géinitíopáil an tréada agus páirtbhánú na gcaorach is soghabhálaí don Scráibeach i gcomhréir le forbairt réimis chomhchuibhithe ag leibhéal an AE. Is iad na príomhghnéithe atá leis:

### Faireachas Gníomhach

Déantar clár tástála cuimsitheach don ghalar ag na seamlais agus ag na cnioglanna.

### Faireachas Éighníomhach

Tástáil don ghalar mar a mbíonn úinéir an tréada nó Oifigeach Tréidliachta in amhras faoi chás éigin.



### Tréada Ionfhabhtaithe

Déantar na tréada ionfhabhtaithe a ghéinitíopáil agus diúscraítear na hainmhithe soghabhálacha díobh. Ní foláir do na húinéirí tréada dá éis sin gan ach ainmhithe frithsheasmhacha i gcoinne na Scráibí a phórú agus tagann siad faoi réir éagsúlachta srianta, arna leagan síos go léir ag reachtaíocht an AE. Áirítear le pacáiste scráibí na Roinne an ghéinitíopáil shaor in aisce, cúiteamh ar luach an mhargaidh d'ainmhithe soghabhálacha nach foláir a dhiúscairt, agus íocaíocht chruatain ar fiú€84 í in aghaidh na caorach póraithe.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- Rannóg ESI, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163437
- Ríomhphost: **TSEpaymentsJC@agriculture.gov.ie**

### An Clár Géinitíopála Náisiúnta (CGN)(Scéim Shaorálach)

Tugann an CGN cúnamh d'úinéirí tréada chun caoirigh phóraithe a roghnú ar lú a leochaileachta i gcoinne na Scráibí. Is iad Seirbhísí Comhairleacha Tréidliachta SAC an tsaotharlann tráchtála atá formheasta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mar chun seirbhís tástála fola a sholáthar do bhreithniú ghéinitíopa na gcaorach.

Déanann úinéir tréada iarratas don Roinn chun caoirigh a ghéinitíopáil chun rannpháirt a ghlacadh sa CGN, agus ainmnítear Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach (CTP) chun samplaí fola a thógáil. Ginfear Foirm Saotharlainne ina bhfaighfear mionsonraí i ndáil le húinéir an tréada, an CTP ainmnithe agus clib-uimhreacha na gcaorach le tástáil, agus eiseofar í don CTP ainmnithe. Is iad Seirbhísí Comhairleacha Tréidliachta SAC a iontrálann mionsonraí gach toradh ina aonar ar chóras CGN na Roinne. Eisíonn an Roinn Teastas CGN ansin d'úinéir an tréada, ina sloinntear géinitíopa gach caora a tástáladh.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- Rannóg ESI, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 PN52.
- Eolas faoin gClár Géinitíopála Náisiúnta Fón: 053 9163437
- Ríomhphost: **TSEpaymentsJC@agriculture.gov.ie**

### Liúcóis

Dearbhaíodh Éire bheith saor go hoifigiúil ón liúcóis amhail 3 Márta 1993 tar éis bhabhta náisiúnta tástálacha a rinneadh thiar sna blianta 1991/1992. Bunaítear le Cinneadh an Choimisiúin 1999/465/CE an 13 Iúil 1999 (IO L81 1999, leathanach 32) stádas oifigiúil saor ón liúcóis bhólachta eansótach do thréad bó-ainmhithe na hÉireann. Déantar an faireachas ar bhonn bliantúil chun stádas saor ó ghalar na hÉireann a chothabháil.

### Leith Uisce

Eisíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara réamhaisnéis do theagmhas na leithe uisce gach fómhar, a nuashonraítear de réir mar is gá. Ba cheart go gcloífeadh úinéirí tréada leis an gcomhairle a thugtar.



### Galar Scrathach Caorach

Tagann an galar scrathach caorach faoi réir rialuithe de réir na Rialachán (Fógairt agus Rialú Galar Ainmhithe) 2014 I.R. Uimh. 110 de 2014. Is sna rialacháin úid a fhoráiltear go gcaitheann duine ar bith le hainmhí buailte ina s(h)eilbh an méid sin a fhógairt dá (h)Oifig Tréidliachta Dúiche áitiúil. Féadann an Roinn tréad a shrianadh ar feadh achair ama tar éis fháil na fógartha.

### Péarsla

Nochtar na péarslaí mar mheallta ag teacht aníos ar dhroim na n-eallaí ó lár mhí Feabhra nó go dtagann an chuileog astu idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh. Caitheann na húinéirí tréada aon inmhíolú a fhógairt agus ní féidir leo eallach inmíolaithe a ghluaiseacht gan teastas cóireála. Ní raibh aon fhianaise de na péarslaí sa tréad dúchais le blianta beaga anuas, ach is féidir teacht orthu in eallach allmhairithe, agus féadtar a leathadh teacht dá bharr sin óna dteastóidh cóireáil i gceantar éigin. Is cosaint don tréad é an t-allmhairiú freagrach: ach ó fhoinse chreidiúnach amháin agus cuirtear d'Oifig Tréidliachta Dúiche ar an eolas i leith aon allmhairithe ceaptha.

## Sláinte Ainmhithe Éireann (SAÉ)

Bunaíodh Sláinte Ainmhithe Éireann (SAÉ) thiar sa bhliain 2009 agus is cuideachta phríobháideach í faoi theorainn ráthaíochta. Is aonán dlíthiúil í lena Bord Stiúrthóirí féin, tar éis di bheith corpraithe mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Cistítear SAÉ ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara suas chuig uasmhéid faoi réir cistí comhfhreagracha ó gheallsealbhóirí an tionscail. Is éard is aidhm léi ná chun caighdeáin sláinte ainmhithe a fheabhsú trí chur chuige comhordaitheach náisiúnta lena n-áirítear beartú tosaíochta do thionscadail taighde agus dul i mbun clár gnímh. Tugann SAÉ aghaidh i láthair na huaire ar roinnt riochtaí/galar ag a mbíonn tionchair dhiúltacha ar tháirgeadh, idir ag leibhéal na feirme agus go náisiúnta lena n-áirítear Buinneach Víreasach Bhólachta (BVB), Galar Johne, Rineatraicéíteas Tógálach Buaibheach (RTB), agus Áirimh Cheall Sómach.

### Buinneach Víreasach Bhólachta (BVB)

Chuir SAÉ tús le clár díothaithe saorálach don Bhuinneach Víreasach Bhólachta (BVB) thiar i mí Eanáir na bliana 2012. Tháinig clár éigeantach ina dhiaidh sin, ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2013. Leagtar amach an bunús reachtúil reatha dó sin san I.R. Uimh. 118 de 2014, agus ní foláir do gach ainmhí fúithi a bheirtear tar éis 1 Eanáir 2013 bheith tástáilte don víreas BVB Is iondúil go ndéantar an tástáil trí mheán clibe fíocháin ar féidir í a thaisceadh le roinnt saotharlann ainmnithe lena hanailísiú. Tá liosta de na saotharlanna ainmnithe ar fáil ar láithreán gréasáin Shláinte Ainmhithe Éireann ag **www.animalhealthireland.ie**

Ní foláir faoin gclár go mbaintear gach ainmhí le hIonfhabhtú Seasmhach (IS) den tréad agus go gcuirtear máithreacha na nISí faoi thástáil ionas go mbunófaí nó go ndeimhneofaí a gcuid stádais. Is ionann an ráta comhlíonta chun tástáil i gcomhair láithreacht na BVB agus beagnach 100%. Bíonn cúiteamh ar fáil d'fheirmeoirí a dhiúscraíonn a gcuid ainmhithe le hionfahbhtú seasmhach laistigh de na hachair ama comhaontaithe. Is féidir ainmhithe le hionfhabhtú seasmhach a dhiúscairt go dlíthiúil trí chnioglann áirithe nó go díreach chun a maraithe .i. ní trí dhíolachán le hidirghabhálaí. Tugadh isteach a thuilleadh beart sa bhliain 2015 lenar áiríodh fógairt do thréada comhthadhlacha ionas gur féidir leo bearta réamhchúramacha a ghlacadh agus srianta gluaiseachta amach as agus trí thréada le hionfhabhtuithe seasmhacha, chun díothú an ghalair sin a luathú. Féach láithreán gréasáin na Roinne i gcomhair a thuilleadh sonraí: **www.agriculture.gov.ie animalhealthwelfare/diseasecontrol/bovineviraldiarrhoeaBVD/**



## Rialú gabhála agus gluaiseachta na Dramhaíola Lónadóireachta Idirnáisiúnta

Áirítear leis an reachtaíocht lena rialaítear baint agus diúscairt na Dramhaíola Lónadóireachta Idirnáisiúnta (DLI) Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1069/2009; Rialachán an Choimisiúin (AE) Uimh. 142/2011; An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 (Uimhir 15 den bhliain 2013) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fo-Tháirgí Ainmhithe) 2014 (I.R. Uimh. 187/2014)

Is foinse fhéideartha an riosca don tsláinte phoiblí agus ainmhithe iad na fo-tháirgí ainmhithe (FTA) nach bhfuil ceaptha dá dtomhailt ag daoine. Léiríodh sna ráigeanna den ghalar crúibe agus béil (GCB) seo caite an tionchar a bhí ag úsáid neamhrialaithe na bhfo-tháirgí ainmhithe ar

shláinte ainmhithe. Tá toirmeasc docht i bhfeidhm don dramhaíl lónadóireachta, mar chatagóir sainithe FTA, mar bheathú do speicis ainmhithe feirme. Baineann riosca ar leith leis an DLI agus ní mór rialuithe leordhóthanacha bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go ndiúscraítear an DLI nuair a ghabhtar agus nuair a ghluaistear in Éirinn í ar bhealach lena n-íoslaghdaítear an riosca don tsláinte phoiblí agus ainmhithe. Is faoi Airteagal 23 den Rialachán (CE) 1069/2009 nach foláir d'oibreoirí i mbun láimhseáil nó iompar FTA lena n-áirítear DLI a bheith cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus a bheith údaraithe chun DLI a ghabháil nó chun í a ghluaiseacht.

Na hOifigigh atá údaraithe faoin Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013(Uimh. 15 de 2013); bíonn cumhachtaí acu freisin faoin Ordú um Ghalair Ainmhithe (Beathú agus Úsáid Scodalaigh), 1985 (IR. Uimh. 153/1985), faoin Ordú um Ghalair Ainmhithe (Beathú agus Úsáid Scodalaigh) (Leasú) , 1987 (I.R. Uimh. 133/1987) agus faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 agus Ordú (Toirmeasc ar Úsáid an Scodalaigh), 2001 (I.R. Uimh. 597/2001) chun na rialuithe agus an forghníomhú a fheidhmiú chun gabháil agus diúscairt na DLI a chinntiú i gcomhréir leis na rialacháin thuasluaite.

**Déan teagmháil leo seo i gcomhair a thuilleadh eolais:**

- Fo-Tháirgí Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Teach Grattan, Ionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 8694316
- Ríomhphost: **animalbyproducts@agriculture.gov.ie**

## Scéim Fóirdheontais d'Ainmhithe Tite ar Lár le hESTScéim Fóirdheontais d'Ainmhithe Tite ar Lár le hEST

Cinntítear leis an Scéim Fóirdheontais d'Ainmhithe Tite ar Lár le hEST nach foláir do bhuaibhigh a thiteann ar lár os cionn 48 mí d'aois, bheith tástáilte don ESB i gcomhréir le reachtaíocht an AE, go ndiúscraítear iad i gcomhréir le rialacháin sláinte ainmhithe agus poiblí agus comhshaoil.



Foráiltear leis an scéim do bhailiú agus scriosadh fóirdheontais na mbuaibheach os cionn 48 mí. Caitheann na monarchana Idirmheánacha Chatagóir 2 (cnioglanna) ina dtairgtear an tseirbhís sin d'fheirmeoirí formheas a fháil i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fo-Tháirgí Ainmhithe), 2014 (I.R. Uimh. 187/2014).

Baintear leas as monarchana rindreála Chatagóir 1 do chostais rindreála agus diúscartha na n-eallach tite os cionn 48 mí. Cumhdaítear na costais ina n-iomláine leis an Scéim agus bíonn uaschostas €54.03, CBL san áireamh, iníoctha ag an bhfeirmeoir.

Is cion é chun ainmhithe marbha a chur i dtalamh feirme, cé is moite de chásanna i gcomhréir le ceadúnas arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is gníomh ríthábhachtach í tástáil na n-ainmhithe tite ar lár os cionn 48 mí d'aois, agus ní mór d'fheirmeoirí teagmháil a dhéanamh le cnioglann laistigh de 24 uair ó bhás ainmhí éigin chun a chinntiú nach meathlaíonn an conablach chomh fada sin agus nach féidir sampla ESB a thógáil go

furasta. Ba chóir go gcoinneofaí taifead d'am agus dáta na fógartha i leith an bháis don chnioglann. Caitear na conablaigh atá ag fanacht ar a mbailiú a choinneáil sa chaoi nach féidir le hainmhithe clóis, lena n-áirítear beostoc feirmeoireachta agus ainmhithe fiáine, rochtain a fháil orthu. Féadann mainneachtain chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh éirí ina hionchúiseamh faoi I.R. Uimh. 187 de 2014.

Caitheann pas an ainmhí agus NBAS 31D comhlánaithe agus sínithe a bheith ar fáil agus a thabhairt do bhailitheoir an ainmhí nuair a bhaintear an conablach den fheirm. Mura mbíonn an pas don ainmhí marbh ar fáil, is amhlaidh ansin a chaithfear cead FAL1 a iarraidh ón Oifig Tréidliachta Réigiúnach sula mbailítear an conablach féin. Seolfar an cead sin i bhfoirm facs go díreach chuig an gcnioglann.

Tá liosta de na cnioglanna formheasta ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/fallenanimals/**

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- Rannóg na Scéime Fóirdheontais EST d'Ainmhithe Tite ar Lár, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 PN52.
- Fón: 053 9163437
- Ríomhphost: **TSEpaymentsJC@agriculture.gov.ie**

## Fo-tháirgí Ainmhithe

Is coirp iomlána nó codanna d'ainmhithe nó táirgí de bhunús ainmhithe iad na Fo-Tháirgí Ainmhithe (FTA) nach bhfuil ceaptha don tomhailt dhaonna. Rialaítear diúscairt na FTA go mór chun an tsláinte dhaonna agus sláinte ainmhithe araon a chosaint. Leagtar amach na príomhcheanglais dlíthiúla i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, ina Rialachán forfheidhmiúcháin (AE) Uimh. 142/2011 agus i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fo-Tháirgí Ainmhithe) 2014 (I.R. Uimh. 187/2014).



Caithfear cead a fháil faoin Rialachán sin ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair an chuid is mó de na hoibríochtaí ina bpléitear le FTA. Áirítear leis na gníomhaíochtaí úd oibriú:

- Monarchan rindreála;
- Monarchan múirín;
- Monarchan bithgháis;
- Cnioglann;
- Monarchan bia do pheataí;
- Stóras olla agus craicinn;
- Monarchan idirmheánach;
- Stóras mine feola agus cnámh;
- Stóras bailiúcháin;
- Iompair FTA;
- Beathú feola ó ainmhithe tite ar lár le cúnna nó le hainmhithe fionnaidh.

**Is féidir a thuilleadh mionsonraí agus foirmeacha iarratais d'fhormheas faoi na rialacháin FTA a fháil ó:**

- Rannán Sláinteachais Bhainne agus Feola/FTA/EST, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Ionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 KW50.
- Fón: 0761 064440, Facs: 057 8694386;
- Ríomhphost: **animalbyproducts@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/animalbyproducts/**

## Cógais Tréidliachta agus Rialúcháin Iarmhar

### Ginearálta

Is í An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a mhaoirsíonn agus a fhorfheidhmíonn roinnt rialúchán i ndáil le cógais agus iarmhair thréidliachta chun an tsláinte phoiblí agus sláinte agus leas ainmhithe a chosaint freisin. Is mar seo a leanas í an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme;

- Rialacháin (Leigheasanna Ainmhithe)(Uimh. 2) na gComhphobal Eorpach 2007 (I.R. Uimh. 786/2007)
- Rialacháin (Rialú Leigheasanna Ainmhithe agus a nIarmhar) na gComhphobal Eorpach 2009 (I.R. Uimh. 183/2009);
- Rialacháin (Rialú Leigheasanna Ainmhithe agus Ábhair Bheatha le Leigheas Iontu) na gComhphobal Eorpach 1994 (I.R. Uimh. 176/1994);
- Rialacháin um Rialú na Vacsaíní d'Ainmhithe 2014 (I.R. Uimh. 193/2014)

### Ceadúnú na gCógas Tréidliachta

Ní féidir ach amháin cógais tréidliachta (.i. Leigheasanna ainmhithe, lena n-áirítear vacsaíní) le ceadúnas do mhargadh na hÉireann a allmhairiú, a dhíol ná a úsáid ar ainmhithe; bíonn feidhm leis an gceanglas sin d'ainmhithe 'óna dtáirgítear bia' agus do pheataí nó ainmhithe fóillíochta araon. Is féidir ceadúnais bhailí do mhargadh na hÉireann a eisiúint ó:

- An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) – is é an tÚdarás atá tar éis ceadúnú a thabhairt do mhórchuid na gcógas tréidliachta a údaraítear ar mhargadh na hÉireann – féach **(www.hpra.ie)** i gcomhair a thuilleadh eolais i leith seirbhísí ÚRTS nó cuir glao ar (01) 6764971;
- An Coimisiún Eorpach/An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach – bíonn na ceadúnais sin bailí i ngach aon Bhallstát de chuid an AE; féach **www.ema.europa.eu** i gcomhair a thuilleadh eolais;
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara – is í reachtaíocht an AE a chumasaíonn an Roinn chun ceadúnais eisceachtúla a eisiúint in imthosca teoranta, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha sláinte agus fulaingthe sna hainmhithe.

Ina theannta sin, is amhlaidh a thagann allmhairiú agus úsáid vacsaíní áirithe faoi réir ceadúnaithe shonraigh chun an tréad náisiúnta a chosaint ó aicídí áirithe.

### Leithdháileadh Tráchtála na gCógas Tréidliachta

Bíonn leithdháileadh tráchtála na gcógas tréidliachta teoranta d'ionaid cheadúnaithe (.i. Mórdhíoltóirí agus miondíoltóirí ceadúnaithe – Ceannaithe Ceadúnaithe), chomh maith leis na cleachtais tréidliachta ag soláthar dá gcliaint agus dá gcógaslanna féin arna bhformheas ag Cumann Cógaiseoirí na hÉireann. Ina theannta sin is amhlaidh a fhéadann ionaid chláraithe (díoltóirí Cógais do Mheas-Ainmhithe) roinnt cógas a dhíol i leith ainmhithe is peataí. Cinntítear an catagóir cógais a fhéadann gach ionad a sholáthar tríd an srianadh a chuirtear ar an táirge tráth an cheadúnaithe (bealach an tsoláthair); taispeántar na bealaí ainmnithe soláthair sin ar phacáistíocht na dtáirgí. Ní féidir cógais tréidliachta a fhoinsiú ach amháin ó ionaid údaraithe.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh eolais ar cheadúnú áitreabh:**
- Fón: 01 5058662 nó 01 5058665 (Mórdhíol) nó 01 5058668 nó 01 5058669 (Miondíol)

**Déan teagmháil leis an uimhir seo a leanas i leith shaincheist na gceadúnas eisceachtúil agus allmhairiú vacsaíní áirithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara:**
- Fón: 01 5058662

**I gcomhair eolais faoin bPost-díol, Díol ar Iarratas agus Ceadúnais Idirlín, a bheidh infheidhmithe do shealbhóirí ceadúnais Mhiondíola/Cheannaí, déan teagmháil le:**
- Fón: 01 5058668 nó 01 5058669

**Is féidir leat d'fhiosrú a sheoladh i scríbhinn mar mhalairt rogha chuig:**
- An Rannóg Cógas Tréidliachta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Campas Bhacastúin, Ascaill Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH.

**Bíonn eolas ginearálta, lena n-áirítear 'Ceisteanna Coitianta" ar fáil freisin ag:**
- **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/veterinarymedicinesresidues/informationforfarmersaboutanimalremedies/**



### Ábhair Bheatha le Leigheas Iontu

Tagann déantúsaíocht, leithdháileadh agus díolachán na n-ábhar beatha le leigheas iontu agus táirgí idirmheánacha faoi réir ceadúnaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna Ainmhithe agus Ábhair Bheatha le Leigheas Iontu), 1994. Toirmisctear úsáid na n-ábhar beatha le leigheas iontu seachas faoi théarmaí agus i gcomhréir le treoir scríofa tréidliachta arna heisiúint ag cleachtóir tréidliachta cláraithe. Caitheann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) nó an Coimisiún Eorpach, An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach na réamh-mheascáin le leigheas iontu a údarú.

**Déan teagmháil leo seo i gcomhair a thuilleadh eolais:**
- An Rannóg Cógas Tréidliachta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Campas Bhacastúin, Ascaill Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058662 nó 01 5058665
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/feedingstuffs/animalhealth/**

### Iarmhair

Is chun fíorú go gcomhlíonann feirmeoirí agus próiseálaithe (.i. Oibreoirí Gnó Bia) lena n-oibleagáidí faoi Dhlí Bia an AE agus faoin Reachtaíocht um Shláinteachas chun tomhaltóirí a chosaint ó iarmhair, a fhorfheidhmíonn an Roinn Plean Iarmhair Náisiúnta cuimsitheach. Is faoin bPlean a thástáiltear samplaí d'iarmhair na dtáirgí toirmiscthe (ar nós hormón spreagtha fáis) cógais cheadúnaithe (is iondúil go dtagann siad aníos mar a dtéann ainmhithe isteach sa slabhra bia roimh éag na tréimhse aistarraingthe forordaithe don chógas lena mbaineann), nó éilleáin chomhshaoil. Cumhdaíonn an Plean Iarmhair aon speiceas déag óna dtáirgítear bia (lena n-áirítear an t-uisceshaothrú). Tógadh agus tástáladh tuairim 18,000 sampla go bliantúil ag saotharlanna formheasta oifigiúla i gcomhair 18 grúpáil iarmhair. Leantar de gach toradh dearfach le fiosrúchán ar an bhfeirm bhunaidh sa tsúil chun na bearta forghníomhaithe éigeantacha a ghlacadh lenar féidir ionchúiseamh sna Cúirteanna a áireamh (féach pionóis thíos).

Tá réimeas reachtúil-bhunaithe mar chomhlánú don tástáil oifigiúil, nach foláir do phróiseálaithe príomhúla bearta monatóireachta iarmhar a fhorfheidhmiú faoi. Is éigeantach faoin réimeas sin, lena mbaineann taisceadh bliantúil pleananna iarmhair aonair lena bhfaomhadh ag an Roinn, do phróiseálaithe chun soláthróirí a chur faoi mhonatóireacht i bhfad níos déine a dtástálann a n-ainmhithe nó a dtáirgí ainmhithe go dearfach. Tagann an réimeas féinmhonatóireacht faoi réir scrúdúcháin na Roinne.

**Déan teagmháil leo seo i gcomhair a thuilleadh eolais:**

- An Rannóg Cógas Tréidliachta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Campas Bhacastúin, Ascaill Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058659
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/veterinarymedicinesresidues/**

### Meabhrúchán d'Fheirmeoirí

Meabhraítear d'fheirmeoirí gan úsáid a bhaint ach amháin as cógais údaraithe amháin agus gan iad a úsáid ach amháin faoi mar a shonraítear ar lipéadú táirgí. Meabhraítear d'fheirmeoirí freisin faoin ngá chun comhlíonadh leis na tréimhsí aistarraingthe iar-chóireála a shonraítear ar lipéadú táirgí agus chun Taifead Leigheasanna d'Ainmhithe i leith gach leigheas ainmhí a choinneáil ag teacht chun na feirme lena dtabhairt d'ainmhithe óna dtáirgítear bia. Leagtar amach thíos formáid an taifid: 10

| Mionsonraí ceannacháin/fáltais | | | |
|---|---|---|---|
| Cainníocht | Ainm údaraithe an leighis d'ainmhithe | Dáta fála | Ainm agus seoladh an tSoláthróra |

| Mionsonraí riaracháin/caiteachais | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta Riaracháin | Ainm údaraithe agus cainníocht an leighis a tugadh d'ainmhithe | Aitheantas an ainmhí dá dtugtar an leigheas ainmhí lena n-áirítear Uimh. Chlib Chluaise más iomchuí | Dáta éagtha na tréimhse aistarraingthe | Ainm an duine a thug an Leigheas Ainmhí | Ainm an Chleachtóra Tréidliachta a scríobhann an t-oideas (más infheidhmithe) | Cainníochtaí leigheasanna neamhúsáidte nó éagtha ar tugadh ar ais iad |

Is féidir formáid an Taifid Leigheasanna d'Ainmhithe a íoslódáil ó:
**www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/veterinarymedicinesresidues/**

### Pionóis

Is féidir leis na Cúirteanna pionóis a ghearradh as sáruithe na reachtaíochta a fhorchuirtear i leith dhíol, sheilbh agus úsáid leigheasanna ainmhí neamhúdaraithe; is féidir le duine bheith ciontach i gcion a thoirmeasc ó ainmhithe nó leigheasanna ainmhithe a choinneáil. Cuimsíonn na pionóis idir fhíneáil Aicme A agus/nó príosúnacht 6 mhí do dhuine atá ciontach arna n-ionchúiseamh go hachomair chuig uasmhéid d'fhíneáil €500,000 agus/nó príosúnacht 3 bliana i leith chiontú arna ndíotáil. I dteannta leis an mbeart breithiúnach, bíonn na feirmeoirí a sháraíonn an reachtaíocht dlite do leagan pionós orthu dá mBun-Íocaíocht Feirme faoi Rialacha Tras-Chomhlíonta an AE.

## Formheas agus Clárú Ceannaithe

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Formheas agus Clárú Cheannaithe Bó-Ainmhithe agus Mucra) 2007 (I.R. Uimh. 151 de 2007) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Formheas agus Clárú Cheannaithe na nAinmhithe Caorach) 2008 (I.R. Uimh. 100 de 2008), ní foláir do gach ceannaí a cheannaíonn agus a dhíolann ainmhithe bheith cláraithe.

I gcás an eallaigh agus na muc, sainítear ceannaí mar dhuine éigin a cheannaíonn agus a dhíolann le duine éigin eile, laistigh de thréimhse 30 lá. Eiseofar an té a cheannaíonn agus a athdhíolann laistigh de 30 lá, níos lú ná 100 eallach laistigh d'achar 12 mí ar bith, ó na ceanglais dá bhformheas mar cheannaí.

I gcás na gcaorach, sainítear ceannaí mar dhuine éigin a cheannaíonn agus a dhíolann le duine éigin eile, laistigh de thréimhse 29 lá. Is amhlaidh cosúil leis sin a eiseofar an té a cheannaíonn agus a athdhíolann laistigh de 29 lá, níos lú ná 100 caorach laistigh d'achar 12 mí ar bith, ó na ceanglais dá bhformheas mar cheannaí.

Caitheann gach ceannaí a fhostaítear formheas agus clárú a fháil ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní cheadaítear do dhuine éigin ainmhí a cheannach/shealbhú/fhoinsiú ó cheannaí éigin ná ainmhí a dhíol/sholáthar/dhiúscairt do cheannaí éigin mura mbíonn an ceannaí formheasta, cláraithe agus i seilbh uimhreach formheasta reatha faoin reachtaíocht réamhluaite. Ina theannta sin is amhlaidh a chaitheann áitreabh bheith ag ceannaí éigin má bhíonn siad ag tionól/coinneáil ainmhithe, a formheasadh chun na críche sonraí sin.



Beidh feidhm leis na díolúintí seo a leanas áfach:

- Duine éigin a chónaíonn lasmuigh den Stát, a cheannaíonn ainmhithe laistigh den Stát ar a gcuntas féin;
- Duine éigin a roghnaíonn nó a dhéanann tairiscint d'ainmhithe (ar bhunús coimisiúin nó in aghaidh an ainmhí) thar ceann daoine eile go heisiach (m.sh. ceannaithe, monarchana nó daoine aonair) ach nach gceannaíonn agus nach n-íocann as na hainmhithe; eisítear iad ón sainiú de cheannaí agus is amhlaidh dá réir nach gá dóibh bheith formheasta mar cheannaí.

Teastaíonn ón reachtaíocht go gcomhlíonann na daoine úd a chláraíonn mar cheannaithe le gach socrú i ndáil leis leas agus iompar ainmhithe, le caighdeáin agus le cothabháil áitreabh, coinneáil taifead agus comhlíonadh le nósanna imeachta d'fhógairt agus tástáil galar ag ainmhithe.

Caitheann gach ceannaí iarratas scríofa a dhéanamh i gcomhair formheasta agus cláraithe mar cheannaí i ndáil le gach áitreabh as a mbaintear leas dá n-oibríochtaí ceannaíochta. Déanfar an t-iarratas/na hiarratais scríofa chuig an Oifig Tréidliachta Réigiúnach (OTR) is gaire de chuid na Roinne ina mbíonn na háitribh suite, féach liosta OTRí ag Aguisín 1B. Más ionann an t-iarratas agus formheas mar cheannaí gan áitreabh, ba cheart an t-iarratas scríofa a dhéanamh chuig an Oifig Tréidliachta Dúiche sa chontae ina gcónaíonn an ceannaí nó ina ndéanann siad an chuid is mó dá n-oibríochtaí ceannaíochta.

## Rialacháin lena Rialaítear Díol Ainmhithe ag Marglanna Beostoic

Rialacháin an tAcht um Marglanna Beostoic, 1967 (Dáta Tástála agus Sainaithint Díoltóra) 2002 (I.R. Uimh. 188 de 2002) a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2002. Teastaíonn ón reachtaíocht go gcuireann gach marglann ar taispeáint trí mheán scáileáin leictreonaigh an t-eolas seo a leanas, nuair a tharlaíonn díol an ainmhí ag marglann éigin:

- Ainm, sloinne agus seoladh an úinéara agus an duine ina gcláraítear an tréad óna bhfuiltear ag tairiscint an ainmhí le díol;
- Nuair a tástáladh na hainmhithe do cheachtar den Eitinn Bhólachta agus den Bhrúsallóis Bhólachta nó dóibh araon faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Uimh. 6 de 1966);
- Ráiteas chun na críche sin mar a gcuirtear ainmhí i láthair díola ag ceannaí ná ar a sonsan.

Caitheann an t-eolas sin bheith inléite go soiléir do gach duine i láthair ag an gcró díolacháin nó i ngaireacht dó mar a dtairgtear ainmhí le díol. Sna himthosca ina ndíoltar caoirigh go díreach ó locaí ní foláir faoi na Rialacháin go bhfógraítear na mionsonraí ábhartha roimh an díol féin. Is éard is cuspóir leis an reachtaíocht seo ná chun a chinntiú go mbíonn trédhearcacht níos mó ann in oibríochtaí na marglann beostoic agus go soláthraítear caighdeán seirbhíse aonfhoirmeach do na cliaint.

## Rialacháin lena Rialaítear na hIonaid Bhailiúcháin

Is trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ionaid Tionóil) 2000 (I.R. Uimh. 257 de 2000) a fhorfheidhmítear Treoir na Comhairle 97/12/CE an 17 Márta 1997. Is ionann ionad bailiúcháin agus gabháltas, ionad bailithe nó margadh ag a dtugtar ainmhithe ó ghabháltais éagsúla le chéile ina gcoinsíneachtaí ainmhithe atá ceaptha dá n-onnmhairiú chuig Ballstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Caithfear na hIonaid Tionóil a fhormheas chun críocha trádála agus chun na ceanglais a leagtar síos sa reachtaíocht réamhluaite a shásamh. Ní féidir tús a chur le hoibríochtaí in Ionad Tionóil ach amháin nuair a rinneadh imscrúdú air agus nuair ar tugadh formheas dó ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is féidir na speicis, an aicme agus an cineál ainmhithe le formheas dá láimhsiú ag Ionad Tionóil bheith teoranta do na téarmaí nó coinníollacha a mheastar de bheith iomchuí ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sa chás go dtugann an tAire formheas d'Ionad Tionóil is amhlaidh a leithdháilfear uimhir fhormheasta agus aon téarmaí ná coinníollacha greamaithe léi.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- Sláinte agus Leas Ainmhithe (Ionad Bailiúcháin), An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Doire Shalach, Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 EW27.
- Fón: 071 9682000
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/animalbreeding /approvedestablishmentsintheveterinaryandzootechnicalfieldapprovedlaboratories/**

10

## Rialuithe Allmhairithe/Onnmhairithe

### Allmhairiú agus Onnmhairiú Ainmhithe Feirme Beo

Tá gluaiseacht shaor ann d'ainmhithe feirme beo idir Ballstáit an AE i gcomhréir leis na rialacháin trádála de chuid an AE. Tagann na hainmhithe feirme beo faoi réir chigireacht tréidliachta agus deimhniú sláinte ag a n-ionad bunaidh sa tír onnmhairiúcháin agus ceaduithe ag a spriocionad sa tír allmhairiúcháin Tagann rioscaí breise leis an tsaoirse gluaiseachta sin do stádas sláinte ainmhithe na hÉireann, agus éilítear faireachas níos mó leis ag allmhaireoirí agus feirmeoirí chun a chinntiú nach n-allmhairítear galair chostasacha ainmhithe. Tá cóid chleachtais saorálacha i bhfeidhm i roinnt earnálacha, ina leagtar amach na bearta breise cosanta maidir le hallmhairí. Ar thaobh na n-onnmhairí de, caitheann tréidlia oifigiúil na hainmhithe feirme a scrúdú in Ionad Tionóil fhormheasta sula n-onnmhairítear iad chuig spriocanna san AE, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann, chun eisiúint teastas sláinte éigeantach a éascú.

Forchuirtear réimse leathan riachtanas le reachtaíocht tréidliachta an AE nach foláir d'fheirmeoirí chun cloí leo. Caithfear na hainmhithe a shainaithint ar bhealach a chumasaíonn a ngabháltas bunaidh a rianú. Caithfear gach feirm a chlárú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus tiocfaidh siad faoi réir ceaduithe tréidliachta ofigiúla i leith a stádais sláinte.

Bíonn feidhm le rialacha níos doichte i leith allmhairiú/onnmhairiú ainmhithe feirme beo ó thíortha nach Ballstáit an AE iad.

Déan teagmháil le d'Oifig Tréidliachta Dúiche áitiúil i gcomhair a thuilleadh eolas i leith allmhairiú/onnmhairiú ainmhithe feirme beo ó Éirinn/chun na hÉireann.

### Allmhairiú Éanlaithe agus Uibheacha Gorrtha

Ceadaítear allmhairí éanlaithe agus uibheacha gorrtha ó **Bhallstáit an AE** faoi rialacha trádála an AE. Ní foláir d'allmhaireoirí fógra a thabhairt don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara roimh ré i leith allmhairiú ceaptha agus caitheann an teastas sláinte iomchuí bheith i dteannta le gach allmhaire, a chomhlíonann le ceann amháin de na teastais sláinte samhlacha i dTreoir na Comhairle 2009/158/CEE (arna leasú) agus le formhuiniú ó Thréidlia Oifigiúil, arna n-údarú go cuí ag an Údarás Áitiúil sa Bhallstát onnmhairiúcháin.



Ní cheadaítear d'allmhairí éanlaithe agus uibheacha gorrtha ó thíortha **nach Ballstáit an AE iad** ach amháin ó na réigiúin/tíortha úd a liostaítear i Rialachán an Choimisiúin 798/2008 arna leasú ag Rialachán an Choimisiúin 215/2010, agus ní fhéadann siad teacht isteach san AE ach amháin trí Phointe Cigireachta Teorann (PCT) arna fhormheas d'allmhairiú éanlaithe. Níl aon saoráidí PCT ann don éanlaith in Éirinn.

### Allmhairiú Éan Sainchaithimh Aimsire (Éin seachas Éanlaith agus Peataí)

s trí mheán Údarúcháin Ghinearálta a dhéantar allmhairiú éan sainchaithimh aimsire ó **Bhallstáit an AE** (.i. ní theastaíonn aon cheadúnas). Bíonn feidhm le coinníollacha áirithe áfach. Ní mór d'allmhaireoirí fógra roimh ré a thabhairt don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith an allmhaire atá ceaptha. Caitheann fógra úinéara teacht in éineacht leis na héin, agus caitheann an teastas sláinte sínithe ag tréidlia oifigiúil ón tír onnmhairiúcháin nó ag Cleachtóir Tréidliachta cláraithe bheith ann i gcás na speiceas siteach, i gcomhréir le Treoir na Comhairle 92/65/CEE agus bunaithe ar an tsamhail i Rialachán an Choimisiúin 599/2004/CE/ Caitheann na hÉin teacht ó áitreabh formheasta i gcomhréir le Treoir na Comhairle 92/65/CEE.

Ní cheadaítear d'allmhairiú éan do shainchaitheamh aimsire ó thíortha **nach Ballstáit an AE iad** ach amháin ó na réigiúin/tíortha a liostaítear i Rialachán an Choimisiúin 798/2008 arna leasú ag Rialachán an Choimisiúin 215/2010. Caitheann ceadúnas allmhairithe arna eisiúint ag an Roinn agus an teastas sláinte iomchuí bheith i dteannta leis na héin i gcomhréir le Rialachán an Choimisiúin 318/2007 arna leasú ag Rialachán an Choimisiúin 239/2010. Caitheann na héin dul faoi thréimhse choraintín shonraithe agus caithfear iad a cheadú ag an bPost Cigireachta Teorann an AE ar a gcéad iontráil isteach san AE arna fhormheas do chigireacht ainmhithe beo. Níl aon saoráidí PCT ná coraintín In Éirinn, agus ní foláir go ndéantar é sin i mBallstát éigin eile dá réir.

### Allmhairiú/onnmhairiú capall

#### Clárú úinéireachta/athrú úinéireachta

Aon duine a thagann ar úinéireacht eachaí, ní mór dóibh fógra a thabhairt don ghníomhaireacht a d'eisigh an bunphas (PIO) laistigh de 30 lá ón idirbheart.

#### Clárú áitribh

Is faoi na Rialacháin um Rialú Áiteanna mar a gCoinnítear Capaill 2014 (I.R. Uimh. 113 de 2014), a chaitear gach áitreabh eachaí a chlárú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ba chóir go dtabharfadh na húinéirí eachaí faoi deara go bhféadfaidís bheith faoi dhliteanas ionchúisimh de réir an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013; dá mainneoidís chun clárú, faoi mar a theastaíonn faoin I.R. Uimh. 113 de 2014.

**Féadfaidh tú clárú trí fhoirm iarratais a chomhlánú:**

- ar fáil ag oifig áitiúil na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (féach liosta ag Aguisín 1B) nó
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/ animalwelfare/ registrationofpremisesanimals/registrationofhorsepremises/**
- Ba cheart go seolfaí na hiarratais chomhlánaithe ar ais chuig oifig áitiúil na Roinne is gaire duit.

#### Allmhairiú/Onnmhairiú chuig/ó Bhallstáit an AE

Caitheann a bpas féin agus Teastas Sláinte Ion-Chomhphobail bheith i dteannta le capaill, sínithe ag Tréidlia Oifigiúil ón tír onnmhairiúcháin agus a chomhlíonann le Treoir na Comhairle 90/426/CEE arna leasú. Caitheann teastas sláinte arna eisiúint ag Cleachtóir Tréidliachta príobháideach an onnmhaireora agus cóip den phas agus an bhileog mharcála ón bpas bheith i dteannta le hiarratais a dhéantar chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair teastais sláinte oifigiúil. Caithfear na capaill a chur faoi chigireacht tréidliachta ag Tréidlia Oifigiúil ag an gcalafort/aerfort imeachta.

Is féidir catagóirí áirithe capall, ar féidir a stádas sláinte a ráthú ag comhlacht arna ainmniú faoin gComhaontú Trí-Thaobhach (CTT) arna chomhaontú idir Éire, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe, a chur ag taisteal ó/chun na Fraince ó/chun na Ríochta Aontaithe faoi DOCOM (cáipéis arna giniúint ag an gcomhlacht CTT faoin gcóras TRACES). Caitheann an teastas oifigiúil bheith ag gach capall eile ag dul chun na Fraince arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní theastaíonn aon teastas sláinte do chapaill chláraithe ag gluaiseacht idir Éire agus an Bhreatain.

#### Allmhairiú ó thíortha nach Ballstáit an AE

Caitheann allmhaireoirí ionchasacha iarratas a dhéanamh don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair ceadúnais allmhairiúcháin. Caitheann a bpas féin agus teastas sláinte a chomhlíonann le forálacha Chinneadh an Choimisiúin 93/197CEE arna leasú bheith i dteannta le capaill. Caithfear na capaill a chur faoi cheaduithe cigireachta teorann ar a gcéad iontráil isteach san AE. Ní foláir d'allmhaireoirí fógra 24 uair roimh ré a thabhairt dá rogha Pointe Cigireachta Teorann.

### Onnmhairiú chuig tíortha nach Ballstáit an AE

Caitheann a bpas féin, ceadúnas onnmhairiúcháin agus teastas sláinte oifigiúil bheith i dteannta le honnmhairí capall chuig tíortha nach Ballstáit an AE iad, leis an dá cheann arna n-eisiúint ag an Roinn seo agus a chomhlíonann leis na coinníollacha a leagtar amach ag an tír a ghlacann leo. Caitheann teastas sláinte arna eisiúint ag Cleachtóir Tréidliachta príobháideach an onnmhaireora i dteannta le cóip den phas agus an bhileog mharcála ón bpas bheith i dteannta le hiarratais a dhéantar chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair teastais sláinte oifigiúil. Caithfear na capaill a chur faoi chigireacht tréidliachta ag Tréidlia Oifigiúil ag an gcalafort/aerfort imeachta.

### Pointí Cigireachta Teorann (PCT)

Caithfear gach coinsíneacht ainmhithe beo a cheadú ó thríú tíortha ag Pointe Cigireachta Teorann (PCT) ar theacht dóibh isteach ar chríoch an AE. Ní féidir ainmhithe seachas eachaithe ná crúbacha* a allmhairiú go díreach isteach chun na hÉireann, ach ní foláir dóibh a chur faoi cheaduithe tréidliachta ag PCT formheasta éigin don chatagóir ainmhí sin (catagóir "O") i mBallstát éigin eile den AE, féach an liosta ag: **http://ec.europa.eu/food/animal/bips/bips_contact_en.htm**

Ní bheidh feidhm leis sin d'eachaithe. Is féidir eachaithe lena n-áirítear capaill a cheadú ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne, is féidir crúbacha a cheadú ag Aerfort na Sionainne. Ní theastaíonn ceaduithe PCT ó pheataí seachas eachaithe, ach tagann siad faoi réir rialacha eile .i. an scéim PETS.

(*Ainmhithe crúbscoilte, mar shampla eallaigh, caoirigh, muca, fianna srl.)

**(*Ainmhithe crúbscoilte, mar shampla eallaigh, caoirigh, muca, fianna srl.)**

**Ba cheart gach fiosrú i ndáil le hallmhairiú ainmhithe feirme beo, lena n-áirítear éanlaith agus capaill, a dhíriú chuig:**

- Rannóg na Trádála Beo, An Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 6072862
- ríomhphost: **livetrade@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare / tradeinliveanimalspoultryinclgamebirdsetc/**



### Allmhairiú Ainmhithe is Peataí, Cat, Madraí agus Firéad (Gluaiseacht Neamh-Thráchtála)

### Cait, Madraí nó Firéid Ó/Chuig Ballstáit Eile an AE

Is féidir le daoine ag taisteal ar shaoire nó a lonnaíonn a gcónaí go buan (seachas gluaiseacht neamh-thráchtála mar nach mbaineann díolachán ná athrú úinéireachta leis) **ó/chuig** Éirinn **ó/chuig** B(h)allstáit eile an AE an cat, madra nó firéad is peata acu a thabhairt leo ar an gcuntar go sásaítear na coinníollacha seo a leanas

- Caitheann sainaitheantas le micrishlis bheith ag an bpeata (trasfhreagróir is inléite ag gaireas ar comhoiriúnach le caighdeán ISO 11785 é);
- Caitheann Pas Peata an AE i dtaca leis an ainmhí bheith i dteannta leis an ainmhní ina léirítear go bhfuil imdhíonadh reatha ag an ainmhní in aghaidh an chonfaidh;
- Sna cásanna ina dtugtar madra isteach ó thíortha seachas an Fhionlainn, Málta ná an Ríocht Aontaithe, gur tugadh cóireáil dó i gcoinne Echinococcus Multilocularis (péist ribíneach) nach mó ná 120 uair (5 lá) agus nach lú ná 24 uair (1 lá) roimh an am teachta sceidealaithe chun na hÉireann;

- Sna cásanna inar mó ná 5 an líon ainmhithe a bhfuiltear á ngluaiseacht is amhlaidh a theastaíonn teastas sláinte freisin chun léiriú go ndearnadh scrúdú cliniciúil ar na hainmhithe laistigh de 48 uair óna n-imeacht mura féidir leis an úinéir cruthúnas a thaispeáint go bhfuiltear ag tabhairt na n-ainmhithe isteach chun dul san iomaíocht in imeacht spórtúil nó i gcomórtas éigin eile

Is féidir le cait, madraí nó firéid ó Bhallstáit eile an AE teacht isteach chun na hÉireann trí chalafort/aerfort iontrála ar bith, agus is féidir le haerlíne nó cuideachta farrantóireachta ar bith iad a iompar, a oibríonn laistigh den Stát agus atá toilteanach chun na hainmhithe úd a iompar. Bíonn oibleagáid dhlíthiúil ar oibreoir na haerlíne/cuideachta farrantóireachta úd faoi na Rialacháin um Pas Peataí (Uimh. 2) 2014 chun teacht ceaptha na n-ainmhithe a fhógairt don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara trí ríomhphost chuig **petmove@agriculture.gov.ie** 24 uair ar a laghad roimh ré. Ó thaobh an taistil aeir de, ní chuireann an Roinn iallach ar iompar na bpeataí ón AE mar earraí sa lastliosta, agus is amhlaidh dá réir ar faoi na haerlínte é chun cinneadh a dhéanamh an t-ainmhí a iompar sa chábán nó mar ró-ualach bagáiste.

### Cait, Madraí nó Firéid ó Thíortha nach Ballstáit an AE iad

Is féidir le daoine ag taisteal ar shaoire nó a lonnaíonn a gcónaí go buan (seachas gluaiseacht neamh-thráchtála mar nach mbaineann díolachán ná athrú úinéireachta leis) chuig Éirinn ó thír 'ísealriosca' éigin nach Ballstát an AE í (féach an liosta in Iarscríbhinn 11 leis an Rialachán arna Fhorfheidhmiú ag an gCoimisiún 577/2013 ) nó ó thír 'ardriosca' éigin (a dteastaíonn tástáil títir chonfaidh sa chás úd) an cat, madra nó fireád is peata acu a thabhairt leo ar an gcuntar go sásaítear na coinníollacha seo a leanas:

- Caithfear leas a bhaint as iompróir aerlíne/lasta peata formheasta. Tá liosta de na haerlínte/láimhseálaithe lasta formheasta ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.
- Is trí Aerfort Bhaile Átha Cliath amháin ar féidir le peataí ó thíortha ísealriosca nach Ballstáit an AE iad teacht isteach chun na hÉireann.
- Caitheann sainaitheantas le micrishlis bheith ag an bpeata (trasfhreagróir is inléite ag gaireas ar comhoiriúnach le caighdeán ISO 11785 é);
- Caitheann teastas sláinte tréidliachta bheith i dteannta leis an ainmhí i bhfoirm Iarscríbhinn IV le Cinneadh arna Fhorfheidhmiú ag an gCoimisiún 577/2013 chun deimhniú go bhfuil imdhíonadh reatha ag an ainmhí i gcoinne confaidh;
- Tástáil fola ar a laghad 30 lá tar éis an vacsaínithe confaidh chun toirtmheascadh antasubstainte neodraithe ar comhionann ar a laghad le 0.5 Iu/ml é a dheimhniú. Ní féidir leis an bpeata teacht isteach chun na hÉireann ach amháin ar a laghad tar éis do thrí mhí dul in éag ó thástáil fola rathúil;
- Caithfear cóireáil i gcoinne Echinococcus Multilocularis (péist ribíneach) a chur ar mhadraí nach mó ná 120 uair (5 lá) agus nach lú ná 24 uair (1 lá) roimh an tráth teachta sceidealaithe chun na hÉireann nó ag brath ar an tír bhunaidh;
- Caithfear fianaise gur chun críoch neamhthráchtála í an ghluaiseacht a léiriú don aerlíne fhormheasta roimh ré (tráth chur in áirithe an ticéid aeir srl.)

Ní féidir le cait, madraí nó firéid ó lasmuigh den AE teacht isteach chun na hÉireann ach amháin trí aerfort Bhaile Átha Cliath (mura mbíonn cead acu cheana féin chun teacht isteach san AE ag pointe iontrála i mBallstát éigin eile) agus caithfidh gur aerlíne fhormheasta a iompraíonn iad a dhéanfaidh ceaduithe comhlíonta ar theacht isteach di. Bíonn oibleagáid dhlíthiúil ar oibreoir na haerlíne/cuideachta lasta úd faoi na Rialacháin um Pas Peataí (Uimh. 2) 2014 chun teacht na n-

ainmhithe a fhógairt don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara trí ríomhphost chuig **petmove@agriculture.gov.ie** 24 uair ar a laghad roimh ré agus is mar earraí lastliosta a chaithfear na peataí a iompar.

### Rialacha i leith Gluaiseachta Tráchtála (.i. díol nó athrú úinéireachta) gach madra, cat agus firéad

### Onnmhairí madraí, cat nó firéad chuig Ballstáit eile

1. An t-áitreabh ar a mbeirtear agus/nó ar a dtógtar na hainmhithe a chlárú (óna n-onnmhairítear iad) leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní féidir ainmhithe is peataí de na speicis úd a thrádáil ach amháin ó áitreabh cláraithe.
2. Déantar cinnte de go mbíonn gach ainmhí (lena n-áirítear gach coileán/piscín)
   - sainaitheanta le micrishlis (trasfhreagróir is inléite ag gaireas ar comhoiriúnach le caighdeán ISO 11785 é) agus go mbíonn
   - Pas Peata an AE* i dteannta leo **ar a dtaispeántar taifead de** –
     - (i) Sainaitheantas micrishlise den ainmhí, lena n-áirítear dáta ionsáite (a chaitheann teacht roimh dháta an vacsaínithe);
     - (ii) Cruthúnas d'imdhíonadh in aghaidh confaidh. Caitheann na hainmhithe bheith 12 seachtain d'aois ar a laghad sular féidir vacsaín an chonfaidh a thabhairt dóibh. Téann an imdhíonacht i bhfeidhm 21 lá tar éis an vacsaínithe, agus ní mór do choileáin dá réir sin bheith 15 seachtain d'aois ar a laghad sula mbíonn siad incháilithe chun taisteal idir Ballstáit an AE;
     - (iii) Go ndearnadh scrúdú tréidliachta cliniciúil ar an ainmhí laistigh de 48 uair ó imeacht, chun deimhniú nach mbíonn aon chomharthaí aicídí ar an ainmhí agus gur folláin é le hiompar ar an aistear ceaptha.
     - (iv) Mionsonraí na gcóireálacha tréidliachta (cóireáil frith-eicineacocais, cóireálacha frith-sheadán eile agus vacsaínithe eile nach iad) a thugtar de réir mar is gá.
3. Déantar cinnte de go mbíonn teastas sláinte tréidliachta ('Balai') arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i dteannta le gach coinsíneacht laistigh de 48 uair ón tráth imeachta sceidealaithe. (Bíonn teastais sláinte ar fáil ó oifigí áitiúla na Roinne féach an liosta agus mionsonraí teagmhála).
4. Déantar cinnte de go mbíonn rochtain ag ainmhithe ar bhia agus ar uisce ar feadh achar an aistir. Áirítear treoirlínte mionsonraithe i leith leas na n-ainmhithe i rith iompair i gcáipéis ar láithreán gréasáin na Roinne.
5. Déantar cinnte de nach gcoinsínítear na hainmhithe amach as an tír ach le hiompróir formheasta de Chineál 2

Féadann madraí/cait a ghluaistear sa trádáil chuig Ballstáit eile an AE Éire a fhágáil trí cheann ar bith de na calafoirt farantóireachta. Sa chás go nochtar na hainmhithe úd gan bheith comhlíontach leis an Rialachán is amhlaidh a dhiúltófar an taisteal dóibh agus a sheolfar ar ais chuig a n-áit bhunaidh ar chostas an úinéara. Is cion é faoi na Rialacháin um Pas Peata (Uimh.2 ) 2014 chun madraí, cat nó firéad a allmhairiú nó a onnmhairiú nó chun iarracht a dhéanamh chun iad a allmhairiú nó a onnmhairiú mar shárú ar na Rialacháin.

**Ba cheart go ndíreofaí gach fiosrú i ndáil le hallmhairiú cat, madraí agus firéad is peataí, agus clárú na ngabháltas/láithreacha mar a gcoinnítear madraí chun críche na trádála, ar:**

- An Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 6072862
- Ríomhphost: **livetrade@agriculture.gov.ie**
- Tá na mionsonraí ar fáil freisin ag **www.agriculture.gov.ie/pets**

### Allmhairiú isteach chun na hÉireann de Pheataí eile (Creimirí agus Coiníní)

Ceangaltais d'allmhairiú creimirí agus giorriach (coiníní) ó Bhallstáit eile an AE
Féadann daoine ag teacht chun na hÉireann ó Bhallstát éigin eile de chuid an AE **na creimirí nó coiníní is peata** acu a allmhairiú chun na hÉireann ar an gcuntar go sásaítear na coinníollacha seo a leanas:

- Tagann an t-úinéir nó duine éigin ag gníomhú ar son an úinéara i dteannta leis na peataí ar an mbealach;
- Caithfear Foirm Réamh-Fhógra Allmhairithe a sheoladh chun an Rannáin Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12, 24 uair ar a laghad roimh theacht na coinsíneachta chun na hÉireann.

### Riachtanais d'allmhairiú creimirí agus coiníní is peataí ó thír éigin nach Ballstát an Aontais Eorpaigh í.

Féadann daoine a gcuid **creimirí agus coiníní is peataí** a thabhairt chun na hÉireann ó roinnt tíortha nach bhfuil san AE ar an gcuntar go mbíonn Ceadúnas leo arna eisiúint ag Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe na Roinne. Is sa cheadúnas a leagfar amach na riachtanais d'allmhairiú lena n-áireofar teastas sláinte tréidliachta, agus caithfear na hainmhithe a iompar i gcoimeádán a chomhlíonann Rialacháin d'Ainmhithe Beo an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA), agus caithfear iad a dhaingniú le séala nó le glas.

Iarrtar ar dhaoine ar mian leo na peataí úd a allmhairiú ó thíortha nach ballstáit an AE iad chun iarratas a dhéanamh don Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12 i gcomhair chead allmhairithe. Teastaíonn réamhfhógra allmhairithe freisin. Ba chóir go ndéanfaí an t-iarratas in am trátha chun comhlíonadh na gceangaltas réamh-onnmhairithe a chumasú.

Maidir le haon chreimire nó coinín neamhdhúchasach a choinnítear mar pheata ach a fhéadtar bheith ar liosta CITES na speiceas i mbaol, is faoi úinéir an pheata chun ceadú leis an rannóg Páirceanna agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Comhshaoil an dteastaíonn ceadúnas CITES chun a leithéid d'ainmhí a allmhairiú.

### Allmhairiú Éan is Peataí isteach chun na hÉireann

Is ionann Éin is Peataí agus éin:

- d'aon speiceas seachas éanlaith, turcaithe, éanlaith ghuine, lachain, géanna, gearga, colúir, patraiscí agus raitítigh a thógtar nó a choinnítear faoi ghéibheann dá bpórú, do tháirgeadh feola nó uibheacha dá dtomhailt, nó d'athsholáthar na stoc géim.

- nach bhfuiltear á dtrádáil ar bhonn tráchtála,
- a thaistealaíonn leis an úinéir nó le duine éigin mar ionadaí an úinéara.

Is amhlaidh dá réir nach dtarlóidh allmhairí éan is peataí isteach chun na hÉireann ach amháin nuair a bhíonn duine éigin ag athlonnú in Éirinn nó ar shaoire abhus.

### Ceangaltais d'allmhairiú éan is peataí ó Bhallstáit an AE

Na daoine a thugann a n-éin is peataí leo chun na hÉireann ó thír éigin eile de chuid an AE ar athrú cónaithe nó ar shaoire; is féidir leo na héin is peataí a thabhairt leo ar an gcuntar go sásaítear na coinníollacha seo a leanas:

- Tagann an t-úinéir nó duine éigin ag gníomhú ar son an úinéara i dteannta leis na peataí ar an mbealach,
- Caitheann Dearbhú Úinéara d'éin is peataí bheith i dteannta leis an éan/na héin ar an mbealach;
- Caithfear Foirm Réamh-Fhógra Allmhairithe a sheoladh chun an Rannáin Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12, 24 uair ar a laghad roimh theacht na coinsíneachta chun na hÉireann.

### Riachtanais d'allmhairiú éan is peataí ó thír éigin nach Ballstát an Aontais Eorpaigh í.

Ní féidir le daoine a thugann a n-éin is peataí leo isteach chun na hÉireann (ar athrú cónaithe nó ar shaoire amháin) ó thír éigin nach Ballstát an AE í (seachas Andóra, na hOileáin Fháró, an Ghraonlainn, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, An Iorua, San Mairíne, An Eilvéis, Stát Chathair na Vatacáine) níos mó ná 5 éan a allmhairiú. Ina theannta sin, ní foláir do na héin:

- Caitheann an t-úinéir nó duine éigin ag gníomhú ar son an úinéara teacht i dteannta leo ar an mbealach.
- Sainaitheanta ina n-aonar.
- Caitheann teastas sláinte tréidliachta sínithe ag Tréidlia Oifigiúil bheith leo chun comhlíonadh leis na ceangaltais réamh-onnmhairithe a dheimhniú faoi mar a leagtar amach i gCinneadh an Choimisiúin sa bhliain 2007/25/CE arna leasú (lena n-áirítear an teastas samhlach ag Iarscríbhinn 11).
- Caitheann dearbhú bheith i dteannta leo sínithe ag an úinéir/duine ar ionadaí an úinéara iad san fhoirm a fhaightear ag Iarscríbhinn 111 i gCinneadh an Choimisiúsa bhliain 2007/25/CE arna leasú.
- Arna n-allmhairiú trí **Aerfort Bhaile Átha Cliath** nó trí **Aerfort na Sionainne**.



Iarrtar ar dhaoine ar mian leo na peataí is éin a allmhairiú ó thíortha nach ballstáit an AE iad chun iarratas a dhéanamh don Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12 i gcomhair chead allmhairithe ionas go n-éascófaí do na ceaduithe cáipéisíochta agus sainaitheantais riachtanacha arna n-allmhairiú. Ba cheart go ndéanfaí an t-iarratas in am trátha chun comhlíonadh na gceangaltas réamh-onnmhairithe a chumasú.

### Colúir Rásaíochta

Colúir Rásaíochta

Teastóidh ceadúnas allmhairithe arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ó cholúir ó Thuaisceart Éireann dá scaoileadh chun rásaíochta. Teastóidh ceadúnas onnmhairithe arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ó cholúir a onnmhairítear ó Éirinn chun Ballstáit éigin eile den AE dá scaoileadh chun rásaíochta.

**Ba chóir gach fiosrú i ndáil leis na hallmhairí úd a dhíriú ar:**

- Rannóg na Trádála Beo, An Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12, Éire.
- Fón: 01 6072862
- Ríomhphost: **livetrade@agriculture.gov.ie**
- Gréasán: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/tradeimportsexports/importofbirds/**

### Allmhairiú Táirgí de Bhunús Ainmhithe

Tagann táirgí de bhunús ainmhithe ó dhá phríomhchatagóir – iad siúd atá ceaptha do thomhailt dhaonna agus iad siúd atá sainithe mar fho-tháirgí ainmhithe. Is iondúil go gcomhchuibhítear trádáil ion-chomhphobail agus allmhairiú ó thríú tíortha sa dá chatagóir sin de bhunús ainmhithe i gcomhréir leis na Rialacháin Chomhphobail do chosaint na sláinte ainmhithe agus daoine. Caithfear gach trádálaí nó allmhaireoir táirgí de bhunús ainmhithe bheith cláraithe agus nó bheith formheasta leis an údarás ábhartha inniúil.

Is iad seo a leanas na príomhchoinníollacha a bhaineann do thrádáil agus allmhairí:

- Caitheann na táirgí teacht ó áitreabh formheasta sa Bhallstát don trádáil laistigh den AE, caitheann an mharcáil sláinte, lipéadú agus pacáistíocht iomchuí bheith orthu, agus caitheann cáipéis tráchtála bheith leo ina mionsonraítear an bunús formheasta agus an coinsíní chun críocha na hinrianaitheachta;
- Caitheann na hallmhairí teacht ó thríú tír arna formheas agus arna liostú ag an gCoimisiún Eorpach d'onnmhairiú an speicis/chatagóir táirge sin. Is amhlaidh ina theannta sin a chaitheann siad teacht ó bhunús formheasta, m.sh. seamlas, ionad spólta, fuarstóras nó monarcha phróiseála ar tugadh formheas dóibh agus a liostaíodh dá n-onnmhairiú chuig an AE i ndáil leis an táirge lena mbaineann;
- Caitheann an teastas sláinte samhlach iomchuí nó an cháipéis a theastaíonn faoi dhlí an AE bheith i dteannta leis an gcoinsíneacht, agus an cháipéisíocht éigeantach maidir leis an ESB i gcás táirgí a dhíorthaítear ó speicis ainmhithe soghabhálacha.
- Ní féidir na coinsíneachtaí a allmhairiú isteach chun an AE ach amháin trí phointe cigireachta teorann formheasta. Is ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne atá na pointí cigireachta teorann formheasta in Éirinn;
- Teastaíonn ón allmhaireoir go soláthraítear an pointe cigireachta teorann iontrála le réamhfhógra teachta 24 uair ar a laghad trí Chuid 1 den CITC a thaisceadh (Cáipéis Chomónta Iontrála Tréidliachta - tag. Iarscríbhinn III le Rialachán (CE) Uimh. 136/2004);
- Caithfear na coinsíneachtaí a chur os comhair an Phointe Cigireachta Teorann do cheaduithe tréidliachta ar theacht isteach dóibh gan mhoill. Bíonn muirear infheidhmithe i leith na seirbhíse sin.

### Riachtanais cheadúnaithe

Caithfear allmhairiú coinsíneachtaí fo-tháirgí ainmhithe ó thríú tíortha chun críocha taighde agus fáthmheasa, earraí taispeána nó samplaí trádála a údarú roimh ré ag ceadúnas arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ní cheadaítear d'allmhairiú pataiginí agus gníomhaithe pataigineacha isteach chun na hÉireann ach amháin faoi cheadúnas arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin Ordú um Allmhairiúchán Gníomhaithe Pataigineacha, 1997, (I.R. Uimh. 373 de 1997). Ní dhíolmhaítear

10

allmhaireoirí le ceadúnas arna n-eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ó thoirmeasc, rialúchán nó srianadh ar bith a fhorchuireann Gníomhaireacht nó Roinn ar bith eile.

**Tá a thuilleadh eolais i leith allmhairí táirgí de bhunadh ainmhithe isteach chun na hÉireann ar fáil ó:**

- Rannóg na nAllmhairí Táirgí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An tÁras Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 6072582 nó seol facs chuig: 00 353 1 6072513
- Ríomhphost: a**nimalproductimports@agriculture.gov.ie.**

**Is féidir eolas a fháil i leith chlárú nó fhormheas bhunús fo-tháirgí ainmhithe ó:**

- Rannán Sláinteachais Bhainne agus Feola/FTA/EST, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Ionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 0761 064440; Facs 057 8694386 • Ríomhphost: **animalbyproducts@agriculture.gov.ie**

### Fo-tháirgí Ainmhithe:

- Tá toirmeasc ginearálta ann i leith bheathú fo-tháirgí ainmhithe d'ainmhithe feirme sa slabhra bia;
- Bíonn trádáil agus allmhairiú fo-tháirgí ainmhithe neamhphróiseáilte teoranta do bhunúis sain-fhormheasta;
- Caitheann na fo-tháirgí ainmhithe ar táirgí críochnaithe agus próiseáilte iad bheith fillte, lipéadaithe agus iompartha go hiomchuí, agus caitheann cáipéis tráchtála bheith i dteannta leo;
- Caitheann na hallmhairí teacht ó Thríú Tír arna formheas agus arna liostú ag an gCoimisiún Eorpach d'onnmhairiú an speicis/chatagóir fo-tháirge ainmhithe sin. Is amhlaidh ina theannta sin a chaitheann siad teacht ó bhunús atá formheasta ag an tríú tír d'allmhairiú chun an AE den fho-tháirge ainmhithe lena mbaineann;
- Ní mór don allmhaireoir réamhfhógra a thabhairt don Phointe Cigireachta Teorann i leith teacht gach coinsíneacht atá le hallmhairiú;
- Caitheann an teastas sláinte samhlach iomchuí a theastaíonn faoi dhlí an AE bheith i dteannta leis an gcoinsíneacht, agus an dearbhú éigeantach maidir leis an ESB i gcás táirgí a dhíorthaítear ó speicis ainmhithe soghabhálacha.
- Caitheann gach allmhaireoir táirgí ainmhithe isteach chun na hÉireann bheith cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.



### Bearta Cumhdaigh

Féadfar bearta cumhdaigh a thabhairt isteach ag fógra gairid, ag cur teorann nó toirmisc le hallmhairiú táirgí de bhunús ainmhithe ó thíortha nó réigiúin, de bharr ráigeanna aicídí ainmhithe nó guaiseacha sláinte phoiblí nó ainmhithe eile. Is faoi na hallmhaireoirí chun stádas reatha aon cheangaltas a cheadú.

**Tá foirmeacha clárúcháin mar allmhaireoir agus tuilleadh eolais i leith allmhairí ar fáil ó:**

- An Rannán Idirchaidrimh um Shábháilteacht Bhia (Rannóg na nAllmhairí), An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 6072892/ 01 6072896.
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/animalbyproducts/imports of animals and animal products**

**Is féidir eolas a fháil i leith fhormheasa bhunúis fo-tháirgí ainmhithe a fháil ó:**

- Rannán Sláinteachais Bhainne agus Feola/FTA/EST, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Ionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 RY6V.
- Fón: 057 8694348
- Ríomhphost: animalbyproducts@agriculture.gov.ie/
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/animalbyproducts/**

### Allmhairiú Pearsanta Táirgí Ainmhithe - Comhairle do Thaistealaithe

#### Ó Thíortha an AE

Is chun cosaint a thabhairt don tsláinte ainmhithe agus phoiblí nach féidir ach táirgí de bhunús ainmhí amháin a táirgeadh i gcomhréir le rialacha an AE a iompar i mbagáiste taistealaithe do thomhailt phearsanta nó baile. Baineann sé sin go ginearálta le táirgí a bhíonn ar díol don phobal sa Bhallstát bunaidh ar cuireadh i bpacáistíocht iomchuí agus le marc sláinte sainaitheanta an AE.

#### Ó Thíortha nach Ballstáit an AE iad

Toirmisctear allmhairiúchán táirgí de bhunús ainmhithe i mbagáiste taistealaithe nó a ordaítear go cianda agus a sheachadtar nó a sheoltar chuig an tomhaltóir cé is moite d'eisceachtaí teoranta. Ní bhíonn feidhm leis an toirmeasc seo do Bhallstáit an AE nó Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, An Iorua, San Mairíne agus an Eilvéis.
Déantar tagairt do láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh um Shláinte agus Sábháilteacht Bhia i gcomhair eolais níos mionsonraithe i leith allmhairí pearsanta táirgí de bhunús ainmhithe.
**http://ec.europa.eu/food/animal/animalproducts/personal_imports/index_en.htm**

## Leas Ainmhithe

### An Chomhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme

Bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Iascach an Chomhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme (CCLAF) thiar sa bhliain 2002. Is ionadaithe d'eagrais leasa ainmhithe, comhlachtaí feirmeoireachta, comhlachtaí ionadaíocha tréidliachta agus Ranna Rialtais - Thuaidh agus Theas atá ar an gComhairle.

Is é an Córas Foláirimh/Idirghabhála Luaith(e) do Chásanna Leasa Ainmhithe i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe a sholáthraíonn creatlach ar féidir fadhbanna plé leo laistigh di sula n-éiríonn siad ríthábhachtach nó millteanach. Éascaíonn sé sin ar a sheal féin d'idirghabháil éifeachtach agus íogair nó soláthar an chúnaimh, de réir mar is cuí, ó ghníomhaireachtaí poiblí, comharsana, comhlachtaí feirmeoireachta agus grúpaí leasa. Ceadaíonn an córas do dhaoine imníocha chun dul faoi dhéin a n-ionadaithe IFA áitiúla, a SPCA áitiúil nó go fiú an Roinn féin leis an eolas go bpléifear lena n-imní leasa dá éis sin ar an mbealach is éifeachtaí, is tráthúla agus is íogaire. Ní féidir leis sin ach a bheith chun tairbhe na n-ainmhithe féin agus na ndaoine lena mbaineann. Aithnítear sna cúinsí ina dteastaíonn an méid sin ámh gur féidir leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ionchúisimh a thabhairt. Aithnítear freisin ról an Gharda Síochána faoin Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013.

D'fhoilsigh CCLAF leabhrán sa bhliain 2014 dar theideal Treoirlínte Leasa Ainmhithe do Chapaill ag Tionóil agus Díolacháin. Táirgeadh na treoirlínte sin mar chuid d'iarracht chun cúnamh leo siúd atá freagrach as leas capall ag aonaigh, marglanna agus díolacháin a chinntiú. Tá CCLAF tar éis naoi leabhrán eile um Threoirlínte Leasa Ainmhithe a tháirgeadh cheana féin don Mhairteoil, Caoirigh, Déiríocht, Eachaithe, Muca, Éanlaithe, Béaróga, Beostoc le Géarghortú a Bhainistiú ar an bhFeirm agus comhairle an dea-chleachtais a thabhairt i leith Leas Ainmhithe i rith Iompair. Tá treoirlínte comhchosúla i ndáil le hEotanáis na Muc ar an bhFeirm ag teacht chun críche, agus ba chóir go bhfoilseofaí iad in earrach na bliana 2016.

Bíonn cóipeanna de na foilseacháin sin ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin CCLAF ag **www.fawac.ie/publications/animalwelfareguidelines/**

### Cistiú Ex-Gratia le Comhlachtaí Leasa Ainmhithe

Is ó lár na 1990í i leith atá an Roinn tar éis íocaíochtaí ex-gratia a dhéanamh le comhlachtaí leasa ainmhithe ar fud na tíre chun cúnamh leo ina gcuid saothair chun cúram agus leas ainmhithe a sheachadadh. Fógraítear gach aon bhliain sa phreas náisiúnta cuireadh roimh iarratais ó chomhlachtaí leasa ainmhithe ar mian leo go mbreithneofaí iad do chistiú ex-gratia chun cúnamh lena saothar chun cúram a thabhairt d'ainmhithe. Ina theannta sin is amhlaidh a sheolann an Roinn foirmeacha iarratais chuig faighteoirí roimhe seo an chistithe agus chuig daoine/comhlachtaí a oibríonn sa chúram d'ainmhithe, arbh fhéidir go ndearna siad teagmháil leis an Roinn i gcaitheamh na bliana, agus gur léirigh siad spéis dá mbreithniú do chúnamh deontais. Ní foláir d'iarratasóirí an cháipéisíocht thacúil a thaisceadh, lena n-áirítear cuntais airgeadais mhionsonraithe. Ag brath ar mhéid an eagrais, is féidir leo siúd bheith ina ráitis ioncaim agus caiteachais do thréimhse 12 mí, ina gcuntais deimhnithe nó iniúchta. Caitheann na heagrais teastas imréitigh chánach nuashonraithe agus/nó uimhir charthanais chláraithe a thaisceadh freisin. Féadann na hiarratasóirí teacht faoi réir imscrúdaithe freisin ag Cigireacht Tréidliachta na Roinne.

### Coiste Comhairleach Eolaíochta um Shláinte agus Leas Ainmhithe

Bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an Coiste Comhairle Eolaíochta um Shláinte agus Leas Ainmhithe (CCESLA) thiar sa bhliain 2002. Is í príomhfheidhm an Choiste ná chun comhairle ó dhearcadh na heolaíochta a sholáthar don Aire i leith saincheisteanna mar a mbíonn tuairim shaineolach neamhspleách de dhíth.



### Cosaint ainmhithe le linn iompair

Forordaítear i Rialachán Chomhairle an AE Uimh. 1 de 2005 um chosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara caighdeáin dochta d'ionramháil ainmhithe agus do staid na feithicle agus an tsláinteachais, agus ar aistir fhada, do chaighdeáin um beathú, soláthar uisce, tréimhsí scíthe, achair aistir agus dlúsanna stocála le linn iompraíochta. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm an 5 Eanáir 2007 agus tugadh feidhm dhlíthiúil dó sin in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Ainmhithe agus Pointe Rialála) 2006 (I.R. Uimh. 675 de 2006). Bíonn feidhm le Rialachán na Comhairle d'iompar ainmhithe beo, lena n-áirítear eallaí, caoirigh, gabhair, muca, éanlaithe, eachaithe agus madraí; ag tarlú i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíoch agus leagtar amach na coinníollacha ann mar:

- Um leas ainmhithe, an modh iompair agus saoráidí luchtaithe le sásamh ag gach iompróir ainmhithe beag beann ar an achar a thaistealaítear;
- Oiliúint agus údarú duine a iompraíonn ainmhithe beo thar achair níos mó ná 65km chun críocha tráchtála;
- Caitheann na hoibreoirí d'ionaid tionóil a chinntiú go dtugtar cóireáil d'ainmhithe i gcomhréir leis na rialacha teicniúla den Rialachán;
- Imscrúdú feithiclí agus cothabháil taifead de dhaoine a iompraíonn ainmhithe ar aistir fhada (arna sainiú d'os cionn ocht n-uaire). Caitheann córais loingseoireachta satailítbhunaithe mar sin bheith suiteáilte laistigh de na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán.

Tá an Roinn tar éis gealltanas a thabhairt chun feasacht a spreagadh i leith na gceangaltas dlíthiúil acu siúd a mbíonn ainmhithe á n-iompar faoina gcúram. Is ina leith sin atá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tar éis póstaeir agus bileoga eolais a tháirgeadh i leith iompar eachaithe agus beostoic. Tá leabhrán i leith an dea-chleachtais do leas ainmhithe le linn iompair ar fáil freisin lena íoslódáil ón gComhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme (www.FAWAC.ie**). Táthar tar éis teagmháil a** dhéanamh freisin le heagrais, oibreoirí ionad tionóil agus marglanna beostoic, tarlóirí agus iompróirí idirnáisiúnta; agus táthar tar éis iad a chur ar an eolas i leith cheangaltais an rialacháin féin.

Caitheann caighdeán ard bheith leis na feithiclí formheasta ag an Roinn d'aistir fhada (os cionn 8 n-uaire), agus caitear iad a chur faoi chigireacht.

I gcomhair a thuilleadh eolais i leith Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1/2005 um chosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara agus faoin gcaoi chun iarratas a dhéanamh ar údarúchán iompair, déantar teagmháil leis an Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe ag na mionsonraí teagmhála thíos nó logáiltear isteach ar láithreán gréasáin na Roinne mar mhalairt rogha ag **www.agriculture.gov.ie/animaltransport.**

**Is féidir a thuilleadh eolais i leith Chosaint na nAinmhithe i rith Iompair a fháil ó:**

- An Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12.
- Fón: 01 6072680 nó 01 6072143
- Ríomhphost: **animalwelfaretransport@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animaltransport/**

10

### Toirmeasc ar Sciotadh Eireaball na mBó-Ainmhithe

Leanann I.R. Uimh. 225 de 2014 Rialacháin um Sciotadh Eireaball (Buaibhigh)(Uimh. 2) 2014 ar aghaidh leis an toirmeasc reatha ar sciotadh eireaball neamh-thréidliachta na n-eallaí agus tagann in ionad I.R. Uimh. 263 de 2003.

### Leas Ainmhithe Feirmeoireachta, lena n-áirítear Béaróga, Gamhna, Muca agus Ainmhithe á Marú

Cuirtear i bhfeidhm le I.R. Uimh. 311 Rialacháin na gComhphobal CE (Leas ainmhithe feirmeoireachta) 2010 sraith Treoracha Eorpacha maidir le cosaint ainmhithe lena n-áirítear gríoscacháin, béaróga, gamhna agus muca. Cuirtear i bhfeidhm le I.R. Uimh. 292 de 2013 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (cosaint ainmhithe tráth a maraithe) 2013 Rialacháin na Comhairle (CE) Uimh. 1099/2009 um chosaint ainmhithe tráth a maraithe.

Department of
Agriculture,
Food and the Marine

An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

Market Support Measures

Plant Health and Trade

Beef Data and Genomics Programme

Agri-Environment

Feedingstuff Controls

Farmers' Charter of Rights

State Bodies and Agencies

Animal Traceability

Green Low-Carbon Agri-Environment Scheme

Crops and Horticulture

TAMS

BDGP

Feedingstuff Controls



# A hAon déag

11

# Rialuithe Ábhair Bheatha

## Rialú na Déantúsaíochta

Déantar déantúsaíocht ábhar beatha ainmhithe le díol a rialú go hoifigiúil. Ní foláir do dhéantúsóirí bheith formheasta nó cláraithe ag brath ar a ngníomhaíocht. Is chun a chinntiú go gcomhlíonann cumascóirí leis an reachtaíocht éigeantach agus go gcloíonn na táirgí leis na dearbhuithe lipéid i leith ábhar na gcomhábhar sonraithe, a dhéanann oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara cigireacht rialta ar áitreabh déantúsóirí agus déantar taifid táirgthe a iniúchadh. Tógtar samplaí táirgí déantúsaíochta ag pointí táirgthe, ag áitreabh miondíoltóirí agus ar fheirmeacha agus seoltar chun na Saotharlainne Stáit dá n-anailísiú iad. Na táirgeoirí a sháraíonn na rialacháin lena rialaítear déantúsaíocht na mbeathuithe cumaisc ar bhonn seasmhach; is féidir ionchúiseamh a thabhairt ina gcoinne.

## Riachtanais Lipéadaithe

I gcás gach ábhar beatha ní mór don díoltóir ráiteas reachtúil a thabhairt don cheannaitheoir. I gcás na n-ábhar beatha i málaí, is amhlaidh a chlóbhuailtear an ráiteas ar an mála féin nó ar lipéad a ghreamaítear don mhála; caithfear é a thabhairt ar cháipéis i dteannta le gach coinsíneacht i gcás na mbulc-sheachadtaí.

Ba cheart go bhfaigheadh an ceannaitheoir ráiteas i leith gach coinsíneacht ar a dtaispeántar:

- Speiceas ainmhí dá bhfuil an beathú ceaptha;
- Liosta comhábhar in ord íslitheach de réir meáchain a fhaightear san ábhar beatha;
- Íos-saolré stórála;
- Glanmheáchan;
- Dearbhú saintréithe comhdhéanaimh;
- Ainm agus seoladh an déantúsóra nó an tsoláthróra;
- Uimhir fhaofa/chlárúcháin an déantúsóra.

## Srianadh Úsáid Próitéiní Áirithe

Tá toirmeasc iomlán ann i leith bheathú phróitéiní ainmhithe d'ainmhithe feirme. Coinnítear, beathaítear nó póraítear ainmhithe feirme do tháirgeadh an bhia. Bíonn feidhm leis an srianadh i leith mhin éisc agus fosfáite déchailciam a dhíorthaítear ó chnámha díshaillte, seachas mar a n-údaráitear amhlaidh faoi Rialachán an AE (CE) Uimh. 999 de 2001. Gach duine nó grúpa ar mian leo min éisc nó fosfáit déchailciam a allmhairiú, a stóráil, a áireamh nó a thrádáil; ní foláir dóibh a údarú faoin Rialachán thuas.

**Is féidir foirmeacha iarratais d'úsáid aon cheann de na próitéiní úd a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058884
- Ríomhphost: **cropproduction@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/feedingstuffs/**

## Sláinteachas Beatha

Bíonn feidhm le Rialachán an AE (CE) Uimh. 183 de 2005 ina leagtar síos na ceangaltais do shláinteachas beatha do gach oibreoir gnó beathaithe ó 1 Eanáir 2006. Ciallaíonn an cur chuige 'ó fheirm go forc' go mbíonn feidhm leis do gach gnólacht lena n-áirítear táirgeadh príomhúil na n-ábhar beatha agus freisin láimhsiú, iompar, déantúsaíocht, margaíocht agus úsáid na n-ábhar beatha. Is aidhm leis na rialacháin chun a chinntiú go nglacann siad siúd go léir lena mbaineann na réamhchúraimí chun sábháilteacht an bheathaithe a chinntiú.

Is iad seo a leanas na heochairghnéithe den rialachán:

- Ní mór do gach oibreoir gnó beatha formheas a fháil agus a bheith cláraithe dá ngníomhaíochtaí. Áirítear leis sin gach feirmeoir a choinníonn beostoc agus/nó a chuireann barra a fhéadfar a bheathú do bheostoc (Táirgeoirí Príomhúla);
- Glacann gach oibreoir le prionsabail na hAnailíse Guaise agus Phointí Rialúcháin Chriticiúla (AGPRC) seachas i gcomhair táirgthe phríomhúil an bheathaithe agus beathú na n-ainmhithe feirme.
- Cur chun feidhme an dea-chleachtais talmhaíochta ag leibhéal táirgthe phríomhúil na n-ábhar beatha agus na n-ainmhithe feirme;
- Caitheann na hoibreoirí beatha a fhoinsiú ó oibreoirí formheasta nó cláraithe.

**Is féidir foirmeacha iarratais d'fhormheas nó clárúchán faoin reachtaíocht thuas a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058884
- Ríomhphost: **cropproduction@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/feedingstuffs/**

## Breiseáin sna hÁbhair Bheatha

Leagtar síos rialacha sonracha um rialacháin bhreiseán an AE do mheasúnú, cur i gcúrsaíocht agus úsáid na mbreiseán in ábhair bheatha. Ní féidir breiseáin údaraithe a chur i gcúrsaíocht ach amháin i gcomhréir le reachtaíocht an AE agus ní féidir leas a bhaint astu ach amháin má mheasctar iad isteach sna hábhair bheatha faoi na coinníollacha a leagtar síos sa rialachán údarúcháin. I gcás na n-ábhar beatha, ina bhfaightear vitimín agus coicideastait saill-tuaslagtha; ní mór na mionsonraí iomchuí a sholáthar do na feirmeoirí ar nós ainm, leibhéal cuimsithe agus dáta éagtha ráthú an leibhéil sin agus na coinníollacha úsáide freisin, m.sh. Tréimhse aistarraingthe roimh mharú.

**Is féidir foirmeacha iarratais d'fhormheas nó clárúchán faoin reachtaíocht thuas a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 505 8884
- Ríomhphost: **cropproduction@agriculture.gov.ie**
  Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/feedingstuffs/**

## Substaintí Neamh-Inmhianaithe

Leagtar síos na huasleibhéil cheadaithe do na cineálacha substaintí neamh-inmhianaithe níos coitianta a fhaightear in ábhair bheatha sa Treoir 2002/32/CE arna leasú. Áirítear leis na substaintí úd dé-ocsainí, miotail troma, aflatocsain B1, gosapól, síolta fiailí nimhiúla, srl.

## Luach Cothaitheach

Ráiteas i leith leibhéal na garbhphróitéine, na hamhola, an gharbhshnáithín, na hamhluatha agus an chion taise mar arb ionann é agus, nó a sáraíonn sé, 14% srl., ar treoir é do luach cothaitheach an ábhair bheatha agus ba chóir go mbreithneofaí go cúramach é nuair a bhítear ag ceannach beatha.

**Is féidir a thuilleadh mionsonraí a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, Foirgneamh Riaracháin, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Campas Bhacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara W23 X3PH.
- Fón: 01 505 8884
- Ríomhphost: **cropproduction@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/feedingstuffs/**



# A Dó dhéag



# Barra agus Gairneoireacht

## Scéim Dheimhnithe Síl

Is ionann deimhniú síl agus córas ráthaíochta cáilíochta mar a dtagann an síol atá ceaptha don mhargaíocht faoi réir rialaithe agus imscrúdaithe oifigiúil. Is éard atá sa chóras go simplí ná go ndeimhnítear leis go bhfuil a bhfuil ar an lipéad sa mhála, paicéad nó bosca síolta; agus gur táirgeadh, imscrúdaíodh agus grádaíodh an síol i gcomhréir le ceangaltais na Scéime Deimhnithe. Is éard is cuspóir láithreach an deimhnithe síl chun síol d'ardscoth a sholáthar d'fheirmeoirí agus saothraithe eile, ar fíor dá sainaitheantas é, arb ard ina ghlaine agus ina chéatadán péactha agus ar saor ó lotnaidí agus aicídí áirithe iad. Baineann ardtábhacht le cáilíocht na síolta do tháirgeadh barr óir gur bunriachtanas é síol d'ardcháilíocht i leith táirgeachta barr maithe agus torthaí maithe, agus d'íoslaghdú dóchúlacht chliseadh na mbarr. Deimhníodh síolta na heornan, an choirce, na cruithneachta, an triteacáil, phónairí machaire, olashíl ráibe agus phrátaí síl thiar sa bhliain 2014.

Is córas oifigiúil í an Scéim Dheimhnithe Síl le tacaíocht ó Reachtaíocht an AE agus Náisiúnta agus ó Phrótacail Idirnáisiúnta chun a chinntiú go dtáirgítear, go n-iolraítear agus go ndéantar margaíocht ar an síol i gcomhréir le caighdeáin agus córais réamhchinntithe, agus iomláine ghéiniteach an táirge á cothabháil. Is cuid de chóras níos forleithne na trádála idirnáisiúnta í lena gcuimsítear pórú síolta, cearta póraitheoirí plandaí, acmhainní géiniteacha plandaí agus an bhithéagsúlacht. Tá sé mídhleathach faoi dhlí an AE agus na hÉireann chun síolta neamhdheimhnithe a thabhairt chun margaidh.

Tá seacht dTreoir um Shíol de chuid an AE ann lena bhforáiltear do chaighdeáin chomónta don deimhniú síolta ar fud Bhallstáit an AE agus do ghluaiseacht shaor na síolta deimhnithe. Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an t-údarás ainmnithe d'fhorfheidhmiú na Scéime Deimhnithe Síl in Éirinn.

Teastaíonn ó tháirgeadh an tsíl dheimhnithe do bharra in-chomhbhuainte go mbunaítear conradh idir an saothraí agus an ceannaí síl. Forordaítear roinnt coinníollacha maidir le hoiriúnacht an tsuímh do shaothrú síolbhairr. Maoirsítear táirgeadh síl le himscrúduithe oifigiúla agus le sampláil i rith chéimeanna goirt, iontógála síl, pacáistíochta agus lipéadaithe den táirgeadh. Ní theastaíonn conarthaí i gcás prátaí síl, ach caitheann na saothraithe iarratas a dhéanamh don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara sula gcuirtear na barra. Caitear an talamh as a mbaintear leas do phrátaí síl a shampláil dá hithir agus a thástáil do neimeatóid ciste prátaí (NCP) sula gcuirtear an barr. Caitheann na barra fáis agus na tiúbair bhuainte cáiliú go slán trí na himscrúduithe oifigiúla sula ndeimhnítear an síol

Táirgítear an t-ábhar foinse bunaidh do phrátaí síl trí chultúr barrmhíristéama faoi choinníollacha saotharlainne chun leibhéil aicíde a íoslaghdú. Táirgítear an chéad ghlúin ('miontiúbair' i dteach gloine agus iolraítear iad siúd dá éis sin thar roinnt glúnta sa ghort chun síol a tháirgeadh do shaothrú barr prátaí margaidh thráchtála. Táirgítear miontiúbair ag Lárionad Prátaí Tops de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall, agus is féidir iad a allmhairiú freisin. De réir reachtaíocht an AE (Cinneadh 2004/03/CE) is amhlaidh atá Éire ar cheann amháin de roinnt limistéar laistigh den AE a aithnítear go hoifigiúil mar Limistéar Síl Ardghráid do phrátaí síl toisc go bhfuil an tír shaor ó roinnt aicídí prátaí suntasacha i láthair na huaire a fhaightear i mBallstáit eile. Is de réir na reachtaíochta sin, ní féidir ach amháin prátaí síl 'Réamhbhunúsacha' (Lipéad Bán le stiall corcair) agus 'Bunúsacha' (Lipéad Bán) a thabhairt chun margaidh in Éirinn.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058811
- Ríomhphost: **cropproduction@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/crops/ seedcertification/ seedcertificationscheme/**

## Clárúcháin Chineáil

Is faoi reachtaíocht an AE nach féidir ach amháin síol na gcineálacha atá cláraithe i gCatalóg Náisiúnta na hÉireann um Chineálacha Planda Talmhaíochta nó i gCatalóg Chomónta an AE a thabhairt chun margaidh abhus. Ina theannta sin is amhlaidh a chaitheann gach síol a thugtar chun margaidh, lena n-áirítear meascáin síolta féir, a bheith deimhnithe go hoifigiúil. Caithfear na cineálacha a áirítear sa Chatalóg Náisiúnta a thástáil faoin rialú oifigiúil agus i gcomhréir le ceangaltais an AE.

**Is ar bhonn bliantúil a fhoilsítear Catalóg Náisiúnta na gCineálacha Planda Talmhaíochta. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058811
- Ríomhphost: **croproduction@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/crops/ seedcertification/ plantbreedersrightsnationalcatalogue/**

## Seirbhís Tástála Síl

Is féidir le feirmeoirí agus ceannaithe síolta a thástáil do phéacadh, íonacht anailíseach, cion taise, inmharthanacht mhear Teatrasóiliam, meáchan heictilítir, aicídí síol-iompartha éagsúla srl. ag Saotharlann Tástála Síl na Roinne. Gearrtar táille i leith na dtástálacha úd.

Is ag an tSaotharlann Fholláine Planda i mBacastún a dhéantar tástálacha i gcomhair roinnt orgánach coraintín freisin.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An tSaotharlann Tástála Síolta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Campas Bhacastúin, Ascaill Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 6157518 (fáiltiú)
- Ríomhphost: **seedtesting@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/ laboratoryservices/ seedtestinglaboratory/**

## Clár Meastóireachta Cineálacha Barr

Is i gcomhréir le Treoracha an AE agus leis an Reachtaíocht Náisiúnta araon arb í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an t-údarás inniúil in Éirinn chun trialacha L.S.Ú. (Luach do Shaothrú agus d'Úsáid) a dhéanamh ar chineálacha barr. Tugtar stádas dearfach L.S.Ú. do chineálacha nua ina dtaispeántar fiúntas níos fearr.

Déantar na trialacha úd, ar a dtugtar **Trialacha Liosta Náisiúnta (LN)** thar íosachar dhá bhliain ar a laghad; go príomha ag Ionaid Mheastóireachta Cineálacha Barr na Roinne ag na suíomhanna seo a leanas;

- Feirm Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara, W23 AE3V.
- Teagasc, Coláiste Chill an Dátúnaigh, trí mheán Charraig na Siúire, Co. Chill Chainnigh, E32 YWO8.
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Co. Na Gaillimhe, H65 R718.
- Teagasc, Lárionad Taighde na Cloiche Léithe, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997.
- An Fheirm agus Saotharlann Prátaí, Na Tops, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall, F93 HV02.

Na cineálacha a shásaíonn na caighdeáin inghlactha don L.S.Ú. (agus LAC*); is incháilithe iad dá gclárú sa Chatalóg Náisiúnta um Chineálacha Planda Talmhaíochta.

*Ní dhéantar tástálacha LAC (Leithleach, Aonfhoirmeach, Cobhsaí) in Éirinn ach amháin ar chineálacha prátaí nuaphóraithe.

Cuirtear an rogha cineálacha ó na trialacha LN ar aghaidh chuig **Trialacha Liosta Mholta** (LM), ina dtógtar íostréimhse 3 bliana. Déantar na trialacha sin ag na hionaid thuas agus ar fheirmeacha tráchtála roghnaithe arna moladh ag Oifigigh Forbartha Theagaisc. Caitear na cineálacha a áirítear sna comhthrialacha don Liosta Náisiúnta / Molta a thástáil ar feadh 3 bliana ar a laghad sular féidir iad a bhreithniú dá n-iontráil sa Chatalóg Náisiúnta agus sa Liosta Molta.

Táthar ag déanamh trialacha i láthair na huaire ar na barra seo a leanas: Gránaigh (Cruithneacht, Eorna agus Coirce), Arbhar Indiach Foráiste, Luibhre (Féar agus Seamair), Prátaí, Pónairí agus Ráib Olashíl.

Eisítear **Liostaí Molta** de na cineálacha is fearr sna trialacha ar bhonn bliantúil i leith na bpríomhspeiceas barr.

**Is féidir a thuilleadh mionsonraí a fháil ó:**


- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058811
- Ríomhphost: **cropproduction@agriculture.gov.ie**




## Acmhainní Géiniteacha Plandaí

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a sholáthraíonn cabhair airgeadais i dtreo chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha don bhia agus don talmhaíocht trí mheán na Scéime Fóirdheontais d'Acmhainní Géiniteacha. Déantar glao bliantúil mar chuid den scéim ar thionscadail

oiriúnacha, agus is é coiste comhairleach a mhaoirsíonn é ó phearsanra na Roinne, na nOllscoileanna, Theagaisc, na n-eagras feirmeoireachta agus eagras neamhrialtasach.

Cothabhálann an Roinn banc géinte freisin de na seanchineálacha gránaigh agus prátaí agus comhordaíonn tacaíochtaí ón AE agus ó Eagrais Idirnáisiúnta arb í an aidhm leo chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú. Is í an Roinn freisin a sholáthraíonn cistiú do Chumann Sábhála Síolta Éireann chun úllord Éireannach traidisiúnta a chothabháil i measc beart eile leis an aidhm chun acmhainní géiniteacha plandaí na hÉireann a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe.

**Is féidir a thuilleadh mionsonraí a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058811
- Ríomhphost: **cropproduction@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/otherfarmers schemes/ conservationofgeneticresourcesforfoodandagriculture/ conservationofplantgeneticresources/**

## Torthaí agus Glasraí

### Scéim Chabhrach Infheistíochta d'Fhorbairt na hEarnála Tráchtála Gairneoireachta

Tá cabhair dheontais ar fáil faoin Scéim Chabhrach Infheistíochta d'Fhorbairt na hEarnála Tráchtála Gairneoireachta. Is í aidhm na Scéime chun cúnamh le forbairt na hearnála gairneoireachta, lena n-áirítear an bheachaireacht, trí chabhair dheontais a sholáthar d'infheistíochtaí caipitiúla i ngléasra agus trealamh speisialaithe chomh maith le teicneolaíochtaí nua atá ag teacht amach ar sonrach don táirgeadh gairneoireachta tráchtála iad. Is iad cuspóirí na scéime chun cleachtais ar báúil don chomhshaol iad a éascú; éagsúlú na ngníomhaíochtaí ar an bhfeirm a chur chun cinn; cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú agus na coinníollacha oibre a fheabhsú. Dírítear an scéim den chuid is mó orthu siúd a bhíonn i mbun an táirgthe gairneoireachta tráchtála agus/nó na beachaireachta.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058886
- Ríomhphost: **HorticultureGrants@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/horticultureschemes/**



### Scéim na Cabhrach ón AE d'Eagrais Táirgeoirí (ETí) in Earnáil na dTorthaí agus na nGlasraí

Is aonán dlíthiúil atá in Eagras Táirgeoirí, a chruthaítear ar thionscnamh ó shaothraithe torthaí agus glasraí, a gheallann chun a gcuid táirgthe a thabhairt chun margaidh trí struchtúr an Eagrais Táirgeoirí. Caitheann 5 ball gníomhach is táirgeoirí ar a laghad bheith ag Eagras Táirgeoirí chun

aitheantas a fháil ón Roinn seo, ag a mbíonn comhluach bliantúil de tháirgeadh a tugadh chun margaidh (LTM) arb ionann agus €2,500,000 ar a laghad é.

Caitheann Eagras Táirgeoirí clár oibriúcháin 3, 4 nó 5 bliana a fhorfheidhmiú (plean gnó), agus caitear faomhadh roimh ré a fháil dó sin ón Roinn agus caitear é a thaisceadh faoi 15 Meán Fómhair sa bhliain sula dtosaíonn sé. Moltar d'aonáin dlíthiúla ámh ar mian leo aitheantas a fháil mar Eagras Táirgeoirí chun teagmháil a dhéanamh leis an Roinn go maith roimh an dáta úd óir go mbaineann sraith ceaduithe réamhaitheantais leis an bpróiseas aitheantas a chaithfear a chomhlíonadh sular féidir aitheantas a thabhairt in aon chor.

Bíonn cúnamh airgeadais ón AE ar fáil d'Eagrais Táirgeoirí do chostais incháilithe a bhaineann le forfheidhmiú a gclár oibriúcháin fhaofa.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058893
- Ríomhphost: **poscheme@agriculture.gov.ie/**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/horticultureschemes**

### Táirgeadh agus Margaíocht na dTorthaí agus na nGlasraí Úra

Ní foláir do tháirgeoirí tráchtála na dtorthaí agus na nglasraí úra (lena n-áirítear prátaí agus fungais inite) chun clárú mar tháirgeoirí bia leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is í an Roinn a dhéanann imscrúduithe chun comhlíonadh leis na rialacháin um shábháilteacht bhia a chinntiú. Baineann pionóis le sáruithe na reachtaíochta. I dteannta leis an gclárúchán, teastaíonn formheas ó tháirgeoirí síolta péactha freisin ag an Roinn.

Is ann do Chaighdeáin Mhargaíochta an Aontais Eorpaigh i leith réimse leathan torthaí agus glasraí úra. Is éard is feidhm leis na caighdeáin ná chun a chinntiú go mbaineann cáilíocht den scoth agus lipéadú iomchuí leis an táirgeadh rialaithe a chuirtear ar díol. Baineann na caighdeáin leis an gcáilíocht, méid, láithreoireacht agus lipéadú. Bíonn feidhm leis na caighdeáin úd do tháirgí dúchasacha agus allmhairithe a chuirtear ar díol ag na leibhéil mhórdhíola agus miondíola ar fud na tíre agus le táirgí á n-allmhairiú/n-onnmhairiú. Is faoin trádálaí chun a chinntiú go gcomhlíonann an táirgeadh a dhíoltar nó a chuirtear ar díol leis na caighdeáin mhargaíochta. Déanann oifigigh na Roinne cigireacht ar an táirgeadh chun a chinntiú go mbítear ag cloí leis na caighdeáin. Baineann pionóis le sáruithe na gcaighdeán margaíochta.



**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058804
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/ horticulture/ freshfruitvegetablesmarketingstandardseu/**

## An Bheachaireacht/An Mhil

Is faoi Reachtaíocht an AE agus faoin reachtaíocht náisiúnta a rialaítear earnáil na beachaireachta. Is faoin reachtaíocht sin a thagann na beacha faoi réir chigireacht tréidliachta i gcomhair galar infhógartha áirithe. Is ionann na haicídí úd i láthair na huaire agus Galar Bréanlarbha (Meiriceánach agus Eorpach), an Chiaróg Choirceoige Bheag agus an fhíneog Tropilaelaps. Caitheann beachairí fógra a thabhairt don Roinn i leith gach ráig amhrasach d'aon cheann de na haicídí ina gcuid coirceog nó coilíneachtaí beach. Tagann allmhairí agus onnmhairí beach faoi réir deimhniú sláinte ag a n-ionad bunaidh sa tír onnmhairiúcháin agus ceaduithe ag a spriocionad sa tír allmhairiúcháin.

Tá cabhair dheontais ar fáil do shainsaoráidí beachaireachta ar fáil faoin Scéim Chabhrach Infheistíochta d'Fhorbairt na hEarnála Tráchtála Gairneoireachta.

Tugtar spreagadh do bheachairí chun clárú mar tháirgeoirí bia leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Caitheann an mhil a chuirtear ar díol comhlíonadh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaíocht na Meala) 2003 (I.R. Uimh. 367 de 2003 arna leasú). Is éard is aidhm leis na rialacháin úd go mbaineann cáilíocht inghlactha leis an mil a thrádáiltear agus go mbíonn an lipéadú cruinn léi, go háirithe i dtéarmaí a bunúis. Is amhlaidh ina theannta sin a chaitheann an mhil a chuirtear ar díol comhlíonadh freisin le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Soláthar Faisnéise faoin mBia do Thomhaltóirí) 2014 (I.R. Uimh. 556 de 2014). Is í an Roinn a dhéanann imscrúduithe chun comhlíonadh leis na rialacháin sin a chinntiú. Baineann pionóis le sáruithe na reachtaíochta. I dteannta le lipéadú iomchuí na meala a chinntiú is amhlaidh a stiúrann an Roinn rialuithe chun a chinntiú go sásaíonn an mhil na riachtanais um shábháilteacht bhia.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058804
- Ríomhphost: **beekeeping@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/beekeepinghoney/**

## Folláine agus Trádáil Plandaí

Tá Éire saor ó go leor aicídí agus lotnaidí tromchúiseacha, a théann i bhfeidhm ar phlandaí agus ar bharra, agus is amhlaidh dá réir atá caighdeán ard fholláine plandaí aici. Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a oibríonn rialuithe faoin reachtaíocht Náisiúnta agus de chuid an AE araon chun a stádas ard d'fholláine a chothabháil. Ba cheart go bhfógrófaí aon teagmhas neamhghnách d'aicíd nó lotnaid éigin láithreach bonn do Rannán Gairneoireachta & Folláine Plandaí na Roinne.



### Rialacha an AE

Oibrítear córas comónta de rialuithe folláine plandaí laistigh den AE. Is gné den chóras sin í go gcaithfear an t-ábhar (plandaí áirithe, táirgí plandaí agus earraí eile nach iad), a thagann faoi réir na rialúchán sin a chigireacht ag leibhéal an táirgthe chun comhlíonadh le ceangaltais arna leagan síos i ndáil leis an ngluaiseacht laistigh den AE a cheadú. Caitheann lipéad, ar a dtugtar Pas Planda,bheith i dteannta le roinnt den ábhar sin, nuair a ghluaistear é.

Tugtar nod leis sin d'incháilitheacht gluaiseachta laistigh den AE agus go sonrach do ghluaiseacht isteach agus laistigh de chriosanna cosanta ainmnithe. Caitheann na daoine a bhíonn bainteach le táirgeadh

agus gluaiseacht na n-earraí ábhartha bheith cláraithe leis an Roinn seo agus bheith údaraithe chun Pasanna Plandaí a eisiúint, de réir mar is iomchuí.

Ní féidir an t-ábhar nach de bhunadh an AE é agus a thagann faoi réir rialúchán folláine plandaí a allmhairiú ach amháin ag allmhaireoirí cláraithe, agus tagann sé faoi réir chigireacht fíteashláintíochta éigeantach arna iontráil isteach chun an AE.

**Is féidir a thuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais do chlárúchán a fháil ó:**

- An Rannóg Trádála Plandaí, An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058792
- Ríomhphost: **plantandpests@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/planthealthtrade/**

## Prátaí

### An tAcht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí

De réir na nAchtanna um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984 agus 2004, ní foláir do gach duine is saothraí prátaí dá ndíol nó is pacálaí prátaí dá ndíol clárú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bíonn táille clárúcháin aonuaire ar fiú €19 í iníoctha.

Ní féidir prátaí a dhíol murar é fásóir cláraithe a shaothraigh iad agus murar é pacálaí cláraithe a phacáil iad. Ní féidir le duine éigin prátaí a dhíol i bpacáiste éigin mura mbíonn uimhir chlárúcháin an fhásóra chláraithe agus an phacálaí chláraithe ar an bpacáiste

Teastaíonn ó na rialacháin a ceapadh faoin Acht go gcothabhálann idir fhásóirí agus phacálaithe taifid mhionsonraithe de na cainníochtaí a díoladh/ceannaíodh. Cinntítear leis na taifid úd gur féidir na prátaí a chuirtear ar díol ag an leibhéal miondíola a rianú aniar ó na fásóirí nó na hallmhaireoirí aonair.

### Caighdeáin do Dhíol Prátaí

Caitheann prátaí a dhíoltar nó a chuirtear ar díol comhlíonadh le ceangaltais na Rialachán um Chaighdeáin Bhia (Prátaí). Caitheann cáilíocht mhaith bheith iontu, iad a dhíol de réir cineáil ar leithligh agus i réimsí méide forordaithe. Caitheann marcáil den chineál prátaí agus den réimse méide bheith ar na pacáistí. Caitheann an phacáistíocht bheith in ann tais a ionsú agus an t-aer a ligean isteach. Ní bhíonn feidhm leis na Rialacháin do phrátaí le próiseáil ná dá n-onnmhairiú.



**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058804
- Ríomhphost: **PotatoOnline@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/crops/potatoes/**

## Rialú Fiailí Díobhálacha

Is faoin Acht um Fhiaile Dhíobhálach, 1936, ar cion é gan fás agus leathadh na bhfiailí díobhálacha a chosc. Caitheann na húinéirí agus na háititheoirí talún a chinntiú go gcloíonn siad leis an bhforáil san

Acht. Is iad na fiailí díobhálacha a chaithfear a rialú ná an buachalán buí, an feochadán, an chopóg, an bharbróg, an hopa fiáin fireann agus an coirce fiáin.

- Déan teagmháil leo seo i gcomhair modhanna rialúcháin:
- An Comhairleoir Theagaisc áitiúil, nó mar mhalairt,
- Ceadaigh an bhileog fhíorasach faoi mbuachalán buí ag **www.teagasc.i**e

## Cosaint Plandaí agus Táirgí Bithicíde

Cothabhálann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara comhoibriú dlúth leis an Roinn Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i leith fhorghníomhú rialachán a bhaineann leis na táirgí úd.

### Clárúchán agus Údarúchán

Is uirlis ríluachmhar iad na táirgí cosanta plandaí um tháirgeadh barr chun fiailí, aicídí agus lotnaidí a rialú, rud a chumasaíonn baint torthaí maithe de bharra ardcháilíochta. Soláthraíonn bithicídí bealach éifeachtach nuair a bhaintear úsáid cheart astu chun táirgí, dromchlaí agus ábhair sa tionscal agus sa bhaile a dhífhabhtú agus a chaomhnú. Caitear na táirgí cosanta plandaí agus na táirgí bithicíde a láimhseáil go cáiréiseach agus a úsáid go cúramach óir gur gníomhach ó thaobh na bitheolaíochta de iad.

Oibríonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara rialuithe reachtúla thar gach táirge cosanta plandaí agus bithicíde a mbaintear leas astu in Éirinn. Údaraítear na táirgí cosanta plandaí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107 de 2009, i ndáil le tabhairt na dtáirgí cosanta plandaí chun margaidh. Údaraítear na táirgí bithicíde i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528 de 2012, i ndáil le cur ar fáil ar an margadh agus úsáid na dtáirgí bithicíde. Is cion é aon úsáid de tháirgí cosanta plandaí agus bithicíde a sháraíonn na coinníollacha gaolmhara ar liostaítear ar lipéid na dtáirgí, lena mbaineann ionchúiseamh.

Déanann an Roinn cigireacht rialta chun a chinntiú go gcomhlíonann gach táirge cosanta plandaí agus bithicíde a thugtar chun margaidh agus a mbaintear leas astu leis na rialacháin ábhartha den AE. Ba cheart go leanfadh úsáideoirí táirgí cosanta plandaí agus bithicíde na coinníollacha úsáide ar an lipéad. Foilsíonn an Roinn liostaí táirgí formheasta dá n-úsáid faoi na Rialacháin ábhartha.

### An Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí

Bunaítear leis an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí (TÚI) creatlach do ghníomh ag an gComhphobal Eorpach chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a ghnóthú trí rialacha íosta a leagan chun rioscaí don tsláinte dhaonna agus don chomhshaol le húsáid lotnaidicídí a laghdú. Cuirtear chun cinn inti úsáid an Bhainistithe Lotnaidí Chomhtháite (BLC) lena n-áirítear cur chuige malartach agus teicníochtaí d'úsáid na gceimiceán. Cuirtear i bhfeidhm léi ceangaltais úra i réimsí comhairle i leith, dhíolachán, sholáthar, stóráil agus úsáid na dtáirgí cosanta plandaí. Achtaíodh an TÚI i ndlí na hÉireann le I.R. Uimh. 155 de 2012.

Téann an reachtaíocht i bhfeidhm ar roinnt catagóirí daoine aonair ag a mbíonn baint i limistéar na húsáide lotnaidicídí (comhairleoirí, leithdháilteoirí, úsáideoirí gairmiúla agus cigirí an trealaimh churtha). Ní foláir do dhaoine aonair laistigh de gach catagóir chun clárú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus caitheann an leibhéal oiliúna iomchuí bheith acu don chineál gníomhaíochta ina mbíonn siad páirteach. B'éigean gach comhairleoir agus cigire trealaimh churtha bheith cláraithe ó mhí na Samhna 2013 i leith. Caitear gach úsáideoir gairmiúil agus leithdháilteoir a bheith cláraithe faoi mhí na Samhna 2015. Tá an Roinn tar éis córas clárúcháin ar líne a fhorbairt chun na críche sin

**(www.pcs.agriculture.gov.ie/sud/sudreg/).** Ina theannta sin is amhlaidh atá ceangaltais ann chun catagóirí trealaimh churtha lotnaidicídí a thástáil (spraeirí bumaile > 3m agus gach spraeire séidte agus úlloird) uair amháin ar a laghad faoi mhí na Samhna 2016. Caithfidh nach mó ná 5 bliana an t-achar idir imscrúduithe síos go dtí an bhliain 2020 agus nach mó ná 3 bliana ina diaidh sin é. Táthar tar éis caighdeáin nua um dhearadh, thógáil agus fheidhmiú stóráil na lotnaidicídí, agus caitheann gach stóras leithdháilte cloí leis na caighdeáin úd agus bheith cláraithe leis an Roinn faoi mhí na Samhna 2015. Ó 1 Eanáir 2014 i leith is amhlaidh arbh éigean do gach úsáideoir gairmiúil prionsabail ghinearálta an Bhainstithe Lotnaidí Chomhtháite a chur chun feidhme, agus nach foláir dóibh taifid a choinneáil chun cur i bhfeidhm na bprionsabal úd a léiriú.

## Leibhéil Iarmhair

Tá sé mídhleathach chun táirgí bia a thabhairt chun margaidh ina bhfaightear leibhéil níos airde d'iarmhair lotnaidicíde ná na huasmhéideanna ceadaithe a leagtar síos leis na Rialacháin ábhartha. Foilsíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuairisc bhliantúil i leith na nIarmhar Lotnaidicíde sa Bhia.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058885
- An Rannán um Rialú Lotnaidicídí, Agra-Shaotharlanna Bhacastúin, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 6157552 • Ríomhphost: **pcs@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.pcs.agriculture.gov.ie/**

## Aolchloch Mheilte agus Leasacháin

Tá caighdeáin dlíthiúla forordaithe do dhéantús agus díol na haolchloiche meilte agus na leasachán chun a chinntiú go gcloíonn an táirge a chuirtear ar an margadh leis na caighdeáin íosta agus leis na ceangaltais lipéadaithe. I gcás na n-olldíolachán, ní foláir don díoltóir ráiteas a thabhairt don cheannaitheoir ina dtaispeántar anailís den ábhar féin. Déanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ceaduithe ar ábhar ar díol agus tógann samplaí d'anailís oifigiúil. Glactar gníomh iomchuí i gcás sárú na Rialachán.

## Seirbhís Anailíseach



Aon chustaiméir le cúis acu go bhfuil aolchloch mheilte a cheannaigh siad fabhtach, is féidir leo iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun sampla oifigiúil a thógáil dá anailísiú. Ba cheart go mbainfeadh iarratais do shampláil/anailís oifigiúil an Roinn amach laistigh d'ocht lá is fiche ó sheachadadh an ábhair a ceannaíodh, agus caitheann táille €6.35 bheith i dteannta le gach aon chás díobh.

**Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:**

- An Rannán um Beartas, Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Riaracháin, Bacastún, Co. Chill Dara, W23 X3PH.
- Fón: 01 5058766 • Ríomhphost: **feedimports@agriculture.gov.ie**



# A Trí dhéag

## Iascaigh Mhara

13

## Forbairt na dTionscal Éisc Mhara agus Uisceshaothraithe in Éirinn

### Bord Iascaigh Mhara (BIM)

Is Gníomhaireacht Stáit í BIM atá freagrach as forbairt tionscail Bhia Mara na hÉireann lena n-áirítear na hearnálacha gabhála, uisceshaothraithe agus próiseála chomh maith le hoiliúint a sholáthar don earnáil. Is i gcomhthéacs an bheartais náisiúnta agus bheartas an AE a leagtar amach na tionscnaimh agus scéimeanna forbartha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfreagracht úd, agus dréachtaítear iad ag féachaint don Chomhbheartas Iascaigh agus don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh nua. Faightear na cláir go léir sa Chlár Forbartha Bia Mara 2014 - 2020.

Is é an t-eochair-chuspóir chun earnáil an bhia mhara a fhorás ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ionas go gcuirfidh sí luach breise le soláthar nádúrtha amhábhair agus go dtáirgfear léi poist a mbaineann géarghá leo, rud a bheidh inbhuanaithe ar a sheal féin do phobail i réigiúin imeallacha chois cósta na hÉireann. Aithnítear i straitéisí an Rialtais lena n-áirítear Food Wise 2025 agus Saibhreas ár nAigéin a Shaothrú na deiseanna d'earnáil an bhia mhara chun scála a thógáil agus chun luach, onnmhairí agus poist a fhormhéadú.

Tacaíonn BIM le hearnáil an bhia mhara le réimse tacaíochtaí, seirbhísí agus saineolais. Bíonn na tacaíochtaí úd ar fáil don chabhlach iascaigh, d'fhiontair uisceshaothraithe, d'fhiontair phróiseála bia mara agus do phobail chois cósta trí mheán na nGrúpaí Gnímh Áitiúla Iascach (GGÁIí).

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí de Chláir agus Scéimeanna BIM:**

- B.I.M., Bosca Poist 12, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 E5AO.
- Fón: 01 2144100;
- Ríomhphost: **info@bim.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.bim.ie/**

### Údarás Na Gaeltachta

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Tugann an tÚdarás spreagadh don infheistíocht sa Ghaeltacht trí réimse dreasachtaí flaithiúla d'fhiontair nua agus trí thacaíocht agus cúnamh do ghnólachtaí reatha.

Is gníomhaireacht forfheidhmiúcháin é an tÚdarás d'fhorbairt na dtionscadal uisceshaothraithe sna ceantair Ghaeltachta, agus oibríonn go dlúth le BIM agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun forfheidhmiú agus bainistiú tionscadal arna bhforfheidhmiú ag cistí NDP/AE a chinntiú.



**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí le:**

- Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22.
- Fón: 091 503100, Facs: 091 503101
- Ríomhphost: **eolas@udaras.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.udaras.ie**

## Rialú Thionscail Éisc Mhara agus Uisceshaothraithe na hÉireann

### Ceadúnú na mBád Iascaigh Mhara

Is in Alt 4 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (An tAcht 2003), (arna ionsá le hAlt 97 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006) a leagtar amach an reachtaíocht lena rialaítear ceadúnúchán na mbád iascaigh mhara. Caitear bás iascaigh mhara Éireannach a iontráil i gClár na mBád Iascaigh sula dtugtar ceadúnas dó chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaigh mhara tráchtála.

### Ceadúnú na mBád Iascaigh Mhara

Ba i gcomhréir le hAlt 3 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (Uimh. 21 de 2003), a aistríodh feidhm cheadúnúchán na mbád iascaigh mhara chuig an Údarás Ceadúnúcháin do Bháid Iascaigh Mhara le héifeacht ó 1 Iúil 2003.

Faoi mar a shonraítear san Acht úd, is ionann an tÚdarás Ceadúnúcháin agus Ard-Chláraitheoir na mBád Iascaigh, nó, faoi cheannfortacht an Ard-Chláraitheora, Leas-Ard-Chláraitheoir na mBád Iascaigh.

Is in Ailt 74 go 80 agus in Alt 100 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006 agus i Rialacháin na Long Trádála (Clárúchán, Litriú agus Uimhriú na mBád Iascaigh) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005) a leagtar amach an reachtaíocht lena rialaítear clárúchán na mbád iascaigh mhara. Cuirtear ar dhualgas an Ard-Chláraitheora leis an reachtaíocht seo as cothabháil Chlár Bád Iascaigh ("An Clár") agus as bainistiú iomchuí chumas na mbád iascaigh mhara Éireannach.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí le:**

- An tÚdarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara, An Lárionad Náisiúnta Bia Mara, An Cloichín, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 TX47.
- Fón: 0761 064409
- Ríomhphost: **fleetregister@agriculture.gov.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/fisheries/seafisheriesadministration/ seafisheriesadministration/seafishingfleetregister/**

### Ceadúnais Uisceshaothraithe

Áirítear leis an uisceshaothrú saothrú nó feirmeoireacht an éisc, na n-inveirtreabach uisceach, na bplandaí uisceacha nó aon chineál uisceach de bhia oiriúnach do chothú an éisc. Déantar iarratais ar cheadúnais uisceshaothraithe a mheasúnú faoi fhorálacha an tAcht Iascaigh (Leasú), 1997. Ina theannta sin is amhlaidh a theastaíonn ceadúnas urthrá bheith in éineacht le huisceshaothrú muirí-bhunaithe de réir Acht Imeall Trágha 1933). D'fhéadfadh cead pleanála agus cead doirte bheith de dhíth ar a uisceshaothrú talamh-bhunaithe freisin ón Údarás Áitiúil.

Is trí mheán Rannán Uisceshaothraithe agus Bainistithe Urthrá na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a dhéantar ceadúnú uisceshaothraithe a riaradh. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhreithníonn na hiarratais uisceshaothraithe a dhéantar chuig an Rannán ar an bhfoirm iarratais fhormheasta agus a thagann leis na táillí iomchuí

Tá sé mídhleathach faoi Alt 6 den Acht Iascaigh (Leasú) 1997 chun dul i mbun uisceshaothraithe gan cheadúnas uisceshaothraithe iomchuí/

**Is féidir foirm iarratais i gcomhair ceadúnais uisceshaothraithe a fháil ó:**

- An Rannóg um Cheadúnúchán an Uisceshaothraithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Lárionad Náisiúnta Bia Mara, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 TX47.
- Fón: 023 8859500
- Láithreán Gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/fisheries/aquacultureforeshoremanagement/aquaculturelicensing**

### Nósanna Imeachta d'Achomharc na gCeadúnas Uisceshaothraithe

Is leis an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe neamhspleách, arna bhunú an 16 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú) 1997, a láimhseáiltear an nós imeachta d'Achomhairc um cheadúnúchán uisceshaothraithe. Is ar bhonn páirtaimseartha atá gach comhalta Boird fostaithe. Na custaiméirí, na baill den phobal nó na heagrais chomhshaoil ar éagóirithe iad le cinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith iarratais ar cheadúnas uisceshaothraithe, nó le cúlghairm nó leasú ceadúnais uisceshaothraithe éigin; is féidir leo achomharc a thabhairt laistigh de mhí amháin ó fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó fógra (i gcás cúlghairme/leasaithe).

**Is i bhfoirm scríbhinne a chaithfear gach achomharc a dhéanamh ar fhoirm iarratais na n-achomharc, ina leagtar amach na forais achomhairc agus arna sheoladh chuig:**

- An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise R32 DTW5.
- Fón: 057 8631912
- Ríomhphost: **info@alab.ie**

## Ceadúnais agus Léasanna Urthrá

Rangaítear an urthrá mar an talamh agus grinneall na farraige idir lántaoide na ngnáth-thaoidí nó na meántaoidí (a thaispeántar mar HWM ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis) agus an teorainn dhá mhíle dhéag (is ionann 12 muirmhíle agus tuairim 22.24 ciliméadar).

Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara atá freagrach as ceadúnúchán urthrá i ndáil le gníomhaíochtaí:

- a bhaineann go hiomlán nó go príomha le húsáid, forbairt nó tacaíocht don uisceshaothrú, nó
- a baineann go hiomlán nó go príomha le húsáid, forbairt nó tacaíocht don iascach mara, lena n-áirítear próiseáil agus díol an éisc mhara agus déantúsaíocht táirgí a dhíorthaítear ón iasc mara, nó
- i ndáil le hIonad Iascaigh Cuain.

Is ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a luíonn an fhreagracht as iarratais ar léasanna/cheadúnais urthrá i ndáil le gníomhaíochtaí seachas iad siúd a liostaítear thuas. Is trí mheán Rannán Uisceshaothraithe agus Bainistithe Urthrá na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a dhéantar iarratais ar léasanna nó ceadúnais urthrá a riaradh. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a thagann ar chinneadh i leith iarratas a dhéantar chuig an Rannán ar an bhfoirm iarratais fhormheasta. Aon duine a chuireann struchtúr san urthrá gan léas nó a dhéanann gníomhaíocht gan cheadúnas nó a sháraíonn téarmaí léasa/ceadúnais; is féidir iad a ionchúiseamh trí na Cúirteanna.

**Is féidir foirm iarratais i gcomhair léas nó cheadúnais urthrá a fháil ó:**

- An Rannóg um Cheadúnúchán an Uisceshaothraithe, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Lárionad Náisiúnta Bia Mara, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 TX47.
- Fón: 023 8859500
- Láithreán gréasáin: **www.agriculture.gov.ie/fisheries/aquacultureforeshoremanagement/foreshoreadministration**

Department of
Agriculture,
Food and the Marine
An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

Market Support Measures

Plant Health and Trade

Beef Data and Genomics Programme

Agri-Environment

Feedingstuff Controls

Farmers' Charter of Rights

State Bodies and Agencies

Animal Traceability


Green Low-Carbon Agri-Environment Scheme

Crops and Horticulture

BDGP

TAMS

Feedingstuff Controls



# A Ceathair déag

## Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Stáit

14

## Bord Bia

Is é misean Bhord Bia léargas margaidh a stiúradh tríd, agus i gcomhpháirt leis an tionscal, rathúlacht tráchtála tionscail Éireannaigh de scoth domhanda sa bhia, deoch agus gairneoireacht a stiúradh.

Fostaíonn Bord Bia 95 ball foirne, tá aon oifig déag aige sna margaí onnmhairithe – thall in Amstardam, Dubai, Düsseldorf, Londain, Maidrid, Moscó, Nua-Eabhrac, Páras, Shanghai agus Stócólm – chomh maithe leis an gceannoifig i mBaile Átha Cliath.

### Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta (SDC)

Tá Bord Bia tar éis Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta a fhorbairt don mhairteoil, déiríocht, uaineoil, muiceoil, éineoil, uibheacha agus gairneoireacht. Soláthraíonn siad siúd deimhniú neamhspleách ar cháilíocht siar chuig leibhéal na feirme. Áirítear leis an gclár gairneoireacht glasraí goirt, muisriúin, bogthorthaí agus barrthorthaí, barra cosanta agus prátaí, cruastoc plandlainne, plandaí pota agus plandaí ceapaí. D'fheidhmigh an SDC ról tábhachtach mar bhonn faoin gclár Origin Green ó mhí na Bealtaine 2011 i leith ó céadrinneadh tomhas ar aschur carbóin mar chuid de SDC Mairteola agus Uaineola Bhord Bia. Is ó thús na bliana 2014 i leith a shíneann an Scéim Dheimhnithe Cáilíochta um Dhéiríocht Inbhuanaithe (SDCDI) monatóireacht na n-astuithe carbóin chuig tionscal na déiríochta. Tá os cionn 30,000 (94%) de bhaill SDC Bhord Bia tar éis rannpháirt a ghlacadh i suirbhé inbhuanaitheachta mar chuid dá n-iniúchadh feirme 18 mí. Is í Éire an chéad tír chun feidhmíocht comhshaoil feirmeacha a mheasúnú ar scála náisiúnta.

Ba cheart do tháirgeoirí ar spéis leo rannpháirt a ghlacadh sa Scéim SDC teagmháil a dhéanamh le Bord Bia. **(www.bordbia.ie/industry/farmers/quality/pages/qualityassuranceschemes.aspx)**

### Origin Green – An Clár Inbhuanaitheachta Náisiúnta

Sheol Bord Bia sa bhliain 2011, i gcomhar le tionscal bia agus dí na hÉireann, Origin Green, ar ghealltanas don saol é: go mba í Éire an fhoinse ab fhorásaí den bhia agus deoch arna dtáirgeadh go hinbhuanaithe. Déantar fíorúchán neamhspleách ar an gclár uathúil náisiúnta sin um inbhuanaitheacht, agus cuireann sé ar chumas táirgeoirí bia na hÉireann spriocanna inbhuanaitheachta intomhaiste a shocrú agus a ghnóthú - an tionchar comhshaoil a laghdú, freastal ar phobail áitiúla níos éifeachtaí agus cosaint a thabhairt d’acmhainní nádúrtharíshaibhre na hÉireann. Forbraíonn déantúsóirí bia plean le spriocanna soiléire in eochairlimistéir ar nós astuithe, fuinnimh, dramhaíola, uisce, bithéagsúlacht agus freagrachta sóisialta corparáidí. Amhail mí Mheán Fómhair 2015 is amhlaidh atá os cionn 471 cuideachta tar éis síntiús a ghlacadh sa chlár Origin Green, bhí 117 ina mbaill lánfhíoraithe, bhíothas tar éis 159 plean inbhuanaitheachta a thaisceadh lena bhfíorú.

Féach air seo i gcomhair a thuilleadh eolais: **(www.origingreen.ie/)**

### Léargas agus straitéis Mhargaidh

Braitheann an rathúlacht tráchtála ar fhaisnéis iontaofa agus ar theagmhálacha straitéiseacha. Tá tuiscint dhomhain ag Bord Bia ar chumais na gcuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta Éireannacha agus soláthraíonn faisnéis agus léargas dóibh i leith na dtreochtaí ar an margadh domhanda. Soláthraítear seirbhísí do ghnólachtaí beaga trí Chlár Vantage Bhord Bia **(www.bordbiavantage.ie)**, tríd an gClár Cúnaimh Mhargaíochta (CCM) do chuideachtaí de láimhdeachas idir €100,000 agus €5.3m agus tríd an gCiste Step Change (SCF) do chuideachtaí de láimhdeachas idir €100,000 agus €5m chun tacú leo a gcumas margaíochta a fheabhsú.

Féach air seo i gcomhair a thuilleadh eolais:
**(www.bordbiavantage.ie/business-development/map-step-change-fund/)**

### Fiontair Chomhoibritheacha

Soláthraíonn Food Academy, ar tionscnamh comhoibritheach idir Bord Bia, na 35 Oifig Fiontair Áitiúla agus Musgraves/Supervalu é, tacaíochtaí agus oiliúint chomhtháite do chuideachtaí bia de réir mar a théann siad ar aghaidh óna dtionscnamh chuig leithdháileadh náisiúnta agus onnmhairiú. Áirítear modúil leis an gclár cosúil le Leithdháileadh Airgeadais, an Margadh agus an Tomhaltóir, Táirgeadh agus Margaíocht. Seol ríomhphost chun iarratas a dhéanamh: **maria.stokes@bordbia.ie**. Láithreán gréasáin: **www.bordbiavantage.ie/business-development/food-academy/.**

Tá Bord Bia ag obair le Tesco i leith a gcláir Taste Bud chun cúnamh le cuideachtaí chun an chéad leibhéal eile a bhaint amach, agus le Teagasc agus Fiontraíocht Éireann ar an gclár nuálaíoch FoodWorks do ghnólachtaí nuathionscanta sa bhia.

Sheol Bord Bia a gClár Ascent sa bhliain 2015, le tacaíocht ó PwC, chun cúnamh le cuideachtaí bia agus dí Éireannach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna straitéiseach a rachaidh i bhfeidhm ar phleananna fáis na todhchaí.

### Margaí Feirmeoirí

Soláthraíonn Bord Bia treoir freisin ar na bealaí chun margaidh. I gcomhair a thuilleadh eolais déan teagmháil le **Cormac.Kelly@BordBia.ie** nó
**www.bordbia.ie/consumer/aboutfood/farmersmarkets/Pages/default.aspx.**

### Clár na Food Dudes / Scéim Torthaí & Glasraí Scoile an AE

Is clár é an Clár Food Dudes atá fianaise-bhunaithe agus ina dtugtar dreasachtaí d'athrú iompair, arna fhorbairt ag Prifysgol Cymru, Bangor. Is é Bord Bia (na hÉireann) a bhainistíonn é, agus rolladh amach in Éirinn thiar sa bhliain 2005 é. Faigheann sé cistiú ón Roinn agus fuarthas ranníocaíocht ón AE faoi Scéim Torthaí & Glasraí Scoile an AE ón mbliain 2009 i leith. Is í an aidhm atá leis ná tomhailt torthaí agus glasraí i measc leanaí scoile a mhéadú trí bhlaiseadh athfhillteacha torthaí agus glasraí thar thréimhse idirghabhála 16 lá, le tacaíocht ó eiseamláirí (Laochra is Food Dudes) agus duaiseanna beaga. Tugadh an bunchlár chun críche sa bhliain 2014 tar éis dó 477,423 leanbh scoile agus 3,127 scoil a aimsiú (95% de na bunscoileanna go léir in Éirinn).

Ag cur le rath an bhunchláir is amhlaidh a cuireadh tús le rolladh amach an Chláir Food Dudes Boost sa bhliain 2014 leis an aidhm chun a thuilleadh leanaí óga a bhaint amach. Blaiseann daltaí ón Timthriall Sóisearach (Naíonáin Bheaga chuig Rang a Dó) torthaí agus glasraí go laethúil i rith na tréimhse idirghabhála 16 lá, agus feiceann an Timthriall Sinsearach (Rang a Trí chuig Rang a Sé) blaiseadh torthaí agus glasraí ar cheithre lá mar spreagadh. Cumasófar an clár le cistiú breise ón Roinn agus ón AE chun bheith ar siúl ag timpeall 800 scoil agus chun 160,000 leanbh a bhaint amach sa scoilbhliain bhliain 2015/2016, i gcomparáid le 390 scoil agus 70,000 leanbh sna scoilbhlian roimhe seo.

Táthar tar éis an clár a mheastóireacht roinnt uaireanta, agus taispeánadh tomhailt mhéadaithe torthaí agus glasraí leis agus gur mhair an méadú sin le himeacht ama. Taispeánadh sa mheastóireacht ba dhéanaí le COBÁC (2011/12) gur tháinig méadú ar thomhailt torthaí faoi thuairim 20% (ó 58.5% chuig 78.5%) agus glasraí faoi 42% (ó 11.5% chuig 53.5%). Déanfar meastóireacht breise ar an gclár sa scoilbhliain 2015/2016, a bhfoilseofar an tuarascáil di go luath sa bhliain 2017.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí le:**

- An tAonad Faisnéise, Bord Bia, Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath, D02 A344.
- Fón: 01 6685155;
- Ríomhphost: **info@prai.ie** • Láithreán gréasáin: **www.bordbia.ie**

## Bord Iascaigh Mhara (BIM)

Is é BIM an ghníomhaireacht stáit le príomhfhreagracht as forbairt inbhuanaithe tionscail éisc mhara agus uisceshaothraithe na hÉireann ar muir agus ar an gcladach, agus as éagsúlú an gheilleagair chósta ionas go bhfeabhsófar fostaíocht, ioncam agus leas daoine sna réigiúin chois cósta agus a rannchur leis an ngeilleagar náisiúnta.

Soláthraíonn BIM réimse seirbhísí airgeadais, teicniúla, oideachasúla, margaíochta, forbartha acmhainne agus soláthair oighir idir earnáil táirgthe trí na hearnálacha próiseála agus margaíochta.

Féach caibidil 13 i leith Iascach Mara i gcomhair a thuilleadh mionsonraí

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh eolais le:**

- B.I.M., Bosca Poist 12, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 E5AO.
- Fón: 01 2144100
- Ríomhphost: info@bim.ie
- Láithreán gréasáin: www.bim.ie/

## Bord na gCon

Bunaíodh Bord na gCon an 28 Bealtaine 1958 faoin Acht Tionscail na gCon, 1958, chun rásaíocht na gcon a rialú go príomha agus chun tionscal na gcon a fheabhsú agus a fhorbairt.

Feidhmeanna:

- Rialáil, cur chun cinn agus oibriú rásaíocht na gcon;
- Oibriú na geallghlacadóireachta suimitheora;
- Rialú dhíolacháin phoiblí na gcon;
- Beartú deontas d'airgead duaischiste agus leithdháileadh deontas chun na conláistí ag na rianta a fheabhsú;
- Ceadúnú rianta na gcon agus a gcuid oifigeach;
- Údarú geallghlacadóirí chun gnó a stiúradh ag rianta agus bailiú tobhach ar ghealltа ag an gcúrsa;
- Cur chun cinn na n-allmhairí con;
- Rialáil fhoriomlán an fhiaigh.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh eolais le:**

- Irish Greyhound Board - Bord na gCon, An Pháirc Ghlas, Bóthar an Duga, Luimneach, V94 Y17X.
- Fón: 061 448000, Facs: 061 303788
- Ríomhphost: **admin@igb.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.igb.ie**

## Coillte Teoranta

Is cuideachta theoranta phríobháideach í Coillte Teoranta, a oibríonn san fhoraoiseacht agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara ar bhunús tráchtála. Is lena comhúinéirí í an chuideachta, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bunaíodh an chuideachta faoin Acht Foraoiseachta, 1988 ina leagtar amach a cuspóirí agus dualgais. Ba i gcomhréir leis an Acht a dílsíodh eastát foraoise an Stáit sa chuideachta chun a bhainistiú agus a fhorbairt a éascú ar bhonn tráchtála.

Príomh-Chuspóirí:

- Chun dul i mbun foraoiseachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara ar bhonn tráchtála agus i gcomhréir le cleachtais foraoiseolaíochta éifeachtúla;
- Chun tionscail choillearnaí a bhunú agus a bhuanú;
- Chun bheith rannpháirteach le heagrais eile san fhoraoiseacht agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara ar comhsheasmhach lena cuspóirí iad, atá deartha chun feidhmiú éifeachtach agus brabúsach na cuideachta a fheabhsú;
- Chun hacmhainní atá ar fáil a úsáid agus a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí thuas.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh eolais le:**

- Coillte, Bord Foraoiseachta na hÉireann, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin, A63 DN25.
- Fón: 01 2011111
- Ríomhphost: **info@coillte.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.coillte.ie**

## Rásaíocht Capall na hÉireann (RCÉ)

Bunaíodh Rásaíocht Capall na hÉireann an 18 Nollaig 2001 faoi fhorálacha An tAcht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001 chun teacht in ionad Údarás Rásaíocht Capall na hÉireann lenar áiríodh a chuid Ráschúrsaí, An Suimitheoir agus a fhochuideachtaí do Mhargaíocht Capall Folaíochta na hÉireann agus le feidhmeanna riaracháin áirithe an Irish Turf Club. Tugtar an dualgas é dá réir as riarachán, cur chun cinn agus forbairt fhoriomlán an tionscail rásaíochta capall.

Feidhmeanna:

- Forbairt agus cur chun cinn rásaíocht capall na hÉireann;
- Cur chun cinn capall folaíochta na hÉireann;
- Leithdháileadh cruinnithe, clár agus duaischiste rásaíochta;
- Idirbheartú agus díol ceart meán agus sonraí;
- Oibriú suimitheora ag cruinnithe rásaíochta;

- Ionadaíocht rásaíocht capall na hÉireann go hidirnáisiúnta;
- Forbairt ráschúrsaí údaraithe;
- Oibriú ráschúrsaí ar le RCÉ iad;
- Rialú oibríochtaí na ngeallghlacadóirí údaraithe;
- Tacaíocht airgeadais agus eile chun cúnamh le héilimh oiliúna agus oideachasúla an tionscail;
- Geallsealbhú an duaischiste lena n-áirítear táillí iontrála agus urraíocht;
- Ráthú chostas na seirbhísí sláine;
- Riarachán foriomlán rásaíocht na hÉireann seachas na feidhmeanna úd a shonraítear sa reachtaíocht le déanamh ag an gComhlacht Rialaitheach don Rásaíocht.
- Clárú shainaithint, ainmneacha, úinéirí agus dhathanna capall agus glacadh le hiontrálacha agus le fógairtí;
- Tiomsú agus foilsiú an fhéilire rásaíochta agus an taifid rása;
- Soláthar agus cothabháil trealaimh ráschúrsa shoghluaiste, lena n-áirítear stallaí tosaithe, trealamh fótachríche agus patróil cheamara.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí le:**


- Rásaíocht Capall na hÉireann, Baile Uí Mhaine, An Currach, Co. Chill Dara, R56 XE37.
- Fón: 045 455455, Facs: 045 455456/455604
- Ríomhphost: **info@horseracingireland.ie** • Láithreán gréasáin: **www.goracing.ie**


## Cuideachta Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta

Coinníonn Cuid. Graí Náisiúnta na hÉireann Teo. réimse staileanna scothacha sa tsúil pórlínte den scoth a chur ar fáil don tionscal capall folaíochta in Éirinn. Ba mhealladh mór do thurasóirí le blianta fada iad na Gairdíní Seapánacha agus Gairdín Naomh Fiachra, a bhfuil an dá cheann acu suite ar thailte an Ghraí, móide an deis do chuairteoirí chun amharc ar na capaill ag an nGraí. Bíonn gníomhaíochtaí feirmeoireachta ar bun ag an nGraí freisin, agus tugann sé oiliúint do dhaoine chun fostaíocht in earnáil na folaíochta a fháil.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí le:**


- Graí Náisiúnta na hÉireann, An Tulaigh, Cill Dara, R51 DD56.
- Fón: 045 521251;
- Ríomhphost: **stud@irish-national-stud.ie** • Láithreán gréasáin: **www.irishnationalstud.ie**


## Foras na Mara

Is é Foras na Mara atá freagrach as seachadadh an taighde mhara agus is é an comhlacht forfheidhmiúcháin é don Chlár Taighde Mara. Is éard is cuspóir leis an gClár Taighde Mara ná chun cistiú a thabhairt don earnáil mhara in Éirinn:

- lena dtógfar cumas agus éirim an taighde úir;
- lena gcumasófar comhroinnt na feasa reatha agus aistriú na teicneolaíochta;
- lena méadófar an t-iomaíochas agus na deiseanna don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe;

- lena dtabharfar cosaint agus caomhnú d'acmhainní mara;
- lena múnlófar an beartas poiblí;
- lena méadófar feasacht an phobail i leith ár n-oidhreachta mara.

Tá Foras na Mara ag cur bailchríche i láthair na huaire leis an gClár Taighde agus Nuálaíochta Mara d'Éirinn 2014-2020 (agus leis an bPlean Gnímh lena mbaineann) lena socrófar tosaíochtaí earnálacha don taighde mara i gcomhair an chéad timthriall cistithe eile síos go dtí an bhliain 2020. Beidh an plean gnímh mar rannchur le comhchuid taighde agus nuálaíochta Saibhreas Ár nAigéin a Shaothrú – Plean Mara Comhtháite d'Éirinn agus cuirfidh sé go leanúnach leis an infheistíocht faoi Sea Change 2007-2013, arb í an aidhm atá leis ná chun a chinntiú go n-uasmhéadaíonn Éire ina iomláine rannchur eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a cuid acmhainní mara.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh eolais le:**
- Foras na Mara, Rinn Mhíl, An tÓrán Mór, Co. na Gaillimhe, H91 R673
- Fón: 091 387200
- Ríomhphost: **institute.mail@marine.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.marine.ie**

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

Coinníonn an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne uirthi ag rialú ar bhonn náisiúnta sholáthar an bhainne dá thomhailt i bhfoirm leachtach. Is í an Ghníomhaireacht atá freagrach as clárú soláthróirí agus sáslach paistéartha an bhainne ólta agus na gconarthaí soláthair a dhéantar idir eatarthu leis an gcuspóir chun soláthar iontaofa ó cheann ceann na bliana den bhainne ólta a chinntiú don tomhailteoir.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí le:**
- An Ghníomhaireacht Bainne Náisiúnta, Teach IPC, Bóthar Shíol mBroin, Baile Átha Cliath 4, D04 A4E0.
- Fón: 01 6603396
- Ríomhphost: **natmilk@eircom.net**
- Láithreán gréasáin: **www.nationalmilkagency.ie**

## An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM)

Bunaíodh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) an 1 Eanáir 2007. Is eisean atá freagrach as forfheidhmiú agus forghníomhú na Rialachán náisiúnta agus AE um Chosaint Iascaigh Mhara agus Sábháilteacht an Bhia Mhara. Oibríonn Oifigigh na nIascach Mara go dlúth le gníomhaireachtaí Rialtais eile ar nós na Seirbhíse Cabhlaigh, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Fhoras na Mara, chun cláir rialaithe iascaigh agus sábháilteachta bia mara a chur chun feidhme.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh eolais le:**
- An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, An Lárionad Náisiúnta don Bhia Mara, Ceanncheathrú, An Cloichín, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 TX47.
- Fón: 023 8859300
- Ríomhphost: **info@sfpa.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.sfpa.ie**

## Teagasc

Tacaíonn Teagasc – an tÚdarás um Fhorbairt na Talmhaíochta agus an Bhia – leis an nuálaíocht bunaithe ar an eolaíocht san earnáil agraibhia agus sa bhith-gheilleagar níos forleithne ionas go mbeidh bonn taca faoin mbrabúsacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Is trína thaighde (sa talmhaíocht agus bia) agus trína sheirbhísí aistrithe eolais (oideachasúla agus comhairleacha) a théann sé i mbun cheithre sprioc;

- Iomaíocht an gheilleagair thalmhaíochta agus bia agus an bhithgheilleagair níos forleithne a fheabhsú;
- Tacú leis an bhfeirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol;
- Spreagadh a thabhairt d'éagsúlú an gheilleagair thuaithe agus feabhsú cháilíocht na beatha sna ceantair thuaithe;
- Cumas eagrúcháin a fheabhsú agus luach ar airgeadh a sheachadadh.

### Struchtúr Eagrúcháin

Soláthraítear na seirbhísí comhtháite taighde (talmhaíocht agus bia) agus aistrithe feasa (oideachas agus comhairleach) trínár n-ionaid taighde, coláistí agus gréasán oifigí comhairleacha.

- Féach Iarscríbhinn 2A i gcomhair sonraí teagmhála iomlána Choláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta Theagaisc agus Sheirbhísí Comhairleacha agus Oiliúna Contae.
- Ríomhphost: **info@teagasc.ie** Láithreán gréasáin: **www.teagasc.ie**

### Seirbhísí Aistrithe Feasa agus Comhairleacha d'Fheirmeoirí

### Comhairleach

Uasmhéadaíonn Seirbhís Chomhairleach Theagaisc ioncam agus inbhuanaitheacht na dteaghlach feirme sna pobail tuaithe trí fhorfheidhmiú na gclár seo a leanas:

### Clár Gnó agus Teicneolaíochta

Teastaíonn tacaíocht theicniúil agus bhainistithe airgeadais ó fheirmeoirí chun a gcuid gnólachtaí a fhorbairt mar fhreagra do bhrúnna agus dúshláin iomaíocha ó mhargaí idirnáisiúnta níos luainí. Is trína sheirbhís Ghnó agus Teicneolaíochta (G&T) a choinníonn Teagasc air ag méadú iomaíochas na talmhaíochta Éireannaí trí chothú na nuálaíochta um éifeachtúlacht táirgthe agus cáilíocht táirgí. Áirítear le heochair-chodanna an chláir G&T úsáid mhéadaithe na n-uirlisí airgeadais agus gnó (an monatóir brabúis, an pleanálaí rialaithe costais agus uirlisí airgeadais eile nach iad), feirmeacha monatóireachta, pléghrúpaí, comhchláir thionscail, cuairteanna feirme saindírithe, agus oiliúint gnó agus teicneolaíochta d'fheirmeoirí is aosaigh. Dírítear sa chlár ar bhainistiú gnó níos fearr agus ar ghlacadh leis an teicneolaíocht chruthaithe ag feirmeoirí, rud a chinntíonn gur féidir leo dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta



### Clár Ithreacha agus Comhshaoil

Is é ceann de mhórspriocanna Theagaisc chun córais talmhaíochta inbhuanaithe a ghnóthú. Tacaítear sa chlár seo leis an talmhaíocht inbhuanaithe trí sholáthar seirbhísí comhshaoil, seirbhísí pleanála um bainistiú cothaitheach/aoiligh agus seirbhísí um aistriú teicneolaíochtaí comhshaoil ón taighde. Soláthraítear leis an gClár cothromaíocht idir comhairle comhshaoil agus theicniúil d'fheirmeoirí.

Is iad eochairghníomhaíochtaí an chláir:

- Tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí a ghlacann rannpháirt i scéimeanna comhshaoil ar nós AEOS agus REPS;
- Seirbhísí pleanála leasacháin a sheachadadh d'fheirmeoirí;
- Éifeachtúlacht agus brabúsacht feirmeacha a fheabhsú;
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh náisiúnta um cháilíocht an uisce agus laghdú gáis cheaptha teasa.

### An Clár um Nuálaíocht Tuaithe (An Clár Options)

Seachadtar leis an gclár seo comhairle um fhiontair agus gnólachtaí éagsúlaithe. Tugtar cúnamh do dhaoine faoin tuath sa Chlár Options chun measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun a gcuid gnólachtaí éagsúlaithe féin a thosú. Tacaítear le feirmeoirí leis freisin i dtaca le saincheisteanna suntasacha forbraíochta nó imharthanachta airgeadais. Tacaítear leis na rannpháirtithe trí phróiseas pleanála foirmiúil chun plé leis na dúshláin a thagann os a gcomhair agus atreoraítear iad chuig na seirbhísí tacaíochta ábhartha de réir mar is cuí.

### Seirbhísí don Agra-Ghnó

Soláthraíonn Teagasc réimse sainseirbhísí comhairleacha, oiliúna agus comhairleoireachta d'earnáil an agra-ghnó.

- Giaráiltear cumas na bpróiseálaithe déiríochta, na bpróiseálaithe feola, na marglann beostoic agus agra-ghnólachtaí eile nach iad le comhchláir forbartha chun tacaíochtaí feabhsaithe a sheachadadh i leith comhchuspóirí d'fheirmeoirí.
- Is seirbhís oiliúna agus tacaíochta nua é Teagasc ConnectEd do gach gairmí tuaithe a bhíonn ag plé le feirmeoirí. Is féidir leis na cliaint chorparáideacha ar mian leo na seirbhísí úd a thapú, ná aon seirbhísí comhairleacha, oiliúna, taighde nó saotharlainne de chuid Theagaisc, rannpháirt a ghlacadh iontu.

### Seirbhísí Anailíseacha

Soláthraíonn Teagasc seirbhís anailíseach neamhspleách d'fheirmeoirí agus don tionscal trí na hionaid seo a leanas:

#### Anailís Ithreach

Ionad Taighde Comhshaoil Theagaisc, Caisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 Y521. Fón: 053 9171200

#### Lotnaidí agus Aicídí Plandaí

Teagasc Crops Research Centre, Oak Park, Carlow, R93 XE12. Tel: 059 9170200

#### Anailís Shaineolach d'Iarmhair agus Éilleáin Cheimiceacha

Ionad Taighde Bia Theagaisc, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15, D15 KN3K. Fón: 01 8059500

### Taighde do Thionscal an Bhia agus Tacaíochtaí Forbartha

Soláthraíonn Teagasc seirbhísí taighde agus comhairleoireachta ar conradh do chuideachtaí bia óna dhá shuíomh um thaighde bia ag:

Ionad Taighde Bia Theagaisc, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15, D15 KN3K. Fón: 01 8059500 Ionad Taighde Bia Theagaisc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997. Fón: 025 42222

Soláthraítear na tacaíochtaí do thionscal an bhia trí roinnt bealaí mar seo a leanas:

- Rochtain ar an saineolas agus ar na torthaí ón gclár um thaighde bia;
- Rochtain ar réimse saoráidí nua-aimseartha um tháirgeadh bia agus tástáil táirgí suite i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh;
- Cláir oiliúna bia agus deiseanna taighde agus comhairleoireachta ar conradh do chuideachtaí aonair.

### Oideachas agus Oiliúint

Soláthraíonn Teagasc foireann roghanna oiliúna d'iontrálaithe óga, feirmeoirí, fiontraithe tuaithe agus d'fheidhmeannaigh/oibrithe sa tionscal bia. Tá gréasán d'os cionn 120 oide agus oiliúnóir ag Teagasc a oibríonn ó choláistí, ionaid oiliúna áitiúla agus ó ionaid taighde. Glacann níos mó ná 3,500 foghlaimeoir sna cláir bhreisoideachais Teagaisc ag leibhéil 5 agus 6 agus sna cúrsaí ardoideachais Teagaisc-nasctha ag leibhéil 6 agus 7/ Freastalaíonn idir 3,000 agus 5,000 feirmeoir aosach agus pearsanra ón tionscal sa ghnáthbhliain ar ghearrchúrsaí oiliúna Teagaisc agus ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí.

Déantar gach clár oideachais agus oiliúna a bhreithmheas, a uasghrádú agus a thagarmharcáil os coinne na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr.

Is iad na gnéithe tábhachtacha a bhaineann leis na forbairtí úra sin ná:

### Creidiúnú Náisiúnta

Is eochairghné d'aitheantas na gcúrsaí Theagaisc go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta é creidiúnú clár oideachais agus oiliúna Theagaisc laistigh de chreatlach Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ).

### Cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna

Bíonn cláir bhreisoideachais agus breisoiliúna ar fáil sa talmhaíocht, sa ghairneoireacht, san fhoraoiseacht agus sna capaill. Bíonn na cúrsaí sin ar fáil ag ceithre choláiste de chuid Theagaisc féin agus ag trí choláiste phríobháideacha le tacaíocht ó Theagasc agus ag na hionaid áitiúla Theagaisc ag brath ar an éileamh. Tá an soláthar solúbtha ag éirí níos tábhachtaí óir poist lasmuigh den fheirm bheith ag níos mó feirmeoirí ná riamh. Is chun sásamh an éilimh sin a sholáthraíonn Teagasc cláir pháirtaimseartha agus cianoideachais anuas ar a fhoireann clár lánaimseartha.

Osclaítear réimse leathan roghanna gairme leis na cúrsaí sin dá rannpháirtithe. Fillfidh go leor acu ar an bhfeirmeoireacht, bíodh sé ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, ach tá deiseanna post agus gairme ann san earnáil agraibhia níos forleithne dóibh siúd nach bhfilleann ar fheirm an teaghlaigh. Tá deiseanna ann freisin in earnáil na talún níos forleithne lena n-áirítear earnálacha na gairneoireachta, na gcapall agus na foraoiseachta.



Is bunchodanna de chúrsaí Theagaisc iad an oiliúint phraiticiúil le hóstionaid fhormheasta, dlúthbhaint na feirme sa bhaile agus rannpháirtíocht i bpléghrúpaí, agus an deis ag rannpháirtithe chun na hoilteachtaí agus na hinniúlachtaí a fhorbairt i ndáil lena ngairm roghnaithe.

Is féidir leis na rannpháirtithe a ghnóthaíonn na torthaí éigeantacha ag Leibhéal 5 agus 6 aistriú idir cúrsaí, nó Is féidir leo dul ar aghaidh chuig cúrsaí ag leibhéal oideachais níos airde agus cáilíochtaí níos airde a ghnóthú ar dhréimire an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

### Cúrsaí Ardoideachais

Tá go leor roghanna oideachais níos airde ann anois ar liosta an CAO, agus tá an líon sin ag formhéadú gan staonadh. Is comhpháirtí é Teagasc le go leor Institiúidí Teicneolaíochta agus le Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath chun ardoideachas talmhaíochta a sheachadadh. Éascaíonn sé sin don úsáid is fearr de chroí-inniúlachtaí gach institiúid is comhpháirtí.

Faigheann na cúrsaí sin creidiúnú ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) agus bíonn an deis ag foghlaimeoirí ardoideachais chun dul suas chuig leibhéal céime agus b'fhéidir chuig staidéir iarchéime. Is tríd an gcóras CAO a earcaítear mic léinn do na cúrsaí, le roinnt ionad curtha in áirithe do mhic léin lánaibí agus do shealbhóirí dámhachtainí breisoideachais ainmnithe arna gcreidiúnú ag DCCÉ.

### Scéim Nasc Ard-Oideachais

Cumasaítear tríd an Scéim Nasc Ard-Oideachais sealbhóirí dámhachtainí breisoideachais chun iarratas a dhéanamh ar chuóta cúrsaí ardoideachais. Nasctar cúrsaí breisoideachais sonracha le cúrsaí ardoideachais sonracha. Is tríd an bhfoirm chaighdeánach don CAO a dhéantar na hiarratais chuig cúrsa ardoideachais, arna chlúdach ag an scéim.

### Cúrsaí sa Tionscal Bia

Teastaíonn ó thionscal bia na hÉireann bheith in ann ráthú a thabhairt i leith cháilíocht an táirge a sholáthraíonn sé do thomhaltóirí atá ag éirí níos idirdhealaithí. Chun a seasamh sa mhargadh a chothabháil agus a fheabhsú, ní foláir do chuideachtaí bia bheith tiomanta d'oiliúint a thabhairt dá bpearsanra sna teicneolaíochtaí a theastaíonn ó dhéantúsaíocht bia nua-aimseartha.

Is é Teagasc an soláthraí is forásaí den oiliúint don earnáil próiseála bia agus miondíola um chórais sábháilteachta agus cáilíochta bia, nuálaíocht sa bhia agus forbairt táirgí nua. Soláthraíonn Teagasc oiliúint i leith gach gné de cháilíocht agus sábháilteacht an bhia sa tsúil chun cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí bia chun oibleagáidí dlíthiúla, riachtanais chustaiméirí agus dea-chleachtais an tionscail a shásamh.

Díorthaítear príomhláidreachtaí Theagaisc óna thaithí fhorleathan in earnáil an bhia agus i gcineál feidhmeach na gclár oiliúna a sholáthraítear. Cuimsítear le go leor dár gcláir gné phraiticiúil i mbun na ceirde chun aistriú eolais a bharrfheabhsú agus chun cur chun feidhme a uasmhéadú.

Is ag dhá phríomhionad a sholáthraítear oiliúint Theagaisc do thionscal an bhia, mar atá Ionad Taighde Bia Theagaisc, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15, D15 KN3K, agus ag Ionad Taighde Bia Theagaisc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997. Soláthraítear an oiliúint freisin ag an leibhéal áitiúil agus ar an suíomh de réir mar a meastar í bheith iomchuí.

### Eolas i dtaobh Cúrsaí

Tá mionsonraí i leith gach cúrsa de chuid Theagaisc ar fáil ón Stiúrthóireacht um Aistriú Feasa, Ceannoifig, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12 chomh maith lena bhfuil ar fáil ó na coláistí féin agus ó oifigí áitiúla Theagaisc.

Tá réamheolaire bliantúil de chúrsaí Theagaisc ar fáil freisin ina bhfeictear próifílí ar mhic léinn roimhe seo ó aon cheann de na hionaid thuas agus ag **www.teagasc.ie**

Tá faisnéis chuimsitheach faoi oiliúint agus oideachas Theagaisc ar fáil freisin ar láithreán gréasáin Theagaisc ag www.teagasc.ie. Is iad na leathanaigh ghréasáin oideachais ag Teagasc an bealach faisnéise is rogha ag go leor daoine a bhíonn ag lorg faisnéise i leith chúrsaí Theagaisc.

### Foilseacháin

Bíonn na foilseacháin seo a leanas .i. An Lámhleabhar Déiríochta, An Lámhleabhar Mairteola, An Lámhleabhar Draenála agus na Sonraí Bainistíochta don Phleanáil Feirme 2013/2014 ar díol go léir ag Oifig na bhFoilseachán, Teagasc, Ceannoifig, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.

Is féidir íocaíocht a dhéanamh trí chárta creidmheasa/dochair nó trí sheic is iníoctha le Teagasc. Is féidir teacht ar gach foilseachán eile ag ár láithreán gréasáin ag **www.teagasc.ie**

**Is féidir mionsonraí uile na bhfoilseachán sin a fháil ó:**

- Oifigí Áitiúla Theagaisc nó Oifig na bhFoilseachán, Teagasc, Ceannoifig, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.
- Fón: 059 9183409
- Ríomhphost: **publications@teagasc.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.teagasc.ie/publications**

## Comhairle Tréidliachta na hÉireann

Bunaíodh Comhairle Tréidliachta na hÉireann, a rialaíonn cleachtadh na tréidliachta an 1 Eanáir 2006 faoi alt 11 den Acht um Chleachtadh Tréidliachta 2005. Tá 19 ball aici a léiríonn leasanna ar nós an oideachais, leasa ainmhithe, tomhaltóirí agus sábháilteachta an bhia agus ar a bhfuil cothromaíocht idir tréidlianna agus daoine eile.

**Déan teagmháil i gcomhair a thuilleadh sonraí le:**

- Comhairle Tréidliachta na hÉireann, 53 Bóthar Lansdúin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, D04 NY29.
- Fón: 01 6684402
- Ríomhphost: info@vci.ie
- Láithreán gréasáin: www.vci.ie



## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Féach Caibidil 13 leathanach 167 i gcomhair eolais i leith An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.



# A Cúig déag
# Seirbhísí Rialtais Eile

## An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

### Clár um Fhorbairt Tuaithe na hÉireann 2014 - 2020

Soláthrófar leis an ngné LEADER den Chlár um Fhorbairt Tuaithe 2014 - 2020 €250 milliún in acmhainní airgeadais chun tacú le forbairt na bpobal tuaithe inbhuanaithe. Táthar ag dúil go bhfaighfear cistiú ón gclár 2014 - 2020 d'fhorbairt fiontair, cruthú post, turasóireacht faoin tuath agus don chaitheamh aimsire. Ina theannta sin is amhlaidh a chothófar an cuimsiú sóisialta trí chumas pobail a thógáil, oiliúint agus beochan, bunseirbhísí do phobail scoite i bhfad amach agus tionscnaimh chumarsáide náisiúnta feabhsaithe chun an leathanbhanda a fheabhsú agus chun cumas pobail a thógáil. Áirítear le limistéir eile de ghníomhaíocht fhéideartha tionscnaimh atá dírithe ar óige na tuaithe, an fuinneamh in-athnuaite, cosaint agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní uisce ag leibhéal áitiúil agus cosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta áitiúla..

Táthar ag athchumrú na slí in Éirinn ina gcuirtear chun feidhme na hidirghabhálacha forbartha tuaithe. Tagann sé sin le beartas an Rialtais chun a chinntiú go mbíonn an rialtas áitiúil dea-shuite chun tacú le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil na forbartha áitiúla agus tuaithe.

Táthar tar éis deich milliún euro breise a leithdháileadh do ghné an chomhoibrithe den Chlár. Táthar tar éis cúig milliún euro dhéag a leithdháileadh do sheachadadh dhá scéim agraibhia arna gcomhbhainistiú idir An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Coinneofar cúig milliún euro mar chúlchiste chun críocha tacaíocht a thabhairt do thionscnamh na gCriosanna Tuaithe Forbartha Eacnamaíche

– CTFE ar feitheamh toraidh rathúil ó scéim phíolótach faoi mar a aithnítear sa tuarascáil de chuid an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe ar a dtugtar CEDRA[1]. Is sa chomhthéacs sin a leithdháileadh €220m ó líon iomlán an chláir don tréimhse 2014-2020, bunaithe ar theorainneacha riaracháin nó contae chuig 28 ceantar fo-réigiúnach mar is amhlaidh lastall.

Tá eolas ábhartha i leith an Chláir Forbartha Tuaithe 2014 - 2020 ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag
**www.environ.ie/en/Community/RuralDevelopment/EURuralDevelopment/RuralDevelopmentProgrammeLEADER2014-2020/**

1 Ba chun moladh faoi thuarascáil an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA), a soláthraíodh leithdháileadh sonrach €1m do Chiste Nuálaíochta agus Forbartha Tuaithe de chuid CEDRA sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara sa bhliain 2015. Baineadh leas as an gciste sin chun roinnt bheag tionscnamh nuálaíoch faoi thuarascáil CEDRA a chur ar siúl ar bhonn píolótach. Áiríodh leis na scéimeanna ar tugadh cistiú dóibh tacaíocht d'fhiontraithe ban sna ceantair thuaithe, tacaíocht do mhargaí bia pobal-bhunaithe, tacaíocht don fheirmeoireacht shóisialta agus tionscnamh de chuid an Údaráis Áitiúil chun an Agra-Thurasóireacht a chur chun cinn.

**Tábla: Leithdháiltí LEADER 2014-2020**

| Limistéar Fo-Réigiúnach | Leithdháileadh Cláir |
|---|---|
| Tuath Bhaile Átha Cliath | €6,370,438.43 |
| Cill Dara | €5,261,600.01 |
| An Mhí | €6,903,123.57 |
| Cill Mhantáin | €6,336,549.00 |
| Ceatharlach | €6,416,803.43 |
| Cill Chainnigh | €7,791,572.91 |
| Loch Garman | €9,840,140.56 |
| Tiobraid Á▯rann | €10,103,443.28 |
| Port Láirge | €7,522,796.18 |
| Corcaigh | €13,938,823.22 |
| Ciarraí | €10,219,868.29 |
| An Clár | €8,920,224.65 |
| Luimneach | €9,276,593.96 |
| Gaillimh | €12,195,883.61 |
| Maigh Eo | €11,121,431.88 |
| Ros Comáin | €8,852,659.22 |
| Lú | €6,101,862.01 |
| Liatroim | €5,998,474.74 |
| Sligeach | €7,655,647.81 |
| An Cabhán | €8,522,285.84 |
| Dún na nGall | €12,913,877.86 |
| Muineachán | €7,592,719.51 |
| Laois | €7,124,586.86 |
| An Longfort | €7,597,623.07 |
| Uíbh Fhailí | €8,036,763.90 |
| An Iarmhí | €7,384,206.22 |
| **Iomlán** | **€220,000,000.00** |

## Cánachas Tarracóirí

Is ionann an ráta caighdeánach don mhótarcháin i leith tarracóra tarlaithe ghinearálta agus €333 in aghaidh na bliana, ach is féidir le húinéir an tarracóra arb í an fheirmeoireacht an t-aon nó an phríomhghairm aige, ach ráta rílaghdaithe €102 in aghaidh na bliana a íoc, leas a bhaint as a t(h)arracóir do tharlú a t(h)áirgí talmhaíochta féin, earraí a theastaíonn óna f(h)eirmse(an), lena n-áirítear an teach feirme agus foirgnimh, agus earraí comhchosúla le feirmeoir éigin eile ar an gcuntar nach n-iompraítear ar airgead iad.

A thuilleadh lamháltas ar fáil d'úinéirí tarracóirí is inchánach ag an ráta €102 lena gcuirtear ar chumas na n-úinéirí úd:

- Chun bainne a tharlú ar airgead chuig uachtarlann nó stáisiún bearrtha uachtair, bainne bearrtha ó uachtarlann nó stáisiún bearrtha uachtair, agus coimeádáin bhainne ó nó chuig uachtarlann nó stáisiún bearrtha uachtair éigin;

- Chun beostoc le duine éigin a chónaíonn nach mó ná dhá mhíle ó áit chónaithe an tarlóra a tharlú ar airgead, chuig feirm éigin nó uaithi agus chuig nó ó cheant, margadh nó aonach beostoic. Tá an lamháltas sin teoranta do na laethanta ar a dtarlaíonn an ceant, an margadh nó an t-aonach, agus tá sé teoranta d'achair fiche míle trí bhóthar poiblí ó áit chónaithe an tarlóra.

**Síntear an ráta cánach €102 freisin chuig tarracóirí ar le comharchumainn talmhaíochta iad agus as a mbaintear leas do:**

- Tarlú d'fheirmeoir, ar an gcuntar nach ar airgead é, de tháirgí a bhfeirmeacha agus earraí a theastaíonn óna bhfeirmeacha;
- Tarlú bainne ar airgead d;fheirmeoirí chuig uachtarlann nó stáisiún bearrtha uachtair, bainne bearrtha ó uachtarlann nó stáisiún bearrtha uachtair, agus coimeádáin bhainne ó nó chuig uachtarlann nó stáisiún bearrtha uachtair éigin;

Ní rangaítear trucailí íosghearrtha, veaineanna, jípeanna agus feithiclí eile nach iad mar tharracóirí talmhaíochta fiú féin má bhíonn na hinnill nó na giarbhoscaí modhnaithe iontu.

## Clár Uisce Tuaithe

Is iad na hÚdaráis Áitiúla a riarann an Clár Uisce Tuaithe, agus baineann roinnt beart leis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh um:

- Grúpscéimeanna Uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais;
- Soláthairtí príobháideacha aonair mar nach mbíonn grúpa malartach nó soláthar poiblí ar fáil.

Is iad seo a leanas na deontais agus fóirdheontais a deartar chun grúpscéimeanna le heasnaimh cháilíochta a thabhairt aníos chuig caighdeáin shásúil:

### Grúpscéimeanna Uisce

- Tá deontas 100% de chostas na saoráidí cóireála agus dífhabhtaithe bunriachtanacha ar fáil do scéimeanna a ghlacann rannpháirt sna conarthaí cuachta um Dhearadh, Tógáil agus Oibriú. Tugtar cabhair dheontais d'oibreacha riachtanacha eile ar nós foirgneamh, taiscumar, píblínte a bhaineann leis an gconradh ag suas le 85% dá gcostas, faoi réir uasdeontais ar fiú €6,475.66 in aghaidh an tí é;
- Tá deontais suas le 85% den chostas ar fáil faoi réir uasdeontais ar fiú €7,475 in aghaidh an tí i leith Ghrúpscéimeanna Uisce nua agus deontais suas le 85% den chostas faoi réir uasdeontais ar fiú €6,475.66 in aghaidh an tí i gcomhair uasghrádú ginearálta na nGrúpscéimeanna reatha.

### Grúpscéimeanna Séarachais

Tá deontas ar fáil ar fiú €6,500 in aghaidh an tí nó 75% de chostais foriomlána na scéime, cé acu is lú, do na Grúpscéimeanna Séarachais.

### Fóirdheontas i leith chostais oibriúcháin na nGrúpscéimeanna Uisce

Is ionann méid an fhóirdheontais agus 100% den chaiteachas incháilithe arna fhaomhadh ag an Údarás Áitiúil, faoi réir na teorann de:



- €40.00 in aghaidh na bliana i leith gach teach a sholáthraítear ó Phríomhphíobán Uisce Éireann;
- €95.00 in aghaidh na bliana i leith gach teach a sholáthraítear ó fhoinse phríobháideach.

Tá fóirdheontais ar leithligh ar fáil i leith chostais bona fide Oibriúcháin agus Cothabhála (O agus C) a bhaineann le conarthaí um Dhearadh/Tógáil/Oibriú (DTO) do ghrúpscéimeanna ag a mbíonn a gcuid saoráidí cóireála uisce féin. Tá na mionsonraí ar fáil ó na Comhairlí Contae.

### Soláthairtí Uisce Aonair

Bíonn deontais ar fáil do sholáthar nó d'fheabhsú na soláthairtí aonair i dtithe ar sine ná 7 mbliana iad, nach bhfuil nasctha le soláthar uisce poiblí nó grúpscéime. Is ionann an t-uasdheontas in aghaidh an teaghlaigh agus €2,031.58 faoi réir uasmhéid 75% den chostas.

- Tá Foirmeacha Iarratais agus Meabhrúcháin Mhínitheacha lena rialaítear coinníollacha na scéimeanna úd ar fáil trí theagmháil a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh an Chláir Uisce Tuaithe ag do Chomhairle Contae áitiúil.

## An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

### Íosphá agus Íoschoinníollacha Fostaíochta d'Oibrithe Talmhaíochta

Leagadh síos na híosrátaí dlíthiúla pá agus coinníollacha fostaíochta d'oibrithe talmhaíochta anuas go dtí an bhliain 2011 ag an gCúirt Oibreachais sna hOrduithe um Rialachán Fostaíochta ar mholadh a fháil ó Chomhchoiste Oibreachais (CCO) na nOibrithe Talmhaíochta. Cuireadh ceangal ar fhostóirí, faoi phionós, chun rátaí pá a íoc agus chun coinníollacha fostaíochta a chomhall, nach neamhfhabhrach iad ná na cinn a fhorordaítear san Ordú um Rialúchán Fostaíochtaí leis an gCúirt. Cuireadh iad faoi cheangal freisin leis na hoibleagáidí a cuireadh orthu le coitiantacht na reachtaíochta fostaíochta eile m.sh. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, an tAcht um Chosaint Daoine Óga agus an tAcht um Íoc Pá srl. Ba Bhreithiúnas de chuid na hArd-Chúirte thiar i mí Iúil 2011, inar dearbhaíodh an mheicníocht do shocrú pá arna hoibriú ag na CCOí bheith mí-bhunreachtúil, ba chúis le fionraíocht na gníomhaíochta CCO ón dáta sin i leith.

Foráladh san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012 d'athchóiriú an chórais Chomhchoiste Oibreachais chun easnaimh sa chreatlach dhlíthiúil a ndearnadh suntas díobh i mbreithiúnas na hArd-Chúirte a cheartú. Faoi mar a fhoráiltear san Acht féin, chuaigh an Chúirt Oibreachais i mbun athbhreithniú ar gach aon Chomhchoiste Oibreachais lenar áiríodh Comhchoiste Oibreachais na nOibrithe Talmhaíochta. Foilsíodh an tAthbhreithniú thiar sa bhliain 2013 agus moladh ann go gcoinneofaí CCO na nOibrithe Talmhaíochta ach raon feidhme laghdaithe bheith leis. Óir gurbh é CCO na nOibrithe Talmhaíochta an t-aon Choiste a bunaíodh le reachtaíocht phríomha, b'éigean leasú ar shainmhíniú na 'talmhaíochta' san Acht Caidrimh Thionscail 1976 chun moladh na Cúirte a chur chun feidhme. Rinneadh amhlaidh tríd an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015.

(Is féidir teacht ar chóip d'Athbhreithniú na Cúirte Oibreachais i leith an chórais Chomhchoistí Oibreachais ar láithreán gréasáin na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta: **www.djei.ie/en/Publications/Publication-files/Review-of-Joint-Labour-Committee-System.pdf**

Bhí roinnt comhaontuithe aonair ann ag leibhéal an fhiontair anuas go dtí an bhliain 2013, a rinneadh idir na ceardchumainn agus oibreoirí feirmeacha muisriún aonair a cláraíodh mar Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCí) leis an gCúirt Oibreachais. Dearbhaíodh Cuid III den Acht Caidrimh Thionscail 1946, ina bhforáiltear do chlárú na gcomhaontuithe úd (idir chomhaontuithe ag leibhéal earnálach agus an fhiontair aonair) bheith mí-bhunreachtúil ag an gCúirt Uachtair faoi Bhreithiúnas McGowan 2013.

Foráiltear san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015, a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2015, do chreatlach ionaid do na Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe i bhfiontair aonair agus do mheicníocht nua trínar féidir forálacha pá agus pinsin agus pá breoiteachta a bhunú, a chomhaontú agus a fhorghníomhú in earnáil faoi leith trí mheán Ordú Aireachta.

Comhaontuithe ar ar thángthas cheana féin ag leibhéal fiontair; is féidir iad a chlárú anois leis an gCúirt Oibreachais.

Is iad na Cigirí ón Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) a fhorghníomhaíonn forálacha na reachtaíochta fostaíochta trí chéile. Is ag na cigirí a bhíonn an chumhacht chun dul isteach ar áitreabh, chun bileoga pá agus chun taifid eile a iniúchadh, chun agallamh a chur ar na fostóirí agus ar na hoibrithe lena mbaineann agus chun caingne dlíthiúla a thionscnamh (más gá).

Is é an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais a rachaidh i mbun na feidhme sin ó 1 Deireadh Fómhair 2015 ar aghaidh.

**Ba cheart gearáin i ndáil le sáruithe na reachtaíochta fostaíochta a fhógairt do:**
- Seirbhísí Cigireachta ÚNCF, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 W7W2.
- Fón: 1890 220100/059 9178900
- Ríomhphost: inspection@employmentrights.ie

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

### Scéim Chúnamh Feirme

*Cad é Cúnamh Feirme?*
Is íocaíocht sheachtainiúil é Cúnamh Feirme a ndéantar tástáil acmhainne uirthi d'fheirmeoirí ar ioncam íseal.

*Cé ar féidir leo cáiliú don Chúnamh Feirme?*
Beidh tú cáilithe más rud é:
- Gur feirmeoir tú;
- Go bhfuil tú idir aois 18 agus 66 bliain;
- Go sásaíonn tú tástáil acmhainne;
- Go sásaíonn tú coinníoll an ghnáthchónaí.

*Cén chaoi a n-oibríonn an tástáil acmhainne?*
Chun cáiliú don Chúnamh Feirme, ní foláir duit léiriú go mbíonn d'acmhainn faoi bhun leibhéil éigin. Is ionann d'acmhainn agus:
- Aon ioncam de do chuidse, de do chéilese, de do pháirtíse sibhialta nó de do chomháitritheoirse,
- Maoin leatsa, le do chéilese, le do pháirtíse sibhialta nó le do chomháitritheoirse (seachas do bhaile féin), agus,
- Aon sócmhainn(í) eile a d'fhéadfadh ioncam a thabhairt duit.

*Cé mhéad an féidir liom a fháil?*

Is ionann d'íocaíochtsa má cháilíonn tú chuici agus ráta pearsanta duit féin le méideanna breise d'aosach cáilithe agus do leanbh cáilithe. Is ionann do ráta íocaíochta seachtainiúil agus an difríocht idir do mheasúnú acmhainne seachtainiúla agus an t-uasráta Chúnamh Feirme a d'fhéadfá a fháil mura mbeadh aon acmhainn agat.

| Is ionann na rátaí seachtainiúla don Chúnamh Feirme agus: | € |
|---|---|
| Uas-Ráta Pearsanta | 188.00 |
| Liúntas d'Aosach Cáilithe* | 124.80 |
| Lán-Ráta do Gach Leanbh is Cleithiúnach ** | 29.80 |
| Leath-Ráta | 14.90 |

**Nótaí:**

* * Ní bhfaighidh tú méadú i gcomhair aosaigh cháilithe más rud é go bhfaigheann do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomháitritheoir: Íocaíochta leasa shósialaigh dá dheoin féin (seachas Sochar Míthreorach, Deontas Sochraide, Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach), Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach), Sochar Linbh nó (Liúntas Leasa Forlíontach), nó má tá siad dícháilithe ó íocaíochtaí dífhostaíochta a fháil mar thoradh ar dhíospóid trádála, nó má ghlacann siad páirt i gcúrsa oiliúna lánaimseartha de chuid Solas (ar ar tugadh FÁS roimhe seo), nó má fhaigheann siad liúntas oiliúna do scéim Deiseanna Oiliúna Gairimiúla (SDOG).

** Is féidir leat méadú faoi €29.80 a fháil i leith gach leanbh incháilithe má fhaigheann tú méadú faoi chomhair aosaigh cháilithe nó más tuismitheoir aonair tú. Féadfaidh tú méadú leathráta do leanbh incháilithe a fháil mura gcáilíonn tú i gcomhair méadú d'aosach cáilithe.

*Cén chaoi a n-íoctar é?*

Is go seachtainiúil a fhaigheann tú d'íocaíocht. Is féidir leat roghnú chun d'íocaíocht a fháil go díreach chuig do chuntas bainc nó trí Aistriú Faisnéise Leictreonach (AFL) ag oifig an phoist ach leas a bhaint as do chárta seirbhísí poiblí.

*Cén chaoi a ndéanaimse iarratas?*

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh don Chúnamh Feirme ach an fhoirm iarratais FARM1 a chomhlánú, ar féidir leat í a fháil ó:

- Láithreán gréasáin na Roinne ag **www.welfare.ie**;
- Líne Iarratais Bhileog na Roinne ar 1890 20 23 25;
- D'Ionad Áitiúil Intreo nó Eolais do Shaoránaigh.

### Ranníocaíochtaí Iníoctha

Ní bhfaigheann custaiméirí don Chúnamh Feirme díolúin ó 1 Eanáir 2007 i leith ó íoc an ÁSPC. D'fhéadfá bheith faoi dhliteanas ranníocaíochtaí Aicme 'S' a íoc ar d'ioncam ón bhféinfhostaíocht. Déan teagmháil le d'oifig chánach áitiúil mura bhfuil tú cláraithe mar neach féinfhostaithe cheana féin. Cuirfidh an oifig chánach ar an eolas tú an gcaitheann tú ÁSCP a íoc nuair a sheolann tú do thuairisceáin bhliantúla isteach chuici. B'fhéidir go mbeidh tú in ann Ranníocaíochtaí Saorálacha a íoc mura gcaitheann tú ÁSPC a íoc.

**Logáil isteach i gcomhair a thuilleadh eolais ar www.welfare.ie nó déan teagmháil le:**

- Rannóg na Ranníocaíochtaí Saorálacha, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Bóthar Chorcaí, Port Láirge, X91 EH04.
  Fón: 1890 690 690 nó + 353 1 4715 898 (má táthar ag glao ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann)

Cúnamh Éisc: Tugtar faoi deara go bhfuil an t-eolas faoin gCúnamh Éisc ar fáil freisin ó **www.welfare.ie**

## Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) d'Fhostaíocht Teaghlaigh

Ní chlúdaíonn an córas árachais shóisialaigh na catagóirí seo a leanas d'Fhostaíocht Teaghlaigh':

- Céile nó comhpháirtí sibhialta arb iad a gcéile nó a bpáirtí sibhialta féinfhostaithe a fhostaíonn iad.
- Duine fostaithe mar 'ghaol forordaithe' mar a mbaineann an fhostaíocht teaghlaigh le teaghais chónaithe phríobháideach nó le feirm éigin ina gcónaíonn an duine féin agus an fostóir araon;
- 'Gaol forordaithe' (seachas céile nó páirtí sibhialta) a thugann cúnamh do dhuine féinfhostaithe lena ngnó ach nach páirtí sa ghnólacht iad.

**Nóta:**
Áirítear le "gaol forordaithe" athair, máthair, seanathair, seanmháthair, leasathair, leasmháthair, mac, iníon, garmhac, gariníon, leasmhac, leasiníon, deartháir, deirfiúr, leathdheartháir, leathdheirfiúr.

## ÁSPC do Chéilí nó Páirtithe Sibhialta Feirmeoireachta

Ní chlúdaítear céile ná páirtí sibhialta don árachas sóisialach má tá siad fostaithe ag a gcéile.

Chun éirí incháilithe don árachas sóisialach, is féidir le céile nó páirtí sibhialta roghnú chun;

- Éirí ina ranníocóir féinfhostaithe i dteannta lena gcéile nó páirtí sibhialta féinfhostaithe; nó
- An ghnólacht a oibriú mar chomhpháirtíocht lena gcéile nó lena bpáirtí sibhialta.

Is ón mbliain 2014 ar aghaidh a bheidh céilí agus páirtithe sibhialta áirithe daoine atá féinfhostaithe in ann rochtain a fháil ar an árachas sóisialach ach Árachas Sóisialach Pá-Choibneasa (ÁSPC) a íoc chun teidlíocht do shochair árachais shóisialaigh a charnadh mar oibrí féinfhostaithe. Eisíodh na catagóirí céilí nó páirtithe sibhialta sin ón árachas sóisialach roimh an mbliain 2014.

Is ionann céilí nó páirtithe sibhialta na ndaoine a ndeachthas i bhfeidhm orthu agus iad siúd:

- A thugann cúnamh sa ghnó dá gcéile/bpáirtí sibhialta féinfhostaithe ag feidhmiú na dtascanna céanna nó tascanna coimhdeacha.
- Ach nach páirtí gnó ná fostaí iad.

### Dáta Forfheidhmiúcháin

Beidh feidhm leis an dliteanas nua chun ÁSPC a íoc mar oibrí féinfhostaithe mar seo a leanas:

- sa chás ina mbíonn ioncam inríofa ag céile nó páirtí sibhialta an ranníocóra fhéinfhostaithe (i.e. Ioncam atá lasmuigh den ÍMAT agus ar a mbailítear cáin tríd an gcóras bailithe cánach féinmheasúnaithe), cuireadh tús leis an dliteanas ó 1 Eanáir 2014.

- sa chás go mbíonn luachanna saothair inríofa ag céile nó páirtí sibhialta an ranníocóra fhéinfhostaithe (.i. Ioncam nach ndíorthaítear ón bhfostaíocht inárachais agus ar a ngearrtar cáin faoin gcóras ÍMAT), cuireadh tús leis an dliteanas ó 1 Lúnasa 2014.

**Coinníollacha**

Ní mór don chéile ná don pháirtí sibhialta, chun is go measfar an fhéinfhostaíocht de bheith inárachais:

- A léiriú go bhfeidhmíonn sé/sí na tascanna céanna nó coimhdeacha mar a gcéile nó a bpáirtí sibhialta féinfhostaithe, agus
- A léiriú go sáraíonn a n-ioncam ó gach foinse €5,000 an duine in aghaidh na bliana. Caithfear an t-ioncam óna ranníocaíocht don ghnó a léiriú mar ioncam trádála nó mar chion de na brabúis, sa tuairisceán íoc agus tuairiscigh a dhéantar faoi chóras féinmheasúnaithe bailithe cánach na gCoimisinéirí Ioncaim.

Na daoine féinfhostaithe a thuilleann €5,000 nó níos mó i mbliain ranníocaíochta; bíonn siad dlite don ÁSPC ag ráta Aicme 5 ar fiú 4% é faoi réir íocaíochta íosta ar fiú €500 í.

## Comhpháirtíocht Feirme

Mar arb ann do chomhpháirtíocht fhíor ar fheirm éigin, is féidir an bheirt chéilí nó páirtithe sibhialta a mheas de bheith i bhféinfhostaíocht inárachais chun críocha an Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC).

Ach a sáraíonn ioncam gach páirtí ón bhfiontar feirme tairseach arb ionann agus €5,000 in aghaidh na bliana í, bheadh an t-ioncam úd inríofa chun críocha ÁSPC agus bheadh ranníocaíochtaí iníoctha ag ráta 4% nó €500 in aghaidh na bliana, cé acu ba mhó.

Ní thiocfaidh dliteanas ranníocaíochta mar thoradh ar ioncam faoi bhun na tairsí €5,000 i mbliain ar bith. Thiocfadh deireadh le hárachas an duine aonair sin i ndáil leis an mbliain úd (faoi réir coinníollacha áirithe, d'fhéadfadh duine éigin sna himthosca úd iarratas a dhéanamh chun éirí ina ranníocóir saorálach chun cumhdach árachais shóisialaigh a choinneáil). Leanfadh na ranníocaíochtaí ní ba luaithe nó ní ba dhéanaí ar aghaidh de bheith inríofa do shochair Aicme 5 ÁSPC agus do phinsin.

*Cad is comhpháirtíocht ann?*

Is ionann comhpháirtíocht agus an caidreamh atá ann idir daoine i mbun gnó i gcomhar a chéile sa tsúil chun brabús a shaothrú. Is féidir fáil chion na mbrabús ag duine éigin a mheas ina fianaise gur comhpháirtí sa ghnó é an duine lena mbaineann.

Ba cheart go dtabharfaí na pointí seo a leanas chun suntais:

- Caithfidh gur comhpháirtíocht fhíor atá inti agus go bhfuil fianaise cáipéisíochta cuí ann mar thacaíocht di ar nós comhchuntais ghnó bheith ann leis na bainc, srl. Ba chóir go mbeadh fianaise ann de ghníomhaíochtaí gnó sna comhainmneacha lena n-áireofaí sonraisc, cuntais mharglainne, cuntais uachtarlainne, cuntais íoc agus iompair, iarratais ar dheontais feirme, tréaduimhreacha, polasaithe árachais ghnó, srl.
- Is í comhroinnt na mbrabús (nó na gcaillteanas) an táscaire is tábhachtaí de chomhpháirtíocht gnó bheith ar an bhfód. Ba cheart go mbeadh tuairisceáin Cháin Ioncaim gach comhpháirtí ar fáil ar a léireofaí a c(h)ion de na brabúis. Caithfear ioncam gach céile a thaispeáint i gcás lánúineacha pósta a dhéanann tuairisceáin chánach faoi chomh-mheasúnú nó faoi mheasúnú ar leithligh.

- Ba chóir go mbeadh na tuairisceáin Cháin Ioncaim déanta i gceart ar bhunús na bliana reatha – ní ghlactar le hiarratais do shiardhátú stádais chomhpháirtíochta.

Ríomhtar na ranníocaíochtaí ÁSPC ar bhunús na mionsonraí ioncaim a fhaightear sna tuairisceáin Cháin Ioncaim.

## Sochair Fhéin–Fhostaithe

Cumhdaíonn ÁSCP Aicme 5 ranníocóir i gcomhair na sochar seo a leanas:

- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Baintrí (Fir) nó Pinsean Comhpháirtí Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
- Sochar Máithreachais;
- Sochar Uchtála; agus
- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach).

## An Scéim Shóisialta Tuaithe (SST)

*Cad í an Scéim Shóisialta Tuaithe?*
Tá an Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) dírithe ar fheirmeoirí agus ar iascairí le hioncam íseal. Caithfidh tú bheith ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh chun cáiliú i gcomhair na SST. Is ar a seal féin a sholáthraíonn daoine a ghlacann rannpháirt sa SST seirbhísí a théann chun tairbhe na bpobal tuaithe. Is ag an Roinn Coimirce Sóisialaí atá an fhreagracht fhoriomlán as beartas i ndáil leis an Scéim

Shóisialta Tuaithe, lena n-áirítear critéir incháilitheachta. Is í an Roinn a dhéanann monatóireacht ar fhorfheidhmiú na SST agus a thacaíonn leis na comhlachtaí éagsúla a bhainistíonn an SST go háitiúil. Is iad na comhlachtaí forfheidhmiúcháin a bhainistíonn an Scéim ag leibhéal áitiúil, ar nós na gcuideachtaí forbartha áitiúla sna ceantair Ghaeltachta, le hÚdarás na Gaeltachta.

*Cén cineál oibre a dhéanann na daoine a ghlacann rannpháirt sa Scéim?*
Áirítear leis an gcineál oibre a dhéanann rannpháirtithe SST:

- Cothabháil agus feabhsú bealaí siúltóireachta éagsúla (is é sin, bealaí slímharcáilte, siúlóidí comhaontaithe) agus bóithríní portaigh;
- Caomhnú fuinnimh do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd i mbaol an bhochtanais;
- Tionscadail fheabhsúcháin i sráidbhailte agus faoin tuath;
- Cúram sóisialta agus cúram daoine scothaosta;
- Cúram pobail do ghrúpaí réamhscoile agus iarscoile;
- Saothar cothabhála comhshaoil - cothabháil agus airíochas na saoráidí pobail agus spórtúla;
- Tionscadail a bhaineann le hionaid chultúrtha agus oidhreachta neamhbhrabúsacha;
- Riarachán nó saothar cléireach pobail; agus
- Aon tionscadal iomchuí eile atá pobal-bhunaithe.

*Cé ar féidir leo cáiliú don SST?*
Caithfidh tú bheith ag fáil Chúnamh Feirme/Éisc chun rannpháirt a ghlacadh sa scéim, nó caithfidh tú na critéir incháilitheachta a leagtar amach d'fheirmeoir nó d'iascaire a shásamh, agus bheith ag fáil ceann amháin de na híocaíochtaí incháilithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí.



Má tá tú incháilithe don SST, ach nach mian leat rannpháirt a ghlacadh inti, is féidir le do chéile is

cleithiúnach, do pháirtí sibhialta nó do chomháitritheoir an t-ionad infhaighte a ghlacadh. Ní hamhlaidh an scéal ach amháin mura bhfuil ceachtar agaibh ag glacadh rannpháirte in aon scéim chomhchosúil eile, mar shampla i Scéim Fostaíochta Pobail.

Más leanbh/siblín le húinéir tréaduimhreach tú agus gur féidir leat deimhniú go gcónaíonn tú agus/nó go n-oibríonn tú ar an bhfeirm **AGUS** go bhfaigheann tú ceann amháin de na híocaíochtaí incháilithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, féadfaidh tú bheith incháilithe chun rannpháirt a ghlacadh sa SST ar bhunús thréaduimhir do thuismitheora/shiblín. Dá mb'amhlaidh sin i do chás-sa, ba chóir go dtabharfaí an méid sin faoi deara ar d'fhoirm iarratais agus go bpléifí le do Chomhlacht Forfheidhmiúcháin áitiúil é. Níl ach ionad SST amháin ann in aghaidh na tréaduimhreach.

*Cé mhéad uaireanta oibre a bhaineann léi agus cé chomh fada agus a mhaireann an SST?*
Oibríonn tú 19.5 uair in aghaidh na seachtaine. Bunaítear na huaireanta sin ar sceideal a oireann don fheirmeoir/iascaire chun a chinntiú nach dtéann an rannpháirteachas sa scéim isteach ar do ghníomhaíochtaí feirmeoireachta/iascaireachta. Tairgtear conradh duit ó do dháta tosaithe anuas go dtí an 31ú Márta dár gcionn má fhaigheann tú ionad sa Scéim. B'fhéidir go mbreithneofaí ort i gcomhair téarma breise tar éis an chéad chonradh, má choinníonn tú ag comhlánú na gcritéar go léir don Scéim. Is é an Comhlacht Forfheidhmiúcháin a thagann ar chinneadh i leith d'iarratais.

Cé nach bhfuil sé ceaptha go bhfanfadh duine ar bith sa scéim go buan, níl aon teorainn ama chinnte don rannpháirteachas.

*Cé mhéad a íocfar le rannpháirtithe sa SST?*
Braithfidh do ráta íocaíochta sa SST ar an íocaíocht incháilithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is comhionann do ráta SST sa chuid is mó de na cásanna le d'íocaíocht reatha móide breisiú €20.

Is sa tábla seo a leanas a imlínítear na rátaí íocaíochta i gcomhair rannpháirtithe áirithe

| Íocaíocht Incháilithe | Ráta Íocaíochta |
|---|---|
| Liúntas/Sochar Cuardaitheora Poist, Cúnamh Feirme | Comhionann le do ráta íocaíochta reatha móide breisiú €20. Íocaíocht íosta sheachtainiúil ar fiú €208 í. |
| Íocaíocht Teaghlaigh Tuismitheora Amháin | Comhionann le do ráta íocaíochta reatha móide breisiú €20. Íocaíocht íosta sheachtainiúil ar fiú €208 í. |
| Liúntas Míchumais | Comhionann le do ráta íocaíochta reatha móide breisiú €20. Íocaíocht íosta sheachtainiúil ar fiú €208 í. |
| Pinsean Baintrí (Fir) nó Pinsean Ranníocach Comhpháirtí Shibhialta Mharthanaigh | Comhionann le do ráta íocaíochta reatha móide breisiú €20. Íocaíocht íosta sheachtainiúil ar fiú €208 í. |
| Pinsean Baintrí (Fir) nó Pinsean Neamh-Ranníocach Comhpháirtí Shibhialta Mharthanaigh | Comhionann le do ráta íocaíochta reatha móide breisiú €20. Íocaíocht íosta sheachtainiúil ar fiú €208 í. |
| Aosach Cáilithe ar Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | Leanfaidh do chéile ar aghaidh ag fail an Mhéadaithe i gcomhair íocaíochta d'Aosach Cáilithe (MAC). Is ionann do ráta sa SST agus an difríocht idir d'íocaíocht MAC agus €208. |

#### Ranníocaíochtaí ÁSPC
Íoctar ranníocaíocht Aicme A i leith an ÁSPC ar son gach rannpháirtí sa SST. Níl tú faoi dhliteanas don Mhuirear Sóisialta Uilíoch (MSU) i leith d'íocaíochta SST.

*Cén chaoi a ndéanaimse iarratas?*
Óir gurb ar bhonn áitiúil a riartar an scéim seo, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do chomhlacht forfheidhmiúcháin SST áitiúil i gcomhair a thuilleadh eolais nó i gcomhair foirme iarratais.

**I gcomhair a thuilleadh eolais i leith scéimeanna agus seirbhísí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí logáil isteach ar www.welfare.ie nó ar**
- Fón: 1890 66 22 44 (glaoigh +353 71 91 93302 má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann).
- Is féidir leat, mar mhalairt rogha, bualadh isteach chuig d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.

## An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

### Sábháilteacht Tarracóirí
Is faoi na gnáthdhlíthe tráchta bóithre a rialaítear tarracóirí um cheadúnúchán tiománaithe, árachas, mótarcháin, soilsiú feithiclí. Caitear gach tarracóir as a mbaintear leas in áit phoiblí bheith feistithe le frámaí sábhála. Is éard is cuspóir leis an bhfráma ná chun an tiománaí a chosaint óna mbrú faoina bhun má iompaítear an tarracóir bun os cionn. Caitheann an fráma cloí leis na caighdeáin fhaofa. Is faoin úinéir nó faoin tiománaí chun cábán sábhála a fheistiú.

Caitheann na tarracóirí ábhar scaoilte ar nós sadhlais, sciodair, gainimh nó gairbhéil a iompar go cúramach, ionas nach ndoirtear an t-ábhar ar bhóthar poiblí agus nach cúis le timpiste éigin é. Caitear ualaigh aoiligh nó ábhair dheannachúla eile, scairteach nó ábhar urghránna éigin eile a chlúdach ina iomláine le tarpól. Is cion é faoi alt 13(10) den Acht um Bóithre 1993 gan údarás dlíthiúil ná gan comhthoil údaráis bhóithre chun aon ábhar ná ní a fhágáil ar bhóthar poiblí sa mhéid is gur guais nó guais fhéideartha atá san ábhar nó sa ní do dhaoine a bhaineann leas as bóthar poiblí nó a chuireann bac nó a chuireann isteach ar úsáid shábháilte nó ar chothabháil bóthair phoiblí.

Ní foláir d'fheirmeoirí a bhaineann leas as tarracóirí agus leantóirí talmhaíochta chun táirge talmhaíochta a tharlú nach:
- mbaineann siad leas as frámaí ró-arda ar leantóirí, rud a d'fhéadfadh cobhsaíocht, stiúradh agus coscáin tarracóra agus leantóra talmhaíochta in éineacht a chur i mbaol, nó
- sáraíonn siad an meáchan comhdhéanta is incheadaithe go dlíthiúil ná ollmheáchan feithicle de réir na ndearaí

#### Tarracóirí ar an mbóthar
trácht ar bhóithre. Ba cheart duit coinneáil ar clé chun ligean don trácht níos tapa tú a scoitheadh má bhíonn tú ag tiomáint tarracóra. Caitheann do scáthán tiomána radharc leordhóthanach a sholáthar den bhóthar chun cúil. Ná hiompraítear paisinéir mura bhfuil an tarracóir trealmhaithe chun paisinéir éigin a iompar.

**Nóta: Rialacháin Leasaithe d'Fheithiclí Talmhaíochta**

Thug an tAire Talmhaíochta, Turasóireachta & Spóirt reachtaíocht isteach lenar leasaíodh na caighdeáin d'fheithiclí talmhaíochta le héifeacht ó 1 Eanáir 2016. Baintear leas go forleathan anois as feithiclí talmhaíochta ar ár mbóithre; is iondúil go dtógtar iad chun caighdeán fíor-ard, agus tá sé tábhachtach go léirítear sa réimeas rialaitheach na forbairtí um theicneolaíocht na bhfeithiclí talmhaíochta agus go gcuirtear iallach orthu chun cloí le caighdeáin feithicle aitheanta i ndáil le roinnt eochairlimistéar sábháilteachta, .i. Coscáin, córais chrochta, boinn agus soilsiú chomh maith leis na meáchain dá ndeartar iad.

- **Is féidir teacht ar a thuilleadh faisnéise i leith na Rialachán úd agwww.rsa.ie/en/RSA/Your-Vehicle/Vehicle-Standards/Agricultural-Vehicles/nó**
- Fón: 1890 50 60 80.

## Scéim Feabhsúcháin Aitiúil (SFÁ)

Foráiltear le hAlt 81 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 an bunús reachtúil don Scéim Feabhsúchán Áitiúil (SFÁ). Is éard is cuspóir leis an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (SFÁ) ná chun cistiú a sholáthar do bhóithre agus lánaí nach dtógtar i gcúram; eadhon bóithre agus lánaí príobháideacha. Is faoin úinéir talún ábhartha sa chéad ásc é cothabháil agus feabhsú iad siúd.

Tarmligtear riarachán na SFÁ chuig na Comhairlí Contae agus is faoi na Comhairlí Contae go hiomlán dá réir é roghnú agus beartú tosaíochta na dtionscadal bóithre lena gcistiú faoin scéim, faoi réir théarmaí mheabhrán deontas na Roinne. Ní foláir do na tairbhithe, idir eatarthu, sciar de chostais na scéimeanna a ranníoc. Is iad na Comhairlí Contae atá freagrach as riarachán na Scéime, as bailiú na ranníocaíochta agus as roghnú agus cur i gcrích na n-oibreacha incháilithe.

**Ba cheart iarratais ar eolas, foirmeacha iarratais srl., a sheoladh dá réir chuig an gComhairle ábhartha.**

## An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Tá an talmhaíocht agus an tógáil fós i measc na gceithre earnáil is airde ó thaobh riosca de i ngeilleagar na hÉireann. Is iondúil go bhreagraíonn an dá earnáil sin d'os cionn 55% de na básanna sa láthair oibre i mbliain ar bith. Tharla ar a laghad 20 bás ar fheirmeacha na hÉireann gach aon bhliain sa tréimhse idir na blianta 2004 - 2014.

Tá an talmhaíocht agus an tógáil fós i measc na gceithre earnáil is airde ó thaobh riosca de i ngeilleagar na hÉireann. Is iondúil go bhfreagraíonn an dá earnáil sin d'os cionn 55% de na básanna sa láthair oibre i mbliain ar bith. Tharla ar a laghad 20 bás ar fheirmeacha na hÉireann gach aon bhliain sa tréimhse idir na blianta 2004 - 2014.

Tá díocas san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun oibriú i gcomhpháirt leis an bpobal feirmeoireachta chun líon na mbásanna agus na dtimpistí ar fheirmeacha Éireannacha a laghdú. Ní tharlaíonn an dea-chleachtas sábháilteachta agus sláinte de thaisme; teastaíonn am agus iarracht chuige, ach is mór iad na tairbhí leis. Déan cinnte de go dtugann tú an tosaíocht don tasc seo agus atá tuillte aige, agus bímis go léir sábháilte ar an bhfeirm!

Is faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 is amhlaidh a bhíonn dualgas dlíthiúil ar fhostóirí chun cáipéis scríofa sábháilteachta agus sláinte a ullmhú dá dtagraítear mar Ráiteas Sábháilteachta. Is féidir le feirmeoirí le triúr fostaithe nó níos lú cloí leis na téarmaí den Chód Cleachtais don Talmhaíocht mar mhalairt d'ullmhú ráitis sábháilteachta scríofa a ullmhú. Féadann ionchúiseamh teacht mar thoradh ar mhainneachtain chun cloí leis an ráiteas sábháilteachta sin nó leis an gceangaltas don Chód Cleachtais.

Seoladh an Cód Cleachtais don Talmhaíocht thiar sa bhliain 2006 agus seoladh chuig gach aon teaghlach feirme é. Áirítear leis Cáipéis Mheasúnachta Riosca agus Plean do Chóras Sábháilte Oibre (PCSO). Soláthraítear leis freisin treoir phraiticiúil áisiúil don úsáideoir i ndáil le feirmeoirí, baill den teaghlach, fostaithe, soláthraithe seirbhíse, comhairleoirí, oiliúnóirí agus daoine le ról i ndáil le sábháilteacht agus sláinte. Leagtar amach ann na príomhrioscaí san fheirmeoireacht agus soláthraítear leis cur chuige simplí tríd an gcáipéis mheasúnachta riosca do bhainistiú na sábháilteachta ag leibhéal na feirme.

**Tugtar spreagadh d'fheirmeoirí chun leas a bhaint as an gCód Cleachtais chun an tsábháilteacht feirme a bhainistiú.**

- Is féidir cóipeanna breise a íoslódáil saor in aisce ó láithreán gréasáin an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; **www.hsa.ie**.
- Tugtar spreagadh d'fheirmeoirí ar an láithreán gréasáin freisin chun rochtain a fháil ar an measúnú riosca ar líne den Chód Cleachtais don tSábháilteacht ar Fheirmeacha nó téigh go díreach chuig **www.farmsafely.com**

Tugtar spreagadh d'fheirmeoirí freisin chun freastal ar chúrsa oiliúna leathlae faoin gcaoi chun leas a bhaint as an gCód Cleachtais um Shábháilteacht Feirme sin. Soláthraíonn Teagasc na cúrsaí sin agus ba cheart do gach feirmeoir teagmháil a dhéanamh lena n-oifig áitiúil Theagaisc (fiú nach cliaint le Teagasc iad) agus a n-ionad ar an gcéad chúrsa infhaighte eile a shlánú.

**I gcomhair a thuilleadh eolais i leith sábháilteachta feirme:**

- **http://www.teagasc.ie/newsletters/safety/farmsafetyguide.asp**
  **I gcomhair a thuilleadh eolais i leith cúrsaí:**
- **http://www.teagasc.ie/health_safety/education_training.asp**

## Met Éireann

### Raidió

Déantar craoltaí réamhaisnéise aimsire 'beo' mionsonraithe roinnt uaireanta in aghaidh an lae ar RTÉ Raidió 1. Cuimsíonn an craoladh ag 07.55 an tréimhse amach go ceann 5 lá. Áirítear réamhaisnéisí Met Éireann freisin leis na Feasacháin Nuachta ar RTÉ Raidió 1, RTÉ 2FM, RTÉ Lyric, Today FM, Newstalk agus ar an gcuid is mó de na Stáisiúin Raidió áitiúla.



### Teilifís

Cuirtear réamhaisnéisí Met Éireann i láthair ar RTÉ 1 agus RTÉ 2 roinnt uaireanta in aghaidh an lae, le láithreoireachtaí réamhaisnéise mionsonraithe tar éis na bhfeasachán nuachta ag "Six-One" agus

"Nine O'Clock". Tugtar sa láithreoireacht roimh 14.00 ar an Domhnach an réamhaisnéis don tseachtain amach roimpi in éineacht le hagrafhaisnéis ghaolmhar, agus bíonn sí dírithe go príomha ar an bhfeirmeoireacht. Faightear réamhaisnéis aimsire ghairid sa chuid is mó de na hachoimrí nuachta ar an teilifís.

### Gréasán

Bíonn réamhaisnéisí aimsire mionsonraithe, arna nuashonrú go rialta, ar fáil ar www.met.ie. Áirítear leis sin: radar báistí; réamhaisnéisí náisiúnta, réigiúnacha & contae; foláirimh aimsire; éagsúlacht faisnéise faoin aimsir seo caite. Bíonn aip shoghluaiste Met Éireann ar fáil freisin don iOS agus don Android araon.

### Foláirim

Cuirtear Foláirimh Aimsire i láthair don ghaoth, báisteach, ceo, teochtaí ísle, teochtaí arda, stoirmeacha toirní agus foláirimh ghaoithe cósta ina dtrí chatagóir:

| | |
|---|---|
| STÁDAS BUÍ - | Foláireamh Aimsire - Bígí ar an Airdeall |
| STÁDAS ORÁISTE - | Rabhadh Aimsire - Bígí Ullamh |
| STÁDAS DEARG - | Rabhadh Doininne - Glacaigí Gníomh |

Soláthraítear mionsonraí na dtairseach as a mbaintear leas nuair a eisítear rabhaidh aimsire ar an láithreán gréasáin **www.met.ie**

Áirítear rabhaidh sheaca do shaothróirí torthaí i míonna Aibreáin agus na Bealtaine leis na gnáth-réamhaisnéisí nuair is gá. Cuirtear rabhaidh i leith coinníollacha aimsire arb oiriúnach do scaipeadh dúchana prátaí leis na príomh-réamhaisnéisí, de réir mar is cuí, idir míonna na Bealtaine agus Mheán Fómhair. Eisítear rabhaidh faoi choinníollacha fabhracha do bhaol na ndóiteán foraoise freisin de réir mar is cuí.

### Seirbhísí Réamhaisnéise Saincheaptha

I gcomhair réamhaisnéisí saincheaptha, arb inmhuirir iad; déan teagmháil le (01) 806 4250 rith uaireanta oifige chun fiosrú a dhéanamh faoi sheirbhís, nó chun seirbhís a shocrú.

### Nuachtáin

Foilsítear réamhaisnéis don tseachtain amach romhainn, go sonrach d'fheirmeoirí, i roinnt nuachtán seachtainiúil feirmeoireachta agus cúigeach.

### ULLAMH DON GHEIMHREADH

- **I gcomhair a thuilleadh eolais faoin ullmhúchán don gheimhreadh, téigh chuig: http://winterready.ie/Be-Winter-Ready.aspx**

## Oifig na gComisinéirí Ioncaim

## Impleachtaí Cánach na Scéime Buníocaíochta

Chonacthas athchur na Scéime Íocaíochta Aonair d'fheirmeoirí le Scéime Íocaíochta Bunúsaí nua le hathchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta, le héifeacht ó 1 Eanáir 2015. Chuaigh gach teidlíocht i seilbh feirmeoirí faoin Scéim Íocaíochta Aonair in éag an 31 Nollaig 2014. Is san fhoilseachán seo a leanas ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a thugtar achoimre den scéim úr: CAP 2015 - *An Introduction to Direct Payments.*

Dlitear cáin a ghearradh ar an mBuníocaíocht mar ioncam. Gearrfar cáin uirthi faoi Sceideal D, bíodh sé ina Chás I nó ina Chás IV ag brath ar na himthosca. Is sócmhainn inmhuirir chun críocha na ngnóthachan caipitiúil í an teidlíocht ar íocaíocht. Féadfar í a dhiúscairt trí mheán díolacháin, bronntanais srl. ach a sealbhófar í.

Is amhlaidh dá réir a bheidh na gnóthachain ag éirí as idirbhearta sna teidlíochtaí íocaíochta inmhuirir don CGC sa ghnáthbhealach.

Dlitear aistriúcháin teidlíochta íocaíochta don Cháin Fháltas Caipitiúil, bídís trí mheán bronntanais nó oidhreachta, mar is amhlaidh i leith aon sócmhainne eile, agus tagann siad faoi réir ghnáthrialacha na Cánach Fháltas Caipitiúil. Aithneofar aistriúcháin teidlíochta íocaíochta mar aistriúcháin mhaoine talmhaíochta áfach chun críche an Fhaoisimh Thalmhaíochta ar an gCáin Fháltas Caipitiúil.

Cé gur maoin dholáimhsithe atá sa teidlíocht íocaíochta chun críocha an Dleachta Stampála, foráiltear in alt 101A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála 1999 do dhíolúine ón Dleacht Stampála ar dhíol, aistriú, nó cur de láimh éigin eile den teidlíocht íocaíochta. Ní hionann íocaíocht aonair agus comaoin speisialta i leith aon soláthair idir an feirmeoir agus an Stát, agus is amhlaidh dá réir a thiteann sí lasmuigh de raon feidhme na CBL. Óir gurb inaistrithe í an teidlíocht íocaíochta le talamh nó gan talamh áfach, tá imthosca ann ina dtiocfaidh dliteanas CBL anuas.

## Cáin Ioncaim/Cáin Chorparáide/Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

Is ionann teidlíocht íocaíochta aonair agus sócmhainn inmhuirir chun críocha na cánach ghnóthachan caipitiúil faoi reachtaíocht reatha na ngnóthachan caipitiúil. B'amhlaidh sa ghnáthchleachtadh dá réir a bheadh aon ghnóthachan inmhuirir ag éirí as diúscairt na dteidlíochtaí úd roimh 15 Bealtaine 2014 dlite don cháin ghnóthachan caipitiúil, agus bheadh an cháin ghnóthachan caipitiúil iníoctha an 15 Nollaig 2014 nó roimhe sin.

D'eisigh an tAire Airgeadais ráiteas i mí na Bealtaine 2014 ámh faoi na himthosca sonracha ónar tháinig an t-éileamh d'aistriú na teidlíochta íocaíochta aonair, go raibh sé ar intinn aige foráil a thabhairt isteach sa Bhille Airgeadais 2014 chun díolúine ón gcáin ghnóthachan caipitiúil a thabhairt d'aon ghnóthachan inmhuirir ar aistriú na dteidlíochtaí íocaíochta ag na daoine aonair faoin Scéim Íocaíochta Aonair mar a raibh na teidlíochtaí go léir úd amuigh ar léas sa bhliain 2013 agus mar ar thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara comhairle do na daoine aonair chun na teidlíochtaí úd a dhiúscairt chuig an léasaí roimh 15 Bealtaine 2014. Is amhlaidh dá réir nach mbeidh ar na léasóirí lenar bhain, agus rinne a dteidlíochtaí íocaíochta aonair a dhiúscairt chuig na léasaithe roimh 15 Bealtaine 2014 cáin ghnóthachan caipitiúil a íoc ar na diúscairtí úd.

Tugtar éifeacht don ráiteas a d'eisigh an tAire Airgeadais le hAlt 51 den Acht Airgeadais 2014. Ionsáitear leis alt nua (Alt 604C) san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 lena ndíolmhaítear na teidlíochtaí íocaíochta ábhartha ón gcáin ghnóthachan caipitiúil.

Caitheann duine éigin bheith ina 'bhfeirmeoir gníomhach' chun bheith rannpháirteach sa Scéime Íocaíochta Bunúsaí. Is inmheasúnaithe iad na brabúis, ó cheird na feirmeoireachta agus gnóthachain chaipitiúla ar dhiúscairt sócmhainní áirithe, don cháin ioncaim agus don cháin ghnóthachan caipitiúil, faoi seach mar ar trádálaí aonair iad an feirmeoir. Is inmheasúnaithe iad na brabúis úd don cháin chorparáide i gcás cuideachtaí feirmeoireachta, seachas, mar a ndiúscraíonn an chuideachta talamh forbartha, mar ar chun na cánach ghnóthachan caipitiúil a ghearrtar an muirear.

## Faoiseamh Talmhaíochta ón gCáin Ghnóthachan Caipitiúil

Alt 89 den Acht Comhdhlúite um Cháin Fháltas Caipitiúil, 2003 is Infheidhmithe do Bhronntanais agus Oidhreacht araon

(1) Sainmhínítear "Maoin Talmhaíochta" mar "thalamh feirmeoireachta, féarach agus coillearnach suite i mBallstát agus barra, crainn agus fo-choill ag fás ar an talamh sin agus lena n-áirítear na foirgnimh fheirme, tithe feirme agus tithe móra (in éineacht leis na tailte mar chuid den áitreabh) mar a mbaineann na tréithe oiriúnacha don mhaoin, agus innealra feirme, beostoc agus stoc folaíochta ar an talamh sin, agus teidlíocht íocaíochta."

(2) Chun críocha an fhaoisimh, ciallaíonn "feirmeoir" duine aonair nach mbaineann níos lú ná 80 faoin gcéad de luach na maoine ar an margadh ar leis an duine féin í le maoin talmhaíochta i mBallstát éigin, tar éis dóibh glacadh leis an mbronntanas nó leis an oidhreacht agus:

- (i) arb iadsan sealbhóir d'aon cheann de na cáilíochtaí a leagtar amach i Sceideal 2, 2A nó 2B leis an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála 1999, nó a ghnóthaíonn cáilíocht mar sin laistigh de thréimhse 4 bliana ag tosú dáta an bhronntanais nó na hoidhreachta, agus a bhíonn i mbun feirmeoireachta ar an maoin talmhaíochta ar bhonn tráchtála ar feadh tréimhse nach lú ná 6 bliana ag tosú dáta luachála an bhronntanais nó na hoidhreachta agus sa tsúil chun brabúis a ghnóthachtáil uirthi, nó
- (ii) ar feadh tréimhse nach lú ná 6 bliana ag tosú dáta luacháil an bhronntanais nó na hoidhreachta, nach gcaitheann níos lú ná 50 faoin gcéad dá gcuid gnáthama oibre ag feirmeoireacht na maoine talmhaíochta ar bhonn tráchtála agus sa tsúil chun brabúis a ghnóthachtáil uirthi, nó
- (iii) a léasaíonn an mhaoin talmhaíochta ina hiomláine nó beagnach ina hiomláine a bhain leis an mbronntanas nó leis an oidhreacht ar feadh tréimhse nach lú ná 6 bliana ag tosú dáta luacháil an bhronntanais nó na hoidhreachta, chuig duine éigin a shásaíonn na coinníollacha i mír (i) nó (ii).

  Ní dhéantar aon asbhaint de luach na maoine ar an margadh i leith aon fhiach ná eirí seachas fiacha nó eirí i ndáil le teaghais chónaithe, arb í an t-aon teach cónaithe nó an príomhtheach cónaithe ag an duine agus nach maoin talmhaíochta í. Ní bhíonn feidhm leis an tástáil "80%" i gcás maoine talmhaíochta, lena mbaineann crainn agus fo-choill

(3) Maidir leis na bronntanais agus an oidhreacht a ghlactar an 23 Eanáir 1997 nó dá éis sin is amhlaidh a ríomhtar an faoiseamh trí luach na "Maoine Talmhaíochta" ar an margadh a laghdú faoi ráta cothrom 90%.

(4) Tarraingítear siar an faoiseamh má dhiúscraítear an mhaoin nó má thógtar go héigeantach í laistigh de sé bliana ó dháta an bhronntanais/na hoidhreachta, agus nach gcaitear na fáltais ón diúscairt nó ón tógáil éigeantach sin ina n-iomláine ag fáil maoine talmhaíochta eile laistigh de bhliain amháin ón díol nó laistigh de 6 bliana ó thógáil éigeantach nó mura gcáilíonn an tairbhí nó an léasaí a thuilleadh mar fheirmeoir laistigh den tréimhse 6 bliana ag tosú dáta luachana an bhronntanais nó na hoidhreachta .

Tá bileog mhínithe- (Faoiseamh Talmhaíochta - CAT 5), ina leagtar amach sonraí iomlána, ar fáil ag **www.revenue.ie**

## Dleachtanna Stampála

Is ionann Dleachtanna Stampála agus cánacha inghearrtha ar cháipéisí tráchtála agus dlíthiúla áirithe. Tar éis tabhairt isteach na ríomh-Stampála an 30 Nollaig 2009 is amhlaidh a ghreamaítear Teastas Stampála, arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim, leis an gcáipéis mar nod gur stampáladh í. B'éard ba nod roimhe sin don dleacht na stampálacha a múnlaíodh ar na cáipéisí. Mura mbíonn an stampáil chuí ar ghníomhas lena n-aistrítear an úinéireacht, ní féidir brath air chun bheith ina theideal don mhaoin.

I gcás cáipéisí a cuireadh i gcrích an 7 Iúil 2012 nó ina dhiaidh sin is cáin fhéinmheasúnaithe é an dleacht stampála arb iníoctha leis an "duine cuntasach" é (m.sh. an ceannaitheoir nó an t-aistrí i gcás aistriú maoine, an léasaí i gcás léasa).

Is ionann na dleachtanna stampála ar feasach don chuid is mó daoine iad na dleachtanna stampála is iníoctha ar dhíol tithe agus talún. Bíonn impleachtaí dleachta stampála lena mbreithniú i gcónaí pé uair a aistrítear maoin, ar nós talún agus foirgneamh. Gearrtar an dleacht ar an bpraghas nó an chomaoin, arna íoc as maoin nó, i gcás bronntanais, as a luach ar an margadh oscailte. De réir mar is infheidhmithe, ba cheart go ndíolmhófaí an CBL ón gcomaoin inmhuirir. Is iad na rátaí reatha dleachta ar aistriú trí dhíol nó trí bhronnadh maoine seachas scaireanna nó urrúis indíolta agus:

### Dleacht Stampála ar Mhaoin Chónaitheach

| Comaoin Chomhiomlán | Ráta Dleachta |
|---|---|
| An chéad €1,000,000 | 1% |
| Farrasbarr thar €1,000,000 | 2% |

### Dleacht Stampála ar Mhaoin Neamh-Chónaitheach

Is ionann an ráta dleachta stampála is infheidhmithe ar ionstraimí a cuireadh i gcrích an 7 Nollaig 2011 nó ina dhiaidh agus 2%.

### Dleacht Stampála ar Mhaoin Mheasctha (.i. Chónaitheach agus Neamh-Chónaitheach)

Sa chás go mbaineann idirbheart le maoin mheasctha, ní foláir an chomaoin a chionroinnt idir na gnéithe cónaitheacha agus neamh-chónaitheacha. Ní chomhiomlánaítear an mhaoin chónaitheach leis an gcion neamhchónaitheach chun críocha an ráta dleacht stampála iomchuí a chinntiú.

Tá faoisimh agus díolúintí éagsúla ón muirear chun dleacht stampála ar fáil:
Is amhlaidh faoi láthair a thagann tíolacais agus aistrithe talún idir neasghaolta an 1 Eanáir 2015 nó dá éis faoi réir dhleacht stampála ag a leath den ghnáthráta dhleacht stampála ("faoiseamh ghaol fola").

Tagann an faoiseamh ghaol fola faoi réir roinnt coinníollacha:

- Féadtar tíolacas nó aistriú ag duine éigin d'aois ar bith cáiliú d'fhaoiseamh idir 1 Eanáir 2015 ach roimh 1 Eanáir 2016;
- Ní fhéadfar ach amháin tíolacas nó aistriú ag duine éigin faoi bhun 67 bliain d'aois cáiliú d'fhaoiseamh idir 1 Eanáir 2016 agus roimh 1 Eanáir 2018.
  person under 67 years of age may qualify for relief.

Ina theannta sin is amhlaidh a chaitheann an duine aonair dá dtíolactar nó dá n-aistrítear an talamh, ó dháta chur i gcrích an tíolacais nó an aistrithe –

- feirmeoireacht a dhéanamh ar an talamh ar feadh tréimhse nach 6 bliana í, nó
- í a ligean amach ar léas ar feadh tréimhse nach lú ná 6 bliana chuig duine aonair a bheidh i mbun feirmeoireachta ar an talamh.

Tá a thuilleadh eolas faoin bhfaoiseamh ghaol fola ar fáil ar **www.revenue.ie/en/tax/stamp-duty/reliefs-exemptions.html#section7.**

Níl aon dleacht stampála ar mhaoin a aistrítear trí mheán oidhreachta.

Níl an dleacht stampála inghearrtha ar aistrithe aon mhaoine idir céilí agus páirtithe sibhialta. Bíonn feidhm le pionóis mura stampáiltear cáipéisí is inghearrtha don dleacht stampála go hiomchuí in am trátha.

### Faoiseamh don Fheirmeoir Óg Oilte

Foráiltear in Alt 81AA den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála 1999 d'fhaoiseamh ón dleacht stampála ar aistriú trí mheán bronntanais nó dhíol na talún feirmeoireachta (lena n-áirítear foirgnimh) le feirmeoirí óga oilte a shásaíonn coinníollacha áirithe. Bíonn feidhm leis an bhfaoiseamh do ghníomhais a cuireadh i gcrích 2 Aibreán 2007 nó dá éis sin, agus 31 Nollaig 2015 nó roimhe sin. Foráiltear sa Bhille Airgeadais 2015 atá os comhair an Oireachtais i láthair na huaire do shíneadh leis an bhfaoiseamh chuig 31 Nollaig 2018.

Is féidir teacht ar a thuilleadh faisnéise sa Bhileog SD2B. Is féidir rochtain a fháil ar an mbileog sin ag **www.revenue.ie**

### Faoiseamh Comhdhlúite Feirme - Níl an Faoiseamh sin ar fáil a thuilleadh

Faightear forálacha in Alt 81C den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála, 1999 i ndáil leis an bhFaoiseamh Comhdhlúite Feirme. B'éard ba chuspóir leis an bhfaoiseamh ná chun spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú gabháltas feirme chun mionroinnt feirmeacha a laghdú agus chun oibriú agus inmharthanacht na bhfeirmeacha lena mbaineann a fheabhsú. Bíonn feidhm leis an bhfaoiseamh d'ionstraimí a cuireadh i gcrích an 1 Iúil 2007 nó dá éis sin, agus an 30 Meitheamh 2011 nó roimhe sin.

### Aistrithe Feirme Teaghlaigh Áirithe

Foráiltear in Alt 83B den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála do dhíolúine ón dleacht stampála i leith aistrithe talún feirmeoireachta ó leanbh chuig tuismitheoir i gcomhthéacs socruithe teaghlaigh áirithe lena mbaineann feidhm le forálacha alt 599 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna leasú ag alt 52 den Acht Airgeadais, 2007) chun críocha cháin ghnóthachan caipitiúil. Áirítear le leanbh chun críocha alt 599 leanbh le leanbh nach maireann, neachta agus nianna áirithe agus leanaí altramais.

**Is féidir a thuilleadh eolais i ndáil leis an dleacht stampála a fháil -**

- ar **www.revenue.ie** (faoi Chánacha & Dleachtanna/Dleacht Stampála),
- trí ríomhphost a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar MoFhiosruithe - óir gurb ardán slán é seo is amhlaidh a chaitheann tú clárú (tógann sé sin cúpla lá) agus is féidir leat leas a bhaint as MoFhiosruithe ach a mbíonn tú cláraithe i gcomhair do theagmhálacha go léir leis na Coimisinéirí Ioncaim, nó
- trí ghlao a chur ar 1890 48 25 82 idir Luan agus Aoine ó 10.00 chuig 13.00.

## Cáin Bhreisluacha

Is cáin ar chaitheamh tomhaltóirí í an Cháin Bhreisluacha (CBL). Is iad na trádálaithe CBL-chláraithe a bhailíonn í ar a gcuid soláthairtí earraí agus seirbhísí a fhóintear laistigh den Stát, i gcomaoin dá gcuid custaiméirí. Is iondúil go ngearrann gach trádálaí mar sin sa slabhra soláthair idir an déantúsóir agus an miondíoltóir CBL ar a gcuid díolachán agus bíonn siad i dteideal an CBL a íocann siad ar a gcuid ceannachán a asbhaint de sin.

Is éard is éifeacht le fritháireamh na CBL ar cheannacháin i gcoinne na CBL ar dhíolacháin ná chun an cháin a chur ar an mbreisluach ag gach céim den táirgeadh – amhail Cáin Bhreisluacha. Is cuid den phraghas ceannaigh go simplí í an CBL don tomhaltóir deiridh, nach bhfuil cláraithe le haghaidh CBL.

### Sainmhíniú feirmeora chun críocha CBL

Ciallaíonn feirmeoir chun críocha na CBL duine a théann i mbun gníomhaíocht talmhaíochta amháin ar a laghad sa Stát a liostaítear in iarscríbhinn 1 agus a mbaineann go heisiach lena soláthairtí ceachtar den

1. táirgeadh talmhaíochta (seachas seamhán buaibheach agus stoc plandlainne), nó
2. seirbhísí talmhaíochta (seachas seirbhísí conraitheoireachta talmhaíochta), nó iad beirt, nó

a mbaineann go heisiach lena gcuid soláthairtí ceachtar den táirgeadh talmhaíochta (ach féach (a) thuas) agus/nó seirbhísí talmhaíochta (ach féach (b) thuas) nó iad beirt agus ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:-

- Innealra, gléasra nó trealamh ar bhain siad leas astu dá ngníomhaíocht feirmeoireachta;
- Seirbhísí traenála do chapaill rásaíochta nach sáraíonn an láimhdeachas bliantúil dóibh agus nach dócha go sáróidh sé €37,500;
- Earraí, seachas iad siúd dár tagraíodh thuas, nach sáraíonn an láimhdeachas bliantúil dóibh agus nach dócha go sáróidh sé €75,000 nó seirbhísí, seachas iad siúd dár tagraíodh thuas, nach sáraíonn an láimhdeachas bliantúil dóibh agus nach dócha go sáróidh sé €37,500.

Is amhlaidh go hachomair dá réir gur feirmeoir cothromráta é/í an duine a théann i mbun an táirgthe talmhaíochta, agus nach sáraíonn a láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta an tairseach bhliantúil iomchuí, .i. Feirmeoir nach gcaitheann clárú don CBL i ndáil lena ngníomhaíochtaí feirmeoireachta.



Tá a thuilleadh eolais ar fáil ar **www.revenue.ie**

Ní foláir d'fheirmeoir atá cláraithe don CBL an CBL a ghearradh ag an ráta iomchuí ar a gcuid soláthairtí d'earraí agus seirbhísí inchánach. Taispeántar na rátaí dá bhfeidhmítear d'earraí agus seirbhísí talmhaíochta éagsúla sa tábla seo a leanas:

| **Ráta CBL** | **Earraí agus seirbhísí Talmhaíochta** |
|---|---|
| Ráta nialasach | Plandaí/síolta/bleibeanna do tháirgeadh bia; Plandú/cur síolta do tháirgeadh bia. |
| 4.8% | Eallaigh, caoirigh, muca, fianna, gabhair bheo |
| 4.8% | Soláthar capall a bhíonn ceaptha de ghnáth dá n-úsáid in ullmhú bia-ábhar nó dá n-úsáid sa táirgeadh talmhaíochta. |
| 9% | Soláthar capall beo, seachas iad siúd a bhíonn ceaptha de ghnáth dá n-úsáid in ullmhú bia-ábhar nó dá n-úsáid sa táirgeadh talmhaíochta. |
| 9% | Fruiliú capall. |
| 9% | Soláthar con.<br>Eisíodh ríomhFhaisnéis i ndáil le Capaill i mí na Samhna 2014 |
| 13.5% | Obair thógála ar an bhfeirm; draenáil agus míntíriú talún; plandú/cur i gcomhair rud éigin eile seachas táirgeadh an bhia; spraeáil barr; buaint, cúram, tógáil agus beathú stoic; leagan crann; seamhan buaibheach; síolta, bleibeanna, riosóim agus soláthairtí comhchosúla as a mbaintear leas do tháirgeadh talmhaíochta na mbarr bithbhreosla. Soláthairtí seirbhísí inseamhnaithe, lena n-áirítear soláthairtí ainmniúcháin agus inseamhnuithe "searrach ar bith, táille ar bith", ag trádálaithe cláraithe don CBL; bíonn siad dlite don CBL ag an Ráta Laghdaithe. |
| 23% | Fruiliú innealra; léasú cuóta bainne (gan talamh); iompar; stóráil. |

### Ní foláir don fheirmeoir chun clárú mar:

1. a sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ó ghníomhaíochtaí conraitheoireachta talmhaíochta seachas seirbhísí inseamhnaithe, cúram stoic agus tógáil stoic, nó mar ar dócha go sáróidh siad €37,500.
2. a sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ó dhíolacháin seamhan buaibheach seachas le feirmeoirí ceadúnaithe mar ionad Inseamhnaithe Shaorga nó soláthairtí le duine thar a gcleachtaíonn an feirmeoir smacht, nó mar ar dócha go sáróidh siad €75,000.
3. a sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ó dhíolacháin mhiondíola na dtáirgí gairneoireachta nó mar ar dócha go sáróidh siad €75,000.
4. a sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ó sholáthairtí seirbhísí talmhaíochta, seachas seirbhísí inseamhnaithe, cúram nó tógáil stoic, agus ceachtar den seamhan buaibheach nó den stoc plandlainne nó iad beirt, nó mar ar dócha go sáróidh siad €37,500.
5. a bhfaigheann siad seirbhísí inchánach san áit a bhfaightear iad (Rialacha Nua CBL Ion-Chomhphobail um Áit Soláthair do Sheirbhísí).
6. a sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ó dhíolachán seamhain bhuaibhaigh agus ó dhíolacháin mhiondíola an stoic phlandlainne nó mar ar dócha go sáróidh siad €75,000.
7. a sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ó éadálacha ion-Chomhphbail nó mar ar dócha go sáróidh siad €41,000.
8. a sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ó earraí nó seirbhísí inchánach, seachas aon díolúintí thuasluaite nó ar dócha go sáraíonn siad na tairseacha iomchuí.

### Rogha chun clárú

An feirmeoir nach gcaitheann clárú; is féidir leo roghnú chun clárú.

Má bhíonn iallach ar fheirmeoir chun clárú i ndáil le hÉadálacha Ion-Chomhphobail nó seirbhísí a fhaightear ó thar sáile, is amhlaidh go hiarbhír a bhíonn an clárúchán sin 'imfhálaithe' d'éadálacha Ion-Chomhphobail nó seirbhísí arb inchánach mar a bhfaightear iad (Rialacha CBL Ion-Chomhphobail nua i leith Áit Soláthair do Sheirbhísí). Ní bhíonn iallach air/uirthi chun clárú i ndáil lena g(h)níomhaíochtaí feirmeoireachta.

Sa chás go gcláraíonn sé/sí i ndáil le traenáil capall rásaíochta is féidir an clárúchán sin a leithlisiú freisin agus ní gá dó/di chun clárú i ndáil lena g(h)níomhaíochtaí feirmeoireachta. Is iondúil go nglacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis nach ionann an ghné traenála ach 10 faoin gcéad den láimhdeachas foriomlán sa chár gur feirmeoir atá sa traenálaí capall rásaíochta freisin.

### Feirmeoirí Cothromráta

Is feirmeoir iad an feirmeoir cothromráta nach bhfuil cláraithe don CBL i ndáil lena g(h)níomhaíochtaí feirmeoireachta. Is chun cúiteamh a thabhairt don CBL a íoctar ar sholáthairtí dósan/dise, bíonn an feirmeoir úd i dteideal breisiú cothromráta a fháil (5.2% i láthair na huaire) i leith na bpraghsanna ag a soláthraítear a t(h)áirgeadh talmhaíochta do dhaoine CBL-chláraithe lena n-áirítear marglanna, comharchumainn talmhaíochta agus monarchana feola. Bíonn feirmeoir cothromráta i dteideal freisin chun CBL a thabhaítear i ndáil le tógáil, síneadh, mionathrú nó atógáil foirgneamh feirme, agus draenáil talún a éileamh ar ais ón Rannóg Aisíocaíochta CBL (Neamhchláraithe).

Ní bhíonn aon dliteanas CBL Éireannach ar fheirmeoirí cothromráta i ndáil le ceannacháin earraí i mBallstáit eile ar an gcuntar nach sáraítear an tairseach €41,000. Gearrtar an CBL ina ionad sin sa Bhallstát ceannaigh ag an ráta is infheidhmithe ansin. Bíonn na feirmeoirí a sháraíonn an tairseach éadálacha dlite don CBL Éireannach beag beann ar íoc siad nó nár íoc siad CBL sa Bhallstát ceannaigh. Is amhlaidh dá réir chun an cánachas dúbailte a sheachaint nach mór d'fheirmeoirí a sáraíonn a gceannacháin i mBallstáit eile nó ar dócha go sáróidh siad €41,000 clárú don CBL anseo agus cuntasóireachta dhéanamh di.

### Taifid agus Tuairisceáin

Ní mór d'fheirmeoir CBL-chláraithe taifid de cheannacháin agus díolacháin a choinneáil ionas gur féidir leo tuairisceáin CBL dé-mhíosúla a chomhlánú (.i. Eanáir/Feabhra, Márta/Aibreán, Bealtaine/Meitheamh, Iúil/Lúnasa, Meán Fómhair/Deireadh Fómhair agus Samhain/Nollaig). Dlitear tuairisceán CBL i leith gach tréimhse dhé-mhíosúil an 19ú lá den mhí tar éis deireadh na tréimhse ábhartha. Má sháraíonn an CBL a ghearrtar ar dhíolacháin an CBL a tabhaíodh ar cheannacháin, ba cheart go mbeadh íocaíocht i dteannta leis an tuairisceán. Má sháraíonn an CBL a tabhaíodh ar cheannacháin an CBL a gearradh ar dhíolacháin, aisíocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an difríocht, de réir mar is cuí.

### Aisíocaíochtaí CBL ar Fhoirgnimh Fheirme agus ar Oibreacha Draenála Talún

Is iondúil go mbíonn feirmeoir cothromráta i dteideal aisíocaíochta CBL a thabhaigh sé/sí i ndáil le caiteachas ar fhoirgnimh na feirme agus ar oibreacha draenála talún chun críocha a g(h)nó feirmeoireachta.

Caithfear na héilimh ar aisíocaíocht a chomhlánú ar an bhfoirm iomchuí (Foirm CBL 58). Níl éilimh aonair ag teacht chuig níos lú na €125 inghlactha. Féadfar na héilimh úd a chur i láthair le héilimh eile ón éilitheoir céanna ámh ach a sáraíonn luach comhiomlán an éilimh €125 ámh.

Sa chás nach mbíonn an feirmeoir cothromráta cláraithe don CBL i ndáil le héadálacha Ion-Chomhphobail amháin agus/nó, bíonn sé/sí i dteideal aisíocaíochta CBL a tabhaíodh i ndáil leis na hoibreacha úd. Seachas éileamh ar leithligh a dhéanamh don aisíocaíocht ámh, ní foláir an aisíocaíocht a dhéanamh mar asbhaint ó mhéid na CBL is iníoctha ag an bhfeirmeoir úd lena t(h)uairisceán CBL tréimhsiúil. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an rannóg Aisíocaíochta CBL Neamhchláraithe ag 061 488060.

## Comhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe

Aon fheirmeoirí atá ag smaoineamh faoi Chomhpháirtíocht Feirme Chláraithe a bhunú; b'fhéidir go mb'áisiúil dóibh léamh faoi
**www.agriculture.gov.ie/media/migration/farmingsectors/newfarmpartnershipregister/RequirementsFarmPartnershipRegistration160215.doc**

Is féidir a thuilleadh eolais i leith an ábhair sin ná aon ábhair eile ó láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag **www.revenue.ie** nó ó do dhúiche áitiúil sna Coimisinéirí Ioncaim.

## Cánachas i leith Ioncaim Fheirmeoireachta

Bíonn na brabúis ó cheird na feirmeoireachta, ag brath ar na himthosca, inmheasúnaithe don cháin ioncaim nó do cháin chorparáide. Is tuairisc achomair atá sa mhéid seo a leanas, atá bunaithe ar an reachtaíocht i bhfeidhm 30 Iúil 2015, ar roinnt de na forálacha níos coitianta a théann i bhfeidhm ar chánachas an ioncaim fheirmeoireachta. Tá eolas breise ar fáil ó láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim, **www.revenue.ie** nó ó do chomhairleoir cánach

### Meánú na mbrabús feirme

Féadann feirmeoirí áirithe roghnú le bheith gearrtha don cháin ioncaim ar bhunús mheán na mbrabús agus na gcaillteanas feirmeoireachta comhiomlán ag críochnú leis an mbliain faoi mheasúnacht seachas bheith gearrtha don cháin ar a mbrabúis feirmeoireachta sa ghnáthbhealach (.i. ar na brabúis i dtréimhse 12 mí ag críochnú sa bhliain faoi mheasúnacht). Méadaítear an tréimhse do mheánú ioncaim do na trí bliana measúnachta ón mhliain 2015 ar aghaidh ó thrí bliana chuig cúig bliana.

Níorbh fhéidir le feirmeoir roghnú roimhe seo chun meánú má bhí a gcéile/bpáirtí sibhialta i mbun ceirde nó gairme éigin eile. Athraítear an méid sin chun meánú bhrabúis na feirmeoireachta ag feirmeoir éigin mar a mbíonn a gcéile/bpáirtí sibhialta i mbun ceirde eile ar an gcuntar gur éagsúlú ar an bhfeirm atá sa cheird sin.

### Liúntais don chaiteachas caipitiúil ar thógáil foirgneamh feirme agus oibreacha eile

Is féidir leis na daoine is inghearrtha don cháin ar a mbrabúis feirmeoireachta liúntas a éileamh d'fhoirgnimh feirme i leith caiteachais chaipitiúil ar thógáil foirgneamh feirme (seachas foirgnimh as a mbaintear leasmhar theaghais chónaithe) agus oibreacha áirithe eile. Díscríobhtar an costas ag an ráta de 15% in aghaidh na bliana sna chéad 6 bliana agus 10% i mbliain 7.

### Faoiseamh i leith ioncaim áirithe ó léasú talún feirmeoireachta

Bíonn díolúine ann d'ioncam áirithe ag éirí as léasú na talún feirmeoireachta ón gcáin ioncaim. Leathnaíodh an faoiseamh sin le feidhm ó 1 Eanáir 2015.

Méadaítear an méid ioncaim a fhéadtar bheith díolmhaithe faoi léas fadtéarmach incháilithe agus tugtar isteach an ceathrú tairseach do thréimhsí léasa 15 bliain nó níos mó le hioncam suas le €40,000 á dhíolmhú.

Sa chás go dtéitear i mbun léas incháilithe amháin nó níos mó, le roinnt acu an 1 Eanáir 2015 nó dá éis agus le roinnt acu ag am ar bith eile (.i. Roimh 1 Eanáir 2015), is amhlaidh a bhíonn méid na díolúine teoranta sa chomhiomlán chuig an méid seo a leanas:

- €40,000 mar ar faide an léas incháilithe is faide ná 15 bhliain déag nó níos mó,
- €30,000 mar ar faide an léas incháilithe is faide ná 10 mbliana ach ar giorra é ná 15 bhliain déag,
- €22,500 mar ar faide an léas incháilithe is faide ná 7 mbliana déag ach ar giorra é ná 10 mbliana, agus
- €18,000 mar a maireann gach léas incháilithe ar feadh 5 nó 6 bliana.

Níl ann do thairseach aoise níos ísle a thuilleadh do léasóirí, agus is amhlaidh dá bharr sin a bhaintear an tagairt freisin do léasóirí ar éagumas buan. Féadann cuideachta bheith ina léasaí incháilithe ar an gcuntar nach bhfuil sí nasctha leis an léasóir.

### Faoiseamh Stoic – Ginearálta

Is asbhaint ó ioncam trádála na feirme é an faoiseamh stoic arb ionann é agus 25% den mhéadú ar luach an stoic thrádála sa tréimhse chuntasaíochta. Ní féidir leas a bhaint as an bhfaoiseamh chun caillteanas a chruthú nó a mhéadú, agus caithfear é a éileamh an dáta comhdaithe nó roimhe sin don tréimhse lena mbaineann sé.

### Faoiseamh Stoic - Feirmeoirí Óga Oilte

Soláthraítear leis sin do ráta feabhsaithe faoisimh stoic de 100% seachas 25% thar cheithre bliana. Bíonn feidhm leis d'fheirmeoirí a éiríonn ina "bhfeirmeoirí incháilithe", .i. Feirmeoirí atá faoi bhun 35 bliain d'aois agus a shásaíonn riachtanais oiliúna áirithe.

### Faoiseamh Stoic - Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe

Soláthraítear an faoiseamh stoic ag an ráta 50% d'fheirmeoirí ar comhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí feirme cláraithe iad agus 100% d'fheirmeoirí incháilithe áirithe laistigh den bhrí le halt 667B (dá dtagraítear go minic mar fheirmeoirí óg oilte), ar comhpháirtithe sna comhpháirtíochtaí úd iad. Bíonn feidhm leis do na tréimhsí cuntasaíochta dar tús an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Bíonn an t-uasmhéid faoisimh stoic ar féidir é a éileamh do chomhpháirtíochtaí feirme cláraithe teoranta do €15,000 thar 3 bliana ó 1 Eanáir 2014.

### Diúscairtí éigeantacha beostoic

Bíonn feidhm ag an scéim seo do bhrabúis a fhabhraítear ar dhiúscairt stoic faoi bhearta díothaithe galair reachtúla.

Is féidir le feirmeoir roghnú chun na brabúis úd a dhíolmhú nuair a ríomhtar an t-ioncam don tréimhse chuntasaíochta ina dtarlaíonn an diúscairt, agus sa chás sin is amhlaidh a mheastar iad bheith ag teacht aníos i dtráthchodanna comhionanna i ngach aon cheann de na chéad 4 thréimhse chuntasaíochta eile (nó, más mian leis an bhfeirmeoir, sa tréimhse ina dtagann siad aníos agus sna 3 thréimhse dá héis sin).

Féadann an feirmeoir bheith i dteideal faoisimh stoic 100% sa tréimhse iarchurtha 4 bliana. Ní bhíonn feidhm leis an rogha chun iarchurtha mar a n-éirítear as ceird na feirmeoireachta go buan.

### Cuóta Bainne

Díothaíodh an Cuóta Bainne faoi athchóiriú an CAP ó 21 Márta 2015 i leith.

Tá réimeas de liúntas laghdaithe caipitil seacht mbliana tar éis bheith ar fáil chun an costas a bhain le ceannach cuóta bainne a ghlanadh ón mbliasa bhliain 2000 i leith. Sa chás nár éiligh feirmeoir na liúntais iomlána nuair a thagann an cuóta chun deiridh, d'fhéadfadh an feirmeoir sin bheith i dteideal liúntas comhardaithe a éileamh. Beidh an liúntas comhardaithe cothrom leis an méid den liúntas neamhúsáidte. Ní thugtar aon liúntas laghdaithe breise d'aon tréimhse inghearrtha eile dá éis.

Thug an tAE ceadú d'íoc fíneálacha forthobhaigh arna dtabhú ag feirmeoirí as sárú a gcuóta bainne sa bhliain dheireanach dá fheidhmiú; .i. 1 Aibreán 2014 chuig 31 Márta 2015, le híoc thar thréimhse trí bliana chun an t-ualach airgeadais ar fheirmeoirí a fhuascailt. Beidh na feirmeoirí i dteideal aon fhíneálacha forthobhaigh a éileamh ina n-iomláine mar asbhaint i gcoinne ioncaim fheirme sa bhliain ina n-aithnítear an caiteachas ina gcuid cuntas.

### Cánachas brabús agus gnóthachan ar stail

Caitear le staileanna ó 1 Lúnasa 2008 mar stoc arna thrádáil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn an t-ioncam ó tháillí graí agus na brabúis nó gnóthachain ó dhíol staileanna inchánach sa ghnáthbhealach (tháinig díolúine roimhe seo chun críche an 31 Iúil 2008).

### Brabúis ó áitíocht coillearnach áirithe

Bíonn brabúis nó gnóthachain ó áitíocht thráchtála na gcoillearnach sa Stát díolmhaithe ón gCáin Ioncaim agus ón gCáin Chorparáide.

D'ainneoin na díolúine sin, is amhlaidh a chaithfear mionsonraí na mbrabús, ngnóthachan agus gcaillteanas úd a áireamh leis an tuairisceán bliantúil ioncaim. Bíonn feidhm freisin leis na gnáthrialacha a bhaineann le coinneáil taifead agus cur ar fáil na dtaifead úd dá n-imscrúdú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**Is féidir na Treoirlínte um ullmhú M.N.P. Feirme a fháil ó Oifigí áitiúla Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúr (TCS) de chuid na Roinne (féach liosta d'oifigí TCS ag Iarscríbhinn 1B).**

**Is féidir a thuilleadh eolas i ndáil le foráil Alt 659 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 a fháil ó Oifig áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim.**

## Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann

Tairgeann Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann réimse leathan léarscáileanna ar díol san fhormáid dhigiteach agus pháipéir araon. Is iad na léarscáileanna mórscála de na ceantair thuaithe is inspéise don phobal feirmeoireachta – baineann scáil 1:25000 agus 1:5000 leis na léarscáileanna úd de cheantair thuaithe agus ar imeall na tuaithe. Is táirgí iad na haeríomhánna agus an ortai-ghrianghrafadóireacht ar féidir leas a bhaint astu freisin mar fhoinse eolais don phobal feirmeoireachta. Is féidir le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann clúdach náisiúnta d'Aer-Íomhánna agus Ortai-ghrianghrafadóireacht a sholáthar óna hoifig díolachán i bPáirc an Fhionnuisce, a tógadh thiar sa bhliain 1995 (Dubh agus Bán) agus 2000 (Daite) agus 2005 (Daite).

Is féidir le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus a líonra gníomhairí léarscáiliú a sholáthar mar leatháin chaighdeánacha nó mar sheirbhís lárnaithe ach éileamh, i bhformáid dhigiteach nó pháipéir.

Áirítear leis na roghanna:

- Éagsúlacht scála léarscáile;
- Breacthaí páipéir;
- Léarscáileanna Digiteacha in éagsúlacht formáidí;
- Léarscáileanna Ilchodacha;
- Breacthaí páipéir idir A4 agus A0;
- Téamaí roghnaithe do tháirgí digiteacha;
- Pacaí Pleanála;
- Léarscáileanna Chlárlann na Talún;
- Léarscáileanna Stairiúila

Tá go leor léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis ar fáil ar líne anois ag **www.osi.ie**

Bíonn léarscáileanna stairiúla 6 orlaí agus 25 orlach ar fáil freisin. Is féidir amharc ar léarscáileanna stairiúla saor in aisce agus is féidir iad a íoslódáil agus a cheannach ar líne ag **www.osi.ie**

### Sonraí Léarscáile Digiteacha

Bíonn idir shonraí Íomhá Dhigiteach (rastar) agus shonraí Gné Dhigiteach (veicteoir) ar fáil i roinnt formáidí caighdeánacha araon, agus soláthraítear ar éagsúlacht roghanna meán iad. Is féidir sonraí veicteora digiteacha agus sonraí rastair a shaincheapadh do shonraíochtaí custaiméara. Is féidir le Gníomhairí Léarscáil Áite Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann léarscáiliú a sholáthar i bhformáid dhigiteach. Is féidir an léarscáiliú digiteach a cheannach freisin ó oifig Díolachán Léarscáile Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann freisin i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, nó ar líne ag **www.osi.ie**.

### An Aer-Ghrianghrafadóireacht

Bíonn clúdach náisiúnta ag scálaí grianghraf 1:30,000 agus 1:40,000 ar fáil. Ba thiar sna blianta 1995 agus 2000 agus idir na blianta 2005 agus 2006 a tógadh an ghrianghrafadóireacht sin. Bíonn limistéir roghnaithe eile ar fáil idir scálaí grianghraf 1:5,000 agus 1:20,000. Bíonn an Aer-Ghrianghrafadóireacht ar fáil mar phriontaí dubha agus bána agus go hildaite araon. Bíonn clúdach náisiúnta ag scálaí grianghraf 1:30,000 agus 1:40,000 ar fáil ar láithreán gréasáin na SO le hamharc orthu trí mheán an amharcóra léarscáile. Is féidir íomhánna a cheannach freisin ar líne. Ní bhíonn an ghrianghrafadóireacht d'eitilt níos ísle ar fáil ach amháin ó shiopa Léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8.

## Clárlann na Talún

Tá oifigí poiblí ag Clárlann na Talún i mBaile Átha Cliath ag Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7 agus i Ros Comáin ag Oifig an Rialtais, Bóthar an Mhachaire Ghailge, Ros Comáin, agus i bPort Láirge, agus Bóthar Chorcaí, Port Láirge.

Is ó 4 Samhain sa 2006 is amhlaidh atá Clárlann na Talún tar éis bheith faoi riail an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Is í Clárlann na Talún a sholáthraíonn an chéad chlárú de theideal ar mhaoin éigin sa Stát, agus a chláraíonn trádálacha leis an maoin sin ina dhiaidh sin. Cothabhálann an Chlárlann cláir úinéireachta de thalamh ruílse, leasanna léasacha agus cearta agus ualaigh eile a fhéadann dul i bhfeidhm ar mhaoin éigin.

**Déan teagmháil i gcomhair fiosruithe ginearálta le:**

- Fón: 0761 001610/051 303000 nó
- Ríomhphost: **info@prai.ie** • Láithreán gréasáin: **www.prai.ie**

Is féidir Fóiliónna, Léarscáileanna agus Innéacsanna Ainmneacha i leith gach contae a imscrúdú ag oifigí poiblí Chlárlann na Talún. Is féidir léarscáil na Clárlainne, ar a dtaispeántar gabháltais chláraithe agus ar a sainítear cearta ar nós ceart slí, a imscrúdú freisin; agus is féidir léarscáileanna cóipe, ar a dtaispeántar pleananna sonracha, a fháil.

Is féidir rochtain a fháil ar an eolas seo freisin trí mheán seirbhíse ar líne de chuid Chlárlann na Talún **www.landdirect.ie** a bhíonn ar fáil d'úsáideoir le cuntas agus is cuairteoirí araon. I gcomhair a thuilleadh eolais i leith na seirbhíse ar líne sin; ceadaigh an láithreán gréasáin **www.landdirect.ie**.

Is féidir leis an úinéir cláraithe (nó lena g(h)níomhaire) iarratas a dhéanamh chun cóip d'aon cháipéis comhdaithe i gClárlann na Talún a imscrúdú nó a fháil faoina ndéantar clárúchán a théann i bhfeidhm ar a m(h)aoin. Faoi théarmaí an tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 ab amhlaidh a chuir an tÚdarás Clárúcháin Maoine deireadh le heisiúint nó le hatheisiúint Deimhnithe Talún ó 1 Eanáir 2007; agus tháinig deireadh le feidhm nó le héifeacht gach Deimhniú Talún nach raibh cealaithe cheana féin.

Féach láithreán gréasáin Chlárlann na Talún www.prai.ie i gcomhair a thuilleadh eolais. Is í Clárlann na Talún ar Shráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7 (Fón: 0761 001610 nó 051 303000, Ríomhphost: groundrents@prai.ie) a riarann an Scéim um Cheannach na mBunchíosanna.

Is féidir a thuilleadh eolais i leith Chlárlann na Talún a fháil ó láithreán gréasáin an tÚdarás Clárúcháin Maoine ag **www.prai.ie**

## Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI)

Bunaíodh an CFI mar ghníomhaireacht reachtúil thiar sa bhliain 1999 chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus a spreagadh, lenar bhain contaetha Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Ros Comáin, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus an Chláir.

### Aidhmeanna Straitéiseacha

Is iad cúig sprioc straitéiseacha an CFI ná:

- Rannchur leis an bhforbairt réigiúnach chothrom trína chinntiú go n-uasmhéadaíonn an réigiún thiar a lánchumas don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta;
- Na tairbhí a bhaineann le cónaí, oibriú agus déanamh an ghnó san iarthar a chur chun cinn;
- Tacú le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta an gheilleagair thuaithe;
- Caipiteal riosca a sholáthar do na fiontair bheaga agus meánmhéid trí Chiste Infheistíochta CFI;
- An CFI a oibriú mar eagras inniúil agus éifeachtach.

### Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ó:

- Coimisiún Forbartha an Iarthair, Teach Dillon, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin, E45 WY26.
- Fón: 094 9861441
- Ríomhphost: **info@wdc.ie**
- Láithreán gréasáin: **www.wdc.ie**



# Aguisíní

## AGUISÍN 1A
## AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA (RTBM)

| | |
|---|---|
| **Príomh-Oifig**<br>Áras Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, DO2 WK12.<br>Facsuimhir Áras Talmhaíochta: | 0761 064400/ 01 6072000<br>01 6616263 |
| **Oifigí Díláraithe:**<br>**Foirgneamh Riaracháin Bhacastúin**<br>Ascaill Steach Cuimne, Cill<br>Droichid,<br>Co. Chill Dara<br>W23 X3PH. | 01 5058600 |
| **Saotharlanna Bhacastúin:**<br>Campas Shaotharlann Bhacastúin,<br>Ascaill Steach Cuimne,<br>Cill Droichid,<br>Co. Chill Dara,<br>W23 X3PH. | 01 6157100 |
| **Oifig an Chabháin:**<br>Oifigí an Rialtais,<br>Sráid Fhearnáin,<br>An Cabhán,<br>H12 D459. | 0761 064412/ 049 4368200 |
| **Oifig Chloich na Coillte**<br>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;<br>Oifigí an Rialtais,<br>An tIonad Náisiúnta Bia Mara,<br>An Cloichín,<br>Cloich na Coillte,<br>Co. Chorcaí,<br>P85 TX47. | 0761 064409/ 023 8859500 |
| **Oifig Phort Laoise**<br>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;<br>Oifigí an Rialtais,<br>Seanbhóthar Mhainistir na Laoise,<br>Port Laoise,<br>Co. Laois,<br>PR32 RPA6. | 0761 064419 / 057 8674400 |
| **Oifig Loch Garman**<br>Eastát Chaisleáin Bhaile Sheáin,<br>Co. Loch Garman, Y35 PN52.<br>Y35 PN52. | 0761 064415/ 053 9163400 |

## AGUISÍN 1A
## AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA (RTBM)

| RANNÁIN | |
|---|---|
| **Cóiríocht**<br>**(Féach freisin Seirbhísí Bainistíochta)** | 01 6072878 / 057 8689923 |
| **Cuntais** | 049 4368200 |
| **Struchtúir Thalmhaíochta** | |
| Oibríochtaí na Scéime um Roghanna Agra-Chomhshaoil (AEOS) | 053 9163425 |
| An Scéim um Roghanna Agra-Chomhshaoil (AEOS) | 053 9163446 |
| Aonad Comhordaithe | 053 9170315 |
| Scéim Luathscoir | 053 9163469 |
| Aonad Orgánach | 053 9163465 |
| TF REPS | 053 9163451 |
| Íocaíochtaí REPS | 053 9163452 |
| Beartas REPS | 053 9163452 |
| Aistarraingthí REPS | 053 9163421 |
| **Cabhair don Stóráil Phríobháideach** | 053 9163437 |
| **Idirghabháil** | 053 9163467 |
| **Sláinte agus Leas Ainmhithe** | |
| Galair Aicme A | 01 6072862 |
| **Líne Chabhrach i gcomhair:** | |
| • Fliú na nÉan<br>• An Fliú<br>• Galar Gormtheanga | 0761 064403 |
| Leas Ainmhithe | 0761 064408/ 01 6072379 |
| BVD | 0761 064590 |
| Allmhairiú/Onnmhairiú Cat agus Madraí | 01 6072827 |
| Allmhairiú/Onnmhairiú Beostoic, Capall, Éan – Nósanna Imeachta Coraintín | 01 6072862 |
| Marglanna | 071 9682000 |
| Íocaíochtaí Scráibí | 053 9163437 |
| Sainaitheantas Caorach/Mua | 01 6072901 |
| Rialáil Sodalaigh | 057 8694346 |
| ompar Ainmhithe Beo | 01 6072706 |
| Scéim d'Ainmhithe Tite ar Lár (Fóirdheontas EST) | 053 9163437 |
| EST (ESB/Scráibeach) | 053 9163437 |
| Galair Aicme B | 01 6072224 |
| An tAcht um Rialú Capall | 01 6072292 |
| Fiosrúcháin Ghinearálta um Shláinte Ainmhithe | 0761 064408 |
| Seirbhísí Saotharlainne Tréidliachta | 01 6072859 |
| **Sainaithint agus Gluaiseacht Ainmhithe (SGA)** | |
| Scoireanna, Dúblaigh / Ar Iarraidh, Goidte SGA | 01 5058883 |
| Tionscadal SGA | 01 5058629 |

| | |
|---|---|
| Sainaitheantas Eallaigh | 01 5058880 |
| Sainaitheantas Eachaí | 0761 064402/ 01 5058881 |
| Gluaiseacht ó Fheirm go Feirm & Marglann | 01 5058882 |
| Sainaitheantas Muc | 0761 064402/ 01 5058881 |
| Sainaitheantas & Gluaiseacht Caorach | 0761 064407/ 01 5058880 |
| Clibeáil agus Clárúchán | 01 5058880 |
| **Teidlíochtaí CAP: Féach freisin an tAonad Íocaíochtaí Díreacha i gcomhair uimhreacha Líne Cabhrach** | |
| Comhdhlúthú Teidlíochtaí: Gach Contae | 0761 064430 |
| Force Majeure/Athbhreithniú Teidlíochtaí | 0761 064438 |
| Aonad Fiosruithe Oidhreachta | 0761 064428 |
| An Cúlchiste Náisiúnta | 0761 064446 |
| Fiosruithe don Chlárúchán ar Líne- Líne chabhrach Gach Contae | 0761 064424 |
| Maolú REPS | 053 9163400 |
| Rannóg an Mhaolaithe Albanaigh | 0761 064447 |
| Aistriú Teidlíochtaí (lena n-áirítear Clásal Conartha Phríobháidigh) | 0761 064430 |
| Teidlíochtaí Neamh-Úsáidte: Gach Contae | 057 8680475 |
| Scéim na bhFeirmeoirí Óga | 0761 064446 |
| **An tAthrú Aeráide agus Beartas Bithfhuinnimh** | |
| Beartas Bithfhuinnimh agus Maolú an Athraithe Aeráide | 057 8689916 |
| Oiriúnú don Athrú Aeráide | 057 8694476 |
| An tAthrú Aeráide & Beartas Bithfhuinnimh | 057 8689918 |
| An Comhordú Comhshaoil (SEA, EIA, srl.) | 057 8689915 |
| **Gnóthaí Corparáideacha** | |
| Comhordú | 01 6072383 |
| Cosaint Sonraí | 057 8694469 |
| An tSaoráil Faisnéise | 057 8694327 |
| Preasoifig & Oifig Faisnéise | 01 6072802 |
| An tAonad Cáilíochta Seirbhíse | 057 8694331 |
| An Comhoibriú Thuaidh/Theas | 01 6072046 |
| **Beartas, Táirgeadh & Sábháilteacht Barr** | |
| Ábhair bheathaithe d'Ainmhithe, Síolta Gránaigh agus Féir, Táillí Deimhniúcháin | 01 5058884 |
| Rannóg Beartais Bharr | |
| Scéim Deontas don Ghairneoireacht | 01 6072324 |
| Trádáil Plandaí, Lotnaidicídí agus Leasacháin | 01 5058886 |
| Rannóg Prátaí | 01 5058895 |
| Scéim Eagrais Táirgeoirí do Thorthaí agus Glasraí | 01 5058893 |
| **Aonad Íocaíochtaí Díreacha - Féach freisin Rannán Teidlíochtaí CAP** | |
| ***Línte Cabhrach do shaincheisteanna Limistéir-Bhunaithe agus gaolmhara eile ag éirí as an Iarratas Buníocaíochta*** | |
| Ceatharlach, An Clár, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Port Láirge | 0761 064425 |
| An Cabhán, Gaillimh, Cill Chainnigh, Laois, Lú, An Mhí, Muineachán, Sligeach, An Iarmhí, Cill Mhantáin | 0761 064421 |

| | |
|---|---|
| Dún na nGall, Ciarraí, Cill Dara, Liatroim, Luimneach, Longfort, Ros Comáin, Loch Garman | 0761 064420 |
| Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (Gach Contae) | 0761 064426 |
| Coimíneachtaí (Gach Contae) | 0761 064448 |
| Glasú (Gach Contae) | 0761 064441 |
| Fiosruithe maidir le Clárúchán ar Líne (Gach Contae) | 0761 064424 |
| **Eacnamaíocht & Pleanáil** | 01 6072875 |
| **ERAD** | |
| Tobhaigh do Ghalair Bhuaibheacha | 01 5058887 |
| Beartas Cúitimh | 01 5058888 |
| Luacháil Margaidh ar an bhFeirm | 01 5058889 |
| Ionchúiseamh / Dlíthíocht | 01 5058890 |
| Beartas | 01 5058891 |
| Cógais Tréidliachta | 01 5058662 |
| **Trádáil AE & Idirnáisiúnta** | 01 6072724 |
| **Aisíocaíochtaí ar Onnmhairí - Oifig Loch Garman** | 053 9163448 |
| **Ábhair bheathaithe** | 01 5058892 |
| **Airgeadas** | 01 6072799 |
| **Iascaigh – Oifig Chloich na Coillte** | |
| • Uisceshaothrú & Bainistiú Urthrá | |
| • Gníomhaireachtaí agus Cláir Mhara | |
| • Beartas & Forbairt an Bhia Mhara | |
| • Riarachán na nIascach Mara | |
| • An tÚdarás Ceadúnúcháin do Bháid Iascaigh Mhara | 023 8859500/ 0761 064409 |
| • Cuanta | |
| • Beartas agus Forbairt an Bhia Mhara | |
| Cuótaí Éisc | 023 8859578 |
| Beartas Iascach | 023 8859572 |
| **Innealtóireacht (Féach Aguisín 1G)** | 023 8859500 |
| **Forbairt an Tionscail Bhia** | 01 6072303 |
| **Foraoiseacht – Oifig Loch Garman** | |
| Deontais agus Préímheanna 2ú Tráthchuid | 053 9165533 |
| Aonad Achomharc | 053 9170308 |
| Formheasanna agus Leasachán ón Aer | 053 9170308 |
| Athrú Iarratasóra | 053 9170358 |
| Rialachas Corparáideach agus Comhordú Rannánach Choillte | 053 9170320 |
| Rannóg um Bainistiú Fiachais | 053 9163419 |
| Leagan Crann | 053 9170371 |
| Bainistiú Airgeadais & Rannóg Tuairiscithe | 053 9170367 |
| An Chéad Deontas agus Na Chéad Phréimheanna | 053 9165525 |

| | |
|---|---|
| Beartas Foraoiseachta<br>Cur chun Cinn agus Oiliúint Foraoiseachta<br>Rannóg Spásúil & UAT na Foraoiseachta<br>Reachtaíocht | 053 9165521<br>053 9170358<br>053 9163435<br>053 9163436 |
| **Gairneoireacht & Folláine Plandaí** | 01 5058600/ 01 5058752 |
| **Allmhairiú Táirgí de Bhunús Ainmhithe** | 01 6072582 |
| **Córais Faisnéise** | 01 6072673 |
| **Iniúchadh Inmheánach** | 01 6072771 |
| **Oibríochtaí Idirghabhála - Oifig Loch Garman** | 053 9163492 |
| **Bainistiú Tionscadal ISO** | 057 8689908 |
| **Seirbhísí Dlíthiúla**<br>Áras Talmhaíochta, Baile Átha Cliath<br>An Brainse Tailte, An Cabhán<br>An Brainse Taifead, Aonad 11 Eastát Tionsclaíoch Chluain Mhaighneáin, Port Laoise, R32 YO33. | <br>01 6072349/ 01 6072179<br>049 4368225<br><br>057 8634988 |
| **Pórú, Táirgeadh agus Trádáil Beostoic**<br>Oifig an Chabháin | 049 4368242 |
| **Seirbhísí Bainistíochta – Oifig Phort Laoise**<br>(Féach Cóiríocht freisin) | 057 8694306 |
| **Bainne agus Sláinteachas Feola/Fo-tháirgí Ainmhithe**<br>Fo-tháirgí Ainmhithe<br>Aonad Táillí Lárnacha<br>Sláinteachas Déiríochta<br>An Trádáil Bheo agus Iar-Ghalair an Liosta A OIE<br>Pasanna do Pheataí<br>Rannóg T.S.E.<br>An Tréidliacht | <br>076 1064440<br>057 8694334<br>057 8694357<br>01 6072862<br>01 6072827<br>01 6072483<br>01 5058662 |
| **Beartas Feola agus Bainne**<br>Beartas Feola<br>Uibheacha & Éanlaith<br>Aonad Idirchaidrimh Shábháilteachta Bia<br>Beartas & Trádáil Bainne<br>Cuóta Bainne<br>Fóirdheontais Bhainne<br>Allmhairiú Táirgí Ainmhí an Lárionaid Náisiúnta um Rialú Galar<br>Muiceoil<br>Caoireoil / Géimfheoil Shaothraithe agus Margaí Idirnáisúnta | <br>01 6072880<br>01 6072832<br>01 6072263<br>01 6072853<br>01 6072857<br>053 9165563<br>01 6072000<br>01 6072700<br>01 6072935 |

| | |
|---|---|
| **An Scéim do Ráthú Náisiúnta na Mairteola** | |
| Forbairt SGA | 01 5058629 |
| Scoireanna, Dúblaigh / Ar Iarraidh, Goidte SGA | 01 5058883 |
| Ó Fheirm go Feirm/Marglanna | 01 5058882 |
| Clibeáil agus Clárúchán | 01 5058880 |
| Iompar/Ceannaithe | 01 5058881 |
| **An Lárionad Náisiúnta um Rialú Galar** | |
| Allmhairí Táirgí Ainmhí | 01 6072000 |
| **Níotráití, Bithéagsúlacht & Innealtóireacht** | |
| Bithéagsúlacht/ Beartas Uisce/ Níotráití | 053 9163444 |
| **Infheistíocht ar an bhFeirm** | |
| Bithfhuinneamh | 053 9165504 |
| Scéimeanna TAMS II | 053 9170323 / 053 9163431 |
| **Pearsanra** | |
| Foireann Riaracháin | 01 6072806 |
| Oifigigh Thalmhaíochta | 01 6072056 |
| Foireann Cigireachta | 01 6072056 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | 01 6072783 |
| Tréidliacht/Saotharlanna/Foireann Dhlíthiúil | 01 6072252 |
| **Taighde agus Codex** | 01 6072565 |
| **Forbairt Tuaithe (CAP)** | 01 6072885 |
| **Comhlachtaí Stáit – Uimh. Theagmhála na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara** | |
| Bord Bia | 01 6072202 |
| Bord Iascaigh Mhara, Foras na Mara, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe | 023 8859589 |
| Coillte | 053 9170320 |
| Rásaíocht Capall na hÉireann, An Graí Náisiúnta, Bord na gCon | 049 4368291 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne | 057 8694355 |
| Comhlachtaí Stáit (Rialachas Corparáideach) | 01 6072740 |
| Teagasc | 01 6072037 |
| Comhairle Tréidliachta na hÉireann | 01 5058662 |
| **AN OIFIG ACHOMHARC** | |
| **An Oifig Achomharc Talmhaíochta** | |
| Kilminchy Court, Dublin Road, | 057 8631900 |
| Port Laoise, Co Laois, R32 DTW5 | 0761 064418 |
| Fax No: | 057 8667177 |
| **Aquaculture Licensing Appeals Board** | |
| Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, | |
| Port Laoise, Co Laoise, R32 DTW5 | 057 8631912 |

## AGUISÍN 1B

### Liosta d'Oifigí Réigiúnacha/Oifigí AES na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

| Contaetha | Cheatharlach | Feidhmeanna | Guthán | Seoladh |
|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | (Féach Loch Garman) | AES Tréidliachta Beostoic | 053 9259200<br>0761 064416 | Lán Chnoc Fhiodh na gCaor, Teampall Seanáin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. Y21 E924 |
| An Cabhán | An Cabhán | AES Tréidliachta Beostoic | 049 4368200<br>0761 064439 | Oifigí an Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. H12 D459 |
| An Clár | Féach Luimneach | AES Tréidliachta Beostoic | 061 500900<br>0761 064431 | Halla Houston, Ascaill Bhaile Choimín, Eastát Tionsclaíoch an Ráithín, An Ráithín, Luimneach. V94 PKF1 |
| Corcaigh Thuaidh/ Corcaigh Theas | Corcaigh | AES Tréidliachta Beostoic | 021 4851400 | Teach Hibernian, 80A An Meal Theas, Corcaigh. T12 XY56 |
| Dún na nGall | Ráth Bhoth | AES Tréidliachta Beostoic | 074 9173600<br>074 9122199 | Sráid Theach an Tionóil, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. W93 WK52 |
| Baile Átha Cliath | Féach Cill Dara | AES Tréidliachta Beostoic | 045 873035<br>0761 064410 | Teach na Poibleoige, Cearnóg na Poibleoige, An Nás, Co. Chill Dara. W91 HC5P |
| Gaillimh | Gaillimh | Tréidliachta Beostoic | 091 507600<br>091 507600 | Arás an tSáile, Céide Chois Locha, An Rinn Mhór, Gaillimh, Co. na Gaillimhe |
| | | AES | | Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 F961. |
| Ciarraí | Ciarraí | AES Tréidliachta Beostoic | 066 7164300<br>0761 064433 | Oifigí an Rialtais, Bóthar an Spá, Trá Lí, Co. Chiarraí. V92 VX4V |
| Cill Dara | Cill Dara | AES Tréidliachta Beostoic | 045 873035<br>0761 064410 | Teach na Poibleoige, Cearnóg na Poibleoige, An Nás, Co. Chill Dara. W91 HC5P |
| | | | | |

| Contaetha | Cheatharlach | Feidhmeanna | Guthán | Seoladh |
|---|---|---|---|---|
| Cill Chainnigh | Féach Port Láirge) | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 051 312300<br>0761 064413 | The Glen, Waterford,<br>Co. Waterford.<br>X91 P04E |
| Laois | Féach Cill Dara) | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 045 873035<br>0761 064410 | Teach na Poibleoige,<br>Cearnóg na Poibleoige, An<br>Nás, Co. Chill Dara. W91<br>HC5P |
| Liatroim | Liatroim | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 0761 064434 | Doire Shalach, Droim<br>Seanbhó, Co. Liatroma.<br>N41 EW27 |
| Luimneach | Luimneach | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 061 500900<br>0761 064431 | Halla Houston, Ascaill<br>Bhaile Choimín, Eastát<br>Tionsclaíoch an Ráithín,<br>An Ráithín, Luimneach.<br>V94 PKF1 |
| An Longfort | (Féach Liatroim) | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 071 9682000<br>0761 064434 | Doire Shalach, Droim<br>Seanbhó, Co. Liatroma.<br>N41 EW27 |
| Lú | (Féach An Mhí) | Veterinary<br>Livestock<br>AES | 046 9079030<br>0761 064411 | Oifigí an Rialtais, Áth<br>Luimnigh, Cill an Chairn,<br>An Uaimh, Co. na Mí.<br>C15 Y2T3 |
| Maigh Eo | Maigh Eo | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 094 9035300<br>0761 064435 | Oifigí an Rialtais, Teach<br>Michael Davitt, Caisleán<br>an Bharraigh, Co. Mhaigh<br>Eo. F23 VE28 |
| An Mhí | An Mhí | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 046 9079030<br>0761 064411 | Oifigí an Rialtais, Áth<br>Luimnigh, Cill an Chairn,<br>An Uaimh, Co. na Mí.<br>C15 Y2T3 |
| Muineachán | Féách An Cabhán) | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 049 4368200<br>0761 064412 | Oifigí an Rialtais, Sráid<br>Fhearnáin, An Cabhán.<br>H12 D459 |
| Uíbh Fhailí | Uíbh Fhailí | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 057 9370300<br>0761 064417 | Oifigí an Rialtais, Cluain<br>Minse, Tulach Mhór, Co.<br>Uíbh Fhailí.<br>R35 Y2N5 |
| Ros Comáin | Ros Comáin | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 0906 630100 | Oifigí an Rialtais, Bóthar<br>an Mhachaire Ghailf, Ros<br>Comáin, Co. Ros Comáin.<br>F42 NC84 |
| Sligeach | Féach Liatroim) | AES<br>Tréidliachta<br>Beostoic | 071 9682000<br>0761 064434 | Doire Shalach, Droim<br>Seanbhó, Co. Liatroma.<br>N41 EW27 |

| Contaetha | Cheatharlach | Feidhmeanna | Guthán | Seoladh |
|---|---|---|---|---|
| Tiobraid Árann | Tiobraid Árann | AES Tréidliachta Beostoic | 062 34900<br>0761 064432 | Oifigí an Rialtais, Sráid an Dáibhsigh, Tiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann. E34 PT93 |
| Port Láirge | Port Láirge | AES Tréidliachta Beostoic | 051 312300<br>0761 064413 | An Gleann, Port Láirge, Co. Phort Láirge. X91 P04E |
| An Iarmhí | Féach Uíbh fhailí) | AES Tréidliachta Beostoic | 057 9370300<br>0761 064417 | Oifigí an Rialtais, Cluain Minse, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, R35 Y2N5 |
| Loch Garman | Loch Garman | AES Tréidliachta Beostoic | 053 9259200<br>0761 064416 | Lána Chnoc Fhiodh na gCaor, Teampall Seanáin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. Y21 E924 |
| Cill Mhantáin Thoir | (Féach Loch Garman) | AES Tréidliachta Beostoic | 053 9242000<br>0761 064416 | Lána Chnoc Fhiodh na gCaor, Teampall Seanáin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. Y21 E924 |
| Cill Mhantáin Thiar | (Féach Cill Dara) | AES Tréidliachta Beostoic | 045 873035<br>0761 064410 | Teach na Poibleoige, Cearnóg na Poibleoige, An Nás, Co. Chill Dara, W91 HC5P |

*** Freagrachtaí limistéir do sheirbhísí Tréidliachta agus Beostoic in oifigí áitiúla áirithe**

| **Oifig** | **Réimsí Tréaduimhreach** |
|---|---|
| Iarthar Chill Mhantáin (Cill Dara)* | Z201001 – Z226999 |
| Oirthear Chill Mhantáin (Loch Garman)* | Z101001 – Z148999 |

## AGUISÍN 1C –SONRAÍ TEAGMHÁLA DO SCÉIMEANNA FORAOISEACHTA

| Sonraí Teagmhála do Scéimeanna Foraoiseachta | |
|---|---|
| Formheasanna | Fón: 053 9170308<br>Ríomhphost: forestryappenq@agriculture.gov.ie |
| An 1ú Deontas | Fón: 053 9165525<br>Ríomhphost: 1stgrant@agriculture.gov.ie |
| Leagan Crann | Fón: 053 9170371<br>Ríomhphost: felling.forestservice@agriculture.gov.ie |
| Folláine Foraoise | Fón: 01 6072651<br>Ríomhphost: forestprotection@agriculture.gov.ie |
| Caighdeáin Idirnáisiúnta do Bearta Fíteashláintíochta (CIBF) Uimh. 15 | Fón: 01 6072651<br>Ríomhphost: forestprotection@agriculture.gov.ie |
| Ábhar Atáirgiúil Foraoise | Fón: 01 6072651<br>Ríomhphost: frm@agriculture.gov.ie |

## AGUISÍN 1D

### SAOTHARLANNA/TÁSTÁIL, FEIRMEACHA AGUS STÁISIÚIN ALLAMUIGH

| AINM | SEOLADH | GUTHÁN |
|---|---|---|
| An tSaotharlann Thástála Fola (Brúsallóis) | Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh, T12 DK73 | 021 4545377 |
| Saotharlann Tréidliachta Rialaitheach um Shláinte Phoiblí | Campas Shaotharlann Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara, W23 X3PH. | 01 6157368 |
| An tSaotharlann Lárnach do Thaighde Tréidliachta (An Bhaictéireolaíocht, An Phaiteolaíocht agus An Víreaseolaíocht) | Campas Shaotharlann Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara, W23 X3PH. | 01 6157106 |
| Meastóireacht Cineálacha Barr | F/c Theagaisc, Feirm Bhaile idir Dhá Abhainn, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997. | 025 27530 |
| Saotharlann Eolaíochta Déiríochta | Campas Shaotharlann Bhacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH. | 01 6157465 |
| Saotharlann Eolaíochta Déiríochta | Bóthar na Modhfheirme, Baile an Easpaig, Corcaigh, T12 DK73. | 021 4543300 |
| Saotharlann Eolaíochta Déiríochta | Bóthar Chill Liaile, Luimneach, V94 TS88. | 061 452444/338 |
| Meastóireacht Cineálacha Barr | Feirm Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara, W23 AE3V. | 01 6302900 |
| Rannáin Rialúcháin agus Rialaithe Lotnaidicídí | Campas Shaotharlann Bhacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH. | 01 6157552 |
| Saotharlann Fholláine Plandaí (Saotharlann Micreascópachta Ábhar Beatha) | Campas Shaotharlann Bhacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH. | 01 6157504/09 |
| Saotharlann agus Feirm Prátaí | Tops, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall, F93 HV02. | 074 9145490 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach | Campas Shaotharlann Bhacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH. | 01 6157115 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach | Bóthar na Modhfheirme, Baile an Easpaig, Corcaigh, T12 DK73. | 021 4543931 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach | Ráth an Liegéadaigh, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh, R95 TX39. | 056 7721688 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach | Bóthar Chnoc an Lisín, Luimneach, V94 WK44. | 061 582610 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach | Droichead Fawcett, Dún Aille, Sligeach, E91 XRW7. | 071 9142191 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach | Coosan, Athlone, Co Westmeath, N37 N471. | 090 6475514 |
| Seed Testing Laboratory | Backweston Laboratory Campus, Celbridge, Co. Kildare, W23 X3PH. | 01 6157518 |
| Veterinary Research Farm | Longtown Farm, Clane, Co Kildare W91 KW90 | 045 868325 |

## AGUISÍN 1E

### SAOTHARLANN THEICNIÚIL DEIMHNIÚCHÁIN SÍOLPHRÁTAÍ

### CIGIRÍ AGUS CEANNFOIRT DÚICHE (CD) SÍOLPHRÁTAÍ

| | |
|---|---|
| Gach Contae | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Rannán um Beartas, Táirgeadh & Sábháilteacht Barr (Rannóg Prátaí),<br>Urlár 2,<br>Foirgneamh Riaracháin Bhacastúin,<br>Cill Droichid,<br>Co. Chill Dara,<br>W23 X3PH.<br>Fón: 01 5058600 |

## AGUISÍN 1F

### RANNÁN INNEALTÓIREACHTA MUIRÍ/IONAID IASCAIGH CUAIN

Soláthraíonn an Rannán Innealtóireachta seirbhís chomhairleach, cigireachta agus dearaidh agus tógála i leith ghnéithe na hInnealtóireachta Iascaigh don Roinn agus don Rialtas Lárnach i gcoitinne.

Cuimsíonn an tseirbhís a sholáthraíonn an Rannán Innealtóireachta idir shaothar comhshaoil sna timpeallachtaí muirí agus fionnuisce, shaothar a bhaineann le hiascaigh sna haibhneacha agus sna lochanna, shaothar a bhaineann leis an uisceshaothrú, agus sheirbhís chomhairleach, dearaidh agus tógála i ndáil le forbairtí ag na cuanta.

| | |
|---|---|
| **Ceannoifig**<br>An Cloichín, Cloich na Coillte,<br>Co. Chorcaí, P85 TX47.<br>Fón:  023 8859500<br>Facs: 023 8821780 | **Réigiún an Oirthir**<br>Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2, D02 TR60.<br>Fón:  01 6072870<br>Facs: 01 6624216 |
| **Réigiún an Iarthair**<br>An 2ú hUrlár, Teach an Chustaim, Lána an Draoi, Gaillimh, H91 XV2C.<br>Fón: 091 560500 | **Réigiún an Tuaiscirt**<br>An tSráid Mhór, Uachtarach, Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall, F94 X960.<br>Fón:  071 9852561<br>Facs: 071 9852563 |
| **Réigiún an Deiscirt**<br>An Rinn, Cathair Uí Mhóráin, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 X2TK.<br>Fón: 066 7149340 | |

### IONAID IASCAIGH CUAIN – MÁISTRÍ CUAIN

| | |
|---|---|
| **Ionad Iascaigh Cuain Ros a' Mhíl,**<br>Co. na Gaillimhe, H91 K765.<br>Fón: 091 560506 / 091 560507<br>Facs: 091 572131 | **Ionad Iascaigh Cuain Bhaile Chaisleáin Bhéarra,**<br>Co. Chorcaí, P75 YC60.<br>Fón: 027 70220<br>Facs: 027 70329 |
| **Ionad Iascaigh Cuain na gCealla Beaga,**<br>Co. Dhún na nGall, F94 EC58.<br>Fón: 074 97310311/091 9731032<br>Facs: 074 9731840 | **Ionad Iascaigh Cuain Bhinn Éadair,**<br>Co. Bhaile Átha Cliath, D13 V0F6.<br>Fón: 01 8322252<br>Facs: 01 8326948 |
| **Ionad Iascaigh Cuain an Dúin Mhóir,**<br>Co. Phort Láirge, X91 VN0N.<br>Fón: 051 383166<br>Facs: 051 383607 | **Ionad Iascaigh Cuain an Daingin,**<br>Co. Chiarraí, V92 H0CV.<br>Fón: 066 9151629<br>Facs: 066 9152546 |

## AGUISÍN 1G

### COMHLACHTAÍ STÁIT AGUS RANNA RIALTAIS EILE

| COMHLACHT STÁIT (TRÁCHTÁLA) | FÓNUIMHIR | LÁITHREÁN GRÉASÁIN |
|---|---|---|
| Bord na gCon | 061 448000 | www.igb.ie |
| Coillte | 01 2011111 | www.coillte.ie |
| Rásaíocht Capall na hÉireann | 045 455455 | www.goracing.ie |
| Graí Náisiúnta na hÉireann | 045 455455 | www.irishnationalstud.ie |
| **COMHLACHT STÁIT (NEAMH-THRÁCHTÁLA)** | **FÓNUIMHIR** | **LÁITHREÁN GRÉASÁIN** |
| An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaotharaith | 057 8631912 | www.alab.ie |
| Bord Bia | 01 6685155 | www.bordbia.ie |
| Bord Iascaigh Mhara | 01 2144100 | www.bim.ie |
| Foras na Mara | 091 387200 | www.marine.ie |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne | 01 6603396 | www.nationalmilkagency.ie |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 023 8859300 | www.sfpa.ie |
| Teagasc | 059 9170200 | www.teagasc.ie |
| Comhairle Tréidliachta na hÉireann | 01 6684402 | www.vci.ie |

| COMHLACHT STÁIT (NEAMH-THRÁCHTÁLA) | FÓNUIMHIR | LÁITHREÁN GRÉASÁIN |
|---|---|---|
| An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | 01 888 2000 | www.environ.ie |
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 1890 220222 | www.djei.ie |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 1890 289389 | www.hsa.ie |
| Met Éireann | 01 8064200 | www.met.ie |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | Baile Átha Cliath 1890 333425<br>An Teorainn, Lár na Tíre,<br>An tIarthar: 1890 777425<br>An tIardheisceart: 1890 222425<br>An tOirthear agus<br>An tOirdheisceart: 1890 444425 | www.revenue.ie |
| Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann | 01 8025300 | www.osi.ie |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | 071 919 3302 | www.welfare.ie |
| Clárlann na Talún | 0761 001610 / 051 303000 | www.prai.ie |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 0761 001601/ 01 6707444 | www.dttas.ie |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 094 98 61441 | www.wdc.ie |

## AGUISÍN 2A – TEAGASC

### PRÍOMH-OIFIG

- Seoladh: Príomh-Oifig: Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.
- Fón: 059 9170200
- Ríomhphost: info@teagasc.ie
- Láithreán gréasáin: www.teagasc.ie

### STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN

#### LUCHT BAINISTÍOCHTA SINSEARACH

Stiúrthóir Theagaisc: An tOll. Gerry Boyle

- Ríomhphost: gerry.boyle@teagasc.ie

Stiúrthóir Taighde: An Dr. Frank O'Mara

- Ríomhphost: frank.omara@teagasc.ie

Stiúrthóir Aistrithe Feasa: An Dr. Tom Kelly

- Ríomhphost: tom.kelly@teagasc.ie

Príomhoifigeach Oibriúchán
Tom Doherty, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.

- Ríomhphost: tom.doherty@teagasc.ie
- Fón: 059 9170200

#### TAIGHDE

Stiúrthóir Taighde:
An Dr. Frank O'Mara, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.

- Ríomhphost: frank.omara@teagasc.ie
- Fón: 059 9170200

Stiúrthóir Cúnta Taighde:
Declan Troy, Ionad Taighde Bia Theagaisc, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15, D15 KN3K.

- Email: declan.troy@teagasc.ie
- Fón: : 01 8059500

Oifigeach Taighde Sinsearach – Tacaíocht Taighde:
Raymond Kelly, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.

- Email: raymond.kelly@teagasc.ie
- Fón: 059 9170200

#### AISTRIÚ FEASA

Stiúrthóir Aistrithe Feasa:
An Dr. Tom Kelly, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.

- Ríomhphost:tom.kelly@teagasc.ie
- Fón: 059 9170200

Stiúrthóir Cúnta Aistrithe Feasa:
Paul Maher, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.

- Ríomhphost: paul.maher@teagasc.ie
- Fón: 059 9170200

Ceann an Chláir Oideachais:
Tony Pettit, Teagasc, Coláiste Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, E32 YW08.

- Ríomhphost:tony.pettit@teagasc.ie
- Fón: 051 644400

Ceann Seirbhísí Comhairleacha:
Dermot McCarthy, Teagasc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997.

- Ríomhphost: dermot.mccarthy@teagasc.ie
- Fón: 025 42244

### COLÁISTÍ TALMHAÍOCHTA AGUS GAIRNEOIREACHTA

Coláiste Talmhaíochta, Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin, H12 E392.

- Príomhoide: John Kelly
- Ríomhphost: John.kelly@teagasc.ie
- Fón: 049 4338108

Coláiste Talmhaíochta, Dairbhre, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 AX52.

- Príomhoide: Majella Moloney
- Ríomhphost: majella.moloney@teagasc.ie
- Fón: 023 88 32500

Coláiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, E32 YW08.

- Príomhoide:Paul Hennessy
- Ríomhphost: paul.hennessy@teagasc.ie
- Fón: 051 644400

Coláiste na Gairneoireachta Taitneamhachta, Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9, D09 VY63.

- Príomhoide: John Mulhern
- Ríomhphost: john.mulhern@teagasc.ie
- Fón: 01 8040201

Coláiste Gairneoireachta Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, E32 YW08.

- Leas-Phríomhoide: Ciaran Walsh
- Ríomhphost: ciaran.walsh@teagasc.ie
- Fón: 051 644400

### COLÁISTÍ TALMHAÍOCHTA PRÍOBHÁIDEACHA LE TACAÍOCHT Ó THEAGASC

Coláiste Talmhaíochta an Ghoirtín, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann, E53 TP93

- Príomhoide: Michael Pearson
- Ríomhphost:principal@gurteencollege.ie
- Fón: 067 21282

Coláiste Talmhaíochta na mBráithre Proinsiasach, An Creagán, Co. na Gaillimhe, H53 WE00

- Príomhoide: Tom Burke
- Ríomhphost: tburke@agbellewosf.ie
- TFón: 090 9679205

Coláiste Talmhaíochta na Sailíseach, Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh, V94 V8N3.

- Príomhoide: Derek O Donoghue
- Ríomhphost:info@pallaskenry.com
- TFón: 061 393100

## CLÁIR

**Clár Bia**

Ceann an Chláir Bhia:
An Dr. Mark Fenelon, Ionad Taighde Bia Theagaisc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997.

- Email: mark.fenelon@teagasc.ie;
- Fón: 025 42222

**Ionaid Taighde:**

- Ionad Taighde Bia Theagaisc, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15, D15 KN3K
- Fón: 01 8059500

- Ionad Taighde Bia Theagaisc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí,
- Fón: 025 42222

- Moorepark Technology Ltd., An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997
- Fón: 025 42222

**Rannóga Taighde:**

Rannóg na hEolaíochta Bithí Bia:
An Dr. Tom Beresford

- Ríomhphost: tom.beresford@teagasc.ie
- Fón: 025 42222

- Rannóg Ceimice & Teicneolaíochta Bia: Eimear Gallagher (Feidhmeach).
- Ríomhphost: Eimear.gallagher@teagasc.ie
- Fón: 01 8059500

Rannóg Forbartha an Tionscail Bhia:

- Ríomhphost: pat.daly@teagasc.ie
- Fón: 01 8059500

Rannóg na Sábháilteachta Bia
An Dr. Geraldine Duffy

- Ríomhphost:Geraldine.duffy@teagasc.ie
- Fón: 01 8059500

## CLÁR AINMHITHE AGUS FÉARAIGH

Ceann an Chláir Thaighde Ainmhithe agus Féaraigh:
An Dr. Pat Dillon

- Ríomhphost: pat.dillon@teagasc.ie
- Fón: 025 42222

**Ionaid Taighde:**

Animal & Grassland Research and Innovation Centre

- Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 R718
- Fón: 091 845200
- Teagasc, Gráinseach, Dún Samhnaí, Co. na Mí, C15 PW93.
- Fón: 046 9061100
- Teagasc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997.
- Fón: 025 42222

**Rannóga Taighde:**

Rannóg Taighde Ainmhithe agus Eolaíochta Bithí:
An tOll. Michael Diskin

- Ríomhphost: michael.diskin@teagasc.ie
- Fón: 091 845200

Rannóg Taighde Eolaíochta Féaraigh:
An Dr. Michael O'Donovan

- Ríomhphost: michael.odonovan@teagasc.ie
- Fón: 025 42222

Rannóg Taighde Córas Beostoic:
An Dr. Padraig French

- Ríomhphost: padraig.french@teagasc.ie
- Fón: 025 42222

**Ceannairí Fiontar Taighde:**

Ceannaire Fiontar Caorach – Baile Átha an Rí: An tOll. Michael Diskin

- Ríomhphost: michael.diskin@teagasc.ie
- Fón: 091 845845

Ceannaire Fiontar Mairteola – Gráinseach:
An Dr. Edward O'Sullivan
- Ríomhphost: edward.oriordan@teagasc.ie
- Fón: 046 9061100

**Rannóga um Aistriú Feasa**
Déiríocht: Tom O' Dwyer, Teagasc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997.
- Ríomhphost: tom.odwyer@teagasc.ie
- Fón: 024 42244

Stoc Tirim: Pearse Kelly, Teagasc, Gráinseach, Dún Samhnaí, Co. Na Mí, C15 PW93.
- Ríomhphost: pearse.kelly@teagasc.ie
- Fón: 046 9061100

**Rannóg Forbartha:**
Rannóg Forbartha Muc:
Ciaran Carroll, Teagasc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997.
- Ríomhphost: Ciaran.carroll@teagasc.ie
- Fón: 025 42222

## CLÁR BARR, COMHSHAOIL AGUS ÚSÁIDE TALÚN

Ceann an Chláir Bharr, Comhshaoil agus Úsáide Talún:
Paddy Browne
- Ríomhphost: paddy.browne@teagasc.ie
- Fón: 059 9170200

**Ionaid Taighde:**
- Ionad Taighde Barr, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.
- Tel. 059 9170200
- Ionad Taighde Comhshaoil, Teagasc, Caisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, Y35 Y521 Y35 Y521.
- Fón: 053 9171200

**Rannóga Taighde:**
Rannóg Taighde Eolaíochta Barr: John Spink
- Ríomhphost: John.spink@teagasc.ie
- Fón: 059 9170200

Rannóg Taighde Ithreach, Comhshaoil & Úsáide Talún:
Karl Richards
- Ríomhphost: karl.richards@teagasc.ie
- Fón: 053 9171200

**Rannóg um Aistriú Feasa:**
Barra: Michael Hennessy, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.
- Ríomhphost: michael.hennessy@teagasc.ie;
- Fón: 059 9183427

Comhshaol Pat Murphy, Caisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Y35 Y521.
- Ríomhphost: pat.murphy@teagasc.ie
- Fón: 053 9171255

Rannóg Forbartha
Rannóg Forbartha Gairneoireachta:
Dermot Callaghan, Teagasc, Cill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, P85 AX52.
- Ríomhphost: dermot.callaghan@teagasc.ie
- Fón: 051 644552

Rannóg Forbartha Foraoiseachta
An Dr. Nuala Ní Fhlathartha, Teagasc, Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 R718.
- Ríomhphost: nuala.nifhlatharta@teagasc.ie
- Fón: 091 845200

## CLÁR AN GHEILLEAGAIR THUAITHE AGUS FORBARTHA

Ceann Chlár an Gheilleagair Thuaithe agus Forbartha
An Dr. Cathal O'Donoghue
- Ríomhphost: cathal.odonoghue@teagasc.ie
- Fón: 091 845200

**Ionaid Taighde:**
Ionad Taighde sa Gheilleagar Tuaithe, Teagasc, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 R718.
- Fón: 091 845200

**Rannóga Taighde:**
Rannóg Taighde Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Suirbhéanna Feirme:
An Dr. Thia Hennessy
- Ríomhphost: thia.hennessy@teagasc.ie
- Fón: 091 845200

Rannóg Anailíse Spásúla, Margaíochta Bia agus Agra-Nuálaíochta:
Dr. Maeve Henchion
- Ríomhphost: maeve.henchion@teagasc.ie
- Fón: 01 8059515

Rannóg Aistrithe Feasa:
Bainistiú Feirme agus Forbairt Tuaithe:
Fintan Phelan
- Ríomhphost: Fintan.phelan@teagasc.ie
- Fón: 045 879203

**CLÁR OIDEACHAIS**

Ceann an Chláir Oideachais: Tony Pettit

- Coláiste Chill an Dátúnaigh Theagaisc, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, E32 YW08.
- Ríomhphost: tony.pettit@teagasc.ie
- Fón: 051 644400

Ceann Curaclaim, Aonad Forbartha agus Caighdeán: Frank Murphy

- Teagasc, Coláiste Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, E32 YW08
- Ríomhphost: frank.murphy@teagasc.ie
- Tel: 051 644400

**AISTRIÚ FEASA**

Ceann Seirbhísí Comhairleacha

Dermot McCarthy, Teagasc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997

- Ríomhphost: dermot.mccarthy@teagasc.ie
- Fón: 025 42244

**RÉIGIÚIN CHOMHAIRLEACHA**

Réigiún Comhairleach Chorcaí Thoir

- Teagasc, Oifig Chomhairleach, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 C997.
- Bainisteoir Réigiúnach: Gerard MacMahon
- Ríomhphost: gerard.macmahon@teagasc.ie
- Fón: 025 42244

Réigiún Comhairleach Chorcaí Thiar:

- Teagasc, Códrom, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, P12 TX32.
- Bainisteoir Réigiúnach: Billy Kelleher
- Ríomhphost: billy.kelleher@teagasc.ie
- Fón: 026 41604

Réigiún Comhairleach na Gaillimhe/An Chláir:

- Teagasc, Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 R718.
- Bainisteoir Réigiúnach: Brendan Heneghan
- Ríomhphost: brendan.heneghan@teagasc.ie
- Fón: : 091 845200

Réigiún Comhairleach Laoise/Chill Dara/na Mí/Lú/Bhaile Átha Cliath:

- Teagasc, 1 Bailítín na Páirce, Port Laoise, Co. Laoise, R32 CF21.
- Bainisteoir Réigiúnach: Larry O'Loughlin
- Email: larry.oloughlin@teagasc.ie
- Fón: 057 8621326

Réigiún Comhairleach Mhaigh Eo:

- Teagasc, Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo F28 W681.
- Bainisteoir Réigiúnach: Peter Leonard
- Ríomhphost: peter.leonard@teagasc.ie
- Tel: 098 28333

Réigiún Comhairleach Ros Comáin/an Longfoirt:

- Teagasc, Lár an Bhaile, An Longfort, N39 T180.
- Bainisteoir Réigiúnach: Tom Kellegher
- Ríomhphost: tom.kellegher@teagasc.ie
- Fón: 043 3341021

Réigiún Comhairleach Shligigh/Liatroma/Dhún na nGall:

- Teagasc, Ceathrú na Neanta, Baile an Mhóta, Co. Shligigh, F56 A585.
- Bainisteoir Réigiúnach: Ben Wilkinson
- Ríomhphost: ben.wilkinson@teagasc.ie
- Fón: 071 9183369

Réigiún Comhairleach Thiobraid Árann

- Teagasc, Cairrigín na bhFiach, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann, E91 Y394.
- Bainisteoir Réigiúnach: Donal Mullane
- Ríomhphost: donal.mullane@teagasc.ie
- Fón: 052 6121300

Réigiún Comhairleach Phort Láirge/Chill Chainnigh

- Teagasc, Seandún, Dún Garbháin, Co. Phort Láirge, X35 PF60.
- Bainisteoir Réigiúnach: John Moloney
- Ríomhphost: john.moloney@teagasc.ie
- Fón: 058 41211

Réigiún Comhairleach na hIarmhí/Uíbh Fhailí/an Chabháin/Mhuineacháin:

- Teagasc, Cluain Minse, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, R35 TP60.
- Bainisteoir Réigiúnach: Con Feighery
- Ríomhphost: con.feighery@teagasc.ie
- Fón: 057 9321405

Réigiún Comhairleach Chill Mhantáin/Cheatharlach/Loch Garman:

- Teagasc, Oifig Chomhairleach, Páirc na Darach, Ceatharlach, R93 XE12.
- Bainisteoir Réigiúnach: Siobhan Kavanagh
- Email: Siobhan.kavanagh@teagasc.ie
- Fón: 059 9183555

Department of
Agriculture,
Food and the Marine
An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

Bearta Tacaíochta Margaidh

*Sláinte agus Trádáil Plandaí*

An Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola

*Agra -Chomhshaol*

Rialuithe Ábhair Bheatha

*An Chairt um Chearta na bhFeirmeoirí*

Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Stáit

*Inrianaitheacht Ainmhithe*

Green Low-Carbon Agri-Environment Scheme

*Barra agus Gairneoireacht*

TAMS

*BDGP*

Rialuithe Ábhair Bheatha